Bealtaine 2024

Tuarascáil

# Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST): Tuarascáil Timpeallachta

# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:

## Teagmháil sonraí

**Gréasán:**
**www.water.ie**

**Twitter:**
**@IWCare**

Uisce Éireann
Bosca Oifige Poist 860
Oifig Seachadta na Cathrach Theas
Cathair Chorcaí

## Fiosruithe agus aiseolas ón gcomhairliúchán

**9rn–5.30in, Luan–Aoine**

**Ríomhphost:**

wssp@water.ie

**Post:**

An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce, Uisce Éireann,

BOSCA Oifig Poist 13216, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath

**Saorghlao:**

**1800 46 36 76**

© Cóipcheart 2024 Jacobs Engineering Ireland Limited. Is faoi úinéireacht Jacobs na coincheapa agus an fhaisnéis sa doiciméad seo. Is ionann cóipeáil an doiciméid seo ina iomláine nó i bpáirt gan chead i scríbhinn ó Jacobs agus sárú cóipchirt.

Teorainn: Ullmhaíodh an tuarascáil seo, ar son, agus le haghaidh úsáid eisiach Chliant Jacobs (Uisce Éireann), agus tá sé faoi réir ag forálacha an chonartha idir Jacobs agus an Cliant, agus eisítear é i gcomhréir leis na forálacha sin. Ní ghlacann Jacobs le dliteanas ar bith maidir le húsáid ar bith na tuarascála seo, nó maidir le spleáchas ar a bhfuil ann, ag tríú páirtí.

# Clár Ábhar

**Clár Ábhar** ..... i

**Acrainmneacha agus Giorrúcháin** ..... iii

**Gluais** ..... v

**1 Réamhrá agus Cúlra** ..... 1
1.1 Cúlra ar Uisce Éireann ..... 1
1.2 Cuspóir na PSSU 2050 ..... 2
1.3 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ..... 2
1.4 Scagadh MST ..... 5
1.5 Scópáil MST ..... 5
1.6 An Tuarascáil seo ..... 6
1.7 Measúnacht Chuí ..... 6

**2 Forbairt PSSU 2050** ..... 8
2.1 Riachtanais an Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce ..... 8
2.2 PSSU 2050 agus an Creat Beartais agus Rialála ..... 8
2.3 Dréacht-PSSU 2050 ..... 9

**3 Comhairliúchán** ..... 13
3.1 Comhairliúchán 1: Céim Scóipe ..... 13
3.2 Comhairliúchán 2: Dréacht-PSSU 2050 agus Tuarascálacha Comhshaoil ..... 14

**4 Athbhreithniú ar Bheartais, ar Phleananna agus ar Chláir** ..... 16
4.1 Príomhbheartais, Pleananna agus Cláir ..... 17
4.2 Pleananna Ábhartha de chuid Uisce Éireann ..... 29

**5 Timpeallacht Bhonnlíne** ..... 34
5.1 Cineálacha Gníomhartha agus Gníomhaíochtaí a mbeidh tionchar ag an PSSU orthu ..... 34
5.2 Ábhair MST ..... 36
5.3 Limistéar Staidéir MST ..... 37
5.4 Tréimhse na MST ..... 37
5.5 Foinsí ..... 37
5.6 Treochtaí Timpeallachta Ardleibhéil ar fud na hÉireann ..... 38
5.7 Príomhdhúshláin, Príomhdheiseanna agus Scóip na Measúnachta ..... 39
5.8 Ábhair MST Idirghaolmhara ..... 46
5.9 Éabhlóid Bhonnlíne sa Todhchaí ..... 47

**6 Modheolaíocht Mheasúnachta** ..... 50
6.1 Spriocanna MST ..... 50
6.2 Cur Chuige um Measúnacht MST ..... 52
6.3 Measúnú ar Roghanna Malartacha ..... 53
6.4 Teorainneacha agus Toimhdí ..... 53

**7 Measúnú ar an PSSU 2050 agus ar na Roghanna Malartacha** ..... 54

7.1 Réamheolas ... 54
7.2 Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa ... 56
7.3 Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar ... 66
7.4 Cuspóir Straitéiseach 3: An Timpeallacht a Chosaint agus a Chur ar Ais mar a bhí ... 76
7.5 Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí ... 87
7.6 Gníomhaíochtaí Dhréacht-PSSU 2050 a roghnú ... 97
7.7 Dréacht-PSSU 2050 tograí chun dúshláin fhadtéarmacha a shárú ... 113
7.8 Measúnú Trasteorann ... 113
7.9 Conclúidí ó MC ... 115
7.10 Moltaí MST do Chur Chun Feidhme ... 115

**8 Measúnacht ar Iarmhairtí Carnacha ... 116**

8.1 Réamheolas ... 116
8.2 Iarmhairtí Ionphlean ... 116
8.3 Measúnacht ar Dhréacht-PSSU 2050 i gcoinne Spriocanna SFI ... 127
8.4 Iarmhairtí Idirphlean ... 130

**9 Maolú agus Pleananna Monatóireachta ... 141**

**10 Na Chéad Chéimeanna eile ... 154**

10.1 Tuilleadh Faisnéise ... 154

**Tagairtí ... 155**

**Aguisíní (féach Imleabhar Aguisíní ar leith)**

**Aguisín A: Freagraí Comhairliúcháin Scóipe MST**

**Aguisín B: Beartais, Pleananna agus Cláir**

**Aguisín C: Timpeallacht Bhonnlíne**

**Aguisín D: Maitrísí an Mheasúnaithe**

# Acrainmneacha agus Giorrúcháin

| Téarma | Sainmhíniú | Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach | NDP | Plean Forbartha Náisiúnta |
| AQGnna | Treoirlínte Cáilíochta Aeir | NMPF | Creat Náisiúnta Pleanála Mara |
| CAU | Crios Acmhainní Uisce | NUTS | Ainmníocht na n-aonad críche le haghaidh staidrimh |
| CE | Comhphobail Eorpacha | OGÉ | Oidhreacht Gheolaíoch na hÉireann |
| CFP | Comhbheartas Iascaigh | OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| CNO | Creat Náisiúnta Oiriúnaithe | PAHanna | Hidreacarbóin Aramatacha Iltimthriallacha |
| CNP | An Creat Náisiúnta Pleanála | PBA | Plean Bainistíochta Abhantraí |
| CRF | An Coimisiún um Rialáil Fóntais | PCS | Plean Cistiúcháin Straitéisigh |
| CSÉ | Cothromaíocht idir Soláthar agus Éileamh | PGB | Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht |
| CTU | An Chreat-treoir Uisce | PGCanna | Pleananna Gníomhaíochta Conairí |
| DÉF | Dearadh don Éifeachtúlacht Fuinnimh | PGNB | Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht |
| EAP | Plean Gníomhaithe ar son na Timpeallachta | PNAU | An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce |
| EDS | An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte | PNBSF | Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce |
| EIA | Measúnacht Tionchair Timpeallachta | PSSU | An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce |
| ELC | An Coinbhinsiún Eorpach um Thírdhreach | PSSU 2015 | Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2015 |
| EOECNA | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe | PSSU 2050 | Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 |
| FCCS | An Phríomh-Oifig Staidrimh | RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| FCCS | Forsceitheadh Comhchóras Séarachais | RDB | Réitigh Dhúlrabhunaithe |
| FNOA | Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta | RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | RTCGT | Roinn Talmhaíochta, Chomhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe TÉ |
| GEC | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil | RTN | Ráiteas Tionchair Natura |

| Téarma | Sainmhíniú | Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|---|---|
| GHG | Gás Ceaptha Teasa | RTPRÁ | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| IAS | Speiceas Coimhthíoch Ionrach | RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| ICFU | Ionad Cóireála Fuíolluisce | SDG | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| ICU | Ionad Cóireála Uisce | SEO | Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta |
| LAWPRO | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil | SGÉ | Suirbhé Geolaíoch na hÉireann |
| LCS (Caomhnú) | Limistéar Caomhantais Speisialta | SPNF | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| LCS (Cosaint) | Limistéar faoi Chosaint Speisialta | SSERanna | Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha |
| LMA | Córas Bainistíochta Ligin | TCFU | An Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach |
| LMC | Limistéir Mhéadraithe Ceantair | THM | Tríhalaimeatáin |
| LON | Limistéar Oidhreachta Náisiúnta | TLS | Taifead Láithreáin agus Séadchomharthaí |
| LONb(anna) | Limistéar (Limistéir) Oidhreachta Náisiúnta beartaithe | TSÁ | Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna |
| LTT | Limistéir Tréithe Tírdhreacha | TSFC | Taifead Struchtúr Faoi Chosaint |
| MBRTA | Measúnacht agus Bainistíocht Riosca Tuilte bunaithe ar Abhantracha | TUÓ | An Treoir maidir le hUisce Óil |
| MC | Measúnacht Chuí | UÉ | Uisce Éireann |
| MMT | Modheolaíocht Measúnacht Timpeallachta | | |
| MSFD | An Creat-treoir Straitéise Mara | | |
| MST | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta | | |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe | | |

# Gluais

| Téarma Gluaise | Sainmhíniú |
|---|---|
| Abhantrach | An limistéir talún ina bhfuil clúdach dromchla uisce ó bháisteach ag airde níod lú, in abhainn, loch nó inbhear. Áirítear leis an abhantrach gach cainéal draenála, fo-abhainn (srutháin níos lú) agus tuilemhá. |
| Acmhainn Bhitheolaíoch | Ábhar ar féidir a athshlánú ón bpróiseas cóiríochta amhail sloda, atá saibhir in ábhar orgánach agus cothaithigh. Is féidir comhábhar shloda a athshlánú agus é a úsáid i mbealaí tairbheacha amhail oiriúntóir ithreach agus is ábhar orgánach é leasachán ar féidir a úsáid mar foinse fuinnimh nó cothaitheach i bpróiseas cóireála uisce. I measc bith-acmhainní, tá sloda fuíolluisce, dramhaíl bhia, iarmhair thalmhaíochta agus miocralgaí. |
| Áineas | An luach sóisialta nó tairbhe do dhaoine a eascraíonn ó idirghníomhú le háit nó a bheith gar d'áit. Maidir le háineas,féadfaidh taitneamh aeistéitiúil agus físeach, deiseanna do chaitheamh aimsire, suaimhneas agus éalú ón mbrú uirbeach agus tábhacht cultúrtha agus spioradálta a bheith i gceist. Tá tionchar ag cáilíocht, cainníocht agus suíomh na sócmhainní uisce ar áineas. |
| Astarraingt | Ciallaíonn "Astarraingt" aon rud a dhéanamh a bhaineann le huisce a bhaint nó a atreorú trí mhodhanna meicniúla,píopa nó aon struchtúr innealtóireachta nó oibrithe ó aon chuid den timpeallacht uisce, lena n-áirítear aon rud ina ndéantar an t-uisce a bhaint nó a atreorú chun críche é a bheith aistrithe go cuid eile den timpeallacht uisce; (Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce) (Clárúchán Astarraingt) 2018 I.R. Uimh. 261 de 2018]. |
| Athrú aeráide | Athrú ar an aeráid arb í gníomhaíocht an duine, go díreach nó go hindíreach, is cúis leis lena n-athraítear comhdhéanamh atmaisféar an domhain agus atá sa bhreis ar athraitheacht aeráide nádúrtha a fheictear thar thréimhsí ama inchomparáid. |
| Bainistíocht Abhantraí | Próiseas ina n-aithnítear abhantrach mar an aonad cuí chun talamh, uisce agus éiceachórais a thuiscint agus a bhainistiú. |
| Bainistíocht ar éileamh | Beartas a dhéanann comhlachtaí uisce agus eile chun éileamh teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh a bhainistiú le haghaidh uisce. I measc na mbeartas tá bainistiú sceite,éifeachtúlacht uisce agus méadrú. |
| Bainistiú comhtháite uisce | Is cur chuige é bainistíocht uisce comhtháite ina dtógtar gach gné den timthriall uisce san áireamh chun na torthaí is fearr a bhaint amach le haghaidh na sochaí, an chomhsaoil agus an gheilleagair agus seirbhísí á bpleanáil agus á soláthair. Mar aon leis sin, breathnaítear ar cén chaoi a mbaineann an timthriall uisce le forbairt uirbeach agus próisis bainistiú talún agus acmhainne eile. Baineann bainistiú comhtháite uisce leas as na naisc idir na comhpháirteanna éagsúla seo agus forbraítear réitigh a bhfuil tairbhí níos leithne agus níos fadtéarmaí acu. |
| Caomhnú uisce | An cleachtas uisce a úsáid go héifeachtach agus laghdú a dhéanamh ar dhiomlach uisce. Is féidir é seo a bhaint amach trí bhonneagar uisce a fheabhsú (laghdú sceite), teicneolaíochtaí sábhála uisce a ghlacadh, beartais agus rialacháin uisce a chur i bhfeidhm, agus feasacht agus oideachas uisce a chur chun cinn. |

| Téarma Gluaise | Sainmhíniú |
|---|---|
| Cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) | Tá sé mar aidhm beartas comhshaoil nó caighdeáin cáilíochta a bhaint amach inar féidir tionchair an phlean a thástáil ina gcoinne. |
| Custaiméir | Ciallaíonn "Custaiméir" maidir le soláthar seirbhísí uisce, áititheoir an áitribh a gcuirtear na Seirbhísí Uisce ar fáil ina leith [An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013]. |
| Earnáil an uisce | Aon eagraíocht a bhfuil ról acu i mbainistiú uisce. Mar shampla, cuideachtaí uisce, údaráis bhainistíochta abhantraigh, údaráis áitiúla agus rialálaithe. |
| Éilleáin atá ag teacht chun cinn | Substaintí nach bhfuil rialaithe nó nach bhfuil monatóireacht á dhéanamh orthu in uisce óil ach d'fhéadfadh a bheith ina mbaol do shláinte an duine nó an comhshaol. I measc iad seo tá cógaisíocht, lotnaidicídí, ceimicí tionsclaíocha agus micreaphlaistigh. |
| Forsceitheadh Uisce Stoirme | Ciallaíonn "forsceitheadh uisce stoirme" struchtúr nó gléas ar chóras séarachais deartha agus tógtha chun críche an córas forsceitheadh iomarcach a mhaolú a easraíonn mar thoradh ar uisce báistí nó sneachta leáiteach san abhantrach séaraithe, agus an forsceitheadh iomarcach á scaoileadh go huiscí glactha. |
| Geallsealbhóir | Duine nó eagraíocht ar féidir leo tionchar a bheith acu ar chinneadh nó beart, ar féidir cinneadh nó beart tionchar a bheith aige orthu nó duine a bhraitheann a bhfuil tionchar ag cinneadh nó beart orthu. |
| Geilleagar ciorclach | I ngeilleagar ciorclach, baintear a oiread fiúntais agus úsáidte agus is féidir as táirgí agus as ábhair. Íslítear dramhaíl agus úsáid acmhainne, agus nuair a shroicheann táirge deireadh a shaolré, baintear úsáid arís as chun a thuilleadh luach a chruthú. |
| Glanbhreisiú ó Thaobh Bithéagsúlachta De | Is ionann bithéagsúlacht agus an réimse orgánach beo lena n-áirítear ainmhithe, feithidí agus plandaí. Gnóthachan glan is ea an próiseas a bhaineann le luach bithéagsúlachta iomlán a chur chun cinn. |
| Gnáthóg | Baile nó timpeallacht nádúrtha planda nó ainmhí. |
| Iarmhairt charnach | Na hiarmhairtí comhcheangailte ó roinnt pleananna, clár, nó beartas. |
| Iarmharaigh | Seachtháirgí an phróisis córála uisce a bhaineann solaid ar fuaidreamh ó amhuisce nó camras. Féadfaidh siad a bheith ina leacht nó solad ag brath ar fhoinse an uisce agus an cineál cóireála. |
| ISO55000 | Soláthraítear le ISO55000:2014 forbhreathnú maidir le bainistíocht sócmhainne, a prionsabail agus téarmaíocht, agus na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo ó bhainistíocht sócmhainne a ghlacadh. |
| ISO55001 | Sainaithnítear le ISO 55001:2014 na ceanglais le haghaidh córas bainistíochta sócmhainne taobh istigh de chomhthéacs na heagraíochta. |
| Láithreán Ramsar | Ainmniú idirnáisiúnta do shuíomh bogaigh tábhachtach faoi Choinbhinsiún Ramsar. |
| Leibhéal Seirbhíse | Ráiteas nó tuairisc maidir leis an aschur seirbhíse nó le haghaidh an gníomhaíocht áirithe nó limistéar seirbhíse inar féidir feidhmíocht a thomhas ina coinne. |


| Téarma Gluaise | Sainmhíniú |
|---|---|
| Limistéar Caomhantais Speisialta | Ainmniú idirnáisiúnta do ghnáthóga agus/nó speicis faoin Treoir AE maidir le Gnáthóga. |
| Limistéar faoi Chosaint Speisialta | Suíomh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis d'éin, ainmnithe mar a éilítear leis an Treoir maidir le hÉin. |
| Limistéar Méadraithe Ceantair (LMC) | Limistéar sainithe den líonra dáileacháin ar féidir a scoitheadh le comhlaí agus a bhfuil na cainníochtaí uisce at ag dul isteach agus ag imeacht a mhéadrú. |
| Líonra cliste | Córas ina mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí sonraíbhunaithe chun éifeachtúlacht agus iontaofacht a chur chun cinn maidir le dáileadh uisce, bailiúchán fuíolluisce agus próisis cóireála. Is braiteoirí iad cuid acu ina mbailítear agus ina dtarchuirtear sonraí ó phointí éagsúla sa líonra agus anailísíocht sonraí ina sholáthraítear léargais agus réitigh le haghaidh dúshláin bainistíocht uisce. |
| Liosta Gníomhaíochta Feabhais (LGF) | Clár soláthar uisce poiblí a bhfuil na heasnaimh is dáiríre acu agus is mó i mbaol, áit a n-éilíonn an GCC go nglacfaidh Uisce Éireann beart ceartaitheach chun sábháilteacht agus slándáil na soláthar a chinntiú [GCC]. |
| Méadar cliste | Gléas digiteach ina ndéantar an líon uisce a úsáideann tomhaltóir a thaifeadadh agus a chur in iúl. |
| Measúnacht Chuí | Is ionann measúnacht chuí agus measúnacht ar thionchair dhiúltacha ionchasacha plean nó tionscadail (i gcomhcheangal le pleananna nó le tionscadail eile) ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus ar Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Tá na láithreáin sin faoi chosaint ag Dlí Náisiúnta agus Eorpach. |
| Meigilítear (ML) | 1 mhilliún (1,000,000) lítear. |
| Pobal | Daoine atá in a gcónaí in Éirinn, a oibríonn inti nó a thugann cuairt uirthi. |
| Ráiteas maidir le hIar-Ghlacadh an MST | An doiciméad ina sonraítear conas a rinneadh breithnithe timpeallachta a chomhtháthú sa phlean, conas a cuireadh an tuarascáil timpeallachta agus na freagairtí ó chomhairliúcháin san áireamh, na cúiseanna leis an plean a roghnú arna ghlacadh i bhfianaise na roghanna malartacha réasúnta a breithníodh agus na bearta atá le cur san áireamh chun monatóireacht a dhéanamh nó na hiarmhairtí suntasacha dóchúla a mhaolú. |
| Ráiteas maidir le Scagadh MST | Achoimre ar an scagadh MST lena gcinntear cibé an dteastaíonn MST ón bplean atá beartaithe. |
| Ráiteas Tionchair Natura | Doiciméad ina dtugtar achoimre ar thorthaí an MC agus conas a chuimsítear sa phlean iad, ar an gcúis leis an bplean roghnaithe a roghnú i bhfianaise na roghanna malartacha a breithníodh agus na hiarmhairtí suntasacha dóchúla a lua. |
| Réitigh Dhúlrabhunaithe | Obair in éineacht leis an nádúr seachas a bheith ag iarraidh é a rialú leis an bhféidearthacht a bheith ann go leor leasanna a bhaint amach le haghaidh cáilíocht uisce, cainníocht uisce, bithéagsúlacht, oiriúnú aeráide agus athléimneacht. |
| Séarachas | "Baintear úsáid as "Séarachas" chun cur síos a dhéanamh ar phíobaí a iompraíonn camras/ fuíolluisce. I measc úsáidtí an téarma tá "líonra séarachais" agus "Scéim Séarachais" Cé gurb é "fuíolluisce" an téarma molta, baineadh |

| Téarma Gluaise | Sainmhíniú |
|---|---|
| | úsáid as "Séarachas" go stairiúil in ainmneacha tionscadail agus baintear úsáid as seo go fóill ar an mbonn seo". |
| Sloda fuíolluisce | Seachtháirge orgánach na cóireála bitheolaíoch fuíolluisce ina bhfuil meascán de sholaid agus uisce orgánacha. Ar a dtugtar freisin sloda camrais. |
| Sócmhainn | Earra, ní nó aonán a bhfuil poitéinseal nó luach iarbhír aige d'eagraíocht. |
| Soláthar uisce iontaofa | Cumas uisce leordhóthanach agus sábháilte a sholáthar chun freastal ar riachtanais daonra nó córas gan bhriseadh ná teip. |
| Speicis ionracha | Speicis neamhdhúchasacha a théann go rathúil in iomaíocht le speicis dhúchasacha agus atá díobhálach d'éiceachórais. |
| Suímh cosanta | Limistéar a ainmníodh a bhfuil luach speisialta éiceolaíochta aige faoi reachtaíocht AE amhail Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS (Cosaint)), Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS (Caomhnú)) agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LON). |
| Timpeallacht Bhonnlíne | Staid na timpeallachta mura bhfuil Plean ann. |
| Tríhalaimeatáin | Déantar tríhalaimeatáin a chumadh mar sheachtháirge go príomha nuair a bhaintear úsáid as clóirín chun uisce óil a dhíghalrú. |
| Tuarascáil Timpeallachta MST | An tuarascáil MST ina dtaifeadtar iarmhairtí na dtosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach i bplean. |
| Tuarascáil um Scagadh MC | An tuarascáil ina soláthraítear faisnéis agus ar a ndéantar measúnú ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag an bplean atá beartaithe ar láithreáin Eorpacha laistigh de líonra Natura 2000. |
| Tuarascáil um Scópáil MST | Sa tuarascáil MST leagtar amach scóip agus cuspóirí an MST. |
| Uirbeach | Ceantair dhlúthdhaonra atá foirgnithe le teaghaisí, foirgnimh agus bonneagar. |
| Uisce Stoirme | Uisce a shruthaíonn ó dhromchlaí neamh-thréscaoilteach amhail bóithre agus cosáin nuair a bhíonn sé ag cur báistí, a mbíodh ag sileadh sa talamh agus sútha ag fásra roimh fhorbairt uirbeach. Ciallaíonn "uisce stoirme" rith báistí a théann isteach i bpíobán ar bith [An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007]. |
| Úsáid uisce lasmuigh den teach | Ídiú uisce chun críche eile seachas úsáid teaghlaigh nó pearsanta. I measc seo tá uisce a bhíonn in úsáid ag tionscail, talmhaíocht, tráchtáil, seirbhísí poiblí agus úsáidtí comhshaoil. |
| Úsáid uisce sa teach | An méid uisce a ídítear sa teaghlach chun críche éagsúla amhail ól, cócaireacht, glanadh, garraíodóireacht agus sláintíocht. |

# 1 Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Cúlra ar Uisce Éireann


An 1 Eanáir 2014, tríd an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 1) 2013, ghlac Uisce Éireann (ar a dtugtaí Irish Water an tráth sin) freagracht reachtúil as seirbhísí uisce poiblí a sholáthar agus as infheistíocht in uisce agus i bhfuíolluisce a bhainistiú. Tá sé de fhreagracht ar Uisce Éireann a chinntiú go bhfaighidh a chustaiméirí go léir (teaghlaigh agus comhlachtaí) soláthar uisce óil atá sábháilte agus iontaofa agus go ndéanfar a gcuid fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil i gceart agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Léirítear i bhFíor 1-1 thíos roinnt príomhfhíorais maidir le seirbhísí agus bonneagar Uisce Éireann.




**Fíor 1-1 Seirbhís agus bonneagar Uisce Éireann**

Is é fís Uisce Éireann *"Éire inbhuanaithe ina mbeidh meas ar uisce agus ina gcosnófar uisce, don phláinéid agus don saol ar fad a thacaíonn sé."*

Tugtar cur síos i bhFíor 1-2 thíos ar fheabhsuithe seirbhíse agus bonneagair ón mbliain 2014 i leith (mar a tuairiscíodh sa Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (PSSU)




**Fíor 1-2 Feabhsuithe seirbhíse Uisce Éireann ón mbliain 2014**

## 1.2 Cuspóir na PSSU 2050

Leagtar amach sa PSSU) cuspóirí Uisce Éireann don 25 bliain atá romhainn agus na bealaí lena mbainfidh siad amach iad. Ní mór é a ullmhú i gcomhréir leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (arna leasú) ("An tAcht um Sheirbhísí Uisce").

Is plean straitéiseach fadtéarmach é an Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050) a éilítear a ullmhú faoin Acht um Sheirbhísí Uisce Uimh. 2, 2013. Leagtar amach ann cuspóirí agus na bealaí ina bhfuil sé mar aidhm ag Uisce Éireann iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn sna 25 bliana atá le teacht. Achoimrítear sa phlean treo straitéiseach Uisce Éireann agus na gníomhaíochtaí a chuirfear i bhfeidhm chun seirbhísí uisce poiblí inbhuanaithe a chinntiú d'Éirinn. Nuair a bheidh sé ceadaithe, tiocfaidh sé in ionad ár PSSU reatha ó 2015, a chlúdaigh an tréimhse ó 2015 go 2040.

Tá PSSU 2050 faoi réir na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (Treoir MST), Threoir 2001/42/CE ón gComhairle, na Treorach maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE ón gComhairle) agus na Treorach maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle). Tá an doiciméad seo mar chuid de chomhlíonadh na gceanglas faoin Treoir MST agus mínítear ann an dóigh a nascann siad ceanglais na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga sna Rannóga thíos.

## 1.3 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Leagadh amach sa Treoir MST (2001/42/CE) próiseas chun measúnú comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar chláir agus tá sé mar aidhm léi foráil a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta don chomhshaol, chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun rannchuidiú le lánpháirtiú

breithnithe comhshaoil san ullmhú agus sa ghlacadh de phleananna agus de chláir. Leagtar amach inti freisin ceanglais shonracha i ndáil leis an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus an Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE).

Cuirtear an Treoir MST i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (CE) (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004, arna leasú le Rialacháin CE (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) (Leasuithe) 2011 (ar a dtugtar an 'Rialacháin MST'). Faoi rialacháin an MST, ceanglaítear go ndéanfar scagadh MST ar phleananna cáilitheacha amhail PSSU 2050 mar an gcéad chéim le cinneadh an bhfuil gá MST. Chuathas i mbun athbhreithniú scagtha i ndiaidh treoir scagtha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (2021a)[1] agus deimhníodh leis sin go dteastaíonn MST éigeantach i gcomhair PSSU 2050 (tá Ráiteas Scagtha ar fáil in Aguisín A). I measc na gcéad chéimeanna eile tá scóipeáil, measúnacht, comhairliúchán poiblí agus monatóireacht. Is é measúnacht an chéim ina bhfuilimid faoi láthair.

Is é an aidhm go mbeadh tionchar ag an bpróiseas MST ar an bplean agus é a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas ná measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí suntasacha dóchúla ar an timpeallachta ó chur chun feidhme an phlean agus roghanna eile réasúnta chun cuspóirí an phlean a bhaint amach a bhreithniú. Áirítear éifeachtaí comhcheangailte agus carnacha an phlean ina iomláine agus le pleananna agus cláir eile mar chuid den mheasúnú freisin. Leagtar amach leis na Rialacháin MST ceanglais shonracha le haghaidh comhairliúcháin le hÚdaráis Chomhshaoil agus údaráis chomhshaoil thrasteorann (arna liostú i Roinn 3.1), ag an gcéim scóipe agus le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar an Dréachtphlean agus ar Thuarascáil Timpeallachta MST (féach Tábla 1.1 thíos maidir le céimeanna chun PSSU 2050 a fhorbairt in éineacht leis na measúnachtaí). Ní mór Tuarascáil Timpeallachta MST agus aiseolas ón gcomhairliúchán a chur san áireamh freisin agus an plean á thabhairt chun críche agus le haghaidh monatóireacht ar a chur chun feidhme.

**Tábla 1.1 Céimeanna oibre agus comhairliúcháin le linn fhorbairt PSSU 2050**

| Céim | Pleananna/Tuarascálacha | Comhairliúchán |
|---|---|---|
| 1 | Páipéar Saincheisteanna, Tuarascáil Scóipeála MST, Tuarascáil Scagtha Measúnachta Cuí (MC) | Comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear údaráis chomhshaoil agus údaráis chomhshaoil trasteorann. |
| 2 | Dréacht PSSU 2050, Tuarascáil Timpeallachta MST, Ráiteas Tionchair Natura (RTN) | Comhairliúchán poiblí lena n-áirítear na príomhpháirtithe leasmhara agus na húdaráis chomhshaoil a luaitear thuas |
| 3 | PSSU Deiridh 2050, Ráiteas MST, Aguisín a ghabhann le RTN (más gá) agus Cinneadh MC | Pleananna/Tuarascálacha nuashonraithe chun aghaidh a thabhairt ar aiseolas comhairliúcháin. |

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 arna leasú (na 'Rialacháin maidir le Gnáthóga') cuirtear ceanglas, faoi rialachán 42, ar gach údarás poiblí scagadh a dhéanamh le haghaidh Measúnacht Chuí (MC). Is éard atá i gceist le scagadh MC ná an réamh-mheasúnú ar cibé an bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag plean nó tionscadal, ina aonar agus i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin. Má chinneann an scagadh nach féidir na héifeachtaí suntasacha féideartha a chur as an áireamh, ní mór d'Uisce Éireann a chinneadh go bhfuil MC riachtanach. Má bhíonn MC ag teastáil, ní mór d'Uisce Éireann

[1] GCC. 2021a. *Dea-Chleachtas maidir le Scagthástáil MST 2021.* Arna Rochtain: 23.07.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/sea-screening-good-practice-2021.php

RTN a ullmhú, arb ionann é agus tuarascáil ina mbeidh imscrúdú eolaíochta ar phlean nó ar thionscadal go leithleach nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin nó na láithreán, agus aon fhaisnéis bhreise is gá chun MC a dhéanamh. Rinneadh PSSU 2050, MST agus MC/RTN a fhorbairt i gcomhthráth trí phróiseas atriallach.

Déantar an MST mar phróiseas ceithre chéim (arna shonrú i dTábla 1.2).

**Tábla 1.2 Céimeanna MST**

| Céim | Cuspóir agus Riachtanais | Aschur |
|---|---|---|
| Céim 1: Scagadh | Sula gcuirtear tús leis an bpróiseas MST, déantar 'scagadh; ar phlean nó ar chlár chun a fháil amach an bhfuil MST ag teastáil uaidh(má tá MST le déanamh ar bhonn deonach freisin). | Ráiteas maidir le Scagadh MST – chinn Uisce Éireann (mar an t-údarás freagrach) go ndéanfaí MST don PSSU 2050 (féach Aguisín A den Tuarastáil Scagtha). |
| Céim 2: Scópáil | Soláthraítear le breithniú ar chomhthéacs agus chuspóirí an MST faisnéis faoi shonraí bunlíne, sainaithnítear saincheisteanna, agus treochtaí timpeallachta ábhartha, agus sainmhínítear paraiméadair raon feidhme an MST chun críche comhairliúcháin. | Tuarascáil um Scópáil MST |
| Céim 3: Sainaithint, Tuar, Meastóireacht agus Maolú na nIarmhairtí Féideartha | Laistigh den chomhthéacs agus de na paraiméadair a sainaithníodh ag Céim na Scóipe, déantar iarmhairtí suntasacha dóchúla a bhaineann le PSSU 2050 a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear breithniú ar roghanna malartacha agus bearta a chinneadh chun éifeachtaí iarmharacha a mhaolú agus faireachán a dhéanamh orthu. | An Tuarascáil Timpeallachta MST – an tuarascáil seo.<br><br>**Céim Reatha sa Phróiseas MST** |
| Céim 4: Comhairliúchán, Athbhreithniú agus Iar-Ghlacadh | Comhairliúchán le comhairlithe reachtúla agus leis an bpobal. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis sin le hathruithe a dhéanamh ar PSSU 2050 i bhfianaise na bhfreagairtí.<br><br>Ráiteas faoin tionchar a bhí ag an MST agus ag an bpróiseas comhairliúcháin ar an PSSU 2050 deiridh. Ní mór plean monatóireachta timpeallachta a chuimsiú sa ráiteas – tá sé beartaithe leis sin aiseolas a sholáthar faoi iarmhairtí suntasacha timpeallachta. Cuideoidh sé sin freisin le haon athbhreithniú/leasú a dhéanfar amach anseo ar PSSU 2050 agus ar MST. | Ráiteas MST<br><br>An clár monatóireachta a chur i bhfeidhm. |

## 1.4 Scagadh MST

Is é Scagadh MST Céim 1 den phróiseas MST. Bunaítear é sin ar cheanglais rialacháin MST (I.R.435 de 2004) Alt 9(1)(a), ina sonraítear: déanfar measúnacht timpeallachta le haghaidh gach plean agus cláir:

"*a ullmhaítear le haghaidh talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, fuinnimh, tionscail, iompair, bainistíochta dramhaíola, bainistíochta uisce, teileachumarsáide, turasóireachta, agus lenar leagadh síos an creat maidir le toiliú forbartha amach anseo do thionscadail a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta*."

Rinneadh scagadh ar PSSU2050 de réir Threoir Dea-Chleachtais na GCC ar Scagadh MST a foilsíodh i mí na Nollag 2021. Thángthas ar an gconclúid tar éis an scagtha gur cineál plean bainistithe uisce é an PSSU 2050 ina leagtar amach creat ginearálta a mbeidh tionchar aige ar phleananna eile san ordlathas agus toiliú le haghaidh forbairt tionscadail ábhartha amach anseo a aithníodh ó na pleananna sin a d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le EIA orthu. Mar an t-údarás inniúil, chinn Uisce Éireann go bhfuil gá le MST bunaithe ar thrialacha infheidhmeachta treorach scagtha an GCC (2021). Mar sin, beidh PSSU 2050 faoi réir MST i gcomhréir leis na rialacháin. Tá an Ráiteas maidir le Scagadh MST ar fáil in Aguisín A den Tuarascáil um Scópáil.

## 1.5 Scópáil MST

Is í an Tuarascáil Scóipeála MST seo an t-aschur ó Chéim 2 de phróiseas ceithre chéim an MST. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas scópála MST:

- A bhfuiltear ag súil le cumhdach sa phlean a leagan amach, mar aon leis an dóigh ina ndéanfar an Dréachtphlean a fhorbairt agus an dóigh ina gcuirtear Páipéar Saincheisteanna PSSU 2050 san áireamh sa phlean scóipe.
- Breac-chuntas a thabhairt ar an mbunlíne timpeallachta atá ann cheana - cur síos a dhéanamh ar shaintréithe timpeallachta an limistéir staidéir agus an tuiscint tosaigh ar na príomhcheisteanna timpeallachta a bhaineann le PSSU 2050 a chur i láthair.
- Tabhairt faoi athbhreithniú ar reachtaíocht, ar bheartais agus ar phleananna - breac-chuntas a thabhairt ar na tionchair sheachtracha ionchasacha ar PSSU 2050 agus ar an timpeallacht ina bhfuil sé beartaithe trí athbhreithniú ar reachtaíocht, ar bheartais agus ar phleananna.
- Creat Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta a mholadh agus Dréacht-mhodheolaíocht MST a leagan amach, lena n-áirítear breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh a mbreithneofar cuir chuige mhalartacha do PSSU 2050, pleananna agus cláir idirghaolmhara fhéideartha a shainaithint, agus breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh a dtabharfar aghaidh ar iarmhairtí carnacha.
- An Tuarascáil Scóipe a sholáthar le haghaidh comhairliúcháin agus aiseolas a iarraidh ó pháirtithe leasmhara (reachtúla agus trasteorann) maidir leis an gcur chuige atá beartaithe do MST an PSSU 2050.

Cuireadh bonn eolais leis an próiseas scóipe MST faoi mheasúnú MST agus faoi fhorbairt PSSU 2050 (Céim 3 den phróiseas MST).

Cuireadh bonn eolais faoin scóipeáil leis an bhfaisnéis bhunlíne agus leis an athbhreithniú ar bheartas agus ar phleananna de réir mar atá curtha síos orthu sa Tuarascáil um Scóipeáil. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt ar aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do Chéim 3 den phróiseas MST.

## 1.6 An Tuarascáil seo

Is í an Tuarascáil Timpeallachta MST seo an príomh-aschur doiciméadaithe ó Chéim 3 den phróiseas MST agus ullmhaíodh í chun an measúnú comhshaoil ar Dhréacht-PSSU 2050 a dhoiciméadú. Léirítear sa Tuarascáil Timpeallachta MST faisnéis maidir leis an MST agus na saincheisteanna timpeallachta féideartha a bhaineann le cur i bhfeidhm an PSSU 2050. Déanfar aon bhearnaí sonraí ábhartha a sainaithníodh a thuairisciú sa Tuarascáil Timpeallachta MST seo mar aon le réimsí éiginnteachta don mheasúnú.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo agus aird á tabhairt ar Threoir MST (2001/42/CE) agus a forálacha a dhéantar a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004 arna leasú in 2011). Déanfar an Tuarascáil Timpeallachta MST seo, mar aon lena haguisíní, a fhoilsiú in éineacht le Dréacht-PSSU 2050.

### 1.6.1 Struchtúr an Tuarascáil Timpeallachta MST

Tá an Tuarascáil Timpeallachta MST sin eagraithe mar a leanas:

- Caibidil 1: Réamhrá/Cúlra – Ina gclúdófar an gá atá leis an bplean agus leis an MST.
- Caibidil 2: PSSU 2050 – Breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh ar forbraíodh an plean, cuspóirí agus achoimre ar mholtaí.
- Caibidil 3: Comhairliúchán – Achoimre ar an gcomhairliúchán lena gcuirfear bonn eolais faoi fhorbairt an phlean agus ar thuairimí agus freagraí an phróisis scóipeála MST (achoimre le tábla tuairimí in Aguisín A).
- Caibidil 4: Athbhreithniú ar Bheartais, ar Phleananna agus ar Chláir – Achoimre ar na beartais, na pleananna agus na cláir is tábhachtaí le liosta cuimsitheach curtha ar fáil in Aguisín B.
- Caibidil 5: Timpeallacht Bhunlíne – Achoimre ar an mbunlíne, ar threochtaí, ar bhrúnna agus ar éabhlóid thodhchaíoch gan an plean (sonraí iomlána san áireamh in Aguisín C).
- Caibidil 6: Modheolaíocht na Measúnachta – Breac-chuntas ar an gcur chuige i leith na Measúnachta MST a cuireadh i bhfeidhm.
- Caibidil 7: Measúnú ar an PSSU 2050 agus ar na Roghanna Malartacha.
- Caibidil 8: Measúnú ar Iarmhairtí Carnacha – Lena n-áirítear iarmhairtí ionphlean agus iarmhairtí idirphlean le pleananna eile.
- Caibidil 9: Pleananna Maolaithe agus Monatóireachta – Ina gclúdófar na gníomhaíochtaí molta atá le déanamh chun an plean a chur chun feidhme agus moltaí a sholáthar maidir le pleananna Leibhéal 2 agus maolú agus monatóireacht ar leibhéal tionscadal iartheachtach.
- Aguisíní: Faisnéis tacaíochta lena n-áirítear tuairimí agus freagraí na tuarascála scóipeála, faisnéis bhonnlíne, agus an t-athbhreithniú ar bheartais agus ar phleananna.

## 1.7 Measúnacht Chuí

Mar aon le comhlíonadh na Treorach MST, ní mór ullmhú agus cur i bhfeidhm PSSU 2050 forálacha Threoir AE maidir le Gnáthóga agus Threoir an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le hÉin a chomhlíonadh.

Éilítear leis an Treoir maidir le Gnáthóga más dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag plean, beartas nó clár ar láithreán Eorpach amháin nó níos mó (is é sin, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS - Caomhnú) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS - Cosaint), dá ngairtear Líonra “Natura 2000” freisin), ina aonar

nó i gcomhcheangal le scéimeanna, pleananna nó tionscadail eile, sa chás sin ní mór go bhfuil sé faoi réir MC.

Is é Uisce Éireann 'an t-údarás poiblí' ábhartha mar a shainaithnítear sna Rialacháin um Ghnáthóga trasuite. Rinneadh scagadh MC i gcomhair PSSU 2050 le fáil amach más dócha go mbeidh drochthionchar suntasach aige ar láithreán Natura 2000, ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile.

De réir conclúidí scagtha MC, is plean ar scála náisiúnta é PSSU 2050 lena gcumhdaítear réigiúin uile na tíre agus lena mbaineann impleachtaí féideartha trasteorann, faoi chuimsiú na Rialachán um Ghnáthóga. Tá an plean faoi réir cheanglais na Rialachán, agus dá bhrí sin, caithfear a impleachtaí do láithreáin Eorpacha a mheas i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na láithreán sin.

Ag an gcéim scagtha den phróiseas MC rinneadh scagadh ar gach suíomh Eorpach ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. I bhfianaise nádúr straitéiseach PSSU 2050, tháinig an scagadh le haghaidh MC (Céim 1) ar an gconclúid go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ann ar shuíomh Eorpach amháin nó níos mó i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na láithreán. Dá bhrí sin, cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, go bhfuil gá le Céim 2 MC den Dréacht-PSSU 2050.

Comhroinneann an MST agus an MC roinnt gnéithe dá riachtanais agus i gcomhréir le dea-chleachtas, cuireadh próiseas comhtháite chun feidhme idir forbairt PSSU 2050, an MST agus an MC, amhail sonraí bonnlíne a chomhroinnt, measúnú comhtháite ar iarmhairtí féideartha éiceolaíocha an Dréacht PSSU 2050 ar láithreáin Eorpacha agus soiléiriú ar ghnéithe níos teicniúla de PSSU 2050. Is leis na próisis seo i gcomhar lena chéile a dhéantar PSSU 2050 a mhúnlú. Cuirfidh an tuarascáil MST seo san áireamh tátail an MC maidir leis an MST, lena n-áirítear measúnú ar éifeachtaí carnacha an MST, na héifeachtaí agus an maolú féideartha atá ábhartha do shuímh Nádúrtha 2000 agus clúdóidh sé freisin gnéithe de bhithéagsúlacht, de ghnáthóga agus de speicis nach bhfuil ag teastáil le bheith cumhdaithe sa MC.

Foilsítear an Ráiteas Tionchair Natura (RTN), a úsáidtear mar bhonn eolais iomlán don MC a rinne Uisce Éireann, in éineacht le Dréacht-PSSU 2050 agus leis an Tuarascáil Timpeallachta MST seo.

# 2 Forbairt PSSU 2050

## 2.1 Riachtanais an Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce

Ceanglaítear le hAirteagal 33 (4) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 go luafar in PSSU cuspóirí Uisce Éireann maidir le soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann agus maidir leis na bealaí atá beartaithe ag Uisce Éireann chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Mar aon leis sin, sonraítear san Acht um Sheirbhísí Uisce freisn na gnéithe de sheirbhísí uisce ar ghá d'Uisce Éireann aghaidh a thabhairt orthu agus is mar seo a leanas atá:

- Cáilíocht an uisce óil;
- Rioscaí do shláinte an duine nó don timpeallacht a chosc nó a mhaolú, ar rioscaí iad a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce;
- An t-éileamh atá ann faoi láthair agus an t-éileamh réamh-mheasta ar sheirbhísí uisce;
- Socruithe atá ann faoi láthair agus socruithe atá beartaithe maidir le soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann;
- Easnaimh atá ann faoi láthair agus easnaimh is intuartha go réasúnach i soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann;
- Bearta caomhnaithe uisce láithreacha agus atá beartaithe; agus
- Maoin Uisce Éireann a bhainistiú.

Leis an PSSU, bunaítear an creat uileghabhálach le haghaidh pleananna feidhmiúcháin níos mionsonraithe ina dhiaidh sin lena n-áirítear, mar shampla, an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) agus an Plean Bainistíochta Náisiúnta Fuíolluisce Sloda.

## 2.2 PSSU 2050 agus an Creat Beartais agus Rialála

### 2.2.1 Ordlathas na bPleananna


Is comhlacht Stáit tráchtála, rialáilte, faoi úinéireacht phoiblí é Uisce Éireann ag a bhfuil freagrach as soláthar uisce poiblí agus seirbhísí fuíolluisce.

- Is í an **Chreat-Treoir Uisce (CTU)** an Treoir uileghabhálach a bhaineann le beartas uisce san Aontas Eorpach (AE). Tá sé mar aidhm aige an timpeallacht uisce a chosaint agus a athchóiriú ionas go mbeidh 'Stádas Dea-Eiceolaíochta' nó níos fearr ag gach dobharlach.
- Is ionann an **Treoir maidir le hUisce Óil (TUÓ)** agus príomh-dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le huisce óil. Baineann sé le rochtain ar uisce atá ceaptha lena ól ag daoine, agus cáilíocht an uisce sin, chun sláinte an duine a chosaint.
- Tá sé mar aidhm ag an **Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD)** sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint trí oibleagáidí maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh.
- Leagtar amach sa **Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce (RBSU)** tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce le linn na tréimhse atá sonraithe sa ráiteas[2].
- Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais a dhéanann an **rialáil gheilleagrach** ar sheirbhísí uisce poiblí agus leagtar amach ioncam ceadaithe Uisce Éireann le haghaidh gach tréimhse rialúcháin ioncaim, tréimhse 5 bliana go hiondúil.

[2] Foilsíodh Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 – 2030 i mí Feabhra 2024.

- Is é an GCC a dhéanann **rialáil chomhshaoil** ar sheirbhísí uisce poiblí agus soláthraíonn sé údaruithe scoilte fuíolluisce agus soláthróidh sé údaruithe astarraingt uisce a luaithe agus a bhunaítear an creat rialála seo.
- Leagtar amach feidhmeanna agus cumhachtaí Uisce Éireann maidir le soláthar sheirbhísí uisce, *inter alia,* san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 go 2022.
- Treoraíonn éagsúlacht de pleananna straitéiseacha agus straitéiseacha tacaíochta Leibhéal 2 an chaoi a ndéanann Uisce Éireann a chuid oibre, faoi bhun na gclár na bpleananna agus na dtionscadal Leibhéal 3 ar leith a chuireann Uisce Éireann i bhfeidhm ar fud na tíre.

Cruthaítear leis an gcreat sin de straitéisí agus de phleananna radharc soiléir trí Uisce Éireann, rud a léiríonn an chaoi inar féidir leis an Plean Leibhéal 1 PSSU 2050 tionchar a bheith aige ar gach leibhéal den eagraíocht.




**Fíor 2-1Ordlathas agus idirghníomhaíocht na bpleananna agus na dtionscadal**

## 2.3 Dréacht-PSSU 2050

Foilsíodh Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann reatha in 2015 agus clúdaíodh ann an tréimhse 25 bliain 2015-2040. Tá an-chuid athruithe ónar foilsíodh PSSU 2015 den chéad uair, lena n-áirítear bunú Uisce Éireann agus an tuiscint maidir leis na dúshláin shuntasacha a bheidh os comhair Uisce Éireann sna blianta amach romhainn.


Nuair a ghlacfar leis, rachaidh an PSSU 2050in ionad an PSSU atá ann cheana le cur ar chumas Uisce Éireann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo ar bhealach níos fearr, mar a shainaithnítear i staidéar Fís 2050 Uisce Éireann. I measc na ndúshlán agus na ndeiseanna a aithníodh amach anseo tá:

- Athrú Aeráide;
- Daonra agus geilleagar atá ag fás;
- Géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta;
- Bonneagar atá ag dul in aois;
- Reachtaíocht, rialáil agus beartas; agus
- Dálaí eacnamaíocha.

Úsáideadh na dúshláin seo mar phointe tosaigh i bPáipéar Saincheisteanna PSSU 2050 Uisce Éireann chun cabhrú le sainiú a dhéanamh ar na príomhdhúshláin ar cheart d'Uisce Éireann a chur san áireamh agus PSSU 2050 á fhorbairt. Bhí Páipéar Saincheisteanna PSSU 2050 faoi réir chomhairliúcháin thosaigh leis na húdaráis reachtúla in éineacht leis an tuarascáil Scóipeála MST agus tuarascáil Scagtha MC. Leis na tuairimí a fuarthas tríd an bpróiseas sin rinneadh eolas d'fhorbairt Dhréacht-PSSU 2050 agus na measúnachtaí timpeallachta.

Tá Cuspóirí Straitéiseacha agus aidhmeanna agus gníomhartha tacaíochta forbartha ag Uisce Éireann don Dréacht PSSU 2050 a chabhróidh leo dul i ngleic leis na riachtanais is tábhachtaí atá acu agus a chinntiú go leanann siad ar aghaidh ag soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce inbhuanaithe go fadtéarmach. Tá na dúshláin seo casta agus trasghearrtha, mar sin, is minic a thacaíonn na príomhghníomhaíochtaí sa Dréacht-PSSU 2050 le seachadadh Cuspóirí Straitéiseacha iolracha. Cuireann forbhreathnú i láthair in bhFíor2-2 ar Dhréacht-aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha PSSU 2050 agus tá sonraí breise ar fáil sa Dréacht-doiciméad PSSU agus i Roinn 7 den Tuarascáil Timpeallachta MST seo.

Áirítear leis an Dréacht-PSSU 2050 ceithre Chuspóir Straitéiseacha, aidhmeanna straitéiseacha agus príomhghníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin aitheanta as seo go dtí 2050. De réir Alt 33(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013, leag Uisce Éireann amach na bealaí ina bhfuil sé beartaithe acu na Cuspóirí Straitéiseacha seo a bhaint amach. Cuirtear iad seo i láthair mar 35 príomhghníomh lena dtugtar achoimre ar an treo agus ar na céimeanna a ghlacfaidh Uisce Éireann sna 5-10 mbliana amach romhainn chun a gcuid cuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach.




**Fíor 2-2Cuspóirí straitéiseacha agus aidhmeanna straitéiseacha PSSU 2050**


Aithnítear gur foilsíodh an PSSU atá ann in 2015, agus go ndearnadh forbairt ar chineálacha chur chuige mar thoradh ar reachtaíocht nua, ar athruithe sa bheartas agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Is réamhobair iad na tionscnaimh ar cuireadh tús leo i ndiaidh 2015, amhail An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce agus pleananna agus cláir nua eile, le haghaidh na mbeart atá molta inár nDréacht-PSSU 2050.

In go leor cásanna, déantar contanam a bhunú a leathnaíonn ó idirghabháil íosta go cás 'gnó mar is gnách' ina bhfuil cleachtais reatha mar chuid de agus a d'fhéadfadh a chur chun cinn níos mó chun a bheith ag teacht le haidhmeanna agus spriocanna Dhréacht-PSSU 2050.

Trí sheachadadh ár PSSU 2050, tógfaidh Uisce Éireann ar oidhreacht ár seirbhísí uisce údaráis áitiúil agus oibreoimid lenár gcustaiméirí, lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar ár dtimpeallacht chomhroinnte agus chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Uair agus a bheidh sé glactha, déanfar athbhreithniú rialta ar an PSSU 2050, gach cúig bliana, chun a chinntiú go mbeidh sé iomchuí i gcónaí. Tabharfaidh na hathbhreithnithe deis d'Uisce Éireann oiriúnú do chúinsí athraitheacha agus do riachtanais athraitheacha.

### 2.3.1 Forbairt ar an Dréacht-PSSU in éineacht leis an MST agus an MC

Bhain an chéad chéim de PSSU 2050 le Páipéar Saincheisteanna a fhorbairt a chuir san áireamh gnéithe a measadh a bheith tábhachtach don MST agus don MC a aithníodh trí na céimeanna scagthástála MST agus MC faoi seach. Eisíodh iad seo le haghaidh comhairliúcháin agus úsáideadh an t-aiseolas chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt bhreise ar an PSSU 2050 agus ar na measúnuithe comhshaoil. Leantar den atriall idir na measúnuithe comhshaoil agus an PSSU 2050 trí fhorbairt an dréacht-PSSU 2050 agus leanfar ar aghaidh go dtí go dtabharfar an plean chun críche. Léirítear in bhFíor 2-3 Forbairt PSSU 2050 leis na Measúnachtaí Timpeallachta na sruthanna oibre comhtháite.




**Fíor 2-3 Próiseas chun PSSU 2050 a fhorbairt leis na measúnuithe comhshaoil (an chéim reatha sa bhosca dearg)**

# 3 Comhairliúchán

Forbrófar PSSU 2050 i ndiaidh dhá chéim de chomhairliúchán.

## 3.1 Comhairliúchán 1: Céim Scóipe

Bhí comhairliúchán reachtúil tosaigh ar siúl maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna, Tuarascáil Scóipeála MST agus Tuarascáil Scagtha MC idir an 19 Meán Fómhair agus an 19 Samhain 2023. Don tréimhse sin den chomhairliúchán, bhí teagmháil dhíreach ag Uisce Éireann le príomhpháirtithe reachtúla agus rialála.

Ar aon dul le hAirteagal 9(5) de na Rialacháin MST (I.R. Uimh. 435 de 2004), eisíodh Tuarascáil Scóipeála an MST chuig na hÚdaráis Chomhshaoil reachtúla seo a leanas lena n-athbhreithniú agus lena dtuairimí:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC);
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM);
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear an tAonad Feidhmeanna Forbartha; agus
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

Toisc go bhfuil an deis ann comhéadan a dhéanamh le Tuaisceart Éireann agus go bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith ann, eisíodh an Tuarascáil Scóipe MST freisin chuig Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (RTCGT) le haghaidh comhairliúcháin maidir le hiarmhairtí timpeallachta trasteorann.

Tá cóip den Tuarascáil Scóipeála MST ar fáil anseo: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/water-services-strategic/.

Ullmhaíodh na príomhcheisteanna seo a leanas chun treoir a thabhairt do chomhairlithe agus do pháirtithe leasmhara agus iad ag déanamh aighneachta ar Thuarascáil Scóipeála an MST: Mar sin féin, ní raibh na freagraí agus na tuairimí teoranta do na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. An bhfuil moltaí ar bith agat ar mhaith leat go mbreithneodh Uisce Éireann agus PSSU 2050 á ullmhú aige?
2. An bhfuil aon tuairimí agat faoin gcur chuige maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta an PSSU 2050?
3. I Roinn 3 den [Tuarascáil Scóipeála] leagtar amach staid na timpeallachta bonnlíne agus na treochtaí amach anseo. Tá achoimre ar na príomhbhreithnithe don mheasúnú comhshaoil ar PSSU 2050 agus ar raon feidhme an mheasúnaithe atá beartaithe i Roinn 3.20 [den Tuarascáil Scóipeála]. An bhfuil aon tráchtanna agat maidir leo sin?
4. An bhfuil pleananna, beartais agus cláir ar bith eile nár sainaithníodh i Roinn 4 nó in Aguisín B [den Tuarascáil Scóipeála] ar chóir iad a bhreithniú?
5. An bhfuil aon tuairimí agat faoi chur chuige an MST maidir le roghanna malartacha plean a bhreithniú ag an gcéim seo? Má tá, pléigh iad sin, le do thoil, agus tabhair moltaí sonracha le haghaidh athruithe más féidir.
6. An bhfuil pleananna nó cláir bhreise nó shainiúla ar bith ba chóir a chur san áireamh sa mheasúnacht um tionchair charnacha, dar leat?
7. Cén dóigh ar mian leat go rachadh Uisce Éireann i dteagmháil leat de réir mar a rachaidh forbairt an PSSU 2050 chun cinn?

Rinneadh an t-aiseolas a fuarthas ar an bPáipéar Saincheisteanna agus ar Thuarascáil Scóipe MST agus ar Thuarascáil Scagtha MC a athbhreithniú agus a chur san áireamh in ullmhú Dréacht de PSSU 2050, den Tuarascáil Timpeallachta MST agus den RTN.

Ar an iomlán, d'aontaigh páirtithe leasmhara leis na seacht bpríomhcheist agus leis na ceithre théama a cuireadh i láthair sa Pháipéar Saincheisteanna. Go hachomair bhí tacaíocht ann do:

- an cur chuige pleanála oiriúnaitheach chun freagairtí ar dhúshlán an athraithe aeráide a chinntiú;
- tiomantas do chur chuige comhoibríoch maidir le hobair lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, thar earnálacha agus le páirtithe leasmhara iolracha chun meas a chothú ar luach uisce, spreagadh a thabhairt d'athrú iompair agus tairbhí níos leithne a sholáthar don tsochaí;
- an fócas ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú i seachadadh seirbhísí uisce;
- infheistíocht mhéadaithe i réitigh agus teicneolaíocht uisce cliste;
- tiomantas chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú chun tacú le héiceachórais agus pobail agus béim ar bhainistiú fuíolluisce agus uisce stoirme mar chuid de chur chuige Bainistíochta Uisce Uirbeach Comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an truaillithe.

Thug na geallsealbhóirí chun suntais nár tugadh aghaidh go leor ar na hábhair seo a leanas sa Pháipéar Saincheisteanna:

- ní áirítear sa phlé ar phríomh-shaincheist an athraithe aeráide go leor sonraí ar an tionchar a bhíonn ag ardú teochta, ag laghdú frasaíochta, agus ag ardú leibhéal na farraige ar sheirbhísí uisce;
- ba cheart slándáil bia a mheas i gcomhthéacs an athraithe aeráide, an fháis ar an daonra, sláinte na hithreach agus cáilíocht an uisce;
- is breithniú tábhachtach é athléimneacht triomach d'fhorbairt an tsoláthair uisce reatha agus sa todhchaí agus ba cheart go gcuirfeadh Uisce Éireann treoir ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le húsáid inbhuanaithe uisce agus caomhnú uisce.

Tugadh aghaidh orthu sin i nDréacht-PSSU 2050 mar a tuairiscíodh in Aguisín C an Dréacht-PSSU.

Ar an iomlán thacaigh na páirtithe leasmhara leis an modheolaíocht ghinearálta atá leagtha amach sa tuarascáil scóipeála. Áiríodh na príomhthuairimí a aithníodh le leasú nó le soiléiriú:

- An gá atá le próisis MST, MC agus plean a bheith comhtháite go hiomlán agus tiomantas do chur i bhfeidhm moltaí agus monatóireachta sa phlean a áireamh;
- Cuspóirí an MST a neartú agus a shimpliú;
- Úsáid a bhaint as treoir an GCC ar mhodheolaíocht MST;
- Cur leis an mBeartas agus na pleananna atá aitheanta don athbhreithniú beartais;
- Foinsí breise faisnéise bunlíne;
- Cuimsiú Léaráid idirghníomhaíochta le pleananna agus cláir eile.

Tá liosta iomlán na dtuairimí agus na bhfreagraí do Dhréacht-PSSU 2050 agus MST curtha ar fáil in Aguisín A..

## 3.2 Comhairliúchán 2: Dréacht-PSSU 2050 agus Tuarascálacha Comhshaoil

Mar chuid den dara chéim de chomhairliúchán, reáchtálfaidh Uisce Éireann comhairliúchán poiblí maidir le Dréachtphlean PSSU 2050 in éineacht le Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN.

Foilsíodh an Tuarascáil Timpeallachta MST seo ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann (https://www.water.ie/projects/strategic-plans/water-services-strategic/) in éineacht leis an Dréacht PSSU

2050 agus an RTN. Imlíníonn an Tuarascáil Timpeallachta MST seo an measúnú ar Dhréacht-PSSU 2050, lena n-áirítear éifeachtaí ar an gcomhshaol agus maolú molta. I gcomhréir le hAirteagal 11 de na Rialacháin MST, cuireadh údaráis chomhshaoil MST, agus RTCGT (an t-údarás trasteorann ábhartha) ar an eolas go bhféadfaidh siad aighneacht nó breathnóireacht a dhéanamh maidir le Tuarascáil Timpeallachta MST nó maidir leis an Dréacht-PSSU 2050 chuig Uisce Éireann.

Rinne Uisce Éireann tagairt don Tuarascáil Timpeallachta MST seo agus don RTN agus iad ag ullmhú an Dréacht PSSU 2050. Tá na tuarascálacha ar taispeáint anois le haghaidh comhairliúcháin phoiblí reachtúil.

Rachfar i gcomhairle leis na húdaráis/na comhairlithe sin liostaithe i Roinn 3.1 agus leis an bpobal arís ag (Céim 3 – Tuarascáil Timpeallachta MST) mar a cheanglaítear faoi na Rialacháin MST.

# 4 Athbhreithniú ar Bheartais, ar Phleananna agus ar Chláir

Luaitear sa Treoir MST in Airteagal 5 (1) d'Iarscríbhinn 1 go gcaithfidh an measúnú comhshaoil a aithint:


"*...na cuspóirí um chosaint na timpeallachta, arna mbunú ar an leibhéal Idirnáisiúnta, leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ar an leibhéal náisiúnta, atá ábhartha don phlean nó don chlár, nó mionathrú ar an bplean nó ar an gclár, agus an chaoi ar cuireadh na cuspóirí sin agus aon chúinsí timpeallachta san áireamh agus é á ullmhú*".

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tá athbhreithniú ar phleananna, beartais agus cláir eile agus ar an gcreat reachtaíochta ina chuid thábhachtach den chomhthéacs don MST agus don PSSU 2050 a shocrú. Aithníonn an t-athbhreithniú cuspóirí níos leithne freisin maidir le cosaint an chomhshaoil. Féadfaidh siad a bheith ina bpleananna agus ina gcláir ar leibhéal idirnáisiúnta (Eorpach), náisiúnta (lena n-áirítear trasteorann), réigiúnach nó fo-réigiúnach, ar comhréir le raon feidhme an PSSU 2050. Is é is aidhm don athbhreithniú na gaolmhaireachtaí idir PSSU 2050 agus na doiciméid eile seo a aithint, is é sin, conas a d'fhéadfadh PSSU 2050 a bheith curtha dá threoir ag aidhmeanna, cuspóirí agus/nó spriocanna na bpleananna agus na gclár eile nó, os a choinne sin, cad iad na slite ina féidir leis cur le baint amach spriocanna inbhuanaitheachta agus comhshaoil na bpleananna agus na gclár sin.

Rinneadh dhá chuid den athbhreithniú. Ar an gcéad dul síos, mar athbhreithniú cuimsitheach ar phleananna, ar bheartais agus ar chláir chun iad siúd atá ábhartha go díreach do PSSU 2050 agus MST a shainaithint (Aguisín B). Ar an dara dul síos, mar athbhreithniú breise a dhíríonn ar conas is féidir leis na pleananna, na beartais agus na cláir sin a aithníodh a bheith mar bhonn eolais do raon na bunlíne agus don mheasúnú, lena n-áirítear Cuspóirí an MST.

Moltar i dtreoir dea-chleachtais an GCC (2022a)[3] don MST san earnáil uisce go ndíreofaí ar roinnt príomhbheartais agus pleananna. Mar sin, maidir leis na pleananna agus beartais sin a bhraitear a bhfuil an tionchar is mó acu, tugtar achoimre mhion orthu i gCuid 4.1. Sainaithnítear i gCuid Fíor 4-1 an chaoi a mbaineann PSSU leis na príomhphleananna, beartais agus straitéiseacha náisiúnta, réigiúnacha agus ag leibhéal áitiúil.

[3] GCC. 2022a. *Nóta Treorach maidir le Dea-Chleachtas i ndáil le MST san Earnáil Uisce.* Arna Rochtain: 26.09.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/good-practice-guidance-note-on-sea-in-water-sector.php




**Fíor4-1 Idirghníomhú idir an PSSU agus pleananna agus cláir eile**

## 4.1 Príomhbheartais, Pleananna agus Cláir

Tá athbhreithniú ar liosta cuimsitheach de bheartais, de phleananna agus de chláir atá ábhartha i dtéarmaí PSSU 2050 a fhorbairt agus a mheasúnú i gcoinne ábhair MST curtha ar fáil in Aguisín B. Tá achoimre thíos ar an reachtaíocht, ar na beartais agus ar na pleananna is tábhachtaí a mheastar le bheith ina gcinn is ábhartha agus déantar iad a ghrúpáil faoi na ceannteidil a leanas:

- Acmhainní agus cáilíocht uisce;
- An t-athrú aeráide;
- Bithéagsúlacht;
- An Geilleagar Ciorclach; agus
- Úsáid talún agus pleanáil.

### 4.1.1 Acmhainní agus Cáilíocht Uisce

**An Creat-treoir Uisce agus Plean Bainistíochta Abhantraí**

Tá baint ar leith ag CFT an AE (Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce) agus an Plean

Bainistíochta Abhantraí (PBA) (a cheanglaítear faoin CTU) (RTRÁO, 2018a[4] agus 2021[5]) maidir le forbairt an PSSU ós iad a leagann amach an creat chun gníomhaíochtaí Uisce Éireann a bhainistiú a bhaineann le hastarraingt uisce agus truailliú ó dhoirteadh fuíolluisce. Bíonn tionchar láidir acu ar an áit agus ar an méid is féidir a asbhaint agus ar sholáthairtí nua á gcruthú agus ar astarraingtí inbhuanaithe agus infheistíochtaí reatha i gcóireáil fuíolluisce a fheabhsú.

Bunaíonn an CTU cur chuige straitéiseach caighdeánach ar fud na hEorpa chun uisce dromchla, screamhuisce, dobharlaigh idirthréimhseacha agus cósta agus bogaigh a bhainistiú agus chun comhchuspóirí timpeallachta a bhaint amach.

Tá an Treoir nasctha le, agus treisíonn sí, treoracha comhshaoil eile de chuid an AE lena n-áirítear treoracha a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta (Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga), treoracha a bhaineann le húsáidí sonracha uiscí (treoracha uisce óil, uiscí snámha agus fuíolluisce uirbigh) agus leis na treoracha lena mbaineann. le rialáil na ngníomhaíochtaí a dhéantar sa chomhshaol (treoracha Astuithe Tionscail agus Measúnú Tionchair Timpeallachta). Tá an Treoir Níotráití ina cuid dhílis den Treoir freisin agus tá sí ar cheann de na príomhionstraimí i gcosaint uiscí ar bhrúnna talmhaíochta.

Cuireann Ballstáit an Aontais Eorpaigh an CTU chun feidhme trí PBAnna i dtimthriallta sé bliana. Ceadaíonn an próiseas seo measúnú, pleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú go tráthrialta. Tá forbairt déanta ar chur chuige na hÉireann maidir le cáilíocht uisce a bhainistiú sa chéad agus sa dara RBMP agus leanfaidh sé ag forbairt isteach sa tríú timthriall RBMP 2022 – 2027 (nach bhfuil i bhfeidhm fós) chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú go náisiúnta agus go háitiúil.

Faoi Airteagal 4(1)(a) den CTU, ní mór d'Éirinn na bearta is gá a ghlacadh chun na cuspóirí maidir le neamh-mheath, caomhnú agus feabhsú stádas dobharlach a bhaint amach trí na cláir a shonraítear sa PBA a fheidhmiú chun cuspóirí timpeallachta CTU a bhaint amach. Tá an dá oibleagáid chun stádas dobharlach a fheabhsú agus chun meath a chosc orthu, deartha chun na cuspóirí cáilíochtúla a shaothraíonn reachtas an AE a bhaint amach, eadhon stádas maith, acmhainneacht éiceolaíoch mhaith agus stádas ceimiceach maith d'uiscí dromchla a chaomhnú nó a athbhunú.

Bunaíonn an CTU cur chuige straitéiseach caighdeánach ar fud na hEorpa chun uisce dromchla, screamhuisce, dobharlaigh idirthréimhseacha agus cósta agus bogaigh a bhainistiú agus chun comhchuspóirí timpeallachta a bhaint amach.

Áirítear iad seo a leanas sna cuspóirí timpeallachta CTU le haghaidh uiscí dromchla:

- Meathlú a chosc;
- Féachtar leo le stádas maith éiceolaíoch a bhaint amach (nó maidir le dobharlaigh Shaorga nó Dobharlaigh atá Athraithe go Mór, acmhainneacht mhaith éiceolaíoch a bhaint amach);
- Iarracht a dhéanamh stádas maith ceimiceach a bhaint amach;
- Féachtar leo le hastaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais ó shubstaintí tosaíochta agus ó shubstaintí guaiseacha tosaíochta a laghdú nó deireadh a chur leo; agus
- Cuspóirí limistéar cosanta a chomhlíonadh más ábhartha.

Faoi Airteagal 4(1)(a) den CTU, ní mór d'Éirinn na bearta is gá a ghlacadh chun na cuspóirí maidir le neamh-mheath, caomhnú agus feabhsú stádas dobharlach a bhaint amach trí na cláir a shonraítear sa PBA a fheidhmiú chun cuspóirí timpeallachta CTU a bhaint amach. Tá an dá oibleagáid chun stádas dobharlach a

[4] RTRÁO. 2018a. *Plean Bainistíochta Abhantraí 2018 - 2021.* Arna rochtain 20.08.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/429a79-river-basin-management-plan-2018-2021/

[5] RTRÁO. 2021. *An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2022-2027.* Arna Rochtain: 25.07.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/consultation/2bda0-public-consultation-on-the-Draft-river-basin-management-plan-for-ireland-2022-2027/

fheabhsú agus chun meath a chosc orthu, deartha chun na cuspóirí cáilíochtúla a shaothraíonn reachtas an AE a bhaint amach, eadhon stádas maith, acmhainneacht éiceolaíoch mhaith agus stádas ceimiceach maith d'uiscí dromchla a chaomhnú nó a athbhunú.

Leagtar amach sa PBA d'Éirinn conas a oibreoidh eagraíochtaí, geallsealbhóirí agus pobail le chéile chun an timpeallacht uisce a fheabhsú agus riachtanais an CFU a chomhlíonadh. Déantar an PBA a nuashonrú gach sé bliana mar chuid den timthriall pleanála abhantraí. Is é an PBA reatha an dara timthriall agus leagtar amach na bearta a dhéanfar chun cáilíocht an uisce a chaomhnú agus a fheabhsú lena n-áirítear infheistiú Uisce Éireann i 255 tionscadal uisce (RTRÁO, 2018a).

Foilsíodh Dréacht den tríú timthriall PBA don tréimhse 2022-2027 le haghaidh comhairliúcháin i Meán Fómhair 2021 agus tá sé faoi athbhreithniú faoi láthair. Leagtar amach sa tríú timthriall Dréacht-PBA na bearta atá riachtanach chun cáilíocht uisce in Éirinn a chosaint agus a athchóiriú, lena n-áirítear bearta le tabhairt faoi ag Uisce Éireann. Is é aidhm iomlán an phlean a chinntiú go ndéantar na huiscí nádúrtha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus go ndéantar acmhainní fionnuisce a chosaint chun timpeallacht uisce na hÉireann a chothabháil agus a fheabhsú (RTRÁO, 2021).

Leagtar amach sa PBA seo conas a bhainisteoidh Éire a hacmhainní uisce agus a dobharcheantair idir 2022 agus 2027. Tar éis blianta fada d'fheabhsú seasta, tá meath leanúnach ag teacht ar cháilíocht an uisce in Éirinn. Tá bearta níos láidre ag teastáil anois mar fhreagra. Chomh maith le feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán an uisce, tá bainistíocht inbhuanaithe uisce tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide agus oiriúnú dóibh, agus tá comhbhuntáistí ag go leor de na bearta riachtanacha maidir le maolú aeráide agus bithéagsúlacht. Chun cáilíocht uisce a chosaint agus a athchóiriú in Éirinn, beidh gá thar aon ní eile le bearta chun dul i ngleic le cailliúint cothaitheach talmhaíochta san uisce, leanúint le feabhas a chur ar chóireáil fuíolluisce agus dálaí nádúrtha a shreabhann go saor a athbhunú i níos mó aibhneacha. Tá dúshláin le sárú ag acmhainní agus seirbhísí uisce na hÉireann maidir le roinnt gnéithe lena n-áirítear gá leanúnach le hinfheistíocht i mbonneagar agus éileamh atá ag méadú de shíor ar sheirbhísí uisce mar gheall ar uirbiú, daonra agus fás eacnamaíoch, agus iad uile i gcomhthéacs athrú aeráide atá forleathan, gasta agus ag éirí dian.

Ionaid Chóireála Fuíolluisce a aithníodh sa Dréacht PBA 2022-2027 mar chúis a bhfuil tionchar um cháilíocht an uisce sna haibhneacha ina scaoileann siad, áirítear na hionaid seo i bPlean Bainistíochta Abhantraí Clár Uaillmhéine Feabhsaithe de chuid Uisce Éireann arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann. Tacóidh sé seo le cuspóirí RBMPanna na hÉireann agus a fheabhsóidh cáilíocht uisce in aibhneacha. Tá an clár dírithe ar a áirithiú nach mbíonn tionchar ag sócmhainní Uisce Éireann ar chumas na n-uiscí glactha a gcuid cuspóirí maidir le cáilíocht an uisce a bhaint amach.

Ní mór don PSSU 2050 agus MST cuspóirí agus spriocanna na Pleananna Bainistíochta Abhantraí a chur san áireamh, don chomhshaol agus na bearta sonracha a aithníodh d'Uisce Éireann.

Tá tuilleadh sonraí ar an CTU agus ar an mbonnlíne reatha agus ar na príomhthreochtaí don timpeallacht uisce curtha i láthair i gCuid 5 agus in Aguisín C.

### Ceadúnú Astarraingthe

Ag deireadh 2022, rith an rialtas an tAcht um Chomhshaol Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), 2022 (an tAcht Astógálacha), lena gcinnteofar go mbeidh astarraingtí náisiúnta ag teacht le ceanglais na Creat-Treorach Uisce. Níl tús curtha leis an Acht Astógálacha go fóill agus níl na rialacháin agus na treoirlínte gaolmhara lena dtabharfar sonraí breise faoi na cineálacha measúnaithe agus modheolaíochta náisiúnta a bheidh le húsáid foilsithe nó i bhfeidhm fós.

Ó 2021 go 2023, chuir Uisce Éireann an chéad Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (an PNAU) in Éirinn ar fáil. Ullmhaíodh an PNAU mar Chreat Plean agus Ceithre Pleananna Réigiúnacha ar fad faoi réir a bpróisis MST agus MC féin. Maidir leis an PNAU, féachtar go hiomlánaíoch ar sholáthair na hÉireann agus ar réitigh soláthar sainaitheanta don tír. Agus na rialacháin agus treoirlíne don chóras astarraingthe fós á bhforbairt, chun críche an PNAU, ghlac Uisce Éireann cur chuige réamhchúramach maidir leis na hastarraingtí (cinn reatha agus nua araon) atá inbhuanaithe. Sna blianta amach romhainn déanfaidh Uisce Éireann iarratais ceadúnais a thíolacadh do sholáthairtí nua agus is é an GCC ar deireadh a chinnfidh iad seo bunaithe ar an bhfaisnéis leibhéal tionscadail rompu.

Is é is aidhm dó soláthairtí sábháilte, slán, iontaofa agus inbhuanaithe a bhaint amach, agus beidh gach astarraingt nua a fhorbróidh Uisce Éireann bunaithe ar mheasúnachtaí coimeádacha ar astarraingt inbhuanaithe. Cinnteoidh sé sin go dtiocfaidh feabhas leanúnach ar inbhuanaitheacht chomhshaoil soláthairtí uisce le himeacht ama.

### An Treoir ‘Athmhúnlaithe’ um Uisce Óil

Rinneadh athbhreithniú ar an Treoir um Uisce Óil (TUÓ) a bhaineann le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena chaitheamh ag an duine nuair a ghlac Parlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2020 an TUÓ ‘athmhúnlaithe’ agus dhá bhliain ag na Ballstáit í a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an Treoir nua rochtain shábháilte ar uisce agus na caighdeáin is airde ar domhan d’uisce óil a fheabhsú. Tá sé seo ag teacht leis an uaillmhian de bheith saor ó thruailliú maidir le timpeallacht saor ó thocsain a fógraíodh sa Chomhar Glas Eorpach. Déanann na rialacha nua caighdeáin cháilíochta a nuashonrú agus tugtar isteach leibhéal dobharcheantair agus cur chuige riosca-bhunaithe. Tugtar isteach sa Treoir an oibleagáid ar Bhallstáit rochtain ar uisce óil sábháilte a fheabhsú nó a choinneáil do chách, le fócas ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe. Foráiltear leis freisin rochtain níos fearr ar fhaisnéis do shaoránaigh maidir le soláthraithe uisce, m.sh. cáilíocht agus soláthar uisce óil ina gceantar maireachtála.

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2023, rinneadh Treoir 2020/2184 ón AE a thrasuí i Reachtaíocht na hÉireann le héifeacht ó Mhárta 2023. Tá sé mar aidhm ag na rialacháin sláinte an duine a chosaint trí chaighdeáin uisce óil ón bhfoinse go dtí an sconna a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh sé folláin glan.

Sa TUÓ athmhúnlaithe déantar caighdeáin cháilíochta d’uisce atá beartaithe lena ól ag an duine, de réir na moltaí is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus bunaítear leis sásra liosta faire le go mbeifí in ann monatóireacht a dhéanamh ar shubstaintí nó ar chomhdhúile is ábhar imní don phobal nó don tsláinte, amhail suaiteoirí inchríneacha, cógaisíocht agus micreaphlaistigh. Suífidh Uisce Éireann ar an ngrúpa saineolaithe RTRÁO TUÓ, a bhfuil an ról acu (mar aon le cinn eile) cuidiú sna céimeanna cur i bhfeidhm éagsúla de na Rialacháin nua maidir le hUisce Óil. Ní mór ceanglais an TUÓ athmhúnlaithe a chur chun cinn sa PSSU 2050 agus a chur san áireamh sna cuspóirí MST.

### An Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach

Treoir AE maidir le bailiú fuíolluisce uirbigh, cóireáil fuíolluisce agus lena scaoileadh is ea an Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach (UWWTD (Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991). Leagtar síos leis caighdeáin maidir le cóireáil agus diúscairt séarachais do phobail ina bhfuil níos mó ná 2,000 coibhéis daoine chomh maith le riachtanais mhonatóireachta maidir le scaoileadh fuíolluisce ó cheantair uirbeacha.

Is é an GCC a dhéanann sceitheadh fuíolluisce a rialáil faoi Rialacháin 2007 go 2020 (Sceitheadh Fuíolluisce) an Aontais Eorpaigh. Is féidir leis an GCC fógraí a eisiúint chun athbhreithniú a dhéanamh ar Údarú Sceite Fuíolluisce.

Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Fuíolluisce Uirbeach. Tá sé beartaithe faoi láthair an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuíolluisce Uirbeach a chomhaontú in 2024 agus is dócha go gcuirfear i bhfeidhm in Éirinn é uair éigin in 2026. Beidh impleachtaí ag na hathbhreithnithe seo ar na bacáin d'infheistíocht nach foláir a chur san áireamh agus PSSU 2050 á chur i bhfeidhm. De réir an Choimisiúin Eorpaigh (CE), faoi 2040 déanfaidh rialacha athbhreithnithe UWWTD an méid seo a leanas:

- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú le níos mó agus 60% i gcomparáid le 1990;
- Truailliú uisce a laghdú le níos mó ná 365 míle tonna; agus
- Astaíochtaí micreaphlaisteacha a ghearradh le 9%(CE, 2023)[6].

Níor chomhlíon Éire a cuid oibleagáidí ar fad faoin UWWTD (GCC, 2023j)[7] go fóill agus, in 2022, níor chomhlíon ionad cóireála fuíolluisce ag 15 de na 173 limistéar uirbeach mór in Éirinn na caighdeáin cháilíochta cóireála agus eisiltigh riachtanacha sa Treoir. Ina theannta sin, chuir séarachas leis na hUiscí Snámha ag trí thrá a bheith rangaithe mar 'Lag' toisc nár chomhlíon cáilíocht an uisce an t-íoschaighdeán riachtanach.

Tá Uiscí Sliogéisc faoi chosaint, limistéir ainmnithe chun tacú le beatha agus fás sliogéisc ar nós oisrí agus diúilicíní. Má thruaillíonn séarachas na huiscí seo, is féidir le sliogéisc sna limistéir atá i gceist a bheith éillithe agus sláinte an phobail a chur i mbaol trí thomhaltas éillithe sliogéisc. Bhí gá le measúnuithe do 23 Uisce Sliogéisc a bhí thar téarma in 2022. As na measúnuithe a críochnaíodh cheana féin, aimsíodh go bhfuil gá le cóireáil fheabhsaithe chun ceithre Uisce Sliogéisc a chosaint (GCC, 2023j).

Is féidir le hUisce Éireann tairbhí suntasacha a sholáthar don chomhshaol trí mhaoiniú agus acmhainní a dhíriú chun cóireáil a fheabhsú ar na réimsí tosaíochta ar leag an GCC béim orthu. Trí dhul i ngleic leis na fadhbanna sna réimsí tosaíochta seo tabharfar aghaidh ar dhoirteadh séarachais amh, cosc a chur ar fhuíolluisce dochar a dhéanamh do dhobharlaigh is mó atá i mbaol truaillithe, beidh Éire ag comhlíonadh oibleagáidí cóireála fuíolluisce an AE agus cosnóidh sé diúilicíní péarla fionnuisce atá i mbaol in aibhneacha na hÉireann (GCC, 2023j)

### An Treoir maidir le Tuilte

Éilítear ar ba Ballstáit le Treoir AE maidir le Tuilte (2007/60/CE) Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte a fhorbairt do limistéir ina bhfuil riosca suntasach tuile cheana féin agus ina bhféadfadh riosca a bheith ann amach anseo. Le Rialacháin AE (Measúnú agus Bainistíocht Rioscaí Tuilte) 2010 rinneadh an Treoir maidir le Tuilte a thrasuí i ndlí na hÉireann agus leagtar amach inti freagrachtaí Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Tá an Treoir á cur chun feidhme ag OOP go príomha tríd an gClár um Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte (MBRTA), ina sainaithnítear limistéir ina bhféadfadh rioscaí a bhaineann le tuilte a bheith suntasach (Limistéir ina bhfuil Tuilleadh Mheasúnaithe de Dhíth) agus ina bhforbraítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Tá patrúin tuilte agus aimsire dlúthnasctha le dúshláin don draenáil uirbeach agus cuireann siad le fadhbanna a bhaineann le doirteadh uisce stoirme agus tá leochaileacht i leith tuilte ina riosca don bhonneagar cóireála agus soláthair lena n-áirítear tionchair ar sheirbhísí gaolmhara amhail soláthar leictreachais agus rochtain ar iompar. Tá na gnéithe seo ábhartha d'Uisce Éireann i bpleanáil infheistíocht nua agus chun athléimneacht a fhorbairt do sheirbhísí uisce agus fuíolluisce agus maidir le dul i ngleic le truailliú ó dhraenáil uisce stoirme.

[6] CE. 2023. *Fuíolluisce uirbeach.* Arna Rochtain: 04.12.2023. Ar fáil ó: https://environment.ec.europa.eu/topics/water/urban-wastewater_en#revision

[7] GCC. 2023j. *Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2022.* Arna Rochtain: 21.02.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste-water/uww-report-2022.php

**Pleanáil Mhuirí**

Éilíonn an Creat-treoir Straitéise Mara (CTSM) ar Bhallstáit Eorpacha, lena n-áirítear Éire, stádas comhshaoil maith a bhaint amach i dtimpeallacht na mara.

Mar chuid den Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, a chur chun feidhme, tá Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí na hÉireann (CNPMÉ) (2023)[8], curtha ar fáil chun treoir a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí agus forbairtí a dhéanfaidh difear don chomhshaol muirí chomh fada le 2040 agus tá sé ina phríomhchumasóir ar chumas na hÉireann riachtanais an CTSM a chomhlíonadh. Achtaíodh an tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí in 2021 agus bunaíodh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí i mí Iúil 2023. Tugann siad seo le chéile réimeas nua reachtaíochta maidir le toiliú le haghaidh forbartha agus gníomhaíochtaí sa limistéar muirí. Tá beartas le fáil sa Chreat Náisiúnta Pleanála Muirí (CNPM) chun acmhainní muirí a phleanáil agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, mar aon le beart chun cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta i ndáil le gnéithe amhail an comhshaol, bithéagsúlacht, iascach tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Mar chuid de seo, cuimsíonn an CNPM cuspóirí sonracha agus beartais phleanála maidir le caighdeán an uisce, cóireáil fuíolluisce agus diúscairt.

Tá uiscí trasteorann ábhartha do PSSU 2050 agus sa chomhthéacs seo soláthraíonn Straitéis Mhuirí na RA an creat chun beartas muirí a sheachadadh ag leibhéal na RA chun dea-stádas comhshaoil (GES) a bhaint amach i bhfarraigí na RA. Foráiltear le hAcht na Mara agus Rochtana ar an gCósta 2009 creat chun éilimh ar an gcomhshaol muirí a bhainistiú agus riachtanais fuinnimh, caomhnaithe agus acmhainní a chothromú. Glacadh le Ráiteas Beartais Mhuirí na Ríochta Aontaithe in 2011 faoin Acht Muirí agus Rochtana Cósta 2009 agus soláthraíonn sé an creat beartais don chóras pleanála muirí agus do chinnteoireacht a dhéanann difear don chomhshaol muirí.

Ceanglaítear le hAcht na Mara agus Rochtana Cósta 2009 agus Acht na Mara (Tuaisceart Éireann) 2013, a bhunaigh líonra de Limistéir faoi Chosaint Muirí (MPAanna) i réigiún cois cladaigh Thuaisceart Éireann, go bhfuil an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (RTCGT) mar Údarás an Phlean Mara, le pleananna mara a ullmhú. Forbraíodh Dréachtphlean Muirí Thuaisceart Éireann (2018) faoi chuimsiú Ráiteas Beartais Mhuirí na RA (UK MPS) agus éascóidh sé forbairt inbhuanaithe an limistéir mhuirí.

Ní mór d'Uisce Éireann éifeacht infheistíochtaí nua agus oibriúchán seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar chomhshaol cósta agus mara timpeall na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a chur san áireamh agus caithfear aidhmeanna chun cáilíocht na gceantar seo a chosaint agus a fheabhsú a chur san áireamh don PSSU 2050 agus measúnacht MST.

### 4.1.2 Athrú Aeráide

**An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021**

I mí Iúil 2021 síníodh an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.isteach sa dlí. Bunaítear leis an Acht sin an cuspóir náisiúnta aeráide seo a leanas:

*"Le go laghdófar téamh domhanda amach anseo, beidh sé mar sprioc ag an Stát, faoi dheireadh na bliana 2050 ar a dhéanaí, geilleagar atá athléimneach agus neodrach ó thaobh na haeráide de, a bhfuil bithéagsúlacht shaibhir ag baint leis agus atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de a bhaint amach."*

Chun an cuspóir sin a bhaint amach leagtar roinnt gníomhaíochtaí amach san Acht. Áirítear leo sin:

[8] RTRÁO. 2023. *Creat Náisiúnta Pleanála Mara.* Arna rochtain 20.08.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/a4a9a-national-marine-planning-framework/

Nuashonrú bliantúil ar an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 a ullmhú (is é Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 an Plean bliantúil is déanaí faoi láthair agus tá an Dréachtphlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024 ag céim an chomhairliúcháin faoi láthair.

- Straitéis náisiúnta um ghníomhaíocht fhadtéarmach ar son na haeráide (dá ngairtear "*straitéis náisiúnta um ghníomhaíocht fhadtéarmach ar son na haeráide*") a ullmhú, uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.
- Buiséid charbóin a chur ar bun, agus iad ailínithe le baint amach an chuspóra náisiúnta aeráide, ar feadh tréimhsí 5 bliana as a chéile.
- "*Uasteorainneacha earnálacha astaíochtaí*" a ullmhú lena socrófar uasmhéid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheadaítear in earnálacha éagsúla den gheilleagar le linn na tréimhse 5 bliana de bhuiséad carbóin.
- "*Pleananna gníomhaíochta aeráide na n-údarás áitiúil*" a ullmhú lena gcumhdófar tréimhsí cúig bliana, a bhfuil gá leo chun na bearta maolaithe agus na bearta oiriúnaithe atá le glacadh ag an údarás áitiúil ábhartha maidir le cúrsaí aeráide a shonrú.
- Oibleagáid nach mór do chomhlachtaí poiblí Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide a chur san áireamh agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu.

Foráiltear san Acht gur cheart go mbeadh an chéad dá bhuiséad carbóin 5 bliana comhionann le laghdú iomlán de 51% thar an tréimhse go dtí 2030, i gcomparáid le bunlíne 2018.

Tá an tAcht ábhartha don PSSU 2050 i dtéarmaí na cuspóirí stáit agus earnála a leagtar agus an riachtanas na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur san áireamh amach anseo.

### Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (dréacht Comhairliúcháin)

Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24) an tríú nuashonrú bliantúil ar Phlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide 2019. D'fhormheas an Rialtas an dréacht CAP24 le foilsiú ar an 20 Nollaig 2023, agus tá sé faoi réir MST agus MC. Críochnaíodh an comhairliúchán ar an Dréacht de CAP24 agus táthar ag tnúth leis an bplean deireanach glactha. Nuashonraíodh an dréacht CAP24 chun caibidil bhreise ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a chur san áireamh ina dtugtar measúnú ar gach caibidil den Dréacht CAP24 maidir le tionchar SFI ar spriocleibhéal SFI.

Leis an bplean cuirtear na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála chun feidhme agus leagtar treochlár amach ann chun beart cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoi leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar atá geallta i gClár an Rialtais. Sa CAP24 leagtar an dóigh ar féidir le hÉirinn dlús a chur leis na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun freagairt don ghéarchéim aeráide, ag cur réitigh aeráide i gcroílár fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann (RCAC, 2024)[9].

Foilsítear Tuarascálacha maidir le Dul Chun Cinn ar na Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide gach ráithe. Maidir le CAP24, leagfar béim sna tuarascálacha maidir le dul chun cinn ar bhearta 'ardtionchair', Príomhtháscairí Feidhmíochta, staid imeartha na spriocanna astaíochtaí, treochtaí astaíochtaí le déanaí, cás-staidéir ghníomhaíochta agus fadbhreathnaitheacht ar phríomhghníomhaíochtaí atá le teacht níos déanaí in 2024.

Le PSSU 2050 leagfar amach an comhthéacs le haghaidh pleananna forfheidhmithe ina dhiaidh sin ina dtabharfar mionsonraí ar na cláir oibreacha a bheidh le cur i gcrích i réimsí seirbhísí uisce ar leith, lena n-

[9] RCAC. 2024. *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024.* Arna Rochtain: 22.03.24. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/79659-climate-action-plan-2024/#:~:text=The%20Plan%20provides%20a%20roadmap,Development%20(Amendment)%20Act%202021

áirítear oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide agus comhlíonadh um fhuíolluisce de réir an Dréacht de CAP24 agus pleananna bliantúla ina dhiaidh sin.

**Creat Náisiúnta um Oiriúnú agus Pleanáil Oiriúnaithe Earnála**

Agus forbairt á déanamh aici ar an obair a rinneadh faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2013)[10], d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an chéad leagan reachtúil riamh in Éirinn de Chreat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO) i mí Eanáir 2018. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú an cur chuige náisiúnta atá á ghlacadh i leith oiriúnú in Éirinn chun laghdú a dhéanamh ar thionchar diúltach an athraithe aeráide (RCAC, 2018)11. Éilíonn an creat ar gach roinn rialtais plean oiriúnaithe earnála a fhorbairt dá réimse freagrachta.

Mar chuid den chreat seo, tháirg an RTRÁO (2019)[12] an Plean um Oiriúnú do Cháilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce.

Ceanglaíonn 2015 an tAcht um Aeráid agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (an tAcht Aeráide) go ndéanfar athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO) gach cúig bliana ar a laghad. Tugadh faoin bpróiseas athbhreithnithe in 2022. Cuireann an t-Athbhreithniú forbairtí barrthábhachtacha ag leibhéal Idirnáisiúnta agus an AE san áireamh, go háirithe foilsiú tuarascálacha Ghrúpa Oibre Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) I agus II, agus teacht ar chomhaontú agus foilsiú Straitéis nua Oiriúnaithe an AE 2021, chomh maith le haiseolas a fhaightear faoi bheartas Oiriúnaithe reatha in Éirinn. Faomhadh Tuarascáil ar an Athbhreithniú CNO i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus moladh CNO nua a fhorbairt in 2023. I measc na bpríomh-mholtaí a rinneadh bhí creat nua a cheapadh chun athruithe ó thaobh comhthéacs agus dúshlán de a chur san áireamh agus go háirithe an gá atá le táscairí náisiúnta oiriúnaithe athraithe aeráide agus measúnú riosca ar oiriúnú náisiúnta d'athrú aeráide. Measadh freisin gurbh é creat nua is fabhraí d'fhoráil a dhéanamh maidir le Comhphleananna Oiriúnaithe Earnála a cheapadh. Tarraingítear aird freisin ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar phleananna oiriúnaithe earnála mar cheanglas. An dréacht nua NAF: Foilsíodh Pleanáil d'Éirinn Athléimneach 2024 do chomhairliúchán agus é ag dúnadh ar 19 Feabhra 2024 agus táthar ag súil go ndéanfar an CNO nua a fhormheas níos déanaí i 2024. Mar chuid den dréacht CNO 2024 tá scórchárta ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide sa bhliain 2023 a dhéanann measúnú ar dhul chun cinn earnála i gcoinne gnéithe éagsúla den athléimneacht athrú aeráide agus aithníodh go raibh sé seo teoranta do mheasartha maidir le Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhíse Uisce.

Bainfidh PSSU 2050 le cur chun feidhme na mbeart a sainaithníodh sa Phlean Náisiúnta um Oiriúnú do Cháilíocht Uisce agus don Bhonneagar Seirbhísí Uisce.

### 4.1.3 Bithéagsúlacht

**4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030**

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2024)[13] gníomhaíochtaí trína dtabharfaidh raon earnálacha rialtais, sibhialta agus príobháideacha fúthu 'Fís don Bhithéagsúlacht' na hÉireann a bhaint amach agus leanann sé ó obair an

[10] RCAC. 2013. *An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.* Arna Rochtain: 23.09.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/df8e2-national-climate-change-adaptation-framework/

[11] RCAC. 2018. *Creat Náisiúnta Oiriúnaithe.* Arna Rochtain: 23.09.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/fbe331-national-adaptation-framework/

[12] RTRÁO. 2019. *Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce - Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide.* Arna rochtain 23.08.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/f5710-water-quality-and-water-services-infrastructure-climate-change-sectoral-adaptation-plan/

[13] An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. 2024. An 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht na hÉireann 2023–2030. Arna Rochtain: 20.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/93973-irelands-4th-national-biodiversity-action-plan-20232030/

chéad , an dara agus an tríú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta. Forbraíodh é i gcomhréir le straitéisí agus beartais AE agus Idirnáisiúnta maidir leis an mBithéagsúlachta.

Tá sé mar aidhm ag an dréacht den 4ú PGBN an Creat Domhanda Bithéagsúlachta a chur san áireamh. Aithnítear leis seo, in ainneoin tríocha bliain d'iarracht chomhordaithe ar chaomhnú go domhanda, níl aon stop le cailliúint na bithéagsúlachta fós, rud a bhfuil priacal nach beag ann d'fholláine an duine. Is éard atá i gceist leis an gCreat seo ná gníomhartha a threorú ar fud an domhain ar feadh na ndeich mbliana go ceann 2030 ar mhaithe leis an dúlra agus na seirbhísí bunriachtanacha a fhaigheann daoine as a chosaint. Cuimsíonn sé fís do rialachas bithéagsúlachta lá is faide anonn, arb é is aidhm dó iarracht dhomhanda a chur ar bun i dtreo maireachtáil ar bhealach a thagann leis an dúlra faoin mbliain 2050. Sa dréacht den 4ú PGBN leagtar amach fís don bhithéagsúlacht faoi 2050 ina mbeidh '*Meas ar bhithéagsúlacht in Éirinn agus go ndéantar í a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe le go gcaomhnaítear seirbhísí éiceachórais agus go gcothaítear pláinéad sláintiúil agus go soláthraítear na seirbhísí atá bunriachtanach do gach duine*'.

Tá 194 gníomhaíocht spriocdhírithe sa Phlean, agus tá seacht gcuspóir straitéiseacha mar thaca leo. Leagtar amach leis na cuspóirí creat soiléir do chur chuige náisiúnta na hÉireann i leith na bithéagsúlachta, ag cinntiú go dtógtar ar iarrachtaí agus ar an méid a rinneadh sa am atá caite, agus ag féachaint chun cinn ar an méid is féidir a bhaint amach sna cúig bliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin. Áirítear orthu sin:

- Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí a ghlacadh i leith na Bithéagsúlachta;
- Freastal ar Riachtanais Chaomhnaithe agus Athchóirithe Práinneacha;
- Tairbhe an Dúlra do Dhaoine a chinntiú;
- Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise maidir le Gníomhú ar son na Bithéagsúlachta;
- Tairbhe na hÉireann do Thionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a threisiú.

Beidh ar an PSSU 2050 na cuspóirí agus na gníomhartha a chur san áireamh faoin 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta, go háirithe na cinn a dhíríonn ar bhithéagsúlacht agus ar cháilíocht an uisce a fheabhsú, lena n-áirítear freastal ar riachtanais chosanta agus athchóirithe phráinneacha (Cuspóir 2) agus nasc ann le cuspóirí an tríú timthriall den PBA a bhaint amach.

### Dlí an AE um Athchóiriú an Dúlra atá beartaithe

Tá Dlí AE um Athbhunú Dúlra molta ag an gCoimisiún Eorpach (arna fhaomhadh i mí Feabhra 2024 agus ag fanacht le daingniú an Aontais). Is é seo an chéad dlí chuimsitheach dá leithéid ar fud na mór-roinne agus tá sé mar bhunchloch den Straitéis Bhithéagsúlachta AE chomh maith le bheith ina chéim i dtreo Chomhaontú Glas an AE a chur i bhfeidhm. Is é is aidhm don togra biseach a chur ar éiceachórais, ar ghnáthóga agus ar speicis ar fud limistéir talún agus mhara an AE:

- Le go dtiocfadh biseach fadtéarmach agus marthanach ar dhúlra atá bithéagsúil agus teacht aniar ann;
- Le go gcuirfear le cuspóirí an AE um maolú agus oiriúnú aeráide a bhaint amach; agus
- Le go gcomhlíonfar gealltanais idirnáisiúnta.

Leis an togra cuirtear le chéile cuspóir uileghabhálach athchóirithe i leith biseach marthanach a chur ar an dúlra i limistéir talún agus mhara an AE agus spriocanna ceangailteacha do ghnáthóga agus do speicis ar leith i dtaca le hiad a chur ar ais ar a seanléim de. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na bearta seo le 20% ar a laghad de limistéir talún agus mhara an AE faoi 2030 agus, ar deireadh thiar, gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu faoi 2050. Seans maith go mbeidh impleachtaí suntasacha ag an togra seo do

straitéisí agus spriocanna náisiúnta má rithfear mar dlí AE é. Le PSSU 2050, ní mór aghaidh a thabhairt ar cheanglais an Dlí um Athbhunú Dúlra de réir mar a thabharfar iad sin isteach i mbeartas agus i rialacháin náisiúnta, agus lena n-áirítear trí nuashonrú amach anseo ar Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Uisce Éireann féin.

### 4.1.4 Geilleagar Ciorclach

**Straitéis Ithreach an AE don bhliain 2030**

Leagtar amach i straitéis ithreach an AE don bhliain 2030 [14] creat agus bearta nithiúla chun ithreacha a chosaint agus a athchóiriú, agus lena chinntiú go n-úsáidtear iad go hinbhuanaithe. Leagtar amach inti fís agus na spriocanna atá le baint amach le go mbeadh ithreacha sláintiúla ann faoi 2050, agus gníomhartha sonracha le déanamh faoi 2030. Mhol an straitéis dlí Sláinte Ithreach nua freisin le cinntiú go mbeidh Cothrom na Féinne an chomh maith le leibhéal ard de chosaint chomhshaoil agus sláinte.

Tá straitéis ithreach an AE 2030 ina príomhsprioc ar féidir í a bhaint amach faoi straitéis bithéagsúlachta an AE don bhliain 2030. Cuirfidh sí le cuspóirí Chomhaontú Glas an AE. Is den ríthábhacht iad ithreacha sláintiúla chun neodracht ó thaobh aeráide de agus geilleagar glan ciorclach a bhaint amach chomh maith le stop a chur le fairsingiú fásaigh agus le díghrádú talún. Is den ríthábhacht iad chun caillteanas bithéagsúlachta a chur ina cheart, bia sláintiúil a sholáthar agus sláinte an duine a chosaint.

Tá sé mar aidhm ag straitéis ithreach an AE a chinntiú faoi 2050:

- Gur sláintiúil gach éiceachóras ithreach san AE agus teacht aniar níos mó iontu le gur féidir leo a gcuid seirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar.
- Nach bhfuil tógáil talún ghlan i gceist agus go laghdaítear truailliú ithreach go leibhéil nach bhfuil díobhálach a thuilleadh do shláinte daoine nó d'éiceachórais.
- Go gcosnaítear ithreacha agus go mbainistítear iad ar bhealach inbhuanaithe go dtí gur caighdeán coiteann é athchóiriú a dhéanamh ar ithreacha díghrádaithe.

Foilsíodh togra le haghaidh togra i gcomhair Treoir AE maidir le cré a thástáil i mí Iúil 2023. Leagfar amach leis sin creat maidir le monatóireacht ithreach arb é is aidhm dó tacú le bainistiú ithreach inbhuanaithe agus ceanglófar leis go ndéanfar talamh thruaillithe a aithint agus dul i ngleic léi.

Le PSSU 2050 agus pleananna ar leibhéal níos ísle, beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar conas is féidir lena ngníomhaíochtaí tacú leis an straitéis sin go háirithe trí dhiúscairt dramhaíola sloda agus trí chineálacha chur chuige i leith geilleagar ciorclach ach chomh maith leis sin maidir le cosaint foinsí agus bearta bainistíochta abhantrach níos leithne.

**an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022**

Tógann an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022 ar ghealltanas na hÉireann geilleagar ciorclach a bhaint amach, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2020 (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2020)[15] agus Straitéis Uile-Rialtais i dtreo Geilleagar Ciorclach, 2021 (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2021)16. Is léir

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún Chuig Parlaimint na hEorpa, An Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún *EU Soil Strategy For 2030 Reaping The Benefits Of Healthy Soils For People, Food, Nature And Climate, Com (2021) 699, final*. Arna rochtain 26.07.2023. Ar fáil ó: Http://Eur-Lex.Europa.Eu/

[15] RCAC. 2020. *Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach.* Arna Rochtain: 23.09.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/4221c-waste-action-plan-for-a-circular-economy/

[16] RCAC. 2021. *Straitéis Uile-Rialtais um Gheilleagar Ciorclach in Éirinn 2022 – 2023 'Maireachtáil Níos Mó, Úsáid Níos Lú'.* Arna Rochtain: 23.09.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/b542d-whole-of-government-circular-economy-strategy-2022-2023-living-more-using-less/

ón Acht go bhfuil sé de rún dúthracht a chaitheamh le patrún táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe a bhaint amach, ar bhealach a choinníonn luach acmhainní sa gheilleagar ar feadh tréimhse chomh fada agus is féidir, rud a laghdóidh astaíochtaí gáis cheaptha teasa go mór.

I ngeilleagar ciorclach, coimeádtar cruthú dramhaíola agus ídiú acmhainní chomh híseal agus is féidir. Baintear a oiread fiúntais agus úsáidte agus is féidir as táirgí agus as ábhair. Nuair atá a sheal tugtha ag táirge, is féidir úsáid a bhaint as a chuid comhpháirteanna arís agus arís eile – chun tuilleadh táirgí fónta a dhéanamh, seachas iad a chaitheamh i dtraipisí, rud atá éirithe ina ghnáthnós le fada faraor. Cuimsíonn an tAcht:

- Dreasachtaí i leith úsáid a bhaint as roghanna malartacha in-athúsáidte agus in-athchúrsáilte in ionad pacáistiú caifeach aonúsáide indiúscartha agus earraí eile.
- Agus an Ciste Comhshaoil mar theideal air go dtí seo, déanann sé é a athainmniú mar an Ciste Geilleagair Chiorclaigh, agus cuirfear i leataobh é le tacaíocht a thabhairt do thionscadail timpeallachta agus gheilleagair chiorclaigh amháin.
- Tugann sé isteach leithscaradh éigeantach agus córas dreasaithe muirearaithe i leith dramhaíl tráchtála, fearacht an mhargaidh teaghlaigh. Cuirfidh sé seo borradh faoi dheighilt dramhaíola agus tacóidh sé le rátaí athchúrsála a mhéadú.
- Cuireann sé an Straitéis i leith Geilleagar Ciorclach agus an Treochlár Náisiúnta um Chaillteanas Bia a Chosc ar bhonn reachtúil, lena gcuirtear ceanglas dlí ar rialtais chun an 2 bheartas seo a fhorbairt agus a nuashonrú ó am go chéile.
- Déanann sé cuíchóiriú ar na próisis náisiúnta i dtaobh cinntí a dhéanamh faoi Dheireadh Dramhaíola agus faoi Sheachtháirgí agus é ag dul i ngleic leis na moilleanna a thagann salach ar lucht tionscail uaireanta chomh maith le tacú le hamhábhair thánaisteacha athchúrsáilte a chur ar fáil i margadh na hÉireann.
- Daingníonn sé beartas an rialtais maidir le breoslaí iontaise a choimeád san áit is dual dóibh, is é sin , faoi thalamh - trí thoirmisc a thabhairt isteach ar thaiscéalaíocht agus eastóscadh guail, lignít agus ola scealla.

I gcás PSSU 2050, beidh an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 agus Beartas Ithreach an AE ábhartha go háirithe agus iad ag díriú ar chuspóirí PSSU 2050 a fhorbairt i leith dul i ngleic le hábhair dramhaíola fuíolluisce agus uisce.

### 4.1.5 Úsáid talún agus pleanáil

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2023**

Is Dréacht-bhille é an Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2023, a foilsíodh i mí na Samhna 2023.

Is ionann an bille agus leasú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras pleanála in Éirinn. Tá sé i gceist leis, *inter alia,* stádas dlíthiúil treoirlínte agus treoracha beartais ón Aire a neartú. Beidh tacaíocht Rialtais riachtanach lena n-aghaidh seo chomh maith le féachaint chuige go bhfuiltear ag teacht leis na beartais agus beidh an beart éigeantach. Caithfidh pleananna eile a bheith ar comhréir ábhartha leo. Déanfar athruithe ar Phleananna Forbartha Áitiúla agus ar struchtúr an Chórais Phlean Ceantair Áitiúil. Tabharfar isteach amlínte reachtúla do gach próiseas toilithe agus molfar athruithe a dhéanamh ar Athbhreithnithe Breithiúnacha.

### An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 leagtar amach sa Plean Forbartha Náisiúnta (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), 2021) [17] straitéis agus buiséad infheistíochta uileghabhálach an Rialtais don tréimhse 2021-2030. Is plean uaillmhianach é lena gcothromaítear an t-éileamh suntasach ar infheistíocht phoiblí sna hearnálacha uile agus i réigiúin in Éirinn agus cuirtear béim mhór ar sholáthar tionscadal bonneagair a fheabhsú chun luas an tsoláthair agus luach ar airgead a chinntiú.

Glactar leis gurb é an PFN sin 'an ceann is mó agus is glaise a soláthraíodh riamh in Éirinn, ina bhfuil béim ar leith tacú leis an gclár tithíochta poiblí is mó riamh sa stát. Cé go bhfuil eolas maith cheana féin faoi go leor de na hinfheistíochtaí sa PFN sin agus go bhfuil siad á gcur ar aghaidh trí phleanáil le tamall anuas, tá réimse infheistíochtaí nua nó feabhsaithe sa PFN seo. Ar cheann de na hinfheistíochtaí sin tá NSO 9 - Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile - Tionscadal Soláthair Uisce an Oirthir agus an Láir Tíre agus Tionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

### An Creat Náisiúnta Pleanála – Tionscadal Éireann 2040

Is doiciméad náisiúnta é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) (an RTPRÁ, 2018b)[18] a foilsíodh ar an 16 Feabhra 2018. Cheadaigh an Rialtas go gcuirfí tús leis an gcéad athbhreithniú ar an CNP agus foilsíodh Treochlár don athbhreithniú i Meitheamh 2023. Leagtar amach ann an gealltanas go ndéanfaí nuashonrú ar an CNP in 2024.

Creat forbartha straitéiseach is ea an Creat Pleanála Náisiúnta 2040 lena leagtar amach an comhthéacs fadtéarmach d'fhorbairt fhisiciúil na hÉireann agus an dul chun cinn gaolmhar sa chomhthéacs eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Rinneadh trí thionól réigiúnacha a aithint faoin gCreat, an tOirthear agus an Lár Tíre, an Tuaisceart agus an tIarthar, agus an Deisceart. Táthar ag leanúint leis an CNP agus cuirtear taca faoi le beartais agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal earnála, réigiúnach agus áitiúil. Tá an Plean Forbartha Náisiúnta deich mbliana ag gabháil leis an CNP, agus plean amháin á dhéanamh astu chun forbairt straitéiseach agus infheistíocht bonneagair a threorú ar leibhéal náisiúnta.

Sa tréimhse go dtí 2040, aithnítear Baile Átha Cliath sa CNP mar phríomhchathair idirnáisiúnta agus dhomhanda ar scála na hÉireann agus mar phríomhspreagthóir eacnamaíoch, a bhfuil 25% d'fhás i gceist leis. Meastar go dtarlóidh 25% eile den fhás ar fud na gceithre chathair eile le chéile (Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge), rud a chuirfear ar chumas na gceithre cinn ar fad a bheith ina gcathracha ar scála níos mó trí mhéadú 50-60% a dhéanamh ar a ndaonra agus ar a bpoist. Baineann an 50% eile den fhás le príomhionaid réigiúnacha, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe, a socrófar sna Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta (SSERanna) atá le teacht.

Déanfar an chéad athbhreithniú ar an CNP i gcomhthéacs roinnt athruithe a rinneadh ar an mbeartas agus ar an reachtaíocht ó 2018 i leith tráth an foilsíodh an CNP den chéad uair agus áireofar leis an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (nó leagan ar bith amach anseo), an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mara ó 2021 agus athruithe atá le déanamh nuair a achtófar an Dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt.

Tá an CNP agus pleananna réigiúnacha agus áitiúla ríthábhachtach don PSSU 2050 maidir le fás daonra agus fás eacnamaíoch agus forbairt tithíochta nach mór tacú leo le seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus freisin an acmhainneacht chun bonn eolais a chur faoi na pleananna sin agus tionchar a imirt orthu chun tacú le forbairt níos inbhuanaithe.

[17] An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. 2021. *An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.* Arna Rochtain: 23.06.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/774e2-national-development-plan-2021-2030/

[18] RTRÁO. 2018b. *An Creat Náisiúnta Pleanála.* Arna rochtain 26.09.2023. Ar fáil ó: https://www.npf.ie/project-ireland-2040-national-planning-framework/

## 4.2 Pleananna Ábhartha de chuid Uisce Éireann

Léirítear ordlathas na bpleananna a bhaineann le PSSU i bhFíor 4-1 thuas. Áirítear leo sin faoi PSSU 2050 Shraith 1:

- Sraith 2 - Pleananna feidhmithe straitéiseacha agus straitéisí tacaíochta lena n-áirítear.
  - Straitéisí tacaíochta amhail ar an athrú aeráide nó ar bhithéagsúlacht.
  - Pleananna straitéiseacha amhail pleananna le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce nó bainistíocht dramhaíola – spriocanna agus riachtanais infheistíochta a shainaithint.
- Sraith 3 lena n-áirítear – cinnteoireacht bunaithe ar riosca agus luach, Pleananna infheistíochta, pleananna oibríochtúla agus cothabhála, agus pleananna bainistíochta sócmhainní.
- Soláthar trí chláir agus trí thionscadail.

Beidh pleananna Uisce Éireann atá i bhfeidhm cheana féin faoi réir athbhreithnithe agus nuashonraithe rialta agus beidh tionchar ag PSSU 2050 ar an bpróiseas sin. Tiocfaidh pleananna nua lena n-áirítear na cinn atá á bhforbairt faoi PSSU 2050. Tá príomhphleananna agus príomhchláir Uisce Éireann is ábhartha do PSSU 2050 pléite thíos.

### 4.2.1 Straitéisí Tacaíochta

**Fuinneamh Inbhuanaithe - Straitéis um Maolú agus Oiriúnú don Athrú Aeráide**

Tá feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ar cheann de phríomhbhearta inbhuanaitheachta Uisce Éireann chun a lorg carbóin a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá Uisce Éireann i mbun straitéis fuinnimh inbhuanaithe a ullmhú chun go mbeidh sé ina fhóntas uisce ísealcharbóin, tíosach ar fhuinneamh agus inbhuanaithe agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Cuirfidh an straitéis seo na spriocanna éigeantacha san áireamh.

Is príomhbheart maolaithe de bheartas um athrú aeráide Uisce Éireann é feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh chun a áirithiú go bhfuil seirbhísí uisce agus fuíolluisce athléimneach ó athrú aeráide, agus seirbhís uisce agus fuíolluisce a astaíonn gás ceaptha teasa íseal á forbairt. Tá straitéis mhaolaithe agus oiriúnaithe aeráide á cur i bhfeidhm ag Uisce Éireann ar fud an ghnó, ailínithe le Plean Oiriúnaithe na hEarnála Uisce faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Aithnítear sa straitéis na bearta oiriúnaithe agus maolaithe atá le déanamh chun iarmhairtí an athraithe aeráide ar Uisce Éireann, ar a gcustaiméirí agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

Tá feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ar cheann de phríomhbhearta inbhuanaitheachta Uisce Éireann chun a lorg carbóin a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann chun go mbeidh sé ina fhóntas uisce ísealcharbóin a bheidh tíosach ar fhuinneamh agus is iad na spriocanna a bheidh aige éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoi 2030 (bunlíne 2009) agus laghdú iomlán (51%) a bhaint amach ar astaíocht GCT ó fhuinneamh faoi 2030 (bunlíne 2016-18). Áirítear leis an straitéis pleananna gníomhaíochta fuinnimh ar fud an ghnó a dhíríonn ar Éifeachtúlacht Fuinnimh Caipitil, Éifeachtúlacht Fuinnimh Oibríochtúil, Fuinneamh In-athnuaite, Nuálaíocht agus Aistriú agus Bainistíocht Fuinnimh. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an straitéis fuinnimh inbhuanaithe a chur chun feidhme agus tá feabhas 30% bainte amach ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh go dtí seo. Tá Uisce Éireann ar an mbóthar ceart chun an sprioc de 50% d’fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach faoi 2030 agus laghdú iomlán (51%) a bhaint amach ar fhuinneamh astaíochtaí GHG faoi 2030, rud a fhágann go mbeidh siad ábalta aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2040.

Is príomhbheart maolaithe de bheartas um athrú aeráide Uisce Éireann é freisin feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh lena chinntiú go bhfuil teacht aniar sa seirbhísí uisce agus fuíolluisce i leith athrú aeráide, agus seirbhís uisce agus fuíolluisce ar bheagán astaíochtaí gáis ceaptha teasa a fhorbairt. Tá straitéis mhaolaithe agus oiriúnaithe aeráide á cur i bhfeidhm ag Uisce Éireann ar fud an ghnó, ailínithe le Plean Oiriúnaithe na hEarnála Uisce faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Aithnítear sa straitéis na bearta oiriúnaithe agus maolaithe atá le déanamh chun iarmhairtí an athraithe aeráide ar Uisce Éireann, ar a gcustaiméirí agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

#### Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht

Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe Bithéagsúlachta Uisce Éireann (PGB) (2021)[19] cuspóirí agus gníomhaíochtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil bhithéagsúlachta. Tá na cuspóirí agus na gníomhartha seo ag teacht le cuspóirí straitéiseacha ar leibhéal beartais de chuid Uisce Éireann agus táthar á chur i bhfeidhm faoi láthair. Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean gach cúig bliana i gcomhréir le hathbhreithniú tréimhsiúil na cuideachta. Táthar tar éis na cuspóirí fíorthábhachtacha seo a leanas a shainaithint:

- Sraith shoiléir de bhearta a eisiúint i leith gach suíomh Uisce Éireann le feabhas a chur ar bhithéagsúlacht agus í a chosaint. Cur leis an eolas atá ag an bpobal faoi mbithéagsúlacht chomh maith le tacaíochtaí oideachasúla a thabhairt do bhaill foirne agus do chomhpháirtithe de chuid Uisce Éireann.
- Féachaint chuige nach dtarlaíonn 'aon ghlanchaillteanas' ó thaobh bithéagsúlachta de fad is atá gníomhaíochtaí á ndéanamh, nó pleananna nó tionscadail á gcur i gcrích.
- Gníomhartha a eascraíonn as an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chur i ngníomh ar fud gach láithreán Uisce Éireann, ar mhaithe le tacú le cur le líon na bpailneoirí sa tír seo.
- Daoine a spreagadh chun réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid i leith cosaint uisce agus cóireáil fuíolluisce.
- Speicis ionracha coimhthíocha a bhainistiú ag láithreáin Uisce Éireann.
- Comhoibriú agus obair i gcomhar a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus leis an bpobal i gcoitinne, chun bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.

### 4.2.2 Pleananna Cur Chun Feidhme

#### An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce

Is é an Plean Náisiúnta Acmhainní (Uisce Éireann, 2023)[20] an chéad phlean náisiúnta acmhainní uisce náisiúnta dár ceapadh riamh in Éirinn agus is straitéis 25 bliain í i gcomhair na tréimhse 2019 go 2044. Sainaithnítear sa Phlean conas a sholáthróidh Uisce Éireann soláthar uisce dá chustaiméirí a bheidh sábháilte, slán, iontaofa agus inbhuanaithe, san am i láthair agus go ceann i bhfad.

Ba é an chéad Chéim i bhforbairt an Phlean ná Creatphlean PNAU (an Creatphlean) a ullmhú, a glacadh leis i mí na Bealtaine 2021.

Is éard atá i gceist leis an dara Céim den PNAU ná ceithre Phlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce a sholáthar lena ndéanfar measúnú ar riachtanas agus lena molfar Cur Chuige Roghnaithe do gach ceann de na 539 soláthar uisce atá mar chuid den soláthar uisce poiblí náisiúnta. Cuimsíonn an PNAU

[19] Irish Water. 2021. *Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Uisce Éireann (Irish Water's Biodiversity Action Plan).* Arna Rochtain: 29.08.2023. Ar fáil ó: https://www.water.ie/docs/21668_Ervia_IrishWaterBiodiversityActionPlan_v7.pdf
[20] Uisce Éireann. 2023. *An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce.* Arna Rochtain: 29.09.2023. Ar fáil ó: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/national-water-resources/

Creatphlean agus ceithre Phlean Réigiúnacha um Acmhainní Uisce agus caithfear leo mar aon Phlean aontaithe amháin agus ní bheidh feidhm leanúnach ag grúpálacha réigiúnacha ábhartha i dtimthriallta amach anseo.

Tá stádas na bPleananna Réigiúnach mar seo a leanas:

- Glacadh le dréachtphlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce (PRAU) do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre (PRAU-OLT) i Meán Fómhair 2022.
- Glacadh le Dréachtphlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce do Réigiún an Iardheiscirt (PRAU-ID) i mí Feabhra 2023.
- Glacadh le Dréachtphlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce do Réigiún an Iarthuaiscirt (PRAU-IT) i mí an Mheithimh 2023.
- Tá an Plean Réigiúnach um Acmhainní Uisce - an tOirdheisceart (Dréachtphlean PRAU-OD) curtha amach le haghaidh comhairliúcháin faoi láthair agus is é an ceathrú Plean Réigiúnach agus an ceann deireanach a bheidh ann.

Is é is aidhm leis an PNAU:

- Cur ar chumas Uisce Éireann aghaidh a thabhairt ar an riachtanas inár soláthairtí uisce go léir agus an méid sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí le himeacht ama trí thimthriallta rialáilte infheistíochta;
- A chinntiú go bhfuil creat trédhearcach ann le haghaidh forbairt a dhéanamh ar na tionscadail/na cláir is cuí ar mhaithe le hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil leis an soláthar uisce.
- Creat a sholáthar le haghaidh torthaí a rianú, a fhágann gur féidir idirghabhálacha a chur in ord tosaíochta ar mhaithe leis an soláthar uisce a chur i gcomhréir leis na caighdeáin riachtanacha a luaithe is féidir.
- Plean a sholáthar chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár gcustaiméirí uile ar sholáthairtí uisce atá sábháilte, slán, iontaofa agus inbhuanaithe, cibé áit a gcónaíonn siad.

Sa bhreis air seo, is é is aidhm leis na pleananna Réigiúnacha an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Comhtháthú bheartas agus reachtaíocht an rialtais inár bpleanáil torthaí a éascú.
- Tacú le forbairt réigiúnach chothromaithe, mar atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus sna Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta (SRSEnna) tacaíochta, trí riachtanais soláthair uisce a mheas ar fud ár bpobail atá ag fás.
- Feabhas a chur ar shlándáil ár soláthairtí i gcomhthéacs cáilíochta agus cainníochta araon.
- Feabhas a chur ar Inbhuanaitheacht timpeallachta ár soláthairtí, agus a chinntiú gur féidir linn oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide.
- Feabhas ar iontaofacht ár soláthairtí a éascú, a mbeidh sé de thoradh air nach gcuirfear isteach ar sholáthairtí chomh minic céanna agus nach ndéanfar fógra 'fiuch an t-uisce' a eisiúint chomh minic céanna.
- Deis a thabhairt d'Uisce Éireann cur chuige straitéiseach a bheith aige maidir lenár soláthairtí a phleanáil i gcomhthéacs na bithéagsúlachta a fheabhsú agus an charbóin a laghdú.

Leagtar amach sna Pleananna Réigiúnacha cláir de réitigh mholta chun na heasnaimh sa chothromaíocht idir soláthar agus éileamh (CSÉ) a laghdú agus fáil réidh leo sna Criosanna Acmhainní Uisce (CAUnna), le go gcloífear leis na ceanglais i leith cáilíocht uisce agus le go mbeadh teacht aniar níos mó ann sa líonra soláthair uisce. Maidir le haidhmeanna an chláir, is ar na trí chrann taca a leanas atá siad bunaithe:

- Caillteanais a Laghdú: Laghdú ar an méid uisce a chailltear don chóras trí ligean.
- Úsáid a Laghdú: Úsáid uisce a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta.
- Uisce a Sholáthar ar Bhealach níos Cliste: cáilíocht, athléimneacht agus slándáil sholáthar Uisce Éireann a fheabhsú trí fheabhsuithe ar an mbonneagar.

Aithnítear sna Pleananna Réigiúnacha na roghanna soláthair is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an CÉS réamh-mheasta do gach crios acmhainní uisce. Ina measc seo tá aistarraingtí méadaithe nó nua ó uisce screamhuisce agus ó uisce dromchla, roghanna stórála, cuíchóiriú agus feabhsuithe líonra, Ionaid Chóireála Uisce nua agus uasghrádaithe. Sainaithnítear sna pleananna freisin na cláir um sceitheadh a laghdú agus um éileamh a bhainistiú atá le cur i bhfeidhm sa réigiún.

Leagtar amach sa Pleananna Réigiúnacha agus an PNAU trí chéile na gealltanais i leith cur i bhfeidhm, lena n-áirítear próiseas lena ndéanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar bhealach a chuireann sonraí nua san áireamh mar aon le forbairtí i gcomhthéacs reachtaíochta, beartais agus plean. Déanfar iad seo a mheas mar chuid den mhonatóireacht agus den aiseolas a thuairiscítear trí athbhreithnithe bliantúla a fhónfaidh do thimthriall plean cúig bliana. A luaithe a fhormheasfar é beidh tionchar ag an Dréacht-PSSU 2050 ar an gcaoi a gcuirfear an PNAU i bhfeidhm.

### Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce

D'fhoilsigh Uisce Éireann Plean Náisiúnta fadtéarmach um Bainistiú Sloda Fuíolluisce (ar a dtugtar PNBSF) lena leagtar amach a straitéis chun cur chuige caighdeánaithe náisiúnta a chinntiú chun sloda fuíolluisce a bhainistiú thar na 25 bliain atá romhainn[21]. Tá an PNBSF ar cheann de Phleananna Cur chun Feidhme Leibhéal 2 Uisce Éireann.

Tá Uisce Éireann tar éis cíoradh a dhéanamh ar an mbealach ina ndéantar sloda fuíolluisce a bhainistiú ar fud na tíre faoi láthair agus is é an meastachán go dtiocfaidh méadú breis agus 80% ar an méid sloda fuíolluisce a chruthaítear faoi 2040 de réir mar a chríochnófar gléasraí nua agus gléasraí uasghrádaithe chun ár bhfuíolluisce a chóireáil. Le bainistiú an sloda fuíolluisce sin cruthaítear dúshláin eacnamaíocha, phleanála agus chomhshaoil. Cuireann PNBSF cur chuige náisiúnta i láthair maidir le sloda fuíolluisce. Cinnteofar leis sin, den chéad uair, go ndéanfar sloda fuíolluisce cóireáilte ar fud na tíre a bhainistiú go héifeachtach, go ndéanfar é a stóráil, a iompar agus a athúsáid nó a dhiúscairt ar bhealach inbhuanaithe, chun leas an phobail agus an chomhshaoil ina mairimid go léir.

Tá Uisce Éireann i mbun an PNBSF a athbhreithniú agus a nuashonrú faoi láthair. Sa chéad athbhreithniú eile ar an bPlean soláthrófar nuashonrú ar an dul chun cinn ar na cuspóirí a sainaithníodh sa bhun-Phlean (2016). Sa chéad athbhreithniú eile ar an bPlean cuimseofar sonraí maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta sloda agus an dóigh a mbíonn tionchar ag na gníomhaíochtaí sin ar thionscnaimh maidir leis an athrú aeráide, maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir leis an ngeilleagar ciorclach.

### An Plean Maolaithe um Luaidhe in Uisce Óil

Is eol le fada gur ábhar imní sláinte é an luaidhe agus drochiarmhairtí sláinte ag gabháil leis fiú mura óltar ach méid beag luaidhe. Ba ghnáthrud é luaidhe a úsáid mar ábhar pluiméireachta in ionaid réadmhaoine a tógadh suas go dtí na 1970í, agus na 1970í san áireamh. Tá an teorainn dhlíthiúil le haghaidh luaidhe in uisce óil ag laghdú le himeacht aimsire. Tá sé ag leibhéal fíoríseal de 10µg/L nó 10 micreagram in aghaidh an lítir faoi láthair, agus é le laghdú tuilleadh in 2036 go 5µg/L nó cúig mhicreagram in aghaidh an lítir faoi na Rialacháin nua AE maidir le hUisce Óil a foilsíodh in 2023.

[21] Uisce Éireann. 2016. *An Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce.* Arna Rochtain: 20.05.2023. Ar fáil ó: https://www.water.ie/iw-documents/our-projects/Final-NWSMP.pdf

Mar fhreagairt ar an riosca aitheanta seo, d'fhoilsigh an Rialtas Straitéis Náisiúnta chun Nochtadh do Luaidhe in Uisce Óil a laghdú in 2015. Ba é an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtas Áitiúil i gcomhar leis an Roinn Sláinte a d'ullmhaigh an straitéis seo. Ghlac Uisce Éireann leis an bPlean um Luaidhe in Uisce Óil a Mhaolú in 2017[22] tar éis tréimhse de chomhairliúchán phoiblí a dhéanamh.

Ar fhágáil ionad cóireála UÉ dó, tá uisce saor ó luaidhe agus léiríonn taifid Uisce Éireann nach bhfuil aon príomhlíonra uisce poiblí déanta de luaidhe in Éirinn. Tá sé de fhreagracht ar sholáthraithe uisce agus ar úinéirí ionad réadmhaoine araon na leibhéil luaidhe in uisce óil a íoslaghdú. Tá Uisce Éireann freagrach as aon phíbobair luaidhe sa líonra dáilte uisce poiblí. Tugtar luaidhe ar thaobh an phobail de air seo. Tá UÉ ag obair faoi láthair ar fháil réidh le gach luaidhe ar thaobh an phobail is eol í a bheith ann, agus cuid mhaith den am is codanna gearra de phíobán ar a dtugtar naisc seirbhíse iad a théann ón bpríomhlíonra go dtí teorainn na réadmhaoine. Meastar go bhfuil 180,000 nasc seirbhíse luaidhe in Éirinn agus tá UÉ tar éis fáil réidh le breis agus 51,600 díobh suas go dtí deireadh 2022.

Is éard atá a mholadh ag FSS, an GCC agus EDS ná gur cheart fáil réidh le gach píopa luaidhe in úinéireacht phoiblí agus phríobháideach agus tá deontais á dtairiscint ag an Rialtas faoi láthair d'úinéirí tí chun cabhrú leis seo ar an taobh príobháideach. Cuireann Uisce Éireann seirbhís um rogha a bheith páirteach ar fáil do chustaiméirí lenar féidir le húinéirí tí fáil réidh leis an luaidhe ar an taobh príobháideach s'acusan, agus déanfaimid gach iarracht fáil réidh le luaidhe ar thaobh an phobail chun nach mbeidh an custaiméir thíos leis an gcostas.

Cé go bhfuil na hoibreacha athsholáthair luaidhe faoi lánseol ag Uisce Éireann, tá cóireáil Ortafosfáite (OP) á tabhairt isteach acu chun tuaslagthacht luaidhe an uisce a laghdú in Ionaid Chóireála Uisce tosaíochta.

Is breiseán de ghrád bia í ortafosfáit atá le fáil i dtáirgí amhail deochanna boga agus a fhaightear go coitianta i mbainne, cáis, úlla, iasc agus éanlaith. Úsáidtear go forleathan é i SAM mar bheart chun an luaidhe in uisce óil a laghdú agus úsáidtear é i dtuairim is 95% de sholáthairtí uisce óil na Ríochta Aontaithe agus gach soláthar uisce i dTuaisceart Éireann sa riocht is gur tharla feabhas follasach ar chomhlíonadh luaidhe.

Tá úsáid ortafosfáite faoi réir srianta dochta timpeallachta. Maidir le tionchair Timpeallachta ionchasacha, comhaontaíodh Modheolaíocht Mheasúnaithe Timpeallachta (MMT) leis an nGrúpa Comhairleach um Maolú Luaidhe (LMAG) ina gcuimsítear ionadaithe ábhartha ranna agus rialála. Áiríodh go sonrach leis an EAM measúnacht i gcoinne cuspóirí na Treorach maidir le Creat Uisce a bhaineann le huiscí glactha agus cuspóirí caomhnaithe i leith láithreáin Eorpacha faoi seach. Tá an mheasúnacht seo críochnaithe do gach ceann de na 138 Ionad Cóireála Uisce ardtosaíochta. Cuireadh críoch leis an measúnacht seo roimh ortafosfáit a thabhairt isteach agus ní leanfar leis an gcóireáil ach amháin sa chás go gcinntear nach mbeidh aon éifeachtaí ar fiú trácht orthu nó tionchair charnacha ar an timpeallacht.

Go dtí seo, rinneadh cóireáil ortafosfáit a choimisiúnú i sé Ionad Cóireála Uisce. I láthair na huaire tá 14 ionad cóireála eile ann ina bhfuil oibreacha tógála tugtha chun críche agus tá siad seo ag céimeanna éagsúla den phróiseas coimisiúnaithe. Faoi láthair tá 38 n-ionad cóireála ann ag céimeanna éagsúla dearaidh agus tógála agus 28 n-ionad cóireála eile ag an gcéim réamhphleanála.

[22] Uisce Éireann. 2017. *Plean Maolaithe Luaidhe* Arna Rochtain: 23.08.2023. Ar fáil ó: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/lead-mitigation-plan/

# 5 Timpeallacht Bhonnlíne

Cuireann an Rannóg seo na príomhshrianta timpeallachta agus deiseanna a aithníodh do gach ceann d'ábhair MST i láthair. Tá an bonnlíne agus na measúnuithe mionsonraithe ar fáil in Aguisín C, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Cur síos ar an timpeallacht bhonnlíne reatha – is éard atá sa bhunlíne staid nó na dálaí reatha a thógtar ó fhaisnéis atá ar fáil, lena bhforáiltear tagarmharc ar féidir na hiarmhairtí timpeallachta a mheas ina aghaidh.
- Leagtar amach na treochtaí a cheaptar a bheidh ann amach anseo agus an bunús le haghaidh teacht chun cinn ionchasach na timpeallachta bonnlíne líne atá ann cheana in éagmais PSSU 2050.
- Príomh-bhreithnithe le haghaidh na forbartha den PSSU 2050 agus dul i mbun MST – déantar achoimre leis sin ar phríomhphointí le breithniú ón athbhreithniú ar an timpeallacht reatha bonnlíne is ábhartha d'fhorbairt an PSSU 2050, lena n-áirítear dúshláin agus deiseanna, chun cuidiú leis an measúnacht timpeallachta a dhíriú agus eolas a dhéanamh do chuspóirí an MST.

## 5.1 Cineálacha Gníomhartha agus Gníomhaíochtaí a mbeidh tionchar ag an PSSU orthu

Mar chúlra leis an measúnacht scóipe, beidh Uisce Éireann i mbun roinnt gníomhaíochtaí leathana agus an PSSU á chur i bhfeidhm acu. Meastar go bhfuil na gníomhaíochtaí sin a ionann leis na cineálacha tionchair a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol. Déantar achoimre ghinearálta orthu seo in dTábla 5.1 chun gach tionchar féideartha a chuimsiú. Mar shampla, tagraíonn 'Caillteanas/athrú ar limistéar gnáthóige' do ghnáthóga talún, inbhir, cósta agus muirí seachas aon chineál ar leith gnáthóige.

**Tábla 5.1 Cineálacha gníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU agus tionchair fhéideartha timpeallachta**

| Gníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU | Cineáil féideartha tionchair ar an gcomhshaol |
|---|---|
| Astarraingtí uisce nua nó méadaithe ó fhoinsí uisce dromchla nó screamhuisce. | • Athruithe hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha - athruithe ar leibhéal agus sreabhadh uisce le himpleachtaí féideartha don cháilíocht uisce agus don stádas CTU.<br>• Tógáil talún agus caillteanas gnáthóige nó athrú ó struchtúir.<br>• Tionchar speiceas a mhéid a bhaineann le hathruithe hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha ar leibhéal agus sreabhadh uisce agus leis an dóigh a mbíonn tionchar aige sin ar ainmhithe.<br>• Láithreáin agus struchtúir oidhreachta chultúrtha agus leas seandálaíochta a bhaineann hathruithe hidrigeolaíocha ar dhobharlaigh agus ar bhogaigh.<br>• Tionchar gaolmhar seirbhísí éiceachórais amhail caillteanas bogach, tionchair áineasa agus radhairc, tionchair iascaigh agus slatiascaireachta.<br>• D'fhéadfaí tionchar a imirt ar sheasamh na n-éiceachóras uisceach in aghaidh an athraithe aeráide agus brú eile.<br>• Féadfaidh astarraingt mhéadaithe tacú le slándáil an tsoláthair i gcás na CAUnna ábhartha lena gcomhlíonfaí riachtanais athraitheacha daonra agus gnó. |
| Tógáil bonneagair nua le haghaidh seirbhísí uisce lena n- | • Athrú ar úsáid na talún/caillteanas talún - sealadach agus buan.<br>• Caillteanas limistéir gnáthóige nó athrú air. |

| Gníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU | Cineáil féideartha tionchair ar an gcomhshaol |
|---|---|
| áirítear taiscumair, píblínte agus ionaid chóireála fuíolluisce - oibriú agus díchoimisiúnú tógála | • Cur isteach (gearrthéarmach nó fadtéarmach) ar speicis, lena n-áirítear ainmhithe mara.<br>• Ilroinnt gnáthóige lena n-áirítear bacainní ar ghluaiseacht speiceas.<br>• Básmhaireacht speiceas (lena n-áirítear speicis chreiche).<br>• Athruithe hidreolaíocha ar thimpeallachtaí uisceacha.<br>• Aistriú speiceas neamhdhúchasach ionrach trí ghníomhaíochtaí tógála agus oibríochtúla.<br>• Éifeachtaí suaite tógála ó torann, truailliú aeir, truailliú uisce, taitneamhacht amhairc ar ghabhdóirí in aice láimhe agus iarmhairtí suaite tráchta.<br>• Tionchar oidhreachta cultúrtha ar shuímh agus riosca do leas seandálaíochta faoi thalamh.<br>• Tionchair dhíreacha (baint) maidir le suíomhanna, gnéithe agus déantúsáin seandálaíochta talún agus faoi uisce, bídís aithnid nó anaithnid.<br>• Tionchair ar shocruithe maidir le suíomhanna oidhreachta seandálaíochta agus cultúir.<br>• Tionchar tírdhreacha/bailedhreacha agus muirdhreacha ag brath ar struchtúr agus suíomh.<br>• Láithreáin gheolaíocha agus caillteanas nó damáiste ithreach.<br>• Foinse astaíochtaí carbóin, úsáid fuinnimh agus acmhainní ábhair le haghaidh tógála agus giniúint dramhaíola.<br>• Buntáistí ó rochtain fheabhsaithe ar bhailiú uisce cóireáilte agus fuíolluisce.<br>• Éifeachtúlacht fheabhsaithe oibriúcháin fuinnimh agus astaíochtaí carbóin ó chuíchóiriú agus laghduithe sceite gaolmhara.<br>• An fhéidearthacht deireadh a chur le bacainní ar imirce éisc/eascann nó pasanna a sholáthar.<br>• An fhéidearthacht cruthú gnáthóige agus athchóiriú abhann a áireamh mar chuid de dhearaí oibre.<br>• Deacrachtaí le boladh ó chóireáil fuíolluisce ach freisin an fhéidearthacht lena bhfeabhsú le cleachtais oibríochtúla agus cóireáil uasghrádaithe.<br>• Leochaileacht fhéideartha i leith éifeachtaí athraithe aeráide ar struchtúir agus oibríochtaí – e.g., ó mhéadú i dteagmhais adhaimsire amhail stoirmeacha, tuilte, triomaigh agus teagmhais reo is coscartha.<br>• Tacú le héileamh soláthair agus seirbhíse fuíolluisce agus iontaofacht agus solúbthacht sa líonra a fheabhsú. |
| Sceitheadh fuíolluisce cóireáilte agus uisce stoirme agus sceitheadh neamhchóireáilte | • Truailliú screamhuisce agus uisce dromchla ó sceitheadh fuíolluisce ó ionad cóireála séarachais agus cóireála uisce, agus sceitheadh uisce stoirme agus séarachais amh a dhéanann difear do chuspóirí cáilíochta uisce CTU d'fhionnuisce, uisce inbhir agus uisce cósta agus cuspóirí na Creat-treorach Straitéise Mara maidir le dea-stádas a bhaint amach maidir le huiscí cósta agus mara.<br>• Tionchair ar éiceolaíocht uisceach fionnuisce, uisce inbhir agus uisce cósta le tionchair ghaolmhara ar sheirbhísí éiceachórais amhail trí bhithéagsúlacht laghdaithe, tionchair áineasa (mar shampla ar Uiscí Snámha ainmnithe agus slatiascaireacht), agus tionchair iascaigh lena n-áirítear ar Limistéir faoi Chosaint Uiscí Sliogéisc agus úsáideoirí agus slite beatha gaolmhara. |

| Gníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU | Cineáil féideartha tionchair ar an gcomhshaol |
|---|---|
| | • Tionchair an tírdhreacha agus na taitneamhachta amhairc a mhéid a bhaineann le éifeachtaí truaillithe amhail blás algach agus camras neamhchóireáilte.<br>• Athléimneacht laghdaithe i leith an athraithe aeráide agus brú eile truailleáin. |
| Bainistiú agus diúscairt sloda | • Fuílligh cóireála uisce a scaoiltear chuig uisce nó a dhiúscraítear chuig líonadh talún – ábhair éillithe a d'fhéadfadh a bheith in iarmharaigh ó chóireáil – poitéinseal freisin chun acmhainní a aisghabháil.<br>• Sloda fuíolluisce - is féidir le cothaithigh arda foinse leasacháin talmhaíochta a sholáthar agus d'fhéadfadh sé leasacháin eile a sholáthar. |
| Cineálacha eile gníomhaíochta | D'fhéadfadh raon gníomhartha tacaíochta a bheith san áireamh leo sin agus is féidir le go leor acu tionchair thairbheacha a sholáthar mar shampla:<br>• Caomhnú uisce, bainistiú éilimh agus pleanáil do thriomaigh a éilíonn cumarsáid agus múscailte feasachta ach freisin an gá le breithniú a dhéanamh ar conas is féidir dul i bhfeidhm ar ghrúpaí sonracha custaiméirí.<br>• Tionscnaimh bainistithe abhantraigh agus Réitigh Bunaithe ar an Dúlra a éilíonn comhoibriú le páirtithe leasmhara eile de ghnáth chun iad a sheachadadh ach a d'fhéadfadh buntáistí comhshaoil níos leithne a sholáthar freisin.<br>• Cláir feabhsaithe cáilíochta uisce óil agus bearta eile tacaíochta nó gaolmhara eile lena ngabhann tairbhí sláinte agus rochtana.<br>• Bainistíocht réadmhaoine agus oibríochtaí, imscrúduithe, faireachán, staidéir, agus bearta maolaithe a bhaineann le seirbhísí a sholáthar agus a fheabhsú agus tionchair nó éiginnteachtaí torthaí a laghdú. |

### 5.1.1 Leibhéal agus Scála na Measúnachta do PSSU

Ní áireofar sa PSSU 2050 tograí a bhaineann go sonrach le tionscadail nó láithreacha le haghaidh gnímh ach leagfar síos cuspóirí lena gcur i bhfeidhm trí na pleananna agus na cláir sraithe níos ísle. Mar sin beidh an measúnú comhshaoil ardleibhéil freisin agus díreofar ar na héifeachtaí comhcheangailte leathana agus comhcheangailte a eascraíonn as an gcaoi a bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar ag PSSU 2050 ar a chur chun feidhme.

## 5.2 Ábhair MST

Déantar cur síos ar an bhfaisnéis Bhonnlíne faoi na hábhair thimpeallachta seo a leanas:

- Timpeallacht Uisce;
- Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas;
- Sláinte agus Folláine;
- Athrú Aeráide;
- Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána;
- Iascach agus Slatiascaireacht;

- Sócmhainní Ábhartha;
- Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach;
- Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta;
- Geolaíocht agus Ithreacha;
- Cáilíocht an Aeir;
- Torann agus Creathadh; agus
- Timpeallacht Thrasteorann (lena gcumhdaítear na topaicí go léir thuas agus ag cur béime ar bhealaí féideartha le haghaidh éifeachtaí).

## 5.3 Limistéar Staidéir MST

Is é Poblacht na hÉireann limistéar oibriúcháin PSSU Uisce Éireann. Soláthraíonn Uisce Éireann uisce óil do 82% de dhaoine in Éirinn agus seirbhísí fuíolluisce do thart ar dhá thrian de theaghlaigh (RTRÁO, 2022b) Tá an bonneagar a thacaíonn leis seo forleathan agus is féidir le hastógáil doirteadh fuíolluisce agus leathadh sloda dul i bhfeidhm ar limistéir níos leithne.

Mar sin, clúdaíonn an limistéar staidéir leathan don MST Éire ina hiomláine, lena n-áirítear na huiscí cósta máguaird. Tá dobharlaigh abhann agus screamhuisce roinnte idir Éire agus Tuaisceart Éireann chomh maith leis an timpeallacht chósta agus leis an muirthimpeallacht, rud a chiallaíonn go bhfuil bealaí féideartha ann le haghaidh saincheisteanna trasteorann mar gheall ar chóngaracht agus nascacht araon. Mar sin, áirítear sa limistéar staidéir freisin an timpeallacht bhonnlíne trasteorann.

Tá liosta iomlán de na príomhfhoinsí faisnéise maidir leis an timpeallacht bhonnlíne trasteorann ar fáil mar chuid den chur síos ar an timpeallacht bhonnlíne in Aguisín C.

## 5.4 Tréimhse na MST

Tá sé beartaithe an fráma ama don MST a dhíriú ar an tréimhse 25 bliain go dtí 2050 agus a ailíniú le tréimhse an phlean. Déanfar an measúnú timpeallachta a nuashonrú ó am go chéile chomh maith in éineacht le nuashonruithe ar an bplean ó am go chéile. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gach 5 bliana agus má tá nuashonrú de dhíth ar an bplean, beidh an nuashonrú faoi réir MST.

## 5.5 Foinsí

Úsáidtear raon leathan foinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí mar bhunús chun an timpeallacht bhonnlíne a aithint lena n-áirítear, cuardaigh gréasán-bhunaithe, tuarascálacha foilsithe agus sonraí mapáilte Córais Faisnéise Geografaí. Déantar tagairt do na foinsí sin, mar aon le sonraí Uisce Éireann féin, sna rannóga ábhar ábhartha agus tá liosta tagartha do na foinsí curtha ar fáil ag deireadh na tuarascála. Áirítear iad seo a leanas (ach gan bheith teoranta dóibh) ar na bpríomhfhoinsí ginearálta don athbhreithniú ar an timpeallacht bhonnlíne atá ann cheana do MST PSSU 2050 freisin:

- An GCC https://gis.epa.ie/EPAMaps/
- An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) https://www.cso.ie/en/index.html
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) https://www.npws.ie/
- An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) https://www.eea.europa.eu/

## 5.6 Treochtaí Timpeallachta Ardleibhéil ar fud na hÉireann

Foráiltear an méid seo a leanas i dTuarascáil ar Staid an Chomhshaoil (GCC, 2020a)[23]:

- Measúnacht ar cháilíocht fhoriomlán thimpeallacht na hÉireann;
- Achoimre ar na brúnna atá á gcur ar an timpeallacht seo;
- Na príomhghníomhartha is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis na brúnna sin.

Tá na réimsí seo a leanas a sainaithníodh mar dhúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar fud na hÉireann laistigh den Tuarascáil um Staid na Timpeallachta.(SOER) (GCC, 2020a) ar saincheisteanna timpeallachta iad atá an-ábhartha maidir le forbairt PSSU 2050:

- Aeráid: tá astaíochtaí arda gás ceaptha teasa (GCT) ann fós, agus ní mór scála agus luas na laghduithe GCT a ghéarú chun spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 a bhaint amach.
- Uisce: treochtaí cáilíochta uisce ag dul in olcas le 20 bliain anuas, go háirithe maidir le huisce cósta agus aibhneacha.
- Bithéagsúlacht: treochtaí gnáthóg faoi chosaint ag dul in olcas, agus stádas neamhfhabhrach ag 85% de ghnáthóga faoi chosaint an Aontais Eorpaigh. Tá treochtaí do speicis atá faoi chosaint an Aontais measctha, ach is iad speicis fionnuisce is mó atá i mbaol agus tá roinnt speiceas fionnuisce faoi bhagairt.
- Dramhaíl, sláinte ithreach agus an geilleagar ciorclach (lena n-áirítear tá sé mar aidhm le Straitéis Ithir an AE sláinte mhaith ithreach a bhaint amach faoi 2050): tacaíonn na gnéithe seo freisin le carbón, cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht, áit a bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun cuspóirí agus spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach. Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis an timpeallacht bhunlíne do gach ceann de na réimsí ábhair sin sna rannóga topaicí bonnlíne seo a leanas.

Déantar na príomhdhúshláin seo a bhaineann le PSSU 2050 a mheas sa Dréacht-PSSU 2050- agus nascann siad go díreach leis na deich cinn seo a leanas de chuid Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe:

- **SDG 3**: Sláinte agus folláine: Saol sláintiúil a áirithiú agus dea-bhail a chur chun cinn do gach duine gan beann ar aois.
- **SDG 6** Uisce Glan agus Sláintíocht Infhaighteacht agus bainistíocht inbhuanaithe uisce agus sláintíochta a chinntiú do chách.
- **SDG 7:** Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a áirithiú do chách.
- **SDG 8:** Obair fhónta agus fás eacnamaíoch: Fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe agus lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil a chur chun cinn do chách.
- **SDG 9:** Tionsclaíocht, Nuálaíocht, agus Bonneagar: Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú.
- **SDG 11:** Cathracha agus pobail inbhuanaithe; Cathracha agus lonnaíochtaí do dhaoine a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe.
- **SDG 12:** Patrún freagrach tomhaltais agus táirgeachta: Patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe a áirithiú.

[23] GCC. 2020a. *Ireland's Environment 2020 - An Assessment – Report.* Arna Rochtain: 25.07.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/state-of-the-environment/irelands-environment-2020---an-assessment.php

- **SDG 13** Gníomhartha ar son na hAeráide: Dul i mbun gnímh ar bhonn práinneach chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus leis an tionchar uaidh.
- **SDG 14** An Beatha faoi Uisce: Déan na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe le haghaidh forbairt inbhuanaithe.
- **SDG 15** An Saol ar an Talamh: Déan úsáid inbhuanaithe éiceachóras talún a chosaint agus a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú go hinbhuanaithe, fásach a chomhrac, agus deireadh a chur le díghrádú talún agus é sin a aisiompú agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta.
- **SFI 17** Comhpháirtíochtaí do na spriocanna: Na modhanna cur chun feidhme a threisiú agus an chomhpháirtíocht dhomhanda i dtaobh forbairt inbhuanaithe a athbheochan.




**Fíor 5-1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha**

Táthar ag súil le go mbeidh méadú suntasach ar an daonra sna blianta atá amach romhainn, rud a bheidh impleacht thábhachtach aige ar an éileamh ar uisce, agus ar chóireáil fuíolluisce, agus mar sin tá sé ábhartha don timpeallacht uisce lena n-áirítear comhlíonadh na Creat-Treorach Uisce agus dúshláin ó thaobh athrú aeráide agus bithéagsúlachta de. Sainaithnítear go bhfuil SDGanna 3, 6, 13 agus 14 fíorábhartha don MST.

I dtaca le mol sonraí SDG na hÉireann (2023)[24], tuairiscítear táscairí sonracha i leith Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na NA a bhaint amach in Éirinn agus áirítear leis Tuarascáil POS ar Tháscairí do Sprioc 6 Uisce Glan agus Sláintíocht: Forléargas – SDG 6 Uisce Glan agus Sláintíocht (POS, 2021)[25].

## 5.7 Príomhdhúshláin, Príomhdheiseanna agus Scóip na Measúnachta

Suíodh na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna le linn chéim thógála agus oibriúcháin an bhonneagair seirbhísí uisce tríd an measúnú bonnlíne agus sainaithníodh na féidearthachtaí d'éifeachtaí trasteorann freisin in dTábla 5.2. Cuirtear sonraí breise ar fáil in Aguisín C.

[24] Rialtas na hÉireann. 2023. *mol sonraí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann.* Arna Rochtain: 25.07.2023. Ar fáil ó: https://irelandsdg.geohive.ie

[25] CSO. 2021. *SFInna na NA a bhaineann le hÉirinn 2019 - Tuarascáil ar Tháscairí do Sprioc 6, Uisce Glan agus Sláintíocht.* Arna Rochtain: 25.07.2023. Ar fáil ó: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-sdg6/irelandsunsdgs2019-reportonindicatorsforgoal6cleanwaterandsanitation/

**Tábla 5.2 Príomhdhúshláin agus príomhdheiseanna a sainaithníodh tríd an measúnú bonnlíne**

| Ábhar MST | Dúshláin agus Deiseanna | Céim Thógála | Céim Oibriúcháin | Féidearthachta í d'Éifeachtaí Trasteorann |
|---|---|---|---|---|
| | | T = scóipeáilte isteach: N = scóipeáilte amach | | |
| Timpeallacht Uisce | **Dúshláin:**<br>• Truailliú uisce a chuireann isteach ar uiscí fionnuisce, inbhearacha agus cósta agus é ag teacht ó sceitheadh fuíolluisce, gan chóireáil agus uiscí stoirme, agus an gá le hinfheistíocht.<br>• Féachaint chuige go mbeidh astarraingt ón soláthar uisce inbhuanaithe, go háirithe agus é á chur faoi bhrú ag éileamh breise agus athrú aeráide.<br>• Caighdeán amhuisce atá imithe in olcas de dheasca truailliú idirleata agus sceití a chuireann isteach ar chóireáil uisce le haghaidh soláthair.<br>• Ceanglais nua agus uasghrádaithe chun freastal ar riachtanais agus cur le teacht aniar.<br>**Deiseanna:**<br>• Leanúint le hinfheistíocht chun brú a mhaolú agus feabhsúcháin timpeallachta a bhaint amach.<br>• Gníomhartha spriocdhírithe agus níos leithne atá bunaithe ar dhobharcheantair chun caighdeán an uisce, seirbhísí agus acmhainní éiceachórais a fheabhsú agus réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid. | T | T | T |
| Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas | **Dúshláin:**<br>• Má thagann borradh faoin daonra agus faoin ngeilleagar, na himpleachtaí a bheadh aige seo do leibhéal an éilimh ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce agus cá háit agus cathain - amhail séasúracht agus buaicéileamh ón turasóireacht.<br>• Rochtain ar an timpeallacht nádúrtha lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, canálacha, ceantair cois chósta, agus uiscí snámha a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh turasóireachta, áineasa agus folláine de.<br>• Núis tógála agus oibríochtúil ó thorann, truailliú aeir agus giniúint tráchta agus ó bholadh an ionaid chóireála fhuíolluisce.<br>**Deiseanna:**<br>• Is bealach é infheistiú i gcóireáil uisce agus i líonra soláthair PSUÓ agus i bpleananna | T | T | N |

| Ábhar MST | Dúshláin agus Deiseanna | Céim Thógála | Céim Oibriúcháin | Féidearthachta í d'Éifeachtaí Trasteorann |
|---|---|---|---|---|
| | | T = scóipeáilte isteach: N = scóipeáilte amach | | |
| | bainistithe dobharcheantair chun tacú le soláthar inbhuanaithe as a dtiocfaidh tairbhí timpeallachta níos leithne.<br>• Deiseanna chun tionchair núise ó bholadh cóireála fuíolluisce a laghdú. | | | |
| Sláinte agus Folláine | **Dúshláin:**<br>• Cóireáil uisce a bhfuil droch-cháilíocht amhuisce ag cur isteach air agus na deacrachtaí a chruthaíonn sé sin ó thaobh sláinte agus rochtana de, cé go bhfuiltear ag feidhmiú go maith seachas sin - réimsí riosca le sonrú i Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC.<br>• Tá tábhacht le rochtain ar an timpeallacht nádúrtha agus cáilíocht na timpeallachta nádúrtha lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, canálacha, ceantair cois chósta, agus uiscí snámha ó thaobh turasóireachta, áineasa agus folláine de.<br>• Núis tógála agus oibríochtúil ó thorann, truailliú aeir agus giniúint tráchta agus ó bholadh an ionaid chóireála fhuíolluisce.<br>**Deiseanna:**<br>• Deiseanna chun tionchair núise ó bholadh cóireála fuíolluisce a laghdú. | T | T | T |
| Athrú Aeráide | **Dúshláin:**<br>Athruithe ar phátrúin bháistí, teocht, ardú ar leibhéal na mara agus méadú ar mhinicíocht na dteagmhas adhaimsire a chuireann as don timpeallacht agus atá ina rioscaí do bhonneagar agus do sheirbhísí.<br>**Deiseanna:**<br>• Tacú le teacht aniar na timpeallachta ach an deis a thapú chun brú ó sceitheadh fuíolluisce a laghdú agus tréaniarracht a dhéanamh gan tairseacha aistarraingthe inbhuanaithe a shárú chomh maith le plean a chur le chéile do dhálaí triomaigh. | T | T | T |

| Ábhar MST | Dúshláin agus Deiseanna | Céim Thógála | Céim Oibriúcháin | Féidearthachta í d'Éifeachtaí Trasteorann |
|---|---|---|---|---|
| | | T = scóipeáilte isteach:<br>N = scóipeáilte amach | | |
| | • Mianach níos fearr a chothú i mbonneagar agus i seirbhísí le go seasfaidh siad teagmhais aimsire eisceachtúla. | | | |
| Bithéagsúlacht | **Dúshláin:**<br>• Sceitheadh fuíolluisce agus uisce ag cur isteach ar dhobharlaigh - is baolach go gcuirfidh brú ó thruailliú agus ó astarraingt isteach ar éiceolaíocht uisceach, idir fhionnuisce, inbhearach agus mhuirí, agus ar láithreáin ainmnithe, láithreáin Eorpacha agus náisiúnta san áireamh.<br>• Bonneagar nua a chur isteach agus seanbhonneagar a uasghrádú - is é sin, gléasra agus píblínte a bhfuil baol ann go mbeidís ina siocair le caillteanas gnáthóige, briseadh suas gnáthóige ina codanna, suaitheadh éiceolaíoch agus truailliú.<br>**Deiseanna:**<br>• Ualaí truailleán agus an brú ar an timpeallacht uisceach ó astarraingt a laghdú.<br>• An fhéidearthacht chun deireadh a chur le bacainní ar imirce éisc/eascann nó pasanna a sholáthar.<br>• A chinntiú nach dtagann aon ghlanchaillteanas ar bhithéagsúlacht, tairbhí ó réitigh dhúlrabhunaithe agus gníomhartha bainistithe dobharcheantair san áireamh. | T | T | T |
| Iascaigh | **Dúshláin:**<br>• Truailliú uisce ó sceitheadh fuíolluisce a bhfuil ar baolach go gcuirfidh siad isteach ar iascaigh fionnuisce, inbhir agus mhara, lena n-áirítear Limistéir Uiscí Sliogéisc Faoi Chosaint a bhfuil slite beatha agus lucht caithimh aimsire ag brath orthu.<br>**Deiseanna:**<br>• Feabhsuithe ar cháilíocht an uisce agus brú laghdaithe ar acmhainní uisce.<br>• Tacóidh bacainní laghdaithe ar imirce éisc le hiascaigh. | T | T | T |

| Ábhar MST | Dúshláin agus Deiseanna | Céim Thógála | Céim Oibriúcháin | Féidearthachta í d'Éifeachtaí Trasteorann |
|---|---|---|---|---|
| | | T = scóipeáilte isteach:<br>N = scóipeáilte amach | | |
| Sócmhainní Ábhartha | **Dúshláin:**<br>• Sócmhainní bonneagair uisce agus fuíolluisce atá ag dul in aois a bhfuil deisiú, cothabháil de dhíth orthu nó ceann nua le cur ina n-áit.<br>• Dul i ngleic leis na deacrachtaí bainistithe dramhaíola atá ann ó thaobh sloda séarachais agus iarmhairtí cóireála uisce de le nach ndéanfaí truailliú agus go gcaitear a lú dramhaíola agus is féidir isteach sa líonadh talún.<br>**Deiseanna:**<br>• Slí ann chun glacadh le prionsabail an gheilleagair ciorclaigh agus acmhainn ann maidir le haisghabháil acmhainní dramhaíola trí iad a úsáid ar thalamh agus tá slí ann chun nuálaíochta má úsáidtear le haghaidh fuinneamh in-athnuaite/breosla iad. | T | T | N |
| Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | **Dúshláin:**<br>• Is féidir le forbairt bonneagair agus obair thógála cur isteach ar thaitneamhacht amhairc agus ar thírdhreach, ar bhailedhreach nó ar mhuirdhreach ag brath ar láthair.<br>• Is féidir le sceitheadh fuíolluisce, cur thar maoil uisce stoirme agus truailliú ó áit ard a bheith ina siocair le blás algach, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar thaitneamhacht amhairc amhail bruscar freisin.<br>**Deiseanna:**<br>• A bheith cáiréiseach i mbun bonneagar nua a lonnú agus a thógáil.<br>• Sceitheadh fuíolluisce a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do cháilíocht an uisce a fheabhsú chun leas a dhéanamh d'éiceolaíocht uisceach agus áineas. | T | T | T |
| Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | **Dúshláin:**<br>• Tá seans ann go gcuirfidh forbairt bonneagair agus obair thógála isteach ar oidhreacht chultúrtha agus ar sheandálaíocht agus ar ailtireacht, as siocair caillteanas díreach nó cur isteach ar an suíomh ina bhfuil siad. Baineann sé | T | T | T |

| Ábhar MST | Dúshláin agus Deiseanna | Céim Thógála | Céim Oibriúcháin | Féidearthachta í d'Éifeachtaí Trasteorann |
|---|---|---|---|---|
| | | **T** = scóipeáilte isteach: **N** = scóipeáilte amach | | |
| | seo le hábhar go háirithe maidir le struchtúir oidhreachta cois abhann agus cois cósta.<br>• D'fhéadfaí sócmhainní seandálaíochta a chailleadh má chuireann astarraingt as do bhogaigh.<br>**Deiseanna:**<br>• A bheith cáiréiseach maidir le gníomhaíochtaí bonneagair nua a lonnú agus a thógáil sa tsúil le tacú le caomhnú sruthchúrsaí, bogaigh agus ithreach agus b'fhéidir láithreáin is ábhar spéise ó thaobh na seandálaíochta iad a chaomhnú, leis. | | | |
| Geolaíocht agus Ithreacha | **Dúshláin:**<br>• Cur isteach a d'fhéadfaí a eascairt as tógáil bonneagair agus caillteanas ithreach ar láithreáin ainmnithe is díol spéise iad ó thaobh na geolaíochta de.<br>**Deiseanna:**<br>• Acmhainn maidir le haisghabháil cothaitheach agus sloda séarachais a athúsáid sa talmhaíocht i dtreo is go dtacaítear le prionsabail sláinte ithreach agus geilleagair ciorclaigh.<br>• Maidir le bainistiú dobharcheantair agus réitigh dhúlrabhunaithe a dhíríonn ar chaighdeán amhuisce a fheabhsú, is bealach iad chun tacú le sláinte ithreach agus tairbhí gaolmhara ag baint leo i dtaca le coinneáil uisce, caighdeán an uisce agus ceapadh carbóin de.<br>• Is cabhair iad athchóiriú bogaigh agus bearta caomhnaithe móna agus ithreach maidir le hithirchreimeadh, rith chun srutha truaillithe agus maidhm thuile a laghdú. | T | T | N |
| Cáilíocht Aeir | **Dúshláin:**<br>• Truailliú aeir ó oibreacha tógála, gluaiseachtaí feithiclí agus oibríochtaí, drochbholadh ó oibreacha cóireála fuíolluisce san áireamh.<br>**Deiseanna:**<br>• Is féidir astaíochtaí aeir tógála a bhainistiú má chloítear le dea-chleachtas i leith tógála, beartas breosla/ fuinnimh. | N | T | T |

| Ábhar MST | Dúshláin agus Deiseanna | Céim Thógála | Céim Oibriúcháin | Féidearthachta í d'Éifeachtaí Trasteorann |
|---|---|---|---|---|
| | | **T = scóipeáilte isteach:**<br>**N = scóipeáilte amach** | | |
| | • Is féidir drochbholadh a laghdú má dhéantar feabhsuithe ar an gcóireáil fuíolluisce agus má chloítear le caighdeáin dearaidh níos airde agus cleachtas oibríochta níos fearr.<br>Meastar gur saincheisteanna áitiúla iad seo a dtugtar aghaidh orthu trí chaighdeáin ábhartha a chur i bhfeidhm ag leibhéil chláir agus tionscadail níos ísle agus dá réir sin ceaptar go ginearálta gur tionchair núise nó chlampair a d'fhéadfadh tarlú faoi dhaonra agus sláinte agus folláine. Cuirtear boladh san áireamh sa mheasúnú maidir le caighdeáin astaíochta bolaidh in ionaid chóireála fuíolluisce a mheas. | | | |
| Torann agus Creathadh | **Dúshláin:**<br>• Torann agus creathadh ó oibreacha agus oibríochtaí tógála lena n-áirítear gluaiseachtaí feithiclí (éifeachtaí na tógála i dtimpeallachtaí mara a dtugtar aghaidh orthu san ábhar bithéagsúlachta).<br>**Deiseanna:**<br>• Is féidir torann tógála a bhainistiú má chloítear le dea-chleachtas tógála agus leis na caighdeáin dearaidh chuí agus má chuirtear san áireamh an áit a bhfuil an lonnú agus gabhdóirí íogaire nuair atá suíomh le roghnú.<br>Meastar gur saincheisteanna áitiúla iad seo a dtugtar aghaidh orthu trí chaighdeáin ábhartha a chur i bhfeidhm ag leibhéil chláir agus tionscadail níos ísle agus dá réir sin ceaptar go ginearálta gur tionchair núise nó chlampair a d'fhéadfadh tarlú faoi dhaonra agus sláinte agus folláine. | N | N | N |
| Gnéithe atá baint acu lena chéile | **Deiseanna:**<br>Tá poitéinseal do chineálacha cur chuige caipitil nádúrtha agus bunaithe ar éiceachórais a úsáid chun tacú le scála agus tionchair is tairbhí timpeallachta iomadúla a mheas trí leas a bhaint as cainníochtú agus meadaracht mar bhreis ar chineálacha cur chuige measúnachta timpeallachta cáilíochtúla. | | | |

## 5.8 Ábhair MST Idirghaolmhara

De réir Threoir MST, tá sé tábhachtach an idirghaolmhaireacht idir ábhair thimpeallachta a aithint, mar is féidir le hathruithe ar ghné timpeallachta amháin dul i bhfeidhm go díreach agus go hindíreach ar ghnéithe eile, de réir mar a achoimrítear in dTábla 5.2.

Beidh baint ag gach ábhar MST go pointe áirithe leis na dea-thionchair agus na drochthionchair a d'fhéadfadh titim amach de bharr PSSU 2050 a chur i bhfeidhm. Cuirtear sonraí breise ar fáil in Aguisín C agus Tábla 5.3 léirítear leo an t-idirghaolta féideartha idir na topaicí timpeallachta.

**Tábla 5.3 Topaicí MST idirghaolmhara**

| | | | |
|---|---|---|---|
| T | Acmhainneacht le haghaidh idirghníomhú | N | Is dóigh go mbeidh idirghníomhú íosta ann |

| | Timpeallacht Uisce | Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas | Sláinte agus Folláine | Athrú Aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach agus Slatiascaireacht | Sócmhainní Ábhartha | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | Geolaíocht agus Ithreacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas** | T | | | | | | | | | |
| **Sláinte agus Folláine** | T | T | | | | | | | | |
| **Athrú Aeráide** | T | T | T | | | | | | | |
| **Bithéagsúlacht** | T | T | T | T | | | | | | |
| **Iascach agus Slatiascaireacht** | T | T | T | T | T | | | | | |
| **Sócmhainní Ábhartha** | T | T | N | T | T | N | | | | |
| **Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach** | T | T | T | T | T | N | T | | | |
| **Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta** | T | T | N | T | T | N | T | T | | |
| **Geolaíocht agus Ithreacha** | T | T | N | T | T | T | T | T | T | |
| **Cáilíocht Aeir** | N | T | T | T | T | T | N | N | N | T |
| **Torann agus Creathadh** | T | T | T | N | T | T | T | N | T | N |

## 5.9 Éabhlóid Bhonnlíne sa Todhchaí

D'fhéadfadh athrú nádúrtha teacht ar an timpeallacht bhonnlíne, e.g. trí threochtaí éiceolaíocha, nó d'fhéadfadh athrú teacht uirthi mar thoradh ar ghnéithe eile, amhail tionscadail in aice láimhe.

Tá ábhair áirithe MST ann ar baolach go dtiocfaidh athrú orthu le himeacht ama. Mar shampla, is mó an seans go dtiocfaidh athrú ar ábhar na timpeallachta uisce (cáilíocht an uisce go sonrach) ná ábhar na hoidhreachta cultúir. Soláthraíonn Tábla 5.4 achoimre ar an éabhlóid bhonnlíne is dócha a bheidh ann do na hábhair MST.

**Tábla 5.4 Éabhlóid bhonnlíne d'ábhair MST sa todhchaí**

| Ábhar MST | Éabhlóid Bhonnlíne |
|---|---|
| Timpeallacht Uisce | Bhí feabhsú agus titim ar cháilíocht an uisce ar fud na ndobharlach in Éirinn ina n-iomláine thar thréimhse mheasúnachta 2016-2021. Mar sin féin, nuair a fhéachtar ar Réimsí Tosaíochta an PBA don dara sraith le haghaidh Gníomhú, is léir go bhfuil feabhas air, tríd is tríd (GCC, 2022b)[26]. Ní mór d'fhorbairt bheartaithe sa todhchaí riachtanais an CTU a chomhlíonadh, ina ndírítear ar fheabhsuithe a bhrú chun cinn, cáilíocht an uisce a chothabháil sa ghearrthéarma agus creat a sholáthar chun dea-stádas a chothabháil sa todhchaí.<br>D'fhéadfadh sceitheadh uisce stoirme agus séarachais amh tionchar a imirt freisin ar chuspóirí cáilíochta uisce an CTU d'uiscí cósta agus ar chumas na hÉireann dea-stádas a bhaint amach in uiscí cósta agus mara a bheadh ag teacht le cuspóirí na Creat-treorach Straitéise Mara.<br>D'fhéadfadh athrú aeráide timpeallacht uisce na hÉireann a athrú go suntasach freisin. Is iad leibhéil na farraige atá ag ardú, samhraí atá níos teo agus níos tirime, aigéadú aigéin agus dí-ocsaiginiú aigéin na príomhbhrúnna ar an timpeallacht uisce. Is fadhb mhór anois í fadhb na dtuilte in Éirinn le blianta beaga anuas; tarlaíonn na teagmhais tuilte níos minice agus, leis an athrú aeráide, táthar ag súil go rachaidh cúrsaí in olcas. Is baolach go dtarlóidh teagmhais tuilte níos minice feasta freisin; is dócha go mbeidh tionchar tromchúiseach acu seo ar éiceachórais mhuirí agus chósta agus ar an mbonneagar uisce atá ann cheana féin. |
| Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas | Táthar ag tuar go dtiocfaidh ardú ar an daonra agus ar an bhfostaíocht, de réir an PFN (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2021). Mar chuid den Tionscadal seo tá sé mar aidhm le Éire 2040 infheistíocht a dhéanamh i mbailte agus sráidbhailte tuaithe, agus deimhin a dhéanamh de go bhfásfaidh cathracha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge dhá oiread ó thaobh luais de ná Baile Átha Cliath trí fhorbairt inbhuanaithe.<br>Tá fás suntasach ar an turasóireacht in Éirinn i gcónaí, agus tá na spriocanna atá leagtha síos sa bheartas náisiúnta "Daoine, Áit agus Beartas, an Turasóireacht a Fhás go 2025"[27] sáraithe anois. mar gheall ar mhéadú ar an daonra tiocfaidh méadú ar an éileamh ar acmhainní áineasa freisin. Tá an timpeallacht uisce tábhachtach chun tacú le gníomhaíochtaí áineasa agus turasóireachta. Cuireann éileamh séasúrach turasóireachta agus áineasa ar uisce le buaicéilimh agus brú acmhainní freisin. |

[26] GCC. 2022b. *Cáilíocht Uisce in Éirinn 2016 – 2021 Tuarascáil Achomair.* Arna Rochtain: 22.08.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/water-quality-in-ireland-20162021-summary-report.php

[27] An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. 2019. *Daoine, Áit agus Beartas – An Turasóireacht a Fhás go dtí 2025.* Arna Rochtain: 29.09.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/7e58d7-people-place-and-policy-growing-tourism-to-2025/

| Ábhar MST | Éabhlóid Bhonnlíne |
|---|---|
| Sláinte agus Folláine | Ghlac Rialtas na hÉireann leis an gCreat Éireann Sláintiúil (An Roinn Sláinte, 2019)[28] agus é mar sprioc aige líon na ndaoine sláintiúla Éireannacha a mhéadú, éagothroime sláinte a laghdú, an pobal a chosaint ar bhagairtí ar shláinte agus folláine, agus timpeallacht a chruthú ina mbeidh gach duine aonair agus gach earnáil den tsochaí in ann a bpáirt a ghlacadh chun Éire shláintiúil a bhaint amach. |
| Athrú Aeráide | Faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (RCAC, 2023), is é sprioc na hÉireann astaíochtaí GCT a laghdú ina leath faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh fuinnimh de tráth nach déanaí ná 2050. Glactar leis sna réamh-mheastacháin seo go mbeidh laghduithe suntasacha ann sna príomhearnálacha amhail earnáil giniúna cumhachta, earnáil na dtithe cónaithe, earnáil an iompair, earnáil na seirbhísí tráchtála agus poiblí, agus earnáil na talmhaíochta. |
| Bithéagsúlacht | Mar gheall ar an méadú ar athrú úsáide talún, laistigh agus lasmuigh de láithreáin chosanta, amhail uirbiú, foraoiseacht plandála agus cleachtais talmhaíochta atá ag athrú agus athrú aeráide, is baolach go mbeidh rioscaí ann do cháilíocht agus dáileadh gnáthóg agus speiceas uisceach agus talún. Cuireann astarraingt uisce agus sceitheadh cóireála fuíolluisce le brú acmhainní agus ualaí truaillithe go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag brath ar an uisce lena n-áirítear gnáthóga agus speicis fionnuisce, inbhir agus cósta/mara.<br>Mar sin féin, meastar go rachaidh cur chun feidhme leanúnach na mbeart a theastaíonn chun cuspóirí an CTU agus riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga a bhaint amach chun tairbhe do shuíomhanna cosanta agus don bhithéagsúlacht trí chéile (tíre agus uisce) sa todhchaí. |
| Iascach | Is iad seo a leanas na príomh-dhúshláin agus na príomhdheiseanna maidir le hIascach:<br>D'fhéadfadh oibriú ionad cóireála fuíolluisce agus scaoileadh nó fosceitheadh fuíolluisce a bheith ina nguais do shláinte an duine agus d'fhéadfadh siad an bonn a bhaint de cháilíocht fionnuisce nó uisce inbhir nó uisce muirí, stoc éisc agus slite beatha gaolmhara nó caitheamh aimsire agus turasóireacht.<br>Áirítear ar na príomhthreochtaí ar dócha go mbeidh tionchar acu<br>• Tá acmhainneacht ann le haghaidh athruithe ar an athrú aeráide agus ar hidreolaíocht a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar phróisis chósta agus ar an gcáilíocht uisce atá fíorthábhachtach do ghnáthóga sliogéisc agus dobharshaothraithe.<br>• Ceanglais maidir le hionaid cóireála fuíolluisce a oibriú chun oibleagáidí UWWTP, CTU agus PBA a chomhlíonadh lena n-áirítear pleananna monatóireachta sonracha.<br>• Úsáidí talmhaíochta agus úsáidí eile foinsí idirleata truaillithe a théann i gcion ar an gcáilíocht uisce agus iascaigh. |
| Sócmhainní Ábhartha | Is é rún an Rialtais d'fhorbairt na hÉireann sa todhchaí an úsáid is fearr a bhaint as talamh luachmhar do talmhaíocht, do ghnó agus don tsochaí. Maíonn RTBM (2023)[29] gurb é ceann de na príomhchuspóirí idir seo agus 2030 an t-eastát foraoise náisiúnta a leathnú go práinneach ar thalamh poiblí agus príobháideach araon ar bhealach a rachaidh chun tairbhe ar bhonn marthanach don athrú aeráide, |

[28] An Roinn Sláinte. 2019. *Creat Éire Sláintiúil 2019-2025* . Arna Rochtain: 29.08.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/e8f9b1-healthy-ireland-framework-2019-2025/

[29] DAFM. 2023. *Plean Cur Chun Feidhme Straitéise Foraoise lena n-áirítear an Clár Foraoiseachta 2023-2027*. Arna Rochtain: 29.08.2023. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/1f6c6-forest-strategy-implementation-plan-including-the-forestry-programme-2023-2027/

| Ábhar MST | Éabhlóid Bhonnlíne |
|---|---|
| | bithéagsúlacht, cáilíocht uisce, táirgeadh adhmaid, forbairt eacnamaíoch, fostaíocht. agus caighdeán na beatha. Straitéis deich mbliana d'earnáil agraibhia na hÉireann is ea an Straitéis Fís Bia 2030 lena n-áirítear an fhoraoiseacht. Tiocfaidh méadú ar an éileamh ar uisce mar gheall ar na spriocanna uaillmhianacha atá san áireamh don earnáil agraibhia, agus beidh dúshláin i gceist maidir le cáilíocht uisce.<br>Agus méadú ar an daonra agus ar phleananna athnuachana eacnamaíche, táthar ag súil le go mbeidh athruithe ar úsáid talún, go háirithe sna ceantair uirbeacha agus fho-uirbeacha. |
| Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Táthar ag súil le roinnt athruithe áitiúla mar gheall ar fhorbairtí eile atá beartaithe amach anseo. Is baolach go gcaillfí gnéithe tírdhreacha agus go mbeadh méadú ar an trácht dá réir a d'fhéadfadh cur isteach ar shuaimhneas an tírdhreacha. Bheadh baint ag tionchair níos fadtéarmaí ar shaintréithe an tírdhreacha le hathruithe ar úsáid talún ar nós cleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta, agus freagairtí ar athrú aeráide agus a dtionchar ar ghnáthóga agus ar ghnéithe tírdhreacha. |
| Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | Ní dócha go mbeidh athrú ar thimpeallacht na hoidhreachta cultúrtha go suntasach go luath amach anseo mar gheall ar chosaint leanúnach na hoidhreachta cultúrtha, seandálaíochta agus ailtireachta sa reachtaíocht náisiúnta. Is baolach go mbeadh bagairtí ann do shócmhainní oidhreachta ó ghníomhaíochtaí forbraíochta a d'fhéadfadh cur isteach ar shuíomhanna nó go gcaillfí acmhainní faoi thalamh anaithnide. Is baolach go gcuirfidh athrú aeráide agus draenáil isteach freisin ar chaomhnú iarsmaí adhlactha. |
| Geolaíocht agus Ithreacha | Meastar go ginearálta go dtarlóidh athruithe sa gheolaíocht thar amscálaí an-fhada, mar sin ní mheastar go bhfuil réamhaisnéis bhonnlíne ríthábhachtach maidir le geolaíocht agus ithreacha thar shaolré PSSU 2050.<br>Bíonn tionchar ag athruithe a mbíonn tionchar acu ar ithreacha mar gheall ar réimeas uisce, athrú aeráide, cleachtais úsáide talún ar charbón ithreach, leibhéil cothaitheach agus rátaí creimthe. |
| Cáilíocht Aeir | Cé go bhfuil cáilíocht an aeir in Éirinn go maith faoi láthair, is baolach go dtiocfaidh ardú ar thruailleáin le go mbeidh siad ag leibhéal os cionn teorainneacha/spriocanna sa todhchaí. Tá astaíochtaí feithiclí ar cheann de na príomhfhoinsí truaillithe aeir in Éirinn, mar aon le giniúint leictreachais, tionsclaíocht agus talmhaíocht (GCC, 2022e)[30]. |
| Torann agus Creathadh | Tá sé deacair treochtaí torainn sa todhchaí a thuar. D'fhéadfadh an treocht maidir le húsáid tuilleadh feithiclí leictreacha tacú le hastaíochtaí torainn a laghdú nuair a bhíonn luas tráchta íseal. Féadfar na Rialacháin um Thorann Timpeallachta 2006 a athbhreithniú amach anseo chun leibhéal níos déine a chur i bhfeidhm ó thaobh bainistíocht torainn de, agus tá tuilleadh léarscáileanna agus pleananna torainn straitéiseacha le forbairt. Ní chuirtear torann agus creathadh san áireamh maidir leis an leibhéal measúnachta seo cé go gcaithfí é a mheas i dtaca le pleananna ag leibhéal níos ísle nuair is cuí. |

[30] GCC. 2022b. *Tuarascáil maidir le Cáilíocht Aeir in Éirinn 2022.* Arna Rochtain: 29.10.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/air/air-quality-in-ireland-2022.php

# 6 Modheolaíocht Mheasúnachta

Ba leis na dálaí bunlíne atá ann faoi láthair, na treochtaí bunlíne amach seo agus na ceanglais dhlíthiúla laistigh de phleananna, de bheartais agus de chláir ábhartha a múnlaíodh forbairt scóip agus chuspóirí an mheasúnaithe seo.

Leagtar amach sa Rannóg seo an mhodheolaíocht MST atá beartaithe, ag tabhairt faoi deara go ndéantar cur síos i gCuid 0 den tuarascáil seo ar an tionchar a bheidh ar fhorbairt PSSU 2050 tríd an bpróiseas MST.

Cuireadh sa áireamh sa phríomhthreoir maidir leis an gcur chuige i leith an MST an méid seo a leanas:

- Paca MST (GCC, 2021b)[31];
- Roghanna Malartacha ar MST a Fhorbairt agus a Mheas (GCC, 2015) [32];
- Treoir maidir le Ráitis agus Monatóireacht MST (GCC, 2023a)[33];
- Gnéithe Aeráide a fhí isteach san MST in Éirinn - Nóta Treorach (GCC, 2019)[34];
- Treoir dhea-chleachtais ar Mheasúnú Iarmhairtí Carnacha in MST (GCC, 2020b)[35];
- Treoir de chuid an GCC maidir le 'Srathú na Measúnachta Timpeallachta – Tionchar na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Leibhéal Tionscadail' (GCC, 2021)[36]; agus
- Treoir Dea-Chleachtais um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta san Earnáil Uisce (GCC, 2022).

## 6.1 Spriocanna MST

Le linn na céime scóipeála sin den phróiseas MST forbraíodh sraith de Chuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta (CSTanna) agus de chritéir mheasúnachta bunaithe ar na príomhbhreithnithe a sainaithníodh san athbhreithniú bonnlíne agus san athbhreithniú ar bheartas, ar phlean agus ar chlár. Soláthrófar leis na cuspóirí sin an creat chun measúnú a dhéanamh ar chur chuige malartach an phlean agus ar thograí an phlean roghnaithe. Soláthraítear na dréacht-Chuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta agus na critéir mheasúnachta in dTábla 6.1.

[31] GCC. 2021b. *Paca MST.* Arna Rochtain: 28.07.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/SEA-Pack-2022.pdf

[32] GCC. 2015. *Roghanna Malartacha ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a Fhorbairt agus a Mheas* Arna Rochtain: 28.08.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/research/biodiversity/EPA-157_web.pdf

[33] GCC. 2023a. *Treoir maidir le Ráitis agus Monatóireacht MST.* Arna Rochtain: 28.08.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/guidance-on-sea-statements-and-monitoring.php

[34] GCC. 2019. *Integrating Climatic Factors into Strategic Environmental Assessment in Ireland - A Guidance Note;* Arna Rochtain: 25.09.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/EPA-SEA-Climatic-Factors-Guidance-Note.pdf

[35] GCC. 2020b. *Treoir Dhea-Chleachtais ar Mheasúnú Iarmhairtí Carnacha i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.* Arna Rochtain: 28.08.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/EPA-Good-Practice-Guidelines-SEA.pdf

[36] GCC. 2021c. *Taighde 391: Srathú na Measúnachta Timpeallachta – Tionchar na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Leibhéal Tionscadail.* Arna Rochtain: 28.09.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/research/epa-research-2030-reports/research-391-tiering-of-environmental-assessment--the-influence-of-strategic-environmental-assessment-on-project-level-environmental-impact-assessment.php#:~:text=Improving%20impact%20assessment%20tiering%20involves,revisited%20for%20each%20subsequent%20project.

**Tábla 6.1 Cuspóirí MST**

| Ábhar MST | Cuspóirí MST - maidir le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce Uisce Éireann |
|---|---|
| Timpeallacht Uisce | *Cáilíocht agus cainníocht an uisce*<br>Aibhneacha, lochanna, uiscí idirchriosacha agus cósta, agus screamhuisce a athbhunú agus a fheabhsú chun cuspóirí CTU, MSFD agus PBA a bhaint amach nuair is féidir, agus meath stádais a chosc, a mhéid a bhaineann sé le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce.<br>*Riosca i gcás tuilte*<br>Cosaint a thabhairt ar an riosca ó thuilte mar thoradh ar sholáthar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce agus, nuair is féidir, é a laghdú. |
| Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas (lena n-áirítear slatiascaireacht) | Fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus daonra a chosaint agus a thacú, lena n-áirítear soláthar tithíochta agus áineas, trí sholáthar iontaofa ar ardchaighdeáin uisce agus seirbhísí fuíolluisce. |
| Sláinte agus Folláine | Rochtain a fheabhsú ar sholáthar uisce ar ardchaighdeán agus ar sheirbhísí fuíolluisce lena n-áirítear uiscí snámha a chosaint. |
| Athrú Aeráide | *An t-athrú aeráide a mhaolú*<br>A laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa agus is féidir a chur amach trí éifeachtúlacht fuinnimh agus bearta a chuidíonn le spriocanna laghdaithe carbóin a bhaint amach, a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce.<br>*Oiriúnú d'athrú aeráide*<br>Bearta a thacaíonn le seasmhacht an athraithe aeráide a chur chun cinn don timpeallacht agus seasmhacht do sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce. |
| Bithéagsúlacht | Bithéagsúlacht talún, uisceach agus ithreach agus nascacht gnáthóg a chosaint agus a fheabhsú; go háirithe láithreáin Eorpacha agus láithreáin náisiúnta (lena n-áirítear láithreáin bheartaithe agus láithreáin iarrthóirí) agus le haghaidh speicis faoi chosaint agus chun gealltanais an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (PGB) náisiúnta agus PGB Uisce Éireann a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce. |
| Iascach | Iascach mara agus fíoruisce a chosaint lena n-áirítear uiscí sliogéisc, slite beatha gaolmhara agus sábháilteacht mar bhia don duine agus tacú le bearta a chuidíonn le hiascach agus aistear éisc/eascann a athchóiriú nó a fheabhsú i ndáil le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce. |
| Sócmhainní Ábhartha | *Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola*<br>Féachaint le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm ar fud na cinnteoireachta saolré maidir le hacmhainní agus dramhaíl lena n-áirítear úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola a íoslaghdú ó sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar a n-áirítear bainistiú sloda agus fuílleach.<br>*Úsáid sócmhainní*<br>A laghad cur isteach a dhéanamh ar shócmhainní ábhartha eile agus ar bhonneagar, úsáid na sócmhainní atá ann cheana a bharrfheabhsú agus tacú le cumas agus uasghrádú ar láithreáin agus ar shócmhainní atá ann cheana maidir le seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil. |

| Ábhar MST | Cuspóirí MST - maidir le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce Uisce Éireann |
|---|---|
| Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Tírdhreacha, bailedhreacha agus muirdhreacha ainmnithe agus luachmhara agus taitneamhacht amhairc a chosaint agus, nuair is féidir, cur le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce. |
| Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | Sócmhainní oidhreachta cultúrtha a chosaint maidir lena mbail, lena suíomhanna agus leis an rochtain atá orthu - lena n-áirítear láithreáin ainmnithe, láithreáin neamhainmnithe agus láithreáin ar ábhar spéise iad ó thaobh na seandálaíochta agus na hoidhreachta de (lena n-áirítear oidhreacht trastíre agus oidhreacht faoi uisce) a bhfuil baint acu le soláthar na seirbhísí uisce agus fuíolluisce. |
| Geolaíocht agus Ithreacha | Ithreacha agus láithreáin oidhreachta geolaíche a chosaint agus, cur le bainistiú feabhsaithe ar acmhainní ithreach aon áit a bhfuil seirbhísí uisce agus fuíolluisce á soláthar. |
| Cáilíocht Aeir | Feidhmíocht ar astaíochtaí bolaidh a fheabhsú, nuair is féidir, maidir le soláthar seirbhísí fuíolluisce |

## 6.2 Cur Chuige um Measúnacht MST

Áirítear leis an tuarascáil MST seo measúnú a dhéanamh ar an Dréacht-PSSU 2050 agus ar cuir chuige eile i gcoinne na SEOnna a sainaithníodh i dTábla 6.1.

Rinneadh achoimre ar an measúnacht trí mhaitrísí lena sainaithneofar an acmhainneacht le haghaidh éifeachtaí suntasacha i gcoinne gach SEO. Cuireadh nósanna imeachta pleanála agus cosaint reachtaíochta san áireamh sa mheasúnacht, ós rud é go gcuirfí chun feidhm iad beag beann ar an bpróiseas MST. Tabharfar tuairisc freisin ar an bhfianaise lenar cuireadh bonn eolais faoin mheasúnacht, mar aon leis an leibhéal cinnteachta.

Sainaithníodh moltaí maolaithe mar chuid den mheasúnacht chun na tionchair fhéideartha a sheachaint nó a laghdú nó chun cuidiú le cuspóirí a bhaint amach. Rinneadh measúnacht suntais a thaifeadadh agus maolú i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an dóigh a n-athróidh na hiarmhairtí i ndiaidh na moltaí maolaithe a chur i bhfeidhm agus chun measúnacht ar iarmhairtí iarmharacha a sholáthar.

Tá cur síos ar chineál ionchasach na n-n-iarmhairtí sin san áireamh. Mar shampla cé acu an bhfuil siad carnach, díreach/indíreach, gearrthéarmach/fadtéarmach, diúltach, dearfach, dearfach agus diúltach measctha nó neodrach., i gcomhréir le Sceideal 2, cuid (f) den Treoir MST agus Sceideal 2B de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (MST), 2004 (arna leasú).

I measc na dtograí sa Dréacht de PSSU 2050 a thabharfar aird orthu tá:

- An cur chuige foriomlán agus cuir chuige eile a ndearnadh machnamh orthu le linn an Dréachtphlean molta á fhorbairt;
- Measúnú ar thograí an Dréachtphlean lena n-áirítear:
    - Measúnú a dhéanamh agus moltaí a thabhairt maidir le conas is féidir cuspóirí PSSU 2050 a leasú chomh maith le gníomhartha nó bearta ar sainaithníodh iad mar mhodh chun iad a bhaint amach;
    - Measúnú comparáideach uileghabhálach ar an Dréachtphlean atá beartaithe agus na tograí go léir i gcomórtas le cás gan plean ar bith agus ag glacadh leis nach mbeidh aon nuashonrú ar PSSU reatha á gcur san áireamh;

- Measúnú ar thionchair charnacha PSSU 2050 a bheartaítear mar aon le pleananna agus cláir eile; agus
- Sainaithint beart maolaithe agus gníomhaíochtaí molta agus ceanglas monatóireachta do chur chun feidhme an phlean.

### 6.2.1 Measúnú ar Iarmhairtí Suntasacha

Bhí an measúnú ar na hiarmhairtí a bhfuiltear ag súil leo ó chur chun feidhme PSSU 2050 bunaithe ar bhreithiúnas teicniúil agus ar eolas faoi scéimeanna comhchosúla. Cinneadh suntasacht na n-iarmhairtí bunaithe ar íogaireacht an ghabhdóra agus scála an athraithe. Ag baint úsáid as an modh sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach athrú beag ag teastáil ó ghabhdóir íogair (amhail láithreán ainmnithe Eorpach) chun go measfar í mar éifeacht shuntasach.

Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh athrú níos mó tarlú i dtimpeallacht nach bhfuil chomh híogair agus mar sin d'fhéadfaí a mheas go bhfuil iarmhairt bheag nó nach bhfuil iarmhairt ar bith aige. D'fhéadfadh na hiarmhairtí a bheith tairbheach nó diúltach de réir mar a léirítear leis an dath agus leis na siombailí atá léirithe in alt 7.1. Rinneadh measúnú ar na hiarmhairtí sular aithníodh an maolú agus ina dhiaidh sin. Cuirtear san áireamh i méid na hiarmharta réamh-mheasta an dóchúlacht go dtarlóidh an iarmhairt, déine na hiarmharta agus an méid spáis (i.e. cé chomh mór a bheadh limistéar, nó mhéid an daonra) a rachfaí i gcion air.

## 6.3 Measúnú ar Roghanna Malartacha

Éilítear leis an Treoir MST go n-aithneofaí agus go gcuirfí síos leis an bpróiseas MST modhanna 'malartacha réasúnta' chun cuspóirí PSSU 2050 a bhaint amach. Sonraíonn sé faoi Airteagal 5(1):

*"I gcás ina bhfuil gá le measúnacht timpeallachta faoi Airteagal 3(1), ullmhófar tuarascáil timpeallachta ina ndéanfar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an timpeallacht tríd an bplean nó an clár a chur chun feidhme, mar aon leis na* ***roghanna malartacha réasúnacha****, ag cur san áireamh* ***cuspóirí*** *agus* ***raon feidhme geografach*** *an phlean nó an chláir, a shainaithint, a thuairisciú agus a mheas."*

Ní mór na cúiseanna le roghnú (a) na roghanna malartacha agus (b) an cur chuige roghnaithe don plean a dhoiciméadú, mar aon le tuairisc ar an gcaoi a ndearnadh an mheasúnacht seo ar roghanna malartacha.

## 6.4 Teorainneacha agus Toimhdí

Plean náisiúnta ardleibhéil is ea an Dréacht-PSSU 2050 lena leagtar síos an treo do phleananna íos-sraithe agus ní chuimsítear leis infheistíochtaí nó suíomhanna sonracha. Tá an measúnú ar chuir chuige mhalartacha, ar an bplean atá beartaithe agus ar an acmhainneacht le haghaidh iarmhairtí carnacha agus trasteorann ina measúnú ardleibhéil freisin agus tá sé bunaithe ar an dóigh a bhféadfadh gníomhaíochtaí beartaithe a sainaithníodh tacú le cuspóirí an MST nó teacht salach orthu. Tá sé mar aidhm le bearta maolaithe a sainaithníodh tacú le héifeachtaí tairbhiúla i dtéarmaí chuspóirí an MST a bhaint amach agus an riosca go mbeadh drochthionchar suntasach ann a sheachaint.

Táthar ag súil go dtabharfar faoi bhreithniú níos mionsonraithe ar na hiarmhairtí timpeallachta ar phleananna agus ar chláir íos-sraithe trí MST agus MC nuair is infheidhme agus freisin trí EIA agus MC ar leibhéal an tionscadail nuair is gá agus trí mheasúnachtaí timpeallachta dírithe go cuí i gcás nach bhfuil gá le measúnuithe reachtúla. Leis an measúnú glactar leis go gcuirtear bearta maolaithe dea-chleachtais i bhfeidhm.

# 7 Measúnú ar an PSSU 2050 agus ar na Roghanna Malartacha

## 7.1 Réamheolas

Tugadh faoi phróiseas atriallach chun an cur chuige is fearr atá beartaithe don Dréacht-PSSU 2050 a fhorbairt. Rinneadh é sin trí shraith ceardlanna inmheánacha a tionóladh leis na rannóga ar fud Uisce Éireann a chuirfidh an plean chun feidhme agus a sholáthróidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus gníomhaíochtaí tacaíochta. Sainaithníodh sna ceardlanna na cuspóirí agus na haidhmeanna straitéiseacha agus freisin na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun iad sin a bhaint amach.

Leis an MST, ní foláir go mbreithneofaí roghanna réasúnta eile chun cuspóirí an phlean a bhaint amach agus baineadh é sin amach trí gach ceann de na gníomhaíochtaí féideartha a sainaithníodh don Dréacht-PSSU 2050 a ghlacadh agus iad a thástáil i gcomparáid leis an méid seo a leanas:

- Leanúint leis an gcur chuige reatha - Gnó mar is Gnách (BAU) bunaithe ar an gcleachtas reatha lena n-áirítear cleachtas a bunaíodh le déanaí?
- An bhféadfaí níos lú a dhéanamh agus na riachtanais á gcomhlíonadh fós ach go mbeadh níos lú acmhainní i gceist - an méid is lú a dhéanamh?
- An bhféadfadh na gníomhaíochtaí dul níos faide chun spriocanna a bhaint amach níos luaithe nó dul níos faide leo?
- An bhféadfaí cuir chuige éagsúla a úsáid chun cuspóirí a bhaint amach mar atá á n-úsáid ag gníomhaireachtaí/comhlachtaí uisce eile

I go leor cásanna aithníodh go raibh leanúnachas gníomhaíochta sna roghanna malartacha go léir. Mar shampla, forbraíodh cuir chuige ón PSSU roimhe seo (2015) mar fhreagairt ar reachtaíocht atá ag athrú, ar bheartas agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus tá cleachtais nua tosaithe cheana féin a dtógfaí orthu trí ghníomhaíochtaí beartaithe PSSU 2050 agus a gcuirfí chun feidhmiú tríd na gníomhaíochtaí sin. Mar sin d'fhéadfaí breathnú ar na gníomhaíochtaí malartacha a breithníodh mar ghníomhaíochtaí ar scála aistritheach ón méid is lú a dhéanamh, go dtí Gnó mar is Gnách, agus an dóigh á léiriú ar forbraíodh cleachtas laistigh d'Uisce Éireann lena n-áirítear, mar shampla, foilsiú an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (PNAU) in 2023, agus raon de thionscnaimh nua ar cuireadh tús leo le déanaí. I gcás go leor de na gníomhaíochtaí, sainaithníodh scóip chun tógáil tuilleadh air sin don Dréacht-PSSU 2050 chun an fhís agus na dúshláin atá romhainn a chomhlíonadh. Rinneadh iniúchadh freisin ar an scóip le dul níos faide nó cuir chuige éagsúla a bhreithniú.

Tá Uisce Éireann forbartha agus tagtha chun cinn go mór ó PSSU 2015 agus mar sin, faoi roinnt gníomhaíochtaí tá an Gnó mar is Gnách ag teacht go mór leis an PSSU 2050 nó ina chuspóir dó, mar shampla, sa spás um chomhlíonadh uisce óil ceanglófar le ceanglais reachtacha nua go ndéanfar infheistíocht shuntasach agus gníomhaíochtaí suntasacha. Bheadh Uisce Éireann ag tabhairt faoi seo mar chuid dá BAU (Gnó Mar is Gnách). Bheadh bearta eile i nDréacht-PSSU 2050 ag dul thar na ceanglais reachtacha agus thar chur i bhfeidhm na bpleananna reatha, agus léirítear é seo sna measúnuithe.

Breithníodh na roghanna malartacha atá beartaithe ar dtús i dtéarmaí an bhféadfadh siad a bheith ina roghanna malartacha réasúnta ag an gcéim seo chun cuspóirí an phlean a bhaint amach. Níor breithníodh an rogha mhalartach 'an méid is lú a dhéanamh' le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí mar gur céim siar ón BAU a bhí ann in a lán cásanna agus ní chomhlíonfadh sé cuspóirí plean nó ceanglais reachtacha nó ní bheadh i gceist leis na pleananna reatha a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, níor breithníodh an rogha malartach 'an méid is lú a dhéanamh' ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí ina bhféadfadh sé a bheith indéanta agus an creat dlíthiúil reatha á chomhlíonadh. I gcásanna áirithe, cé gur aithníodh gníomhaíochtaí chun dul níos faide agus níos mó a dhéanamh agus cuir chuige éagsúla mar chuir chuige a d'fhéadfadh a bheith tairbheach, úsáideadh iad seo trí phlé atriallach chun cabhrú le gníomhaíochtaí PSSU

2050 a shoiléiriú agus a fhorbairt. I roinnt cásanna, níor measadh go raibh na roghanna malartacha a sainaithníodh indéanta gan céimeanna beartaithe PSSU 2050 a ghlacadh agus a leabú ar dtús, nó cúiseanna eile amhail bheith ag brath ar pháirtithe seachtracha chun iad a thabhairt ar aghaidh. In a lán cásanna, áfach, d'aithin an próiseas gníomhaíochtaí a bhféadfaí breathnú orthu arís agus tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu trí atriallta plean níos déanaí agus measadh go raibh siad úsáideach chun ardú mar chuid den chur chuige réamhbhreathnaitheach.

Aithníodh na cúig phríomhrogha malartacha mar seo a leanas:

**Rogha Mhalartach 0:** 'An méid is lú a dhéanamh' maidir le gníomhaíochtaí lena bhfeadfadh ceanglais reachtaíochta reatha a chomhlíonadh.

**Rogha Mhalartach 1:** BAU: Leanúint leis an gcur chuige reatha - bheadh pleananna reatha a chur i bhfeidhm agus ceanglais reachtaíochta a chomhlíonadh i gceist.

**Rogha Mhalartach 2:** Gnó mar is Gnách+ : An cur chuige atá molta ionas go gcomhlíonfar cuspóirí an phlean le PSSU 2050 - déantar forbairt leis sin ar ghníomhaíochtaí Ghnó mar is Gnách.

**Rogha Mhalartach 3:** PSSU 2050 +: Níos mó a dhéanamh, nó spriocanna a bhaint amach níos tapúla ná an PSSU 2050 atá beartaithe.

**Rogha Mhalartach 4:** Difriúil: Cur chuige difriúil le PSSU 2050 atá beartaithe a ghlacadh.

Sainmhíníodh na roghanna malartacha do gach gníomhaíocht agus i gcás nár sainaithníodh aon rogha réasúnta eile rinneadh é sin a thaifeadadh freisin.

Tá achoimre déanta i gcodanna 7.2 go 7.6 thíos ar an measúnú a rinneadh ar na haidhmeanna agus na gníomhaíochtaí i gcoinne na gcuspóirí MST faoi gach ceann de na ceithre chuspóir PSSU 2050. Ina measc seo tá táblaí measúnaithe do gach gníomhaíocht i gcoinne na gcuspóirí MST.

Tá an scóráil measúnaithe a cuireadh i bhfeidhm do na gníomhaíochtaí agus do na roghanna malartacha ar fáil thíos:

| Cur síos ar Chomparáid na hiarmharta | Scór na hiarmharta | Cur síos ar Chomparáid na hiarmharta | Scór na hiarmharta |
|---|---|---|---|
| Is dócha go gcuirfidh cur chuige/rogha eile plean go mór le SEOnna nó go gcuirfí feabhas mór leis ar an dóchúlacht go soláthrófar iarmhairtí dearfacha agus go laghdófar an baol go mbeidh drochthionchar aige. | ++ | D'fhéadfadh an cur chuige/rogha eile plean teacht salach níos mó SEOnna nó an baol a bhaineann le drochthionchar a mhéadú. | - |
| D'fhéadfadh cur chuige/rogha eile plean cur go dearfach le SEOnna nó feabhas a chur ar an dóchúlacht go soláthrófar iarmhairtí dearfacha agus go laghdófar an baol go mbeidh drochthionchar aige. | + | D'fhéadfadh cur chuige/rogha mhalartach an phlean teacht salach níos mó ar SEOnna nó d'fhéadfadh an baol a bhaineann le drochthionchar a mhéadú. | - - |
| Níl aon difríocht inaitheanta ag cur chuige/rogha eile plean le roghanna malartacha maidir le rannchuidiú nó coinbhleacht iarbhír nó ionchasach le SEOnna nó riosca éifeachtaí.<br>Nó tá an toradh ró-éiginnte ag an gcéim seo chun a léiriú conas a thacófar le Cuspóirí MST. | 0/? | D'fhéadfadh cur chuige/rogha mhalartach an phlean iarmhairtí measctha a sholáthar a chuirfeadh go dearfach agus go diúltach le SEOnna nó maidir leis an dóchúlacht go soláthrófaí iarmhairtí tairbhiúla nó an baol go mbeadh iarmhairtí díobhálacha ann. | +/- |

## 7.2 Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa

Aithnítear leis an Dréacht-PSSU 2050 thar an tréimhse go dtí 2050, leis na saincheisteanna amhail an t-athrú aeráide, fás daonra agus athruithe ar abhantracha, go gcruthófar dúshláin dheacra nach mór iad a bhainistiú go héifeachtach chun leanúint ar aghaidh ag soláthar uisce óil atá sábháilte agus iontaofa. Le fás daonra, méadófar an t-éileamh ar sholáthairtí uisce agus forbairt foinsí nua. Leis an athrú aeráide, méadófar minicíocht agus fad triomaigh, rud a laghdóidh infhaighteacht soláthairtí. Leis an athrú aeráide freisin, méadófar an baol tuilte de bharr báisteach níos déine. Le reachtaíocht nua, mar shampla, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Na Rialacháin maidir le hUisce Óil), 2023 agus an tAcht um Chomhshaol Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), 2022 (an tAcht Astógálacha), éileofar monatóireacht mhéadaithe, measúnú riosca cóireála agus soláthar bonneagair chóireála nua. I mí na Nollaig 2023, chuir Uisce Éireann an chéad Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) d'Éirinn i gcrích. Leagtar amach sa PNAU an dóigh a bhfaighfear cothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh ar uisce óil thar an ngearrthéarma, thar an meántéarma agus thar an bhfadtéarma. Achoimrítear ann an cur chuige maidir le soláthar uisce atá sábháilte, inbhuanaithe, slán agus iontaofa a sholáthar dár gcustaiméirí go ceann 25 bliain. Tá trí cholún sa chur chuige sin: Caillteanais a Laghdú, Úsáid a Laghdú agus Soláthar Níos Cliste.

Sonraítear i gcuspóir 1 sa Dréacht-PSSU 2050:

**Dréacht-PSSU 2050 Cuspóir 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa**

***Cinntímid go bhfuil cáilíocht ár soláthairtí uisce sábháilte, agus soláthraímid seirbhís uisce ar féidir le custaiméirí, pobail, agus an geilleagar i gcoitinne brath air.***

Faoin gcuspóir sin, sainaithnítear sa Dréacht-PSSU 2050 trí aidhm straitéiseacha lena mbaineann naoi ngníomhaíocht chun iad a bhaint amach:

**Aidhm straitéiseach 1:** Uisce Óil Sábháilte - Déanfaidh Uisce Éireann sábháilteacht agus cáilíocht uisce óil a bhainistiú ón bhfoinse go dtí an sconna d'fhonn sláinte an duine a chosaint.

**Aidhm straitéiseach 2:** Soláthar Uisce Iontaofa - Cuirfidh Uisce Éireann feabhas ar a sócmhainní agus a bhfoinsí chun a áirithiú go bhfuil ár soláthairtí láidir go leor chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí ag an leibhéal seirbhíse cuspóra.

**Aidhm straitéiseach 3:** Acmhainní luachmhara a chaomhnú - Bainfidh Uisce Éireann an brú d'acmhainní trí sceitheadh a laghdú agus trí chabhrú lenár gcustaiméirí uisce a chaomhnú.

Breithnítear roghanna malartacha agus gníomhaíochtaí beartaithe PSSU 2050 sna codanna thíos i gcoinne na gcuspóirí MST.

### 7.2.1 Roghanna Malartacha a Breithníodh do Gach Gníomhaíocht

Tá achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí tugtha in dTábla 7.1 thíos.

**Tábla 7.1 Achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí**

| Roghanna Malartacha a Measadh | | Rogha Mhalartach 0: an Méid is Lú a Dhéanamh | Rogha Mhalartach 1: Lean leis an gcur chuige reatha 'Gnó Mar is Gnách' | Rogha Mhalartach 2: BAU+ (PSSU 2050) atá beartaithe | Rogha Mhalartach 3: Déan níos mó / níos tapúla (PSSU 2050+) | Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil le PSSU 2050 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tagairt Ghníom haíochta** | **Ceannteideal Gníomhaíochta** | | | | | |
| **Aidhm Straitéiseach 1: Uisce óil sábháilte a chinntiú** | | | | | | |
| **Gníomh aíocht 1.1** | Rioscaí a bhainistiú | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Gníomh aíocht 1.2** | DWD agus rialachain eile a chomhlíonadh | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomh aíocht 1.3** | Cosaint foinse a chur chun cinn | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Cuspóir Straitéiseach 2: Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh** | | | | | | |
| **Gníomh aíocht 1.4** | An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomh aíocht 1.5** | Pleananna teagmhais | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomh aíocht 1.6** | Athléimneacht oibriúcháin a fheabhsú | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú** | | | | | | |
| **Gníomh aíocht 1.7** | Bearta caomhnaithe uisce | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomh aíocht 1.8** | Maoirseacht uisce | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | ✓ |
| **Gníomh aíocht 1.9** | Laghdú ligin | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |

## 7.2.2 Aidhm Straitéiseach 1

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

### Aidhm Straitéiseach 1: MST

| Aidhm Straitéiseach 1: Uisce óil sábháilte a chinntiú | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 1.1** | **Rioscaí a bhainistiú** - Tabhairt faoi mheasúnuithe riosca inár soláthairtí go léir agus bearta cuí a chur chun feidhme chun riosca a bhainistiú. |
| **Gníomhaíocht 1.2** | **An Treoir maidir le hUisce Óil agus ceanglais reachtúla eile a chomhlíonadh** - Cloí leis an Treoir maidir le hUisce Óil agus le ceanglais reachtúla eile a bhaineann le cáilíocht uisce óil. |
| **Gníomhaíocht 1.3** | **Tacú le bearta cosanta foinse** – Bearta bainistíochta abhantraí a chomhordú agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe chun caighdeán an uisce ag an bhfoinse a fheabhsú. |

Ba iad seo a leanas na roghanna malartacha a measúnaíodh d'Aidhm Straitéiseach 1:

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** Níor sainaithníodh aon roghanna malartacha 'an méid is lú a dhéanamh' do na gníomhaíochtaí laistigh d'Aidhm Straitéiseach 1 toisc nach gcomhlíonfadh siad seo na ceanglais reachtúla.

**Rogha Mhalartach 1: Gnó mar is Gnách** Tugann Uisce Éireann tús áite do fhreastal ar riachtanas na Treorach maidir le hUisce Óil agus cáilíocht uisce shábháilte a áirithiú do chustaiméirí. Mar a tuairiscíodh i dtuarascáil an GCC 2022, bhí rátaí comhlíonta Uisce Éireann le micrea-pharaiméadair, le paraiméadair cheimiceacha agus le paraiméadair tháscairí os cionn 99%. Ina theannta sin, leanfaidh Uisce Éireann de mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le luaidhe sa chóras dáileacháin agus aghaidh a thabhairt orthu, agus de thionscnaimh a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh na n-ábhar truaillithe sainaitheanta amhail tríhalaimeatáin (THManna), lotnaidicídí agus mangainéis.

Tá Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓnna) agus Pleananna Bainistíochta Sócmhainní (AMPanna) tosaithe ag Uisce Éireann. Cuimsíonn an cur chuige an cosán sleamhnaithe faoi na Rialacháin um Uisce Óil chun PSUÓnna a ullmhú do gach soláthar thar thairseach áirithe – ní mór an measúnú riosca agus bainistíocht an dobharcheantair a bheith críochnaithe faoi mhí Iúil 2027 agus ní mór measúnú riosca ar an gcóras soláthair agus ar na córais dáileacháin tí a bheith críochnaithe faoi mhí Eanáir 2029. Tá Uisce Éireann tiomanta do riachtanais na Rialachán um Uisce Óil a chomhlíonadh agus beidh gá le hiarrachtaí suntasacha, costais agus acmhainní, lena n-áirítear monatóireacht mhéadaithe agus áiseanna nua saotharlainne.

Tá cosaint foinse agus bainistíocht dobharcheantair curtha i bhfeidhm ag Uisce Éireann do roinnt saincheisteanna sonracha agus d'éirigh leo siúd mar shampla maidir le bainistiú lotnaidicídí. Teastóidh comhoibriú agus gníomhaíochtaí ag tríú páirtithe chun an measúnú riosca agus an bhainistíocht riosca a chur i bhfeidhm go hiomlán, go háirithe maidir le dobharcheantair.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Maidir le Gníomhaíochtaí 1.1 agus 1.2, tógann BAU + ar thionscnaimh a tosaíodh mar chuid den BAU reatha agus déanfar iad sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme i rith na tréimhse sin mar chuid de chomhlíonadh na Treorach athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil agus reachtaíochta gaolmhaire, agus cur chuige réamhghníomhach agus iomlánaíoch á ghlacadh ag cur san áireamh tionchar cháilíocht an chomhshaoil níos leithne ar riosca uisce óil. I gcomhréir leis an mbéim sa Treoir maidir le hUisce Óil ar chur chuige rioscabhunaithe, forbróidh Uisce Éireann ár gcláir mhonatóireachta chun dul níos faide ná na gnéithe comhlíontachta. Ionchorpróidh siad clár monatóireachta oibriúcháin atá deartha chun sonraí fíor-ama a sholáthar maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus saincheisteanna cáilíochta uisce. Tá Uisce Éireann rannpháirteach go hiomlán i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fad chun an TUÓ athmhúnlaithe a sholáthar. Maidir le Gníomh 1.3, cuirfidh BAU+ Uisce Éireann leis na gníomhaíochtaí bainistithe abhantraigh atá ann cheana féin.

Bainistíocht dobharcheantair a chomhordú agus go háirithe úsáid a bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe chun cáilíocht uisce óil a fheabhsú nuair is cuí.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Sainaithníodh gníomhaíochtaí breise féideartha do Ghníomhaíochtaí 1.2 agus 1.3 chun dul chun cinn nua teicneolaíochta agus córais níos cliste a úsáid chun sonraí a bhainistiú agus chun páirt a thabhairt do ghníomhaireachtaí eile agus tacú leo i mbainistíocht abhantrach níos leithne a bheadh ag brath, áfach, ar ghníomhaíochtaí rialála eile agus ar fhaomhadh maoiniúcháin.

Tá achoimre ar an measúnú i dTábla 7.2 thíos.

**Tábla 7.2 Aidhm Straitéiseach 1 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 1: Uisce óil sábháilte a chinntiú | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh (Diúltaithe)** | **1.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **1.2** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **1.3** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **1.1** | + | 0 | + | + | +/- | + | + | + | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **1.2** | + | 0 | + | + | +/- | + | + | + | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **1.3** | + | 0 | + | + | 0 | + | + | + | + | 0 | + | 0 | + | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **1.1** | + | 0 | ++ | ++ | +/- | + | + | + | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **1.2** | + | 0 | ++ | ++ | +/- | + | + | + | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **1.3** | ++ | 0 | ++ | ++ | + | + | + | + | + | + | + | 0 | + | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **1.1** | + | 0 | ++ | ++ | +/- | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **1.2** | + | 0 | ++ | ++ | +/- | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **1.3** | ++ | 0 | ++ | ++ | + | + | ++ | ++ | + | + | + | 0 | + | 0 |
| **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil (Diúltaithe)** | **1.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **1.2** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **1.3** | | | | | | | | | | | | | | |

### Achoimre ar an measúnacht le haghaidh Aidhm Straitéiseach 1

Maidir le Rogha Mhalartach 1, áiríonn an cur chuige reatha chun freastal ar riachtanais treoracha reatha agus nua maidir le huisce óil cur i bhfeidhm na bpleananna riachtanacha agus tugann sé tacaíocht dhearfach do Chuspóirí MST um Uisce, Daonra agus Sláinte, Oiriúnú Aeráide agus Bithéagsúlacht. Beidh acmhainní breise i gceist lena seachadadh agus mar sin is féidir baint a bheith aige le húsáid fuinnimh agus ábhar, mar shampla chun feabhas a chur ar chóireáil uisce, ach tá sé seo bunaithe go mór ar úsáid agus uasghrádú an ghréasáin sócmhainní atá ann faoi láthair agus, mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh torthaí diúltacha agus dearfacha ann maidir le Cuspóirí MST. Táthar ag súil go dtacóidh na bearta cosanta foinse freisin le Cuspóirí MST maidir le hUisce, Bithéagsúlacht agus Iascaigh, agus d'fhéadfadh tairbhí a bheith ag baint le bearta dobharcheantair níos leithne do Chuspóirí MST i ndáil le Tírdhreach agus Ithreacha.

Is féidir le Rogha Mhalartach 2, trí thógáil ar an BAU agus cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh agus dul thar na ceanglais chomhlíonta, tacaíocht bhreise a sholáthar do Chuspóirí MST um Dhaonra agus Sláinte agus tairbhí nasctha leis sin freisin d'Uisce, Bithéagsúlacht, Iascaigh agus cuspóirí Sócmhainní Ábhartha. Tá Rogha Mhalartach 3 cosúil leis sin ach d'fhéadfadh buntáistí breise a bheith leis a thacóidh le cuspóirí MST do Ghníomhaíochtaí 1.2 agus 1.3 ó úsáid na teicneolaíochta nua agus bunaithe ar chomhoibriú agus cur chun feidhme níos leithne maidir le bainistíocht dobharcheantar. Mar sin féin, níl na cuir chuige oibre teicneolaíochta agus comhpháirtíochta a theastaíonn maidir le Rogha Mhalartach 3 ar fáil go fóill nó tá siad lasmuigh de raon feidhme freagrachtaí Uisce Éireann faoi láthair agus ní féidir iad a thabhairt ar aghaidh. D'fhéadfaí iad seo a bhreithniú tuilleadh, áfach, mar dheiseanna le forbairt a dhéanamh le haghaidh atriallta PSSU amach anseo.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU+ ar aghaidh i nDréacht-PSSU 2050 le haghaidh Gníomhaíochtaí 1.1, 1.2 agus 1.3.***

### Maolú agus Feabhsú

Is iad na príomhbhearta chun tacú le cuspóirí MST cuspóirí bonnlíne timpeallachta agus cáilíochta a chur san áireamh sa mheasúnú ar riosca maidir le foinsí agus sócmhainní. Treoir agus próisis a fhorbairt a úsáidtear chun réitigh riosca a shainaithint chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ábhartha, bearta bainistíochta dobharcheantair níos leithne agus réitigh dhúlrabhunaithe a bhreithniú nuair is cuí.

## 7.2.3 Aidhm Straitéiseach 2

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

### Cuspóir Straitéiseach 2: MST

| **Cuspóir Straitéiseach 2: Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh** | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 1.4** | **An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce** - Ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce a chur chun feidhme agus leanúint lena athbhreithniú, rud a sholáthróidh feabhsuithe ar bhonneagar soláthair uisce chun soláthairtí seasmhacha a chinntiú amach anseo. |
| **Gníomhaíocht 1.5** | **Pleananna teagmhais** - Pleananna teagmhais a fhorbairt chun iontaofacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú. |
| **Gníomhaíocht 1.6** | **Seasmhacht oibriúcháin a fheabhsú** - Feabhas a chur ar sheasmhacht oibriúcháin trí bhearta coisctheacha agus próisis fheabhsaithe i dtaobh freagairt teagmhais a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |

Ba iad seo a leanas na roghanna malartacha a measúnaíodh d'Aidhm Straitéiseach 2:

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** Níor sainaithníodh aon roghanna malartacha 'an méid is lú a dhéanamh' do na gníomhaíochtaí laistigh d'Aidhm Straitéiseach 2 toisc nach gcomhlíonfadh siad sin ceanglais reachtaíochta ná cuspóirí an phlean.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Do Ghníomh 1.4, áirítear leis sin cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) agus athbhreithniú leanúnach air chun soláthar uisce a fheabhsú chun seirbhísí athléimneacha agus láidre a sholáthar sna 25 bliana atá amach romhainn. Tá cur i bhfeidhm an PNAU faoi réir cheadú rialála agus maoinithe freisin. Faoi láthair, maidir le Gníomhaíocht 1.5, tá creat á fhorbairt le haghaidh pleananna teagmhasacha lena n-áirítear triomaigh agus imeachtaí drochaimsire eile a bhainistiú, ach níl sé ina chleachtas gnó go fóill. Maidir le Gníomhaíocht 1.6, tá bearta i bhfeidhm faoi láthair chun feabhas a chur ar mhonatóireacht agus chun clár cothabhála bunaithe níos mó ar riosca a sholáthar.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Le haghaidh Ghníomh 1.4, tá tiomantas sa BAU cheana féin chun an PNAU a sheachadadh agus a athbhreithniú chun feabhas a chur ar an tuiscint ar rioscaí le sonraí níos fearr maidir le soláthar uisce agus bainistíocht ar thaobh an éilimh i gcoinne dúshláin atá ag teacht chun cinn. Áiríonn BAU+ freisin tabhairt faoi thaighde ar athrú aeráide ar sholáthar agus éileamh chun pleanáil fhadtéarmach a fheabhsú. Maidir le Gníomh 1.5 agus Gníomh 1.6, áirítear le BAU+ forbairt agus cur chun feidhme pleananna teagmhasacha agus feabhsú ar athléimneacht oibriúcháin. Tá pleananna triomaigh á bhforbairt ag Uisce Éireann faoi láthair do sholáthairtí a aithníodh a bheith i mbaol agus spriocdháta críochnaithe de 2030 leo siúd, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag forbairt pleananna teagmhasacha chun aghaidh a thabhairt ar chásanna éagsúla amhail tionchair aimsir an gheimhridh a d'fhéadfadh pléasctha píopaí a bheith mar thoradh orthu (mar gheall ar theagmhais coscairt is reo), éilliú cháilíocht an uisce mar thoradh ar stoirmeacha diana, agus bristeacha cumhachta. Áireoidh sé seo athbhreithniú ar riosca tuilte agus drochaimsire do shócmhainní.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** - Chuirfeadh sé sin tuilleadh le Rogha Mhalartach 2 do Ghníomhaíochtaí 1.4, 1.5 agus 1.6 trí shásraí éagsúla a shainaithint chun mórthionscadail chaipitil a mhaoiniú, chun infheistíocht a chur in ord tosaíochta agus chun ardleibhéil seirbhíse a sholáthar agus oibriú le cuir chuige samhaltaithe fíor-ama comhpháirtithe seachtracha chun bonn eolais a chur faoi spriocdhíriú ar monatóireacht ar thriomach.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.3 thíos.

**Tábla 7.3 Aidhm Straitéiseach 2 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Cuspóir Straitéiseach 2: Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Roghanna Malartacha | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh (Diúltaithe)** | 1.4 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 1.5 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 1.6 | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | 1.4 | ++ | 0 | ++ | ++ | +/- | ++ | ++ | ++ | + | + | +/- | +/- | +/- | 0 |
| | 1.5 | + | 0 | + | + | +/- | + | - | - | - | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.6 | + | +/- | + | + | +/- | + | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | 1.4 | ++ | 0 | ++ | ++ | +/- | ++ | ++ | ++ | + | ++ | +/- | +/- | +/- | 0 |
| | 1.5 | +/- | + | ++ | ++ | +/- | ++ | +/- | +/- | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.6 | ++ | + | ++ | ++ | +/- | ++ | ++ | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | 1.4 | ++ | 0 | ++ | ++ | +/- | ++ | ++ | ++ | + | ++ | +/- | +/- | +/- | 0 |
| | 1.5 | ++ | + | ++ | ++ | +/- | ++ | + | + | + | ++ | +/- | 0 | 0 | 0 |
| | 1.6 | ++ | + | ++ | ++ | +/- | ++ | ++ | ++ | + | ++ | +/- | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil (Diúltaithe)** | 1.4 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 1.5 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 1.6 | | | | | | | | | | | | | | |

### Achoimre ar an measúnacht le haghaidh Aidhm Straitéiseach 2

Leanann Rogha Mhalartach 1 leis na cuir chuige reatha lena n-áirítear tús le próiseas infheistíochta soláthair uisce an PNAU a rolladh amach mar a shainaithnítear i nGníomhaíocht 1.4. Bhí an PNAU faoi réir MST agus MC agus aithníodh bearta maolaithe. Tá próiseas i bhfeidhm agus tá sé geallta monatóireacht a dhéanamh orthu sin agus, dá bhrí sin, ní luaitear iad sin arís anseo. Maidir le Gníomhaíochtaí 1.5 agus 1.6, tá roinnt astarraingtí ann cheana féin lena bhféadfaí brú a chur ar acmhainní uisce agus ar na gnáthóga gaolmhara, go háirithe le linn triomaigh. Le Rogha Mhalartach 2, gealltar feabhas a chur ar an bpleanáil le haghaidh teagmhas foircneach agus athléimneacht an tsoláthair, a thacaíonn tuilleadh le cuspóirí MST a bhaineann le hiontaofacht an tsoláthair uisce a fheabhsú agus an timpeallacht uisce agus bithéagsúlacht a fheabhsú freisin. D'fhéadfadh sé sin an nascacht líonra a fheabhsú agus ligean d'úsáid mhéadaithe as foinsí níos athléimní chomh maith le bainistiú éilimh le linn teagmhas foircneach. D'fhéadfadh Rogha 3 tacaíocht bhreise a thabhairt maidir le roinnt cuspóirí MST a bhaint amach agus bonn a sholáthar le haghaidh tosaíochta agus éifeachtúlacht acmhainní laistigh de shrianta maoinithe bainistíochta soláthair uisce, ach dá dtiocfadh laghdú ar acmhainní i dtaca le gníomhaíochtaí eile a sheachadadh mar fheabhsuithe ar an tseirbhís fuíolluisce d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith mar thoradh air sin i ndáil le cuspóirí an MST a chomhlíonadh ar an iomlán. Mar sin féin, níl an cur chuige maoinithe seo agus an t-eolas teicneolaíochta agus comhpháirtíochta ar fáil faoi láthair cé go bhféadfaí breathnú níos mó orthu in atriallta an phlean amach anseo laistigh de sholáthar maoinithe cothromaithe.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU+ ar aghaidh i nDréacht-PSSU 2050 le haghaidh Ghníomh 1.4, Ghníomh 1.5 agus Ghníomh 1.6.***

### Cuspóir Straitéiseach 2: Maolú agus Feabhsú

Tá bearta maolaithe agus monatóireachta PNAU sainaitheanta cheana féin agus tá siad ina gcuid den chlár cur chun feidhme. Áirítear ar na bearta sin maolú ar astuithe carbóin agus ar éifeachtaí ó thógáil agus oibriú bonneagair. I measc na mbeart breise a mholtar tá pleanáil triomaigh agus teagmhais agus bearta athléimneachta oibriúcháin a áirithiú, agus srianta agus cuspóirí timpeallachta a chur san áireamh chun brú ar fhoinsí agus ar ghnáthóga leochaileacha a laghdú. Tugtar aghaidh ar bhearta chun tacú le spriocanna um athrú aeráide a bhaint amach maidir le hastuithe carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh trí ghníomhaíochtaí a thacaíonn le Cuspóir Straitéiseach 4.

## 7.2.4 Aidhm Straitéiseach 3

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

### Aidhm Straitéiseach 3: MST

| **Aidhm Straitéiseach 3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú** | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 1.7** | **Bearta caomhnaithe uisce** - Níos lú uisce a úsáid trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cabhrú le custaiméirí an méid uisce a úsáideann siad a laghdú. |
| **Gníomhaíocht 1.8** | **Clár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a chur chun feidhme** - Níos lú uisce a úsáid tríd ang Clár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |
| **Gníomhaíocht 1.9** | **Laghdú sceite a sheachadadh** - Níos lú uisce a chailleadh trí laghdú sceite a sheachadadh. |

Ba iad seo a leanas na roghanna malartacha a measúnaíodh maidir le haidhm straitéiseach 3:

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** Sainaithníodh gníomhaíochtaí 'an méid is lú a dhéanamh' i bhfianaise nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin riachtanach faoi cheanglais reachtacha ar leith. Bheadh i gceist leo sin gan leanúint ar aghaidh leis na cláir reatha.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Tá réimse cláir chaomhnaithe uisce i bhfeidhm ag Uisce Éireann a thacaíonn le haidhmeanna 'úsáid a laghdú' lena n-áirítear na cláir um Maoirseacht Uisce agus um Scoileanna Glasa. Tacaíonn cur chuige comhtháite ilchainéil leis na tionscnaimh sin lena n-áirítear rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus na meán. Aithníonn Uisce Éireann, bunaithe ar a dtaighde féin, go bhfuil gá le hathrú meoin agus iompair a spreagadh tuilleadh maidir le caomhnú uisce. Is gnách go ndíríonn na feachtais chaomhnaithe reatha ar thréimhsí ganntanas uisce agus ar chustaiméirí nach custaiméirí tí iad.

Tá Clár Náisiúnta um Laghdú Sceite ar siúl go leanúnach, atá ailínithe le haidhmeanna PNAU 'caillteanas a laghdú', lena n-áirítear bearta amhail brú a bhainistiú, sceitheadh a rialú go gníomhach agus an tionscnamh 'First Fix Free', chun dul i ngleic le sceitheadh laistigh de theorainneacha réadmhaoine tí, Limistéir Mhéadair Cheantair (DMAnna) a chur ar bun, chun an sreabhadh isteach i limistéir bheaga a thomhas chun monatóireacht a dhéanamh ar shreafaí neamhghnácha agus sceitheanna a bhrath, seanmhéadair a athsholáthar agus méadair nua a shuiteáil chun tuiscint níos fearr a fháil ar shreabhadh agus dáileadh uisce sna líonraí. Trí nuálaíocht a úsáid chun sceitheadh a laghdú go héifeachtach ó thaobh costais de, agus an Córas Bainistíochta Sceite (LMS) a úsáid, éascaítear measúnú aonfhoirmeach ar threochtaí sceite ar fud an líonra. Is éard atá i gceist iarrachtaí leanúnacha chun an córas a leabú agus a chalabrú agus iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí fuaimiúla agus córais faisnéise atá ag teacht chun cinn le haghaidh gníomhaíochtaí i dtaobh rialú gníomhach sceite barrfheabhsaithe.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Tógann sé sin ar an BAU chun aghaidh a thabhairt ar an acmhainneacht tacú tuilleadh leis na haidhmeanna i ndáil le níos lú uisce a úsáid trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cabhrú le custaiméirí a n-úsáid a laghdú trí Chlár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus trí laghdú feabhsaithe sceite a sheachadadh. Áirítear le BAU+ tionscnaimh bhreise chun caomhnú uisce a chur chun cinn agus chun éileamh a bhainistiú thar gach grúpa custaiméirí agus thar gach cineál úsáide uisce. Tógfaidh an Straitéis Caomhnaithe Uisce ar chumas um Anailísiú Éilimh ag Uisce Éireann chun tuiscint níos fearr a fháil ar an bpróifíl éilimh agus déanfar modheolaíocht a bhunú leis an straitéis chun na bearta is oiriúnaí i gcaomhnú uisce a chur i bhfeidhm i gcúinsí ar leith ina mbeidh an tionchar is mó acu. Leanfaidh Uisce Éireann d'infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht, lena n-áirítear córais nua-aimseartha um méadrú agus um léamh méadar, chun na sonraí a sholáthar do chustaiméirí a thacóidh le cur chuige inbhuanaithe maidir le caomhnú uisce. Déanfaidh Uisce Éireann iniúchadh ar dheiseanna nua i gcónaí i ndáil le Bailiú Uisce Báistí agus Úsáid Ciorclach Uisce, atá comhlántach le réitigh dhúlra-bhunaithe do bhainistiú uisce stoirme. Tacófar le hardú feasachta an phobail ar luach na n-acmhainní uisce agus ar thairbhí na seirbhísí uisce do chustaiméirí, do phobail, don chomhshaol agus don gheilleagar trí infheistíocht leanúnach i ngníomhaíocht chumarsáide ardphróifíle trí chur chuige ilchainéil in éineacht le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus na meán.

Rachaidh Uisce Éireann i dteagmháil le páirtithe leasmhara eile atá gníomhach i réimse an chaomhnaithe uisce agus féachfaidh sé le comhoibriú chun comhchuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear an grúpa oibre náisiúnta um chaomhnú uisce a bhunófar faoi Chuspóir 3 den Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce 2024 go 2030.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Cuireann sé le Rogha Mhalartach 2 do Ghníomhaíocht 1.7 chun oibriú le lucht déanta beartas chun sainordú/tacaíocht a thabhairt d'fhoirgnimh éifeachtúlachta uisce agus do scéimeanna lipéadaithe fearas. Freisin, déan obair/ taighde An Fóram Uisce a threisiú sa réimse seo.

**Rogha Mhalartach 4: Difriúil** Cuirtear le Rogha Mhalartach 2 do Ghníomhaíocht 1.8 don chlár Maoirseachta Uisce chun struchtúr taraife neamhbhaile a úsáid lena mbaineann táillí laghdaithe dóibh siúd a léiríonn go bhfuil bearta laghdaithe uisce suntasacha curtha chun feidhme acu. Moladh go n-

éileoidh lucht déanta beartas nó údaráis rialála ar gach gnólacht nua bailiú báistí a shuiteáil mar chuid dá bpróiseas deartha.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.4 thíos.

**Tábla 7.4 Aidhm Straitéiseach 3 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomh aíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha - seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh | 1.7 | - | 0 | - | - | - | - | - | - | - | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.8 | - | 0 | - | - | - | - | - | - | - | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.9 | -- | 0 | - | - | - | - | - | - | - | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Rogha Mhalartach 1: BAU | 1.7 | + | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.8 | + | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.9 | + | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050 | 1.7 | ++ | 0 | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.8 | ++ | 0 | + | + | ++ | ++ | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.9 | ++ | 0 | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+ | 1.7 | ++ | 0 | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.8 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 1.9 | | | | | | | | | | | | | | |
| Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil | 1.7 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 1.8 | ++ | 0 | + | + | ++ | ++ | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1.9 | | | | | | | | | | | | | | |

## Achoimre ar an measúnacht le haghaidh Aidhm Straitéiseach 3

Measadh nár chomhlíon gníomhaíochtaí 'an méid is lú a dhéanamh' cuspóirí an Phlean Straitéisigh nó an MST. Ar an iomlán, tá cláir shuntasacha caomhnaithe uisce agus bainistíochta éilimh san áireamh sa chur

chuige BAU reatha atá leagtha amach i Rogha Mhalartach 1 agus tugann siad tacaíocht do chuspóirí MST maidir leis an timpeallacht uisce agus maolú agus oiriúnú don athrú aeráide agus maidir le húsáid acmhainní agus sócmhainní. D'fhéadfadh sé go laghdófaí leis na gníomhaíochtaí sin an brú ar bhithéagsúlacht agus ar iascaigh ach beidh sé sin ag brath ar an méid a dhéanfar éileamh méadaithe a chúiteamh le bearta an chláir reatha. Meastar go soláthraítear le Gníomh 1.7, Gníomh 1.8 agus Gníomh 1.9 de Rogha Mhalartach 2 BAU + tacaíocht níos réamhghníomhaí nó níos leithne chun caomhnú uisce agus bainistíocht éilimh a fheabhsú agus d'fhéadfaí brú ar fhoinsí uisce a laghdú nó a mhaolú i bhfianaise an athraithe aeráide agus an fháis daonra agus, dá bhrí sin, tacaíonn siad le cuspóirí MST maidir le huisce, bithéagsúlacht, úsáid acmhainní agus sócmhainní atá ann cheana. Is bearta sonracha iad Roghanna Malartacha 3 agus 4 a d'fhéadfadh uirlisí breise a neartú nó a sholáthar chun tacú le cuspóirí an Phlean agus MST, ach ní mheastar go bhfuil siad praiticiúil nó ar fáil faoi láthair d'fhéadfaí iad a bhreithniú in atriallta an phlean amach anseo.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU + ar aghaidh i nDréacht-PSSU 2050 le haghaidh Ghníomh1.7, Ghníomh 1.8 agus Ghníomh 1.9.***

#### Aidhm Straitéiseach 3: Maolú agus Feabhsú

Meastar go bhfuil gníomhaíochtaí Dréacht-PSSU 2050 atá beartaithe tairbheach agus tacúil do chuspóirí MST. Clúdaítear bearta chun tacú leo na tairbhí sin a sholáthar i ngníomhaíochtaí a sainaithníodh cheana féin sa PNAU agus tacaíonn siad freisin le Gníomhaíochtaí 1.5 agus 1.6 PSSU 2050 agus tá siad nasctha le Cuspóir Straitéiseach 2 a bhaineann le cumarsáid agus múscailte feasachta agus anailís ar éileamh agus le Cuspóir Straitéiseach 4 a bhaineann le bainistiú sócmhainní.

## 7.3 Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar

Aithnítear sa dréacht-PSSU 2050, de réir mar a mhéadaíonn daonra na hÉireann, go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar sheirbhísí uisce. Tá soláthar acmhainne bonneagair seirbhísí uisce san áit cheart ag an am ceart ríthábhachtach chun tithíocht agus fás eacnamaíoch a sholáthar. Tá Uisce Éireann tiomanta do thacaíocht a thabhairt do spriocanna tithíochta an Rialtais agus do bheartas pleanála spásúlachta náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, maidir leis sin. Áirítear leis sin tiomantas do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta atá cothromaithe go réigiúnach. Deir Uisce Éireann go dtuigeann sé an tábhacht a bhaineann le dul i dteagmháil le pobail agus le páirtithe leasmhara agus cuireann sé i dtábhacht gur féidir le pobail cuidiú freisin le spriocanna comhroinnte a bhaint amach agus tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

Sonraítear i gCuspóir Straitéiseach 2 i nDréacht-PSSU 2050:

> **Cuspóir Straitéiseach 2 an Dréacht-PSSU: Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar**
>
> ***Déanfaimid ár ndícheall seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara chun tosaíochtaí ailínithe a sheachadadh agus tacú le fás inbhuanaithe.***

Faoin gcuspóir sin, sainaithnítear i nDréacht-PSSU 2050 trí aidhm straitéiseacha lena mbaineann ocht ngníomhaíocht chun iad a bhaint amach:

**Aidhm Straitéiseach 4:** Seachadadh do chustaiméirí - Tabharfaimid tús áite dár gcustaiméirí agus déanfaimid a gcuid riachtanas a chomhlíonadh.

**Aidhm Straitéiseach 5:** Plé le custaiméirí - Rachaimid i dteagmháil le pobail ag leibhéal áitiúil chun luach ár n-acmhainní uisce comhroinnte a bhaint amach.

**Aidhm Straitéiseach 6:** Soláthar a dhéanamh d'fhás - Déanfaimid bainistíocht ar infhaighteacht acmhainne chun tacú le tithíocht agus leis an ngeilleagar de réir an bheartais náisiúnta.

Breithnítear roghanna malartacha agus gníomhaíochtaí beartaithe PSSU 2050 sna codanna thíos i gcoinne na gcuspóirí MST.

### 7.3.1 Roghanna Malartacha a Breithníodh do Gach Gníomhaíocht

Tá achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí tugtha i dTábla 7.5 thíos.

**Tábla 7.5 Achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí**

| Roghanna Malartacha a Measadh | Rogha Mhalartach 0: An Méid is Lú a Dhéanamh – (Diúltaithe) | Rogha Mhalartach 1: Lean leis an gcur chuige reatha 'Gnó Mar is Gnách' | Rogha Mhalartach 2: BAU+ (PSSU 2050) atá beartaithe | Rogha Mhalartach 3: Déan níos mó/níos tapúla (PSSU 2050+) | Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 4: Seachadadh do chustaiméirí** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 2.1** | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 2.2** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 2.3** | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 5: Teagmháil le pobail** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 2.4** | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Gníomhaíocht 2.5** | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 6: Fás a sholáthar** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 2.6** | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 2.7** | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 2.8** | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |

### 7.3.2 Aidhm Straitéiseach 4

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

### Aidhm Straitéiseach 4: MST

| Aidhm Straitéiseach 4: Seachadadh do chustaiméirí | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 2.1** | **Riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint -** Riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint. |
| **Gníomhaíocht 2.2** | **Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí** -Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus chun faisnéis fíor-ama do chustaiméirí a sholáthar maidir le húsáid, teagmhais agus cáilíocht uisce. |
| **Gníomhaíocht 2.3** | **Tacú le custaiméirí a bpáirt a ghlacadh** -Tacú lenár gcustaiméirí a bpáirt a ghlacadh chun uisce a chosaint mar acmhainn luachmhar agus seirbhísí uisce níos fearr a chumasú. |

Ba iad seo a leanas na roghanna malartacha a measúnaíodh d'Aidhm Straitéiseach 4:

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** An fhéidearthacht chun cur chuige frithghníomhach íosta a ghlacadh maidir le cumarsáid le custaiméirí.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Úsáidtear taighde/suirbhéanna custaiméirí faoi láthair chun sástacht maidir le turais shonracha custaiméirí a rianú agus úsáidtear é sin chun riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht straitéiseach; D'fhéadfadh cumarsáid do chustaiméirí tí a bheith frithghníomhach agus teagmháil dhíreach teoranta do chustaiméirí leochaileacha amháin. Tá gach fógra eile faoi láthair trí bhealaí meán nó ar shuíomh gréasáin/ionad teagmhála IVR. Tá easpa atá sonraí ar fáil go héasca do chustaiméirí faoi láthair ar úsáid uisce agus gan aon roghanna maidir le féinfhreastal. Mar sin féin, tá tús curtha le gníomhaíochtaí chun cur chuige níos réamhghníomhaí a sholáthar chun tacú le rannpháirtíocht chustaiméirí.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Tá sé mar aidhm le Gníomhaíochtaí 2.1, 2.2 agus 2.3 éisteacht le haiseolas agus tuairimí ó chustaiméirí agus seirbhís ilchainéil chomhtháite réidh a sholáthar. Is é an aidhm faisnéis a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht straitéiseach agus feabhas a chur ar sholáthar faisnéise do chustaiméirí faoi sheirbhísí uisce, oibreacha pleanáilte, teagmhais agus cáilíocht uisce. Is é an cur chuige atá leagtha amach ná go ndíreofaí rannpháirtíocht le custaiméirí ní hamháin ar chásanna ina dtéann rudaí as a riocht ach go n-áireofaí idirghníomhaíochtaí dearfacha ar bhonn laethúil.

Áirítear leis seo an cur chuige i leith taighde custaiméara a fhorbairt chun leathnú ón bhfócas reatha ar shásamh a rianú go dtí ionchais a thuiscint agus chun cláir thaighde a fhorbairt chun breathnú ar réimsí amhail ionchais na gcustaiméirí agus caomhnú uisce. Is é an aidhm dul i mbun teagmhála le cohóirt sa bhonn custaiméirí ar fud raon na ngrúpaí déimeagrafacha agus geografacha i leith custaiméirí tí agus custaiméirí tráchtála araon chun roghanna agus ionchais a thuiscint. Leis an bhfócas, díreofar ar réimsí amhail oibreacha pleanáilte, cothabháil, uasghráduithe agus tionscadail bhonneagair, a chabhróidh le custaiméirí a bheith ag súil le haon bhristeacha ar a seirbhísí uisce.

Tá sé beartaithe ag Uisce Éireann ardán digiteach féinfhreastail a fhorbairt a thabharfaidh eispéireas réidh do chustaiméirí thar phríomh-idirghníomhú linn, mar shampla naisc nua agus é sin a bhaineann le bristeacha uisce. Ba chóir go gcumhachtódh sé seo custaiméirí le faisnéis nuair a bhíonn sí de dhíth orthu. Is féidir le custaiméirí an-tionchar a imirt trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun a n-úsáid uisce a laghdú agus chun sócmhainní fuíolluisce agus uiscí glactha a chosaint trí dheireadh a chur le doirteadh agus sruthlú agus gan aon leachtanna, ceimiceáin nó rudaí eile a chur i ndoirtil, leithris, agus séaraigh a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chomhshaol.

Trí chustaiméirí a chumasú le fhaisnéis i bhfíor-am agus le roghanna féinfhreastail, cuirfidh Uisce Éireann ar chumas custaiméirí a bheith ar an eolas ar bhealach níos fearr agus a bheith in ann cinntí níos eolasaí a

dhéanamh. Cuirfidh Uisce Éireann an teicneolaíocht ar fáil chun cabhrú le custaiméirí é sin a dhéanamh. Feabhsóidh sé seo tuiscint na gcustaiméirí ar a bpatrúin úsáide uisce le cur ar a gcumas bearta réamhghníomhacha a ghlacadh chun a n-ídiú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá tuilleadh faisnéise ar na moltaí a bhaineann le cumarsáid ar chaomhnú uisce san áireamh faoi Ghníomhaíocht 1.7. Maidir le fuíolluisce, tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann tuiscint níos leithne ar an bpróiseas fuíolluisce a leabú lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, lena n-áirítear an gá atá le réitigh nua agus inbhuanaithe ar bhainistiú fuíolluisce. Aithníonn Uisce Éireann go bhfuil sé tábhachtach tacaíocht agus tuiscint an phobail a fháil maidir leis an mbonneagar sin, a tharraingíonn diúltacht tosaigh nó agóidí pleanála go minic.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Breithnítear an acmhainneacht i gcoinne Ghníomhaíochta 2.2 chun dlús a chur leis an gclár chun faisnéis fíor-ama a sholáthar do chustaiméirí.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.6 thíos.

**Tábla 7.6 Aidhm Straitéiseach 4 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 4: Seachadadh do chustaiméirí | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Roghanna Malartacha | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** | **2.1** | - | 0 | - | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.2** | - | 0 | - | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.3** | - | 0 | - | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | - | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **2.1** | 0 | 0 | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.2** | 0 | 0 | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.3** | + | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **2.1** | + | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.2** | + | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.3** | + | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **2.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.2** | + | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.3** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil (Diúltaithe)** | **2.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.2** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.3** | | | | | | | | | | | | | | |

## Measúnacht Achomair le haghaidh Aidhm Straitéiseach 4

Bheadh cur chuige 'an méid is lú a dhéanamh' ar fud Gníomhaíochtaí 2.1, 2,2 agus 2.3 teoranta do chumarsáid fhrithghníomhach den chuid is mó agus ní mheasfaí go dtacódh sé le seirbhísí uisce agus fuíolluisce a bhainistiú maidir le feasacht a mhúscailte agus iompraíochtaí a athrú, agus chun go bhforbróidh Uisce Éireann tuiscint níos fearr ar riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí. Mar sin ní thacódh sé le cuspóirí MST maidir le huisce, sócmhainní agus daonra. Áirítear le Rogha Mhalartach 1 BAU cur chuige níos réamhghníomhaí a thionscnamh do chumarsáid le custaiméirí, ach aithnítear freisin go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta lena n-áirítear feasacht a fheabhsú ar iompraíochtaí a bhaineann go háirithe le sócmhainní fuíolluisce agus uiscí glactha a chosaint agus an poitéinseal chun custaiméirí a chur

ar an eolas agus a bheith rannpháirteach níos mó. Tógann Rogha Mhalartach 2 BAU+ ar na tionscnaimh reatha agus tá sé mar aidhm aici cur chuige níos réamhghníomhaí a sholáthar chun tacú le custaiméirí i gcinnteoireacht, i bhfeasacht ar na hiompraíochtaí is gá chun sócmhainní agus an comhshaol uisce a chosaint agus mar sin soláthraíonn sé tacaíocht níos dearfaí do chuspóirí MST maidir le huisce agus leis an daonra agus sláinte agus le húsáid sócmhainní. Tugtar breis tacaíochta le Rogha Mhalartach 3 ach ní féidir gealladh di go dtí go gcuirfear gníomhaíochta PSSU 2050 atá beartaithe chun feidhme ach d'fhéadfaí iad a bhreithniú tuilleadh i leaganacha plean amach anseo.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU+ ar aghaidh i nDréacht-PSSU 2050 le haghaidh Ghníomh2.1, Ghníomh 2.2 agus Ghníomh 2.3.***

**Aidhm Straitéiseach 4: Maolú agus Feabhsú**

Meastar go bhfuil na gníomhaíochta PSSU 2050 atá beartaithe tairbheach agus go dtacaíonn siad le cuspóirí ábhartha MST. Áirítear le bearta a thacóidh leo na tairbhí sin a sholáthar Aidhm Straitéiseach 3 PSSU 2050 Gníomhaíocht 1.7. agus Aidhm Straitéiseach 5. Gníomhaíocht 2.4.

### 7.3.3 Aidhm Straitéiseach 5:

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta thíos.

**Aidhm Straitéiseach 5: MST**

| Aidhm Straitéiseach 5: Teagmháil le pobail | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 2.4** | **Luach an uisce** -Leanúint de chlár oideachais agus rannpháirtíochta an phobail a fhorbairt chun feasacht a ardú ar luach an uisce agus ar na seirbhísí uisce a chuirimid ar fáil. |
| **Gníomhaíocht 2.5** | **Luach taitneamhachta a fhorbairt** - Leanúint de luach taitneamhachta inár sócmhainní a fhorbairt le pobail áitiúla, nuair atá sé sábháilte agus cuí. |

Ba iad seo a leanas na roghanna malartacha a measúnaíodh d'Aidhm Straitéiseach 5:

**Rogha Mhalartach 0: An Méid is Lú a Dhéanamh** Is éard a bheadh i gceist leis sin nach ndéanfaí gníomhaíochtaí chun oideachas pobail agus múscailt feasachta a fhorbairt agus nach dtacófaí le forbairt luacha taitneamhachta agus úsáid sócmhainní.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Déanann Uisce Éireann urraíocht faoi láthair ar an Téama Uisce faoi chlár na Scoileanna Glasa agus bíonn sé rannpháirteach le pobail de réir mar a thagann tionscadail nó ceisteanna chun cinn. Tá níos mó ná 6,000 láithreán ar fud na tíre faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú ag Uisce Éireann mar chuid dár sócmhainní um chóireáil agus dáileachán uisce agus um bailiú agus cóireáil fuíolluisce. Toisc gur láithreáin oibríochtúla iad seo a bhfuil guaiseacha sábháilteachta ag baint leo, tríd is tríd ní mór do Uisce Éireann na láithreáin a choinneáil slán gan aon rochtain phoiblí orthu. Tá os cionn 50 taiscumar gaibhnithe ag Uisce Éireann agus líon beag bogach tógtha go náisiúnta, agus cuireann cuid díobh sin luach taitneamhachta áitiúil ar fáil cheana féin.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Déantar tiomantas leis sin don chlár oideachais agus rannpháirtíochta pobail a leathnú chun grúpaí agus eagraíochtaí pobail, an pobal i gcoitinne, scoileanna, ollscoileanna agus gnólachtaí a chuimsiú chun tuiscint daoine ar luach an uisce agus ar luach seirbhísí uisce a fheabhsú agus chun béim a leagan ar an gcaoi ar féidir le gach duine cur lenár soláthairtí uisce agus leis an gcomhshaol a chosaint. Leanúint leis an luach taitneamhachta inár sócmhainní a fhorbairt leis na pobail áitiúla, nuair atá sé sábháilte agus cuí comhoibriú le comhpháirtithe eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta na "sócmhainní pobail" sin a fhorbairt ag roinnt dár láithreáin.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Oibriú leis an lucht déanta beartais chun caomhnú uisce agus bainistiú fuíolluisce a leabú i gcuraclam na scoile. Tairbhe taitneamhachta / cé mhéad duine a thugann cuairt réamhghníomhach a thomhais agus cuir isteach i gcéim deartha na dtionscadal oiriúnach. D'fhéadfadh Uisce Éireann féachaint le saoráidí do chuairteoirí a fhorbairt (e.g. ionad cuairteoirí de chineál oidhreachta/siopa caifé/áiseanna leithris phoiblí) ag aon cheann dár láithreáin oiriúnacha. Cé nach féidir gealltanas a thabhairt dó seo faoi láthair, d'fhéadfaí é a bhreithniú tuilleadh mar chuid d'athbhreithnithe plean amach anseo.

**Rogha Mhalartach 4: Difriúil le PSSU 2050** Foireann thiomanta idirchaidrimh phobail a fhorbairt a oibreodh ar fud na réigiún agus a dhéanfadh idirchaidreamh le pobail ar bhonn rialta agus a bheadh mar phointe teagmhála tiomnaithe. Níl na hacmhainní ag Uisce Éireann faoi láthair chun tacú leis an leanúnachas chun caidreamh buan a chothú le pobail. D'fhéadfadh foireann oideachais nó clár oideachais níos leithne a bheith ag Uisce Éireann chun nascadh isteach le scoileanna agus le hollscoileanna agus clár a bhunú chun oibriú leis an roinn oideachais. Cé nach féidir gealltanas a thabhairt dó seo faoi láthair, d'fhéadfaí é a bhreithniú tuilleadh mar chuid d'athbhreithnithe plean amach anseo.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.7 thíos.

**Tábla 7.7 Aidhm Straitéiseach 5 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 5: Teagmháil le pobail | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gníomhaíocht** | **Spriocanna MST** | | | | | | | | | | | | | |
| **Roghanna Malartacha** | **Tagairt na gníomhaíochta** | **Cáilíocht agus cainníocht an uisce** | **Riosca i gcás tuilte** | **Daonra agus geilleagar** | **Sláinte agus folláine** | **Maolú an athrú aeráide** | **Oiriúnú d' athrú aeráide** | **Bithéagsúlacht** | **Iascach** | **Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola** | **Úsáid sócmhainní** | **Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach** | **Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta** | **An gheolaíocht agus na hithreacha** | **Cáilíocht aeir** |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** | **2.4** | +/- | 0 | - | - | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.5** | 0 | 0 | - | - | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **2.4** | + | 0 | + | + | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.5** | 0 | 0 | +/- | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **2.4** | ++ | 0 | ++ | ++ | 0 | + | + | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.5** | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | +/- | 0 | 0 | + | +/- | +/- | | |
| | **2.4** | ++ | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | + | 0 | 0 | + | 0 | 0 | 0 | 0 |

| Aidhm Straitéiseach 5: Teagmháil le pobail | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **2.5** | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | + | 0 | 0 | + | + | + | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil** | **2.4** | ++ | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | + | 0 | 0 | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.5** | | | | | | | | | | | | | | |

**Achoimre ar an measúnacht le haghaidh Aidhm Straitéiseach 5**

Ní thacódh an rogha 'an méid is lú a dhéanamh' le cuspóirí MST a bhfuil sé mar aidhm acu rochtain ar spásanna glasa a fheabhsú le haghaidh áineasa agus folláine. Soláthraítear le Rogha Mhalartach 1 agus an staid reatha ag leanúint mar atá roinnt tairbhí maidir le cuspóirí MST a thacaíonn le feasacht a ardú ar luach an chomhshaoil uisce agus roinnt rochtana ar áineas, ach aithnítear go bhfuil raon feidhme ann do ghníomhaíochtaí níos cuimsithí agus níos comhordaithe. Tógann Rogha Mhalartach 2 don PSSU 2050 ar thionscnaimh atá ann cheana féin lena bhfuil an acmhainneacht tacú go mór le feasacht agus le cosaint na timpeallachta uisce agus deiseanna áineasa lena mbaineann tairbhí sláinte agus folláine agus leathnaítear na tionscadail sin léi. Leis sin, tacófar le straitéis áineasa an rialtais freisin. Thógfaí Roghanna Malartacha 3 agus 4 ar Ghníomhaíochtaí 2.4 agus 2.5 PSSU 2050 atá beartaithe, trí bhealaí breise a shainaithint lena bhféadfaí iad sin a fhorbairt agus na tairbhí féideartha á neartú tuilleadh. Mar sin féin, bheadh siad ag brath ar acmhainní breise suntasacha agus formheasanna. Roghnaítear Rogha Mhalartach 2 mar chur chuige indéanta a thacaíonn le cuspóirí MST agus a bhfuil gá leis sular féidir céimeanna breise a ghlacadh agus sular féidir athbhreithniú a dhéanamh ar Roghanna Malartacha 3 agus 4 mar chuid d'atriallta plean amach anseo.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU + ar aghaidh i nDréacht-PSSU 2050 le haghaidh Ghníomh 2.4 agus Ghníomh 2.5.***

### Aidhm Straitéiseach 5: Maolú agus Feabhsú

Meastar go bhfuil na gníomhaíochta PSSU 2050 atá beartaithe tairbheach agus go dtacaíonn siad le cuspóirí ábhartha MST. Caithfidh an cur chuige maidir le leanúint ar aghaidh ag forbairt luach taitneamhachta i sócmhainní Uisce Éireann le pobail áitiúla, i gcásanna ina bhfuil sé sábháilte agus cuí é sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar riosca tionchar ar cháilíocht uisce, bithéagsúlacht, oidhreacht chultúrtha, agus tírdhreach. Moltar é seo a bhreithniú taobh le haithint deiseanna feabhsúcháin agus mar chuid den phróiseas chun láithreáin oiriúnacha a aithint agus rochtain a dhearadh. Ba cheart breithniú a

dhéanamh ar an bhféidearthacht chun soláthar rochtana a dhéanamh i ndearadh sócmhainní nua nuair is cuí.

### 7.3.4 Aidhm Straitéiseach 6

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

**Aidhm Straitéiseach 6: MST**

| **Aidhm Straitéiseach 6: Fás a sholáthar** | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 2.6** | **Tacú le beartas pleanála** - Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun tacú le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. |
| **Gníomhaíocht 2.7** | **Oibriú le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail** - Oibriú le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le soláthar tithe nua agus le fás eacnamaíoch. |
| **Gníomhaíocht 2.8** | **Cumas anailíse éilimh a fhorbairt -** Cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais infheistíochta amach anseo, iad a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith. |

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** Is éard a bheadh i gceist leis sin nach ndéanfaí gníomhaíochtaí leanúnacha maidir le rannpháirtíocht agus comhoibriú agus ná mbainfí úsáid as cur chuige reatha réamhaisnéise éilimh agus ní mheastar go bhfuil sé réasúnach.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Tá Uisce Éireann gníomhach ag cur le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá sé ag moladh gur cheart beartas uisce a chur san áireamh agus é a bhreithniú ag céim luath forbartha an phlean agus an bheartais. Baineann Uisce Éireann úsáid faoi láthair as cumas réamhaisnéise éilimh bunaithe ar shonraí lonnaíochta ardleibhéil agus úsáideadh é sin chun bonn eolais a chur faoin PNAU maidir leis an áit ina mbeadh éileamh méadaithe ar sholáthar uisce.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Tá sé sin tiomanta do thacaíocht a thabhairt do bheartas pleanála lena n-áirítear an CNP agus pleananna tánaisteacha agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar chun éascú a dhéanamh ar fhás sóisialta agus eacnamaíoch dea-phleanáilte a bheidh bunaithe ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta timpeallachta agus na hinmharthanachta feabhsaithe. Tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann go mbeidh rannpháirtíocht straitéiseach comhordaithe aige le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le soláthar tithe nua agus le fás eacnamaíoch. Tá sé mar aidhm le Gníomhaíocht 2.8 cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais infheistíochta amach anseo, iad a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Is éard a bheadh i gceist le rogha mhalartach le dul níos faide ná Rogha Mhalartach 2 Gníomhaíocht 2.6 ná limistéir forbartha inbhuanaithe a mhapáil agus limistéir a aithint nach mbeadh an fhorbairt éifeachtach iontu ó thaobh costais de agus nach dtacódh siad le torthaí inbhuanaithe comhshaoil, agus é sin a úsáid chun tionchar a imirt ar na háiteanna ar cheart forbairt a dhéanamh iontu agus tacú le húdaráis phleanála chun leochaileacht foinse a bhreithniú agus talamh á chriosú acu. Maidir le Gníomhaíocht 2.7, tá an fhéidearthacht ann caighdeáin bheartais ar reachtaíocht tógála a mholadh, agus íosleibhéil athúsáide agus éifeachtúlacht uisce d'fhorbairtí nua a chur san áireamh. Cé go mbeadh sé sin níos mó ina bheart um chaomhnú uisce, is féidir leis níos mó acmhainne fáis a sholáthar freisin. Mar sin féin, tá na gníomhaíochtaí sin lasmuigh de chumas Uisce Éireann maidir lena seachadadh. Maidir le Gníomhaíocht 2.8, d'fhéadfadh Uisce Éireann a ndaonáireamh bliantúil féin a dhéanamh ar riachtanais an phobail seachas a bheith ag brath ar thimthriall daonáirimh 6 bliana, ach bheadh sé sin srianta maidir le

maoiniú agus le hacmhainní. D'fhéadfadh na cur chuige breise sin a bhreithniú trí athbhreithnithe plean amach anseo.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.8 thíos.

**Tábla 7.8 Aidhm Straitéiseach 6 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 6: Fás a sholáthar | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na Gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus dramhail bainistíocht | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh (Diúltaithe)** | **2.6** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.7** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.8** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **2.6** | +/- | 0 | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.7** | +/- | 0 | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.8** | +/- | 0 | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **2.6** | +/- | 0 | + | + | 0 | +/- | +/- | +/- | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.7** | +/- | 0 | + | + | 0 | +/- | +/- | +/- | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.8** | + | 0 | + | + | 0 | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **2.6** | +/- | 0 | + | + | 0 | +/- | +/- | +/- | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.7** | + | 0 | + | + | 0 | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **2.8** | + | 0 | + | + | 0 | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil (Diúltaithe)** | **2.6** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.7** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **2.8** | | | | | | | | | | | | | | |

### Achoimre ar an measúnacht le haghaidh Aidhm Straitéiseach 5

Le gníomhaíochtaí Rogha Mhalartach 2 de PSSU 2050, soláthraítear pleanáil réamhghníomhach atá ábalta tacú le cuspóirí MST don timpeallacht uisce chomh maith le freastal ar fhás daonra agus éileamh uisce agus infheistíocht éifeachtach sócmhainní. Má thacaítear leis an bhfás agus tacaíocht á tabhairt do chuspóirí daonra agus sláinte an MST, d'fhéadfadh brú a chur ar an timpeallacht uisce i gceantair áirithe. Meastar go mbeidh meascán d'éifeachtaí dearfacha agus diúltacha leis an gcur chuige sin do chuspóirí MST maidir le huisce, bithéagsúlacht agus iascaigh, ag brath ar shuíomh an fháis bheartaithe. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí de Rogha Mhalartach 3 tacú le cuspóirí an MST ach ní féidir iad a thabhairt ar aghaidh mar go bhfuil siad den chuid is mó lasmuigh de shainchúram Uisce Éireann agus go bhfuil siad srianta ag infhaighteacht mhaoinithe agus acmhainní, cé go bhféadfadh an fhéidearthacht a bheith ann machnamh a dhéanamh tuilleadh amach anseo ar chuid de na cuir chuige atá leagtha amach.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU + ar aghaidh i nDréacht-PSSU 2050 le haghaidh Ghníomh 2.6, Ghníomh 2.7 agus Ghníomh 2.8.***

### Aidhm Straitéiseach 6: Maolú agus Feabhsú

Meastar go bhfuil na gníomhaíochta PSSU 2050 atá beartaithe tairbheach den chuid is mó nó measctha maidir le tacaíocht do chuspóirí ábhartha MST. D'fhéadfadh go bhféadfaí dul níos faide, áfach, agus tionchar níos mó a imirt ar shuíomh agus ar chineál an fháis agus caomhnú uisce a chuimsiú i ndearadh forbartha. Áireofar le gníomhartha maolaithe nascadh le gealltanais agus le pleananna eile lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an PNAU do sholáthar uisce inbhuanaithe (Gníomhaíocht 1.4) agus iad siúd nach mór a aithint mar chuid de na pleananna fuíolluisce (Gníomhaíochtaí 3.1 agus 3.2). Cé go bhfuil sé lasmuigh den raon feidhme faoi láthair, d'fhéadfadh an poitéinseal a bheith ann leas a bhaint as gníomhaíochtaí de Rogha Mhalartach 3 lena n-áirítear réimsí a aithint atá le seachaint mar gheall ar ábhair imní faoi inbhuanaitheacht chun tacú le rannpháirtíocht réamhghníomhach ar chriosú talún agus pleanáil straitéiseach úsáide talún agus breithniúcháin caomhnaithe uisce a chuimsiú i gcaighdeáin tógála.

## 7.4 Cuspóir Straitéiseach 3: An Timpeallacht a Chosaint agus a Chur ar Ais mar a bhí

Aithnítear le dréacht-PSSU 2050 go bhfuil sé ríthábhachtach an comhshaol a chosaint agus a athchóiriú chun seirbhísí uisce sábháilte a sholáthar agus chun sláinte an phobail agus bithéagsúlacht a chosaint. Tá córas éifeachtach bainistithe fuíolluisce riachtanach freisin chun an comhshaol agus sláinte an phobail a chosaint. Maidir le cóireáil agus soláthar uisce, tá freagracht ann a áirithiú, agus uisce á bhaint as dobharlaigh, go bhfágtar go leor uisce chun tacú le riachtanais an chomhshaoil nádúrtha agus le riachtanais úsáideoirí eile uisce. Agus fuíolluisce cóireáilte á scaoileadh amach sa chomhshaol uisce aithníonn Uisce Éireann an gá atá ann a pháirt a ghlacadh maidir le cuspóirí na Creat-treorach Uisce do na dobharlaigh ghlactha a bhaint amach.

Sonraítear i gCuspóir 3 den Dréacht-PSSU 2050

**Cuspóir Straitéiseach 3 Dréacht-PSSU 2050: An Comhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú**

**Cuirimid seirbhís iontaofa uisce agus fuíolluisce ar fáil a chosnaíonn an comhshaol, agus tacaímid le comhshaol sláintiúil trí ghnáthóga agus éiceachórais a fheabhsú.**

Faoin gcuspóir sin, sainaithnítear i nDréacht-PSSU 2050 trí aidhm straitéiseacha lena mbaineann ocht ngníomhaíocht chun iad a bhaint amach:

**Aidhm Straitéiseach 7:** Ár dtimpeallacht uisce a chosaint - Déanfaimid ár bpáirt chun ár dtimpeallacht uisce a chosaint agus a athchóiriú.

**Aidhm Straitéiseach 8:** Ár ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce - Oibreoimid le daoine eile chun cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) a sheachadadh de réir a chéile.

**Aidhm Straitéiseach 9:** Cur le bithéagsúlacht dhearfach - Ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh glanbhreisiú ann arís ó thaobh na bithéagsúlachta de.

Breithnítear roghanna malartacha agus gníomhaíochtaí beartaithe PSSU 2050 sna codanna thíos i gcoinne na gcuspóirí MST.

### 7.4.1 Roghanna Malartacha a Breithníodh do Gach Gníomhaíocht

Tá achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí tugtha i dTábla 7.9 thíos.

**Tábla 7.9 Achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí**

| Roghanna Malartacha a Measadh | | Rogha Mhalartach 0: (An Méid is Lú a Dhéanamh) | Rogha Mhalartach 1: Lean leis an gcur chuige reatha 'Gnó Mar is Gnách' | Rogha Mhalartach 2: BAU+ (PSSU 2050) atá beartaithe | Rogha Mhalartach 3: Déan níos mó/níos tapúla (PSSU 2050+) | Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tagairt Ghníomhaíochta** | **Ceannteideal Gníomhaíochta** | | | | | |
| **Aidhm Straitéiseach 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint** | | | | | | |
| **Gníomhaíocht 3.1** | Creat Straitéise Fuíolluisce | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 3.2** | Pleananna Comhtháite Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 3.3** | Soláthair Uisce Inbhuanaithe | Dada aitheanta | ✓ | Mar an gcéanna le BAU | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 8: An Chreat-Treoir Uisce a Sheachadadh** | | | | | | |
| **Gníomhaíocht 3.4** | Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 3.5** | Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | Dada aitheanta | Dada aitheanta |
| **Gníomhaíocht 3.6** | Seirbhísí uisce a bhainistiú | Dada aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach** | | | | | | |
| **Gníomhaíocht 3.7** | Glanbhreisiú ó thaobh bithéagsúlachta de | ✓ | ✓ | Mar an gcéanna le BAU | Dada aitheanta | Dada aitheanta |

| **Roghanna Malartacha a Measadh** | | **Rogha Mhalartach 0: (An Méid is Lú a Dhéanamh)** | **Rogha Mhalartach 1: Lean leis an gcur chuige reatha 'Gnó Mar is Gnách'** | **Rogha Mhalartach 2: BAU+ (PSSU 2050) atá beartaithe** | **Rogha Mhalartach 3: Déan níos mó/níos tapúla (PSSU 2050+)** | **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tagairt Ghníomh aíochta** | **Ceannteideal Gníomhaíochta** | | | | | |
| **Gníomh aíocht 3.8** | Réitigh dhúlrabhunaithe agus bearta dobharcheantair | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Dada aitheanta |

## 7.4.2 Aidhm Straitéiseach 7

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

### Aidhm Straitéiseach 7: MST

| **Aidhm Straitéiseach 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint** | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 3.1** | **Creat Straitéise Fuíolluisce** - Oibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéise Fuíolluisce a fhorbairt. |
| **Gníomhaíocht 3.2** | **Pleananna Comhtháite Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme -** Pleananna Comhtháite Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme |
| **Gníomhaíocht 3.3** | **Soláthair uisce atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de** - Astarraingtí inbhuanaithe a chinntiú agus fuílligh cóireála uisce a bhainistiú. |

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** Níor measadh gur rogha mhalartach réasúnta í 'an méid is lú a dhéanamh' do Ghníomh 3.1 agus do Ghníomh 3.2 mar go bhfuil ceanglais ann cheana chun an TCFU reatha a chomhlíonadh agus tá sé sin san áireamh in BAU. Maidir le gníomhaíocht 3.3 níor sainaithníodh aon rogha mhalartach 'an méid is lú a dhéanamh' mar go bhfuil an PNAU i bhfeidhm cheana féin ag tabhairt aghaidh ar astarraingt inbhuanaithe agus tá straitéis iarmharach ionad cóireála uisce ICU á forbairt.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Maidir le Gníomh 3.1 agus Gníomh 3.2 a bhaineann le seirbhísí fuíolluisce, tá an cur chuige reatha dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhlíonta reatha agus ar an ngréasáin séarachais bhréin a bhainistiú. Socraíonn an GCC oibleagáidí rialála maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce in Údaruithe Doirte Fuíolluisce Uisce Éireann do gach ceirtleán. Áirítear leis na dualgais seo comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (TCFU). Tá dul chun cinn seasta déanta ag Uisce Éireann agus bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha, táthar ag súil go mbeidh ionaid chóireála fuíolluisce a chomhlíonann an TCFU ag freastal ar 97% den choibhéis daonra nasctha faoi dheireadh na bliana 2024. Ina theannta sin, tá roinnt pleananna straitéiseacha fuíolluisce/draenála curtha i gcrích, amhail tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath nó tá siad ar siúl faoi láthair. Is comhfhreagracht é draenáil cathracha agus bailte agus tá Uisce Éireann freagrach as an líonra fuíolluisce poiblí (lena n-áirítear séaraigh le chéile) agus tá na húdaráis áitiúla freagrach as an líonra poiblí uisce stoirme agus as bainistiú foriomlán riosca tuilte. Is féidir idirghníomhaíochtaí a bheith ann idir na líonraí agus na dobharlaigh sin, go háirithe sna ceirtleáin níos mó, agus castacht i gceist maidir le tuiscint a fháil

ar an gcaoi a n-oibríonn an córas atá ann faoi láthair go hiodrálach agus maidir le pleanáil chun freastal ar riachtanais feidhmíochta amach anseo.

Maidir le Gníomhaíocht 3.3, a bhaineann le hastarraingt le haghaidh soláthair uisce, tá measúnú riosca ar astarraingtí reatha curtha i gcrích mar chuid de PNAU agus chuir sé sin ar chumas Uisce Éireann astarraingtí reatha a aithint a bhféadfadh gá a bheith ann deireadh a chur leo le himeacht ama, b'fhéidir, chun a áirithiú gur féidir le hUisce Éireann soláthar slán a chur ar fáil do chustaiméirí amach anseo, agus timpeallachtaí uisce á gcaomhnú ag an am céanna. Tá measúnú riosca ar dhoirteadh iarmhairtí ó ionaid chóireála uisce tugtha chun críche mar chuid de Straitéis Iarmhairtí Ionad Cóireála Uisce (ICU) de chuid Uisce Éireann d'fhonn bonn eolais a chur faoi mhonatóireacht chun riosca a fhíorú agus chun bonn eolais a chur faoi idirghabháil.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Maidir le Gníomh 3.1 agus Gníomh 3.2, oibreoidh Uisce Éireann le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéise Fuíolluisce a fhorbairt. Soláthróidh an creat tuiscint ar riachtanais agus ar thiománaithe straitéiseacha, rud a ligeann do Uisce Éireann léargas soiléir a fháil ar riachtanais daonra reatha agus amach anseo, ar thosaíochtaí comhshaoil, ar rioscaí sócmhainní agus ar athléimneacht seirbhíse. Freastal ar riachtanais na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh athmhúnlaithe a chomhlíonadh, amhail cóireáil fheabhsaithe treasach agus ceathartha sna hionaid níos mó agus Pleananna Comhtháite Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh; Beidh an creat mar bhonn agus mar thaca ag pleananna amach anseo agus soláthróidh sé straitéisí a bhfuil sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Teagmháil leanúnach dhearfach agus chomhoibríoch le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara maidir le cuir chuige chun dlús a chur le baint amach cuspóirí comhshaoil; Riachtanais sa todhchaí (comhshaol agus fás) a réamh-mheas le seachadadh atá tráthúil agus céimnithe go cuí;
- Measúnú agus bainistíocht riosca iomchuí chun an strus ar shócmhainní a laghdú agus chun athléimneacht agus leibhéil mhaithe seirbhíse a áirithiú;
- Riachtanais na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh athmhúnlaithe a chomhlíonadh, amhail cóireáil fheabhsaithe treasach agus ceathartha inár monarchana móra agus ár bPleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach;
- Páirt á ghlacadh ag Uisce Éireann maidir le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a sheachadadh trínár nÚdaruithe Doirte Fuíolluisce a chomhlíonadh;
- Pleanáil oiriúnaitheach a cheadaíonn tástáil cásanna, ag breithniú saolré iomlán na sócmhainne agus a chinntíonn gur féidir freastal ar riachtanais na todhchaí go héifeachtúil, go héifeachtach agus go hinbhuanaithe trí ghníomhaíochtaí caipitil nó oibriúcháin.

Maidir le Gníomh 3.3, is é an cur chuige ná astarraingtí inbhuanaithe a áirithiú agus bainistiú a dhéanamh ar iarmharaigh cóireála uisce atá ina leanúint den BAU agus a chuimsíonn cur i bhfeidhm, athbhreithniú agus nuashonrú an PNAU agus an Straitéis Iarmharach ICU atá mar ghealltanais reatha.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Maidir le Gníomhaíocht 3.2 cur chuige malartach a bheadh ann ná pleananna bainistíochta fuíolluisce a sholáthar agus infheistíocht a sholáthar do na ceirtleáin go léir in aon turas amháin - seachas cur chuige céimnithe a úsáid. Mar sin féin, mar gheall ar shrianta maoinithe agus ar chumas an mhargaidh seachadadh a dhéanamh, meastar nach bhfuil an rogha seo indéanta agus go mbainfeadh sé acmhainní de ghníomhaíochtaí eile atá beartaithe. D'fhéadfaí níos mó SUDanna dúlrabhunaithe a áireamh i réitigh líonra fuíolluisce le tairbhí iolracha ach beidh am ag teastáil chun iad seo a aithint agus tá faomhadh CRF ag teastáil le haghaidh infheistíochta i sócmhainní atá faoi úinéireacht daoine eile agus le haghaidh seachadta ar scála.

Tugtar achoimre ar an measúnacht i gcoinne na gcuspóirí MST do gach gníomhaíocht laistigh d'aidhm straitéiseach 7 in dTábla 7.10 thíos.

**Tábla 7.10 Aidhm Straitéiseach 7 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomh aíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh (Diúltaithe)** | **3.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **3.2** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **3.3** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **3.1** | +/- | +/- | +/- | +/- | - | - | - | - | +/- | - | +/- | +/- | 0 | +/- |
| | **3.2** | +/- | +/- | +/- | +/- | - | - | - | - | +/- | - | +/- | +/- | 0 | +/- |
| | **3.3** | + | + | + | + | +/- | + | + | + | + | + | +/- | +/- | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **3.1** | +/- | + | + | + | +/- | + | + | + | + | + | +/- | +/- | 0 | + |
| | **3.2** | +/- | +/- | + | + | +/- | + | + | + | + | + | +/- | +/- | 0 | + |
| | **3.3** | + | + | + | + | +/- | + | + | + | + | + | +/- | +/- | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **3.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **3.2** | +/- | + | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | + | + | + | +/- | 0 | + |
| | **3.3** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil (Diúltaithe)** | **3.1** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **3.2** | | | | | | | | | | | | | | |
| | **3.3** | | | | | | | | | | | | | | |

## Measúnacht achomair le haghaidh Aidhm Straitéiseach 7

Áiríonn Rogha Mhalartach 1 BAU do Ghníomh 3.1 agus do Ghníomh 3.2, an fócas leanúnach ar chomhlíonadh cheanglais an TCFU agus an CTU agus i réimsí áirithe tá sé seo ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna cheana féin agus táthar ag súil go dtabharfaidh sé tacaíocht éigin do na Cuspóirí MST. Cé go soláthraíonn sé seo an bonn le haghaidh feabhsuithe suntasacha in áiteanna ar leith, i gceantair

áirithe b'fhéidir nach gcomhlíonfadh an cur chuige seo dúshláin amach anseo maidir le héileamh méadaithe ar chóireáil fuíolluisce, brú ar an gcomhshaol agus athruithe ar riachtanais reachtaíochta. Meastar go bhfuil an easpa pleananna straitéiseacha comhtháite le haghaidh infheistíochta ag cur teorainneacha ar ghníomhaíocht chuimsitheach agus chomhsheasmhach.

Maidir le Gníomh 3.3, áirítear le Rogha Mhalartach 1 BAU cur i bhfeidhm an PNAU. Tugadh aghaidh sa phlean seo ar roghanna mhalartacha d'infheistíocht i soláthar uisce. Tríd is tríd, tacaíonn an PNAU le Cuspóirí MST agus cuirtear an maolú a aithníodh sa phlean MST san áireamh. Tá an próiseas PNAU réamhbhreathnaitheach agus leagtar amach leis próiseas athbhreithnithe agus uasdátaithe chomh maith le feabhsuithe ar bhailiú sonraí.

Le Rogha Mhalartach 2 BAU+ le haghaidh Ghníomh 3.1 agus Ghníomh 3.2, d'fhéadfaí a bheith ag súil go dtabharfaidh forbairt an Chreata Straitéise um Fhuíolluisce agus na pleananna iartheachtacha agus tionscadail infheistíochta tacaíocht den chuid is mó ar fud na gCuspóirí MST cé go mbeidh gá le hinfheistíocht agus iarmhairtí a bhaineann go sonrach le suíomh a bheith faoi réir MST/EIA de réir mar is cuí. Is ionann Rogha Mhalartach 2 do Ghníomh 3.3 agus BAU. Cé go bhféadfadh rogha mhalartach 3 do ghníomhaíocht 3.2 ligean do thairbhí a bhaint amach níos tapúla go teoiriciúil, ní chuireann sí srianta ar mhaoiniú agus ar acmhainní san áireamh agus d'fhéadfadh sí dul san iomaíocht le hacmhainní eile agus an cumas freagairt do thosaíochtaí do ghnéithe eile de sheirbhísí uisce agus fuíolluisce a laghdú agus impleachtaí ann maidir le tacú le cuspóirí MST don phlean ina iomláine.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 BAU+ ar aghaidh chuig PSSU 2050 le haghaidh Ghníomh 3.1 agus Ghníomh 3.2 agus Rogha Mhalartach 1 BAU le haghaidh Ghníomh 3.3.***

#### Aidhm Straitéiseach 7: Maolú agus Feabhsú

Beidh an Creat Fuíolluisce agus na fophleananna ar fad faoi réir MST agus MC lena gcuirfear bonn eolais faoi cheapadh cinntí infheistíochta agus lena saineofar bearta maolaithe ábhartha. Mar chuid de sin, cuirfear cuspóirí PSSU 2050 agus MST agus MC san áireamh trí na pleananna sin a fhorbairt, lena n-áirítear an breithmheas roghanna agus an próiseas athbhreithnithe. Bhí an PNAU faoi réir MST agus MC agus chuimsigh siad seo moltaí maolaithe, monatóireachta agus athbhreithnithe a aithint atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair. Tá straitéis bhainistíochta iarmharach ICU á forbairt agus déanfar scagadh uirthi freisin do MST agus do MC.

Teastóidh bonneagar agus ionaid chóireála nua le hacmhainní nua agus le hinfheistíocht nua agus úsáidfidh siad fuinneamh agus táirgfidh siad dramhaíl agus clúdaítear na himpleachtaí a bhaineann leo sin d'astaíochtaí carbóin agus don gheilleagar ciorclach i gCuspóir Straitéiseach 4.

### 7.4.3 Aidhm Straitéiseach 8

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

#### Aidhm Straitéiseach 8: measúnú

| Aidhm Straitéiseach 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 3.4** | **Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú -** Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú trí chomhoibriú. |
| **Gníomhaíocht 3.5** | **Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú** - Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a bhaint amach. |

| Aidhm Straitéiseach 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 3.6** | **Seirbhísí uisce a bhainistiú** - Seirbhísí uisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a bhaint amach. |

**Rogha Mhalartach 0: An Méid is Lú a Dhéanamh** Is éard a bheadh i gceist leis sin nach gcomhlíonfaí ceanglais rialála agus meastar nach bhfuil sé réasúnta.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Tá dul chun cinn seasmhach déanta ag Uisce Éireann maidir le tionchar fuíolluisce uirbigh ar dhobharlaigh ghlactha a laghdú maidir le Gníomh 3.4. Tá laghdú ar líon na ndobharlach ina bhfuil brú suntasach ó fhuíolluisce uirbeach ó 291 i dara timthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí go 197 sa tríú timthriall den Phlean. Tá Uisce Éireann tiomanta i ndáil le laghduithe suntasacha eile a dhéanamh thar thréimhse tríú timthriall an Phlean. Mar sin féin, seachas fuíolluisce uirbeach, tá brúnna iomadúla eile ann, mar shampla talmhaíocht agus foraoiseacht, a mbíonn tionchar acu ar ár ndobharlaigh. Faoi láthair tá gníomhaireachtaí éagsúla freagrach as gnéithe de phleanáil abhantraí in Éirinn agus is teoranta sonraí a roinnt nó comhoibriú comhtháite idir na príomhpháirtithe leasmhara ar fad. Tá easpa sonraí agus samhaltú sofaisticiúil dobharcheantair ann freisin a d’fhéadfadh an meascán beart is éifeachtaí maidir le costais a chinneadh chun cuspóirí comhshaoil CTU a bhaint amach do gach dobharlach.

Maidir le Gníomhaíocht 3.5 tá próiseas leanúnach uasghrádaithe ar ionaid chóireála fuíolluisce ann chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fáis agus ar riachtanais reachtaíochta agus é mar aidhm leis sin infheistíocht a dhéanamh de réir a chéile chun comhlíonadh iomlán a bhaint amach le himeacht ama. Tá dul chun cinn seasta déanta agus bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha, táimid ag súil go mbeidh ionaid chóireála fuíolluisce a chomhlíonann an TCFU reatha ag freastal ar 97% den choibhéis daonra nasctha faoi dheireadh na bliana 2024. Tá infheistíochtaí suntasacha déanta mar chuid de chur chun feidhme oibleagáidí PBA. Tá Uisce Éireann tiomanta do gach gníomhaíocht a theastaíonn faoin PBA a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na brúnna fuíolluisce uirbigh go léir a aithníodh. Maidir le Gníomhaíocht 3.6, i láthair na huaire, tá an cur chuige cothabhála frithghníomhach den chuid is mó le cothabháil thuarthach teoranta agus le hoibriú cianda. Maidir le seirbhísí uisce a bhainistiú, leagtar amach sa PNAU an bonn le haghaidh astarraingtí agus soláthar níos inbhuanaithe, mar shampla trí chuíchóiriú agus uasghrádú. Faoin gcóras nua astarraingthe, beidh ar Uisce Éireann iarratas a chur faoi bhráid GCC ar cheadúnais le haghaidh astarraingtí atá os cionn tairseacha áirithe, agus ceanglais sreafa insrutha an GCC a chomhlíonadh. Tá an gealltanas seo chun seirbhísí uisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a chomhlíonadh.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Áirítear leis sin moltaí chun leanúint ar aghaidh de chumas samhaltaithe abhantraigh a fhorbairt agus comhoibriú chun oibleagáidí na hÉireann faoin CTU a chomhlíonadh. Maidir le seirbhísí uisce a bhainistiú, tá sé beartaithe Clár Pas Éisc a fhorbairt i gcomhar le hIascaigh Intíre Éireann chun dálaí hidreamoirfeolaíocha áitiúla a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní imirce ag struchtúir ghaibhnithe a thacaíonn le hastarraingt. Tá sé mar aidhm ag bainistíocht seirbhísí fuíolluisce ceanglais rialála sa todhchaí a bhaint amach ar feadh shaolré na sócmhainní. Cuirfear san áireamh leis an gcur chuige athmhúnlú molta TCFU agus ceanglais údaraithe um scaoileadh fuíolluisce, clár monatóireachta ar uiscí snámha agus sliogéisc, córais chian-bhainistithe agus córais thuarthacha um chothabháil réamhghníomhach a úsáid. Beidh infheistíocht chaipitil shuntasach ag teastáil thar roinnt timthriallta maoiniúcháin.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Úsáid a bhaint as teicneolaíocht amhail ‘leathchúpla digiteach’ den timpeallacht nádúrtha a chruthú bunaithe ar ardbhraiteoirí abhantraí chun tacú le cinntí infheistíochta agus bainistíochta chun an comhshaol a chosaint (féadann leathchúplaí digiteacha cabhrú le heagraíochtaí fíorchásanna agus fíorthorthaí a insamhladh agus cabhraíonn sé le bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht). Mar sin féin, bheadh gá le páirtithe leasmhara ábhartha a bheith ar bord i bprionsabal, agus faoi láthair ní bheadh dóthain faisnéise ann chun an teicneolaíocht seo a úsáid, ach bheadh

céimeanna eile ag teastáil ar dtús. D'fhéadfaí, áfach, úsáid an chur chuige seo a mheas in athbhreithnithe agus in atriallta amach anseo ar PSSU 2050. Ar na roghanna malartacha eile a aithníodh bhí úsáid a bhaint as tionscnaimh phobail a d'fhéadfadh monatóireacht agus sonraí abhantrach níos fairsinge a fhorbairt; Straitéisí Aicme Sócmhainní a thabhairt isteach chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar shócmhainní, mar shampla le haghaidh stóráil ceimiceán, bainistíocht iarmhar; agus cothabháil choiscthe ar shócmhainní trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun cabhrú le réamh-mheas a dhéanamh maidir le cathain a theipfidh orthu, agus córais níos fearr agus níos cliste a bheith i bhfeidhm chun sócmhainní a bhainistiú ar feadh a saolré.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla7.11 thíos.

**Tábla 7.11 Aidhm Straitéiseach 8 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na Gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh (Diúltaithe)** | 3.4 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 3.5 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 3.6 | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | 3.4 | ++ | 0 | 0 | + | +/- | + | + | + | + | + | + | + | + | 0 |
| | 3.5 | ++ | +/- | 0 | + | +/- | +/- | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | +/- |
| | 3.6 | ++ | 0 | + | + | +/- | ++ | ++ | ++ | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | 3.4 | ++ | + | 0 | ++ | + | ++ | ++ | ++ | + | + | + | + | + | 0 |
| | 3.5 | ++ | + | 0 | ++ | +/- | + | ++ | ++ | + | + | 0 | 0 | 0 | + |
| | 3.6 | ++ | 0 | + | + | +/- | ++ | ++ | ++ | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | 3.4 | ++ | + | 0 | ++ | + | ++ | ++ | ++ | + | + | + | + | + | 0 |
| | 3.5 | ++ | + | 0 | ++ | +/- | + | ++ | ++ | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | + |
| | 3.6 | ++ | + | 0 | + | +/- | ++ | ++ | ++ | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach** | 3.4 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 3.5 | | | | | | | | | | | | | | |

| Aidhm Straitéiseach 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Roghanna Malartacha | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| | Tagairt na Gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **4: Déan rudaí ar bhealach difriúil (Diúltaithe)** | 3.6 | | | | | | | | | | | | | | |

## Measúnacht achomair le haghaidh Aidhm Straitéiseach 8

Is í aidhm Rogha Mhalartach 1 'Gnó Mar is Gnách' ina raibh leanúnachas maidir leis an gcur chuige bainistíochta atá ann cheana féin, cur chuige atá dírithe ar chomhlíonadh reachtaíochta na Treorach reatha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh ná aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna CTU agus ar cheanglais PBA atá ann cheana agus tá sé ag tacú le cuspóirí MST maidir le sláinte, uisce, bithéagsúlacht agus iascach agus nithe timpeallachta leathan gaolmhara ón gcur chuige seo ach dúshláin a bheidh ann fós amach anseo a chomhlíonadh, dúshláin a bhaineann go háirithe leis an athrú aeráide. Maidir le Rogha Mhalartach 2, BAU +, tacaítear le bainistiú seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar feadh shaolré na sócmhainní chun freastal ar riachtanais rialála níos dúshlánaí agus táthar ag súil go dtabharfaidh sé tacaíocht den chuid is mó ar fud chuspóirí MST, agus iad ag glacadh cur chuige níos réamhghníomhaí agus ag dul thar na ceanglais lena n-áirítear pleananna chun fáil réidh le bacainní ar éisc. D'fhéadfadh buntáistí breise a bheith ag gabháil le Rogha Mhalartach 3 trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua, agus rioscaí á laghdú agus ag tacú le cinnteoireacht. É sin ráite, níl na cuir chuige sin ar fáil go fóill agus theastódh na céimeanna atá molta i rogha mhalartach 2 uathu ar dtús ach d'fhéadfaí iad a bhreithniú in athbhreithnithe ar phleananna amach anseo.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ ar aghaidh chuig PSSU 2050 le haghaidh Gníomhartha 3.4, 3.5 agus 3.6***

## Aidhm Straitéiseach 8: Maolú agus Feabhsú

Tacaíonn na moltaí le bainistíocht agus le monatóireacht níos fearr agus is é is aidhm do na moltaí breise maidir le maolú MST a chinntiú go mbreithneofar na tairbhí timpeallachta i gcoitinne agus go ngabhfar iad i mbailiú sonraí agus in anailís chun tacú le cinnteoireacht thar oibríochtaí agus saolréanna sócmhainní. Beidh riachtanais acmhainní agus fuinnimh ag baint le gníomhaíochtaí agus clúdaítear maolú i ndáil le carbón agus ábhar i gCuspóir Straitéiseach 4.

### 7.4.4 Aidhm Straitéiseach 9

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

| **Aidhm Straitéiseach 9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach** | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 3.7** | **'Glanbhreisiú Bithéagsúlachta a Chinntiú'** - Ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh 'glanbhreisiú' ann arís ó thaobh na bithéagsúlachta de. |
| **Gníomhaíocht 3.8** | **Réitigh dhúlrabhunaithe** - Tús áite a thabhairt do réitigh dúlra-bhunaithe agus do bhearta abhantrach maidir le seachadadh tionscadal uisce agus fuíolluisce. |

**Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** Níl i gceist leis sin nach ndéanfar gníomhaíochtaí ach chun oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus nach leanfar ar aghaidh le cur i bhfeidhm bheartas ghlanbhreisithe bhithéagsúlachta Uisce Éireann nó le réitigh dhúlrabhunaithe agus bearta bainistíochta abhantrach a thabhairt ar aghaidh.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Leagtar amach in PGB Uisce Éireann 2021 na cuspóirí agus na gníomhartha sonracha atá le déanamh ag Uisce Éireann lena gcinntítear go léirítear meas ar bhithéagsúlacht agus gur dlúthchuid den phróiseas cinnteoireachta ar fud an ghnólachta í. Áirítear i PGB 2021 de chuid Uisce Éireann gealltanas glanbhreisiú bithéagsúlachta a bhaint amach ar fud na dtionscadal bonneagar faoi 2030. Tá samplaí ag Uisce Éireann cheana féin maidir le réitigh dhúlra-bhunaithe a úsáid, ach níl cur chuige curtha i bhfeidhm aige fós. Tá Uisce Éireann tiomanta do shócmhainní a bhainistiú chun 'glanbhreisiú' bithéagsúlachta a sholáthar. Áirítear leis sin an tiomantas chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an CGB in 2025 agus chun dul i ngleic go réamhghníomhach leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir maidir le tuilleadh forbartha agus cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí bithéagsúlachta

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** Tá cur chuige BAU de chuid Uisce Éireann maidir le glanbhreisiú bithéagsúlachta ag dul thar na ceanglais cheana féin. Tabharfaidh Uisce Éireann tús áite do réitigh dúlra-bhunaithe agus do bhearta abhantraigh maidir le seachadadh tionscadail uisce agus fuíolluisce. Áirítear leis sin iarracht a spreagadh agus a chur chun cinn chun teacht ar dheiseanna maidir le bogaigh chomhtháite thógtha a chur isteach, giolcarnaigh um shloda a thriomú, agus réitigh eile dhúlrabhunaithe a chur isteach ar na láithreacha cóireála fuíolluisce agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí bainistíochta abhantrach.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** T eicneolaíocht nua agus córais níos cliste a úsáid chun sonraí a bhainistiú agus chun páirt a thabhairt do ghníomhaireachtaí eile agus tacú leo i mbainistíocht abhantrach níos leithne, bheadh sé sin ag brath, áfach, ar ghníomhaíochtaí rialála eile agus ar fhaomhadh maoiniúcháin. Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.12 thíos.

**Tábla 7.12 Aidhm Straitéiseach 9 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | Geolaíocht agus Ithreacha | Cáilíocht Aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** | 3.7 | - | - | 0 | 0 | - | - | -- | -- | - | 0 | - | - | - | 0 |
| | 3.8 | - | - | 0 | - | - | - | - | - | - | 0 | - | - | - | 0 |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | 3.7 | ++ | + | + | + | + | ++ | ++ | ++ | + | + | + | + | + | + |
| | 3.8 | ++ | + | + | + | + | + | ++ | ++ | + | + | 0 | 0 | 0 | + |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | 3.7 | ++ | + | + | + | + | ++ | ++ | ++ | + | + | + | + | + | + |
| | 3.8 | ++ | ++ | + | + | + | ++ | ++ | ++ | + | + | ++ | ++ | ++ | + |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | 3.7 | ++ | + | + | + | + | ++ | ++ | ++ | + | + | + | + | + | + |
| | 3.8 | ++ | ++ | + | + | + | ++ | ++ | ++ | + | + | ++ | ++ | ++ | + |
| **Rogha Mhalartach 4: Rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil (diúltaithe)** | 3.7 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 3.8 | | | | | | | | | | | | | | |

### Measúnacht achomair le haghaidh Aidhm Straitéiseach 9

Le Rogha Mhalartach 2, soláthraítear bonn chun tacú le cuspóirí bithéagsúlachta agus uisce MST chomh maith le tairbhí timpeallachta agus seirbhísí éiceachórais gaolmhara níos leithne a bhaint as glanbhreisiú bithéagsúlachta a sholáthar agus réitigh dhúlrabhunaithe agus bearta bainistíochta abhantraigh a chomhtháthú ar bhealach níos cuimsithí i soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce nuair is cuí. Is féidir le Rogha Mhalartach 3 buntáistí cosúla ach a bhféadfadh a bheith níos forleathan ach bheadh siad ag braith ar sholáthar teicneolaíochta agus comhpháirtíochtaí le haghaidh soláthar nach bhfuil ar fáil faoi láthair nó taobh amuigh freagrachtaí Uisce Éireann, cé go bhfuil féidearthacht ann tuilleadh ghníomh orthu siúd dul faoi mheas i bpleananna eile sa todhchaí.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ ar aghaidh chuig PSSU 2050 le haghaidh Gníomhaíochta 3.8 agus Rogha Mhalartach 1 'Gnó Mar is Gnách' le haghaidh Gníomhaíocht 3.7.***

**Aidhm Straitéiseach 9: Maolú agus Feabhsú**

Tá na bearta mholta ina buntáiste thar cuspóirí an MST agus chun tacaíocht a thabhairt do na buntáistí seo a bhaint amach Treoir agus próisis a fhorbairt chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a mheas, bearta bainistíochta abhantraí níos leithne agus réitigh bunaithe sa dúlra san áit atá cuí.

## 7.5 Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí

Aithnítear le Dréacht-PSSU 2050 scála na ndúshlán atá le sárú sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus an gá atá le sócmhainní agus bealaí oibre a athrú ó bhonn ionas go mbeidh siad inbhuanaithe agus oiriúnach don todhchaí. Aithnítear go bhfuil an t-athrú ó bhonn sin dúshlánach agus beidh sé i gceist leis go mbeidh Uisce Éireann ina fhóntas saor ó charbón, chomh maith le hídiú acmhainní a íoslaghdú. Le bheith inbhuanaithe, tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann freisin a n-acmhainní bainistíochta saolréanna sócmhainní agus pleanála fadtéarmacha a fhorbairt ionas gur féidir na luachanna shóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta is fearr ar féidir a sholáthar ónár sócmhainní a uasmhéadú.

Tá ráite i gCuspóir Straitéiseach 4 i nDréacht-PSSU 2050:

**Cuspóir Straitéiseach 4: Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn**

***Déanfaimid cinntí don fhadtéarma le go mbeimid in ann dul in oiriúint agus athléimneacht ár sócmhainní a chinntiú.***

Faoin gcuspóir sin, sainaithnítear sa Dréacht-PSSU 2050 cúig aidhm straitéiseacha lena mbaineann deich ngníomhaíocht chun iad a bhaint amach:

**Aidhm Straitéiseach 10:** Neodracht carbóin a bhaint amach: Beimid ag obair linn beagán ar bheagán i leith seirbhísí atá saor ó charbón a bhaint amach.

**Aidhm Straitéiseach 11:** Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh: Bainistímid ár sócmhainní sa chaoi is go ndéantar a oiread aisghabhála acmhainní agus is féidir, go mbítear tíosach i mbun acmhainní a chaitheamh agus go ndéantar a lú dramhaíola agus is féidir.

**Aidhm Straitéiseach 12:** Ár sócmhainní a bhainistiú: Cloífimid le dea-chleachtas maidir le sócmhainní a bhainistiú chun na rioscaí atá ann dár seirbhísí agus an teacht aniar atá iontu ina n-aghaidh a bhainistiú.

**Aidhm Straitéiseach 13:** Tairbhe a bhaint as nuálaíocht: Cuirfimid dlús le taighde agus nuálaíocht d'fhonn luach a shaothrú agus chun dul i ngleic le dúshláin a thitfidh amach san am atá le teacht.

**Aidhm Straitéiseach 14:** Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú; Oibreoimid i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun maoiniú fadtéarmach a fháil do sheirbhísí atá éifeachtúil agus seasmhach.

Breithnítear roghanna malartacha agus gníomhaíochtaí beartaithe Dréacht-PSSU 2050 sna codanna thíos i gcoinne na gcuspóirí MST.

### 7.5.1 Roghanna Malartacha a Breithníodh do Gach Gníomhaíocht

Tá achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí curtha ar fáil in dTábla 7.13 thíos.

**Tábla 7.13 Achoimre ar na roghanna malartacha a breithníodh do na gníomhaíochtaí**

| Roghanna Malartacha a Measadh | Rogha Mhalartach 0: An Méid is Lú a Dhéanamh – (Diúltaithe) | Rogha Mhalartach 1: Lean leis an gcur chuige reatha (Gnó Mar is Gnách – an Cleachtas atá leabaithe faoi láthair) | Rogha Mhalartach 2: Molta (PSSU 2050) | Rogha Mhalartach 3: Déan níos mó/níos tapúla (PSSU 2050+) | Rogha Mhalartach 4: Déan rudaí ar bhealach difriúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 10: Neodracht carbóin a bhaint amach** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 4.1** | ✓ | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta | Dada Aitheanta |
| **Gníomhaíocht 4.2** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 11: Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 4.3** | Dada Aitheanta | ✓ | Mar an gcéanna le 'Gnó Mar is Gnách' | Dada Aitheanta | Dada Aitheanta |
| **Gníomhaíocht 4.4** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta | Dada Aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 12: Ár sócmhainní a bhainistiú** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 4.5** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta |
| **Gníomhaíocht 4.6** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta | Dada Aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 4.7** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta |
| **Gníomhaíocht 4.8** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta |
| **Aidhm Straitéiseach 14: Seasmhacht airgeadais a chinntiú** | | | | | |
| **Gníomhaíocht 4.9** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta |
| **Gníomhaíocht 4.10** | Dada Aitheanta | ✓ | ✓ | Dada Aitheanta | Dada Aitheanta |

## 7.5.2 Aidhm Straitéiseach 10

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta.

| Aidhm Straitéiseach 10: Neodracht carbóin a bhaint amach | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 4.1** | **Treochlár Glan-nialasachta** - Treochlárglan-nialasachta a Bhaint Amach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |
| **Gníomhaíocht 4.2** | **Inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean inár slabhra soláthair** - Obair i ndlúthchomhar lenár slabhra soláthair chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean sa chaoi ina gcuirtear bonneagar uisce agus fuíolluisce ar bun. |

**Rogha Mhalartach 0: Déan an méid is lú -** gan Phlean maidir le Neodracht carbóin a bhaint amach nó straitéis chun spriocanna a bhaint amach.

**Rogha Mhalartach 1: Gnó Mar is Gnách** Tá Plean Chun Glan a Náid a bhaint amach á fhorbairt ag Uisce Éireann faoi láthair chun tacú le seachadadh a n-uaillmhéine maidir le Glan a Náid a bhaint amach faoi 2040. Faoi láthair níl an cur chuige i dtreo glan a náid rialta agus tá mí-chinnteacht ann maidir le cuspóirí a bhaint amach. Tógfaidh an treochlár ar chláir reatha lena n-áirítear tionscnaimh amhail éifeachtúlacht fuinnimh, glacadh le fuinneamh in-athnuaite, laghduithe gás ceaptha teasa lena n-áirítear bainistíocht ar astaíochtaí próisis, réitigh dhúlrabhunaithe agus comhoibriú slabhra soláthair. Aithnítear go bhfuil teorainn leis na sonraí a thacaíonn le carbón corpraithe a ríomh. Chun tacú leis an slabhra soláthair fairsing ar mhaithe le haistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta agus neodrach ó thaobh na haeráide de, foilsíodh Cairt um Shlabhra Soláthair in 2024 ag tacú le Creat Inbhuanaitheachta uileghabhálach Uisce Éireann. Chomh maith leis sin, bhí Uisce Éireann i measc na gcomhpháirtithe a bhunaigh an brainse Éireannach den Scoil um Shlabhra Soláthair Inbhuanaithe ní i bhfad ó shin.

**Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050**D'aithin Uisce Éireann nach féidir Glan a Náid a bhaint amach ag Uisce Éireann leis féin, go mbeidh comhpháirtíochtaí, rannpháirtíocht comhoibrithe agus páirtithe leasmhara lárnach do na cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach, agus áirítear sna gníomhaíochta molta;

- Iad siúd atá ag obair laistigh d'Uisce Éireann a chumhachtú trí threoir straitéiseach a thabhairt dóibh le go ndíreoidh siad ar ghníomhaíochaí a mbeidh neodracht carbóin mar thoradh orthu.
- Dul i gcomhar leis an slabhra soláthair forleathan chun réitigh a fhorbairt, a bhfuil foghlamtha a roinnt agus tionscadail a sheachadadh atá inbhuanaithe, éifeachtúil ó thaobh costas de agus tairbheach don dá pháirtí.
- Oibriú le custaiméirí agus pobail chun neodracht carbóin a bhaint amach trí rannpháirtíocht ghníomhach m.sh. trí sceitheadh uisce a thuairisciú agus trí fheachtais fheasachta cosúil leis an bhfeachtas a bhí againn faoin gcaoi Uisce a Chaomhnú.
- Nuálaíocht a spreagadh laistigh den slabhra soláthair, agus a leanúint i mbun comhpháirtíochtaí comhoibríocha a chothú lenár féidir luach agus feidhmíocht a mheas ach modheolaíochtaí costála saolré iomlán a úsáid.
- Oibriú le soláthraithe chun tacú leo trí threoir a thabhairt maidir le cleachtais inbhuanaithe, amhail bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus tionscnaimh laghdaithe carbóin.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na dreasachtaí i leith inbhuanaitheachta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le cliaint, conraitheoirí agus soláthraithe (ag a leasa féin a bheadh sé) a spreagadh chun obair ar scáth a chéile chun na scileanna agus an t-eolas a chothú atá ag teastáil chun an bealach a réiteach do thodhchaí inar cuid den saol é acmhainní comhroinnte agus dea-chleachtais.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Le haghaidh gníomh 4.2, d'fhéadfadh cur chuige mhalartach a bheith ann chun riachtanais éigeantacha a leagadh amach do sholáthróirí chun ár mianta inbhuanaitheachta a thacú.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.14 thíos.

**Tábla 7.14 Measúnú Mhalartach d'Aidhm Straitéiseach 10**

| Aidhm Straitéiseach 10: Neodracht carbóin a bhaint amach | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomh aíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh | 4.1 | - | 0 | 0 | 0 | -- | - | 0 | 0 | - | - | 0 | 0 | 0 | - |
| | 4.2 | - | 0 | 0 | 0 | - | - | 0 | 0 | - | - | 0 | 0 | 0 | - |
| Rogha Mhalartach 1: BAU | 4.1 | + | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | + |
| | 4.2 | + | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | + |
| Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050 | 4.1 | + | 0 | 0 | 0 | ++ | + | + | 0 | ++ | + | 0 | 0 | 0 | + |
| | 4.2 | + | 0 | 0 | 0 | ++ | + | + | 0 | ++ | + | 0 | 0 | 0 | + |
| Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+ | 4.1 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 4.2 | + | 0 | 0 | 0 | ++ | + | + | 0 | ++ | + | 0 | 0 | 0 | + |
| Rogha Mhalartach 4: Rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil (diúltaithe) | 4.1 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 4.2 | | | | | | | | | | | | | | |

## Measúnacht achomair le haghaidh Aidhm Straitéiseach 10

Le Rogha Mhalartacha 2 'Gnó Mar is Gnách' do na Dréacht-Ghníomhaíochtaí 4,1 agus 4.2 , soláthrófar bealaí tábhachtacha chun astaíochtaí carbóin a laghdú, chun aistriú go foinsí fuinnimh in-athnuaite, feabhas a chur ar úsáid ábhar agus laghdú a dhéanamh ar dhramhaíl ag tógáil ar phleananna agus ar chláir atá ann cheana

(agus a chlúdófar in Rogha Mhalartacha 1 'Ghnó Mar is Gnách'. San áireamh in 'Gnó Mar is Gnách' + tá aidhm ann an cuspóirí Glan a Náid Charbóin a bhaint amach faoi 2040. Is féidir leis na gníomhaíochtaí sin cur le Cuspóirí MST maidir le huisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, úsáid acmhainní agus sócmhainní agus caighdeán an aeir. Ó thaobh Rogha Mhalartach 3 'Gnó Mar is Gnách', aithníonn Uisce Éireann an riachtanas a bhaineann le obair a dhéanamh leis an slabhra soláthair agus am a thabhairt chun cur chuige comhpháirtíochta a bhunú chun tuairisceoireacht cuí ar inbhuanaitheacht a chuir ar fáil sula gcuirfear riachtanais éigeantacha i bhfeidhm.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ ar aghaidh chuig PSSU 2050 le haghaidh Gníomhaíochtaí 4.1 agus 4.2.***

**Aidhm Straitéiseach 10; Maolú agus Feabhsú**

Táthar ag súil go dtacóidh na gníomhaíochtaí seo le cuspóirí MST a bhaint amach maidir le gníomhaíochtaí uile Uisce Éireann. Is féidir é seo a neartú a thuilleadh tríd an Treochlár Glan-Nialasachta a nascadh go dlúth le pleananna agus le tionscadail eile atá á n-ullmhú lena n-áirítear PNAU reatha (Gníomh 1.4) agus an Straitéis agus Pleananna Bainistíochta Fuíolluisce atá molta (Gníomh 3.1. 3.2 agus 4.3) chun tionchar a imirt ar na cuir chuige a glacadh agus a chinntiú go sainaithnítear deiseanna maidir le cur chun feidhme agus na cineálacha cur chuige bainistíochta saolré (Gníomhaíochtaí 3.5 agus 3.6).

### 7.5.3 Aidhm Straitéiseach 11

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta

| Aidhm Straitéiseach 11: Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 4.3** | **Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce -** Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus é a chur chun feidhme. |
| **Gníomhaíocht 4.4** | **Caighdeán dearaidh don gheilleagar ciorclach -** Na tairbhí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach a bharrfheabhsú. |

**Rogha Mhalartach 0: Déan an méid is lú** Níor aithníodh aon rogha mhalartach eile atá réasúnta don chur chuige reatha, bunaithe ar phleananna mar atá.

**Rogha Mhalartach 1: Gnó Mar is Gnách** Foilsíodh an Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce reatha in 2016 agus tá an 2ú hathbhreithniú ar an bPlean Náisiúnta um Bainistiú Sloda Fuíolluisce tosaithe. Déantar cóireáil ar 100% den sloda fuíolluisce faoi láthair chun bithsolaid a tháirgeadh a úsáidtear sa talmhaíocht agus úsáidtear cuid mhaith de dhramhaíl ICU i ndéantúsaíocht stroighne. I measc na ngníomhaíochtaí tá forbairt ionad mol Sloda. Ba chur chuige líneach den chuid is mó a bhí ann, áfach, agus ní thugann sé aghaidh faoi láthair ar an ngeilleagar ciorclach. Tá Uisce Éireann tiomanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar PNBSF agus é a chur i bhfeidhm agus mar chuid dó seo, déanfaidh Uisce Éireann iniúchadh ar bhealaí nua agus nuálacha chun ábhair athshlánaithe ó phróisis chóireála (bithacmhainní) a úsáid, agus déanfar teicneolaíochtaí agus próisis a mheas chun luach níos fearr a bhaint ó shloda, lena n-áirítear fuinneamh.

**Rogha Mhalartach 2: Gnó Mar is Gnách+ PSSU 2050** Tá sé d'uaillmhian ag Uisce Éireann cur chuige an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm go daingean, múnla ina mbíonn táirgí agus ábhair mar chuid de thimthriall leanúnach seachas a bheith caite i dtraipisí nuair a bhaineann siad deireadh a saolré amach. I gcroílár ár straitéise tá Caighdeán Deartha nua le haghaidh Geilleagar Ciorclach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bainfidh an caighdeán sin le saolré iomlán ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce a bhainistiú, ó chéim an dearaidh agus an tsoláthair tosaigh go cur i gcrích, stóráil, láimhseáil agus úsáid deiridh.

**Tábla 7.15 Aidhm Straitéiseach 11 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 11: Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Roghanna Malartacha | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 0: Déan an méid is lú (Diúltaithe)** | 4.3 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 4.4 | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | 4.3 | +/- | | | | + | + | +/- | +/- | ++ | ++ | | | ++ | |
| | 4.4 | +/- | | | | +/- | +/- | +/- | +/- | + | + | | | + | |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | 4.3 | +/- | | | | + | + | +/- | +/- | ++ | ++ | | | + | |
| | 4.4 | +/- | | | | ++ | | +/- | +/- | ++ | ++ | | | + | |
| **Roghanna Mhalartacha 3 agus 4 (Diúltaithe)** | 4.3 | | | | | | | | | | | | | | |
| | 4.4 | | | | | | | | | | | | | | |

## Measúnacht achomair le haghaidh Aidhm Straitéiseach 11

Áirítear le Rogha Mhalartach 1 'Gnó Mar is Gnách' Gníomh 4.3 cur i bhfeidhm an chéad PNBSF agus athbhreithniú agus nuashonraithe ar an nuashonrú don dara PNBSF atá á fhorbairt faoi láthair le dúthracht ann nuálaíocht a thabhairt isteach. Meastar gur rud dearfach í úsáid talmhaíochta sloda fuíolluisce do chuspóirí MST maidir le húsáid ithreacha agus acmhainní cé go bhfuil sé measctha i dtéarmaí uisce, bithéagsúlachta agus iascaigh agus acmhainn á tabhairt do rith chun srutha saibhir cothaitheach, rud a d'fhéadfadh cur le truailliú uisce. Soláthróidh an PNBSF athbhreithnithe acmhainn chun luach níos airde a bhaint amach ó shruthanna fuíolluisce a d'fhéadfadh tacú le laghdú ar astuithe carbóin agus a bhféadfadh tairbhí comhshaoil breise a sholáthar. Áirítear le Rogha Mhalartach 2 an 'Gnó Mar is Gnách' do Ghníomh 4.3 agus do Ghníomh 4.4 'Gnó Mar is Gnách'+ cur chuige Geilleagar Ciorclach, rud a fhéadfaidh buntáistí breise a sholáthar go háirithe do chuspóirí MST maidir le maolú ar an athrú aeráide, ar úsáid acmhainní agus ar shócmhainní.

***Tugtar Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ ar aghaidh chuig PSSU 2050 le haghaidh Gníomhaíochta 4. 4 agus 'Gnó Mar is Gnách' le haghaidh Gníomhaíochta 4.3.***

### Aidhm Straitéiseach 11: Maolú agus Feabhsú

Beidh an PNBSF nua nuashonraithe atá molta faoi réir MST agus MC agus aithneofar bearta maolaithe i ndáil leis na tograí níos mionsonraithe sa phlean seo. San iomlán, meastar go bhfuil an cur chuige atá in úsáid chun athbhreithniú agus uasdhátú a dhéanamh ar an bplean agus cur chuigí an eacnamaíocht ciorclach dearfach do MST. D'fhéadfaí nasc a dhéanamh le gníomhaíochtaí eile PSSU 2050 lena n-áirítear tionscnaimh bainistíocht abhantracha (Gníomh 1.3) agus measúnuithe riosca maidir le foinse uisce óil (Gníomh 1.1) chun úsáid na treorach reatha a spreagadh maidir le húsáid sloda fuíolluisce (mar aon le leasacháin agus lotnaidicídí talmhaíochta eile) chun an baol truaillithe uisce ó rith chun srutha a íoslaghdú.

## 7.5.4 Aidhmeanna Straitéiseacha 12, 13 & 14

Tugtar achoimre ar an measúnacht de réir na haidhme straitéisí bunaithe ar an measúnacht a rinneadh le haghaidh gach gníomhaíochta

| Aidhm Straitéiseach 12: Ár sócmhainní a bhainistiú | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 4.5** | **Ár Sócmhainní a Bhainistiú** - Na gníomhaíochtaí a dhéantar ar ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach comhordaithe thar a saolré ar fad d'fhonn deimhniú ISO 55000 a bhaint amach. |
| **Gníomhaíocht 4.6** | **Cinnteoireacht bunaithe ar riosca agus ar luach** - Féachaint chuige go gcuirtear riosca agus luach san áireamh aon uair a dhéantar cinneadh thar shaolré na sócmhainní. |
| **Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht** | |
| **Gníomhaíocht 4.7** | **Taighde agus nuálaíocht -** Cultúr nuálaíochta a fhorbairt in earnáil na seirbhísí uisce ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe. |
| **Gníomhaíocht 4.8** | **Clár fadbhreathnaitheachta** - Leanúint de chumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt. |
| **Aidhm Straitéiseach 14: Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú** | |
| **Gníomhaíocht 4.9** | **Infheistíocht fhadtéarmach** - Na riachtanais infheistíochta atá ag ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce san fhadtéarma a chainníochtú agus a chur in iúl. |
| **Gníomhaíocht 4.10** | **Maoiniú Ilbhliantúil** - Cur chuige i leith maoiniú ilbhliantúil a chur i bhfeidhm. |

**Rogha Mhalartach 0: Déan an méid is lú** Níor aithníodh aon mhalartaí eile chun an méid is lú a dhéanamh.

**Rogha Mhalartach 1: BAU** Faoi láthair, tá Uisce Éireann i mbun sonraí a fheabhsú maidir le riocht agus feidhmíocht sócmhainní ach tá sé teoranta ag rochtain ar fhaisnéis faoi na rioscaí, straitéisí ábhartha agus gníomhaíochtaí beartaithe uile a bhaineann le sócmhainn. Tá bainistíocht sócmhainní comhtháite theoranta ann chun tacú leis an bhfeidhmíocht agus an infheistíocht is fearr is féidir.

Tá punann tionscnamh taighde agus nuálaíochta cruthaithe ag Uisce Éireann cheana féin. Cuimsítear leis sin faisnéis ó fhóntais RA, agus leas a bhaint as a gcuid taithí, a n-acmhainní agus a gcuid maoinithe trí UKWIR, OFWAT agus SPRING. Cuireann Uisce Éireann nuálaíocht ar fáil trí chiste nuálaíochta CRF agus le slabhraí soláthair ar chláir agus tionscadail agus chaipitil. Tá sé dírithe faoi láthair ar nuálaíocht i ndáil le príomhchuspóirí gearrthéarmacha na cuideachta, amhail sceitheadh, comhlíontacht, fuinneamh.

Cuireadh scanadh comhoibríoch tosaigh léaslíne ar fáil le Fís 2050 ach ba thús agus imeacht aonuaire a bhí inti. Ba é an plean athnuachan/athbhreithniú a dhéanamh ar staidéar Fhís 2050 ar bhonn tréimhsiúil, gach 5 bliana mar shampla, agus staidéir agus uirlisí fadbhreathnaitheachta a fhorbairt de réir a chéile.

Ó tharla bonn sócmhainní an-mhór a bheith ag Uisce Éireann agus an gá atá ann le hinfheistíocht a dhéanamh go leanúnach i bhfad na haimsire; caithfimid leanúint le hinfheistíocht a dhíriú ar na rioscaí is mó a laghdú fad is nach ligtear d'aon rud a chur ón oiread fiúntais agus is féidir a thugtar do chustaiméirí agus Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce an Rialtais a chur i gcrích. Tá cur chuige glactha ag Uisce Éireann a dhíríonn ar shócmhainní agus ar sheirbhísí a bhainistiú fad is a shaothraítear luach ó shócmhainní uisce agus ó fhuíolluisce. Forbraíodh próisis chun cloí leis an gcód ar chaiteachais phoiblí agus na treoirlínte bonneagair, agus tá siad bunaithe ar phróiseas ceardlainne I20, rud a úsáideann anailís ilchritéir agus cur chuige costála chun an comhshaol, an inbhuanaitheacht agus an costas a chinntiú ag gach céim rialachais chun tacú le cinnteoireacht atá ar an eolas agus cothrom.

Tá maoiniú infheistíochta Uisce Éireann bunaithe ar thimthriallta infheistíochta 5 bliana faoi láthair. Cuirtear maoiniú ilbhliantúil ar fáil tríd an bPlean Maoinithe Straitéiseach agus na liúntais Rialála ach tá sé sin fós faoi réir phróiseas buiséadaithe bliantúil an rialtais.

**Rogha Mhalartach 2: Gnó Mar is Gnách+ PSSU 2050** Cur chuige Bainistíochta Sócmhainní ISO55000 a chur i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí uile i ndáil lena sócmhainní, rud a thacóidh le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is é an aidhm go gcinnteodh an Córas Bainistithe Sócmhainní go gcuirimid saolré iomlán ár sócmhainní san áireamh agus cinntí á ndéanamh againn maidir le hinfheistíocht a dhéanamh inár sócmhainní, cothabháil a dhéanamh orthu, iad a oibriú, fáil réidh leo/nó athúsáid a bhaint astu. Gealltar go gcuirfear feabhas ar an gcumas cinntí a dhéanamh bunaithe ar riosca agus luach, lena n-áirítear leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha lena chinntiú go ndéanfar na cinntí infheistíochta cearta go tráthúil.

Cultúr nuálaíochta a fhorbairt in earnáil na seirbhísí uisce ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe. Gealltar leis an bplean go leanfar de chumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt. Is den ríthábhacht é go nglacaimid próiseas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine chugainn féin chun an bealach a réiteach do chur chuige pleanála solúbtha agus oiriúnaitheach agus mar thaca dúinn cinntí a dhéanamh nach mbíonn 'puinn aiféala' orainn tar éis iad a dhéanamh Ní hamháin go dtacódh sé sin le cuspóirí gearrthéarmacha ach thacódh sé le cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha a bhaint amach chomh maith agus, go bunúsach, cuireann sé cur chuige níos straitéisí agus níos comhordaithe ar fáil.

Na riachtanais infheistíochta fadtéarmacha atá ag ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce a chainníochtú agus a chur in iúl. Infheistíocht a bhainistiú thar roinnt tréimhsí infheistíochta agus leanúint ar aghaidh ag forbairt cumas pleanála infheistíochta fadtéarmach lena n-áirítear pleananna uisce agus fuíolluisce a rolladh amach thar thréimhse 10-15 bliana agus ag tacú freisin le dearcadh infheistíochta chun cinn 25-30 bliain ionas go mbeadh sé mar bhonn faoi straitéisí fadtéarmacha uisce agus fuíolluisce. Tá sé mar aidhm ag 'Gnó Mar is Gnách' + cur chuige i leith maoiniú ilbhliantúil a chur i bhfeidhm. Le leanúint orainn ag cothú muiníne sa phíblíne tionscadail agus, uaidh sin, le go mbeadh an slabhra soláthair in ann a acmhainneacht a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, ba mhór ag Uisce Éireann dá mbeadh cinnteacht ann go gcuirfear maoiniú ar fáil dúinn go ceann roinnt blianta.

**Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** Ina theannta leis na moltaí in Rogha Mhalartach 2, teastaíonn gníomhaíochtaí ar lean a chuir ar fáil chun sonraí sócmhainne a ghabhadh ag úsáid córais chliste chun eolas fíor-ama a chuir ar fáil in éineacht le níos mó hoibríochtaí uathoibrithe a úsáid. Seo a leanas smaointe gníomhaíochta malartacha eile a áirítear:

- Gníomhaíochtaí nuálaíochta a leathnú trí shruthanna maoinithe seachtracha m.sh. Fiontraíocht Éireann, SFI, ÚFIÉ.
- A bheith chun tosaigh i dtaighde agus nuálaíocht seirbhísí uisce, a bheith soiléir ar na dúshláin agus na tosaíochtaí agus comhoibriú a spreagadh.
- Rochtain oscailte ar láithreáin tagartha agus ar shonraí chun dlús a chur faoi thaighde agus nuálaíocht in earnáil an uisce agus sna hearnálacha lena mbaineann.
- Conairí nuálaíochta éifeachtúla a fhorbairt do mhaoiniú, do chomhoibriú, do sholáthar agus do sciúradh na nuálaíochta agus feabhas a chur ar an gcumas chun nuálaíocht a chur i bhfeidhm ar fud an bhoinn sócmhainní.

- Pleanáil infheistíochta a bheith níos fadtéarmaí trí phleananna infheistíochta 25 bliana mionsonraithe a fhorbairt.

Tugtar achoimre ar an measúnacht in aghaidh chuspóirí MST i gcomhair na haidhme straitéisí in dTábla 7.16 thíos.

**Tábla 7.16 Aidhmeanna Straitéiseacha 12, 13 & 14 roghanna malartacha a mheasúnú**

| Aidhm Straitéiseach 12: Ár sócmhainní a bhainistiú<br>Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht<br>Aidhm Straitéiseach 14: Seasmhacht airgeadais a chinntiú | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Roghanna Malartacha | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Aidhm Straitéiseach 12: Ár sócmhainní a bhainistiú** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **4.5** | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 | +/- | +/- | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.6** | ++ | + | ++ | ++ | + | + | + | + | ++ | ++ | + | + | + | + |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **4.5** | ++ | + | ++ | ++ | ++ | ++ | + | + | ++ | ++ | + | + | + | + |
| | **4.6** | ++ | + | ++ | ++ | + | + | + | + | ++ | ++ | + | + | + | + |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **4.5** | ++ | + | ++ | ++ | ++ | ++ | + | + | ++ | ++ | + | + | + | + |
| | **4.6** | ++ | + | ++ | ++ | + | + | + | + | ++ | ++ | + | + | + | + |
| **Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **4.7** | + | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.8** | 0 | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2 - BAU + PSSU 2050** | **4.7** | + | 0 | + | + | + | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.8** | 0 | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **4.7** | + | 0 | + | + | + | + | + | + | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.8** | 0 | 0 | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | + | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Aidhm Straitéiseach 14: Seasmhacht airgeadais a chinntiú** | | | | | | | | | | | | | | | |

| Aidhm Straitéiseach 12: Ár sócmhainní a bhainistiú<br>Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht<br>Aidhm Straitéiseach 14: Seasmhacht airgeadais a chinntiú | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíocht | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
| Roghanna Malartacha | Tagairt na gníomhaíochta | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Rogha Mhalartach 1: BAU** | **4.9** | 0 | 0 | + | + | +/- | + | 0 | 0 | +/- | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.10** | 0 | 0 | 0 | 0 | +/- | + | 0 | 0 | +/- | + | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 2: BAU+ PSSU 2050** | **4.9** | 0 | 0 | ++ | ++ | +/- | + | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.10** | 0 | 0 | ++ | ++ | +/- | + | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050+** | **4.9** | 0 | 0 | ++ | ++ | +/- | + | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **4.10** | 0 | 0 | ++ | ++ | +/- | + | 0 | 0 | ++ | ++ | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Rogha Mhalartach 0: Déan an méid is lú (Diúltaithe)** | **4.5-4.10** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Rogha Mhalartach 4: Rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil (diúltaithe)** | **4.5-4.10** | | | | | | | | | | | | | | |

### Measúnacht achomair le haghaidh Aidhmeanna Straitéiseacha 12,13 & 14

Áirítear le Rogha Mhalartach 1 'Gnó Mar is Gnách' do Ghníomh 4.6 próiseas chun riosca comhshaoil a mheas agus freastal ar chinneadh tríd an timthriall pleanála infheistíochta agus meastar go dtacaíonn sé le cuspóirí MST toisc go soláthraíonn sé bonn chun saincheisteanna a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu ag gach céim. Tagann an cur chuige a mholtar le Rogha Mhalartach 2 maidir le 'Gnó Mar is Gnách'+ ó na próisis atá ann faoi láthair ach le feabhsuithe ar bhainistíocht sócmhainní, cuir chuige i ndáil le saolré iomlán, forbairt ar shonraí agus uirlisí níos fearr le haghaidh cinnteoireachta, agus pleanáil ar aghaidh ar bhonn níos leanúnaí i gcomparáid le Rogha Mhalartach 1 'Gnó Mar is Gnách' maidir le Gníomhaíochtaí 4.5, 4.7, 4.8, 4.9 agus 4.10, agus an acmhainn tacú le cuspóirí MST maidir leis an athrú aeráide, le húsáid acmhainní agus le húsáid

sócmhainní, agus bíonn tairbhí níos leithne ann freisin maidir le huisce, daonra, sláinte, bithéagsúlacht agus iascach i ndáil le Gníomhaíochtaí 4.7 agus 4.8. Is féidir astaíochtaí carbóin a laghdú le héifeachtúlachtaí bainistíochta sócmhainní chomh maith. Maidir le Gníomhaíochtaí 4.9 agus 4.10, meastar nach fios go beacht na hiarmhairtí a bheidh acu ar chuspóirí MST eile, braithfidh sé ar chothroime na gcinntí maidir le costas, athléimneacht, acmhainní agus cuspóirí comhshaoil, d'fhéadfadh Rogha Mhalartach 3 tacaíocht bhreise a chur ar fáil chun úsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní agus acmhainní, ach b'fhéidir nach mbeadh sé chomh éifeachtúil sonraí uilechuimsitheacha a bhailiú seachas sonraí spriocdhírithe a bhailiú agus meastar nach féidir an tréimhse pleanála infheistíochta fhadtéarmach a shíneadh gan tograí Rogha Mhalartach 2 a bheith curtha i bhfeidhm ar dtús.

***Tá Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ tógtha ar aghaidh chuig PSSU 2050 le haghaidh Gníomhaíochtaí 4. 5,4.7,4.8, 4.9 agus 4.10 agus tá Rogha Mhalartach 1 'Gnó Mar is Gnách' tógtha ar aghaidh le haghaidh Gníomhaíochta 4.6.***

### Aidhmeanna Straitéiseacha 12, 13 & 14: Maolú agus Feabhsú

Beart maolaithe chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchinnteacht faoin gcaoi a gcuimsíonn bainistíocht sócmhainní agus pleanáil infheistíochta cuir chuige luachála nó cainníochtaithe comhshaoil a fhorbairt, ar nós seirbhísí caipiteal nádúrtha agus éiceachórais agus uirlis ríofa carbóin agus an fhéidearthacht d'uirlisí bunaithe ar mhapáil dhigiteach a úsáid mar thaca, lena n-áirítear an tionchar níos leithne ar an gcomhshaol agus na tairbhí don chinnteoireacht. Cinnte a dhéanamh go nasctar cuspóirí comhshaoil le próisis bainistíochta shócmhainní agus go n-úsáidtear sonraí ó na hathbhreithnithe ar an bplean uisce agus fuíolluisce agus go ndéantar monatóireacht ar thuairisciú chun tacú le saincheisteanna a aithint i ndáil le taighde agus nuálaíocht. Monatóireacht, athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar phróisis agus nósanna imeachta a úsáidtear chun an chinnteoireacht a chur ar an eolas.

## 7.6 Gníomhaíochtaí Dhréacht-PSSU 2050 a roghnú

Maidir le Gníomhaíochtaí 3.3, 3.7, 4.3 agus 4.6, Rogha Mhalartach 1, tugadh 'Gnó Mar is Gnách' isteach i nDréacht PSSU 2050. Léirigh sé seo réimsí inar aithníodh gur forbraíodh próisis nó pleananna reatha cheana féin chun ceanglais a chomhlíonadh agus chun dul níos faide ná sin agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar bhrúnna agus ar dhúshláin amach anseo. I gcás fhormhór na ngníomhaíochtaí, sainaithníodh Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ mar an cur chuige molta do Dhréacht PSSU 2050, áit ar sainaithníodh deis chun dúshláin sa todhchaí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt orthu. I gcásanna áirithe bhí Rogha Mhalartach 2 'Gnó Mar is Gnách'+ bunaithe go mór ar phróisis nó ar phleananna reatha cosúil le PNAU ach sainaithníodh gnéithe tacaíochta breise amhail Gníomh 1.4.

I gcás roinnt gníomhaíochtaí, aithníodh raon feidhme chun tuilleadh a dhéanamh d'fhonn tacú le cuspóirí an phlean agus MST i Roghanna Malartacha 3 agus 4 ach níor cuireadh san áireamh iad mar chuid de Dhréacht PSSU 2050 toisc go raibh siad lasmuigh de raon feidhme reatha ghníomhaíochtaí Uisce Éireann, bunaithe ar theicneolaíocht nach bhfuil ar fáil fós nó nach bhféadfaí í a chur i bhfeidhm nó a raibh gá ann gníomhaíochtaí tosaíochta eile a dhéanamh mar an gcéad chéim eile ar dtús. Rinneadh é sin tar éis próiseas atriallach cuimsitheach chun gníomhaíochtaí Dhréacht PSSU 2050 a fhorbairt ar mhaithe le cothromaíocht uaillmhianta a chur ar fáil maidir leis na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus tacú le cuspóirí MST agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil siad pragmatach agus insoláthartha faoi chuimsiú fhreagrachtaíUisce Éireann as seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus rochtain ar acmhainní.

Tugtar achoimre ar mheasúnacht MST ar Dhréacht-PSSU 2050 le haghaidh gach gníomhaíochta i dTábla 7.17 go Tábla 7.20 lena n-áirítear pleananna agus idirghabhálacha ar an leibhéal íochtarach a shainaithint mar aon le moltaí maolúcháin a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht.

**Tábla 7.17 Measúnú MST ar Ghníomhaíochtaí Chuspóir Straitéiseach 1 de Dhréacht-PSSU 2050**

| **Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Dréacht-PSSU 2050**<br>**Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí / idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST nach bhfuil Neodrach) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| **1: Uisce óil sábháilte a chinntiú**: Déanfaimid sábháilteacht agus cáilíocht uisce óil a bhainistiú ón bhfoinse go dtí an sconna d'fhonn sláinte an duine a chosaint. | **Gníomhaíocht 1.1:** Tabhairt faoi mheasúnuithe riosca inár soláthairtí go léir agus bearta cuí a chur chun feidhme chun riosca a bhainistiú. | Sábháilteacht agus cáilíocht an uisce óil a bhainistiú go réamhghníomhach, trí mheasúnachtaí riosca cuimsitheacha ar ár soláthairtí go léir ón bhfoinse go dtí an sconna. Déanfar amhlaidh trí Phleananna Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓnna) a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2023 a chur chun feidhme. Leis na measúnachtaí sin, cuirfear bonn eolais faoi idirghabhálacha bunaithe ar abhantracha, idirghabhálacha eagraíochtúla, oibríochtúla, cothabhála agus caipitil lena maolófar na rioscaí sin<br>Agus na pleananna sin á bhforbairt agus á gcur chun feidhme, Is féidir coinne a bheith leis go n-aithneofar gníomhaíochtaí chun riosca a laghdú trí infheistiú i gcóireáil uisce, oibriú ar mhaithe le cáilíocht uisce óil agus féadfaidh roinnt beart feabhas a chur ar cháilíocht amhuisce, trí shrianta cosanta foinse, bearta abhantraí níos leithne agus réitigh dhúlrabhunaithe a chur san áireamh. | Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓnna)<br>Pleananna Bainistíochta Sócmhainní<br>Uasghráduithe ICU/ ICU nua | Aithneoidh na pleananna sin gníomhaíochtaí atá sonrach don láithreán agus an gá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe<br>Ar an iomlán, tacaíonn an tiomantas do Ghníomhaíocht 1.1 le hiarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó cháilíocht uisce óil agus cáilíocht amhuisce feabhsaithe | Uisce +<br>**Daonra agus geilleagar++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola +/-**<br>**Úsáid Sócmhainní +/-** | Bonnlíne timpeallachta agus cuspóirí cáilíochta a leabú sa mheasúnú riosca d'fhoinsí agus sócmhainní. Treoir agus próisis a fhorbairt a úsáidfear chun réitigh ar rioscaí a shainaithint, lena n-áirítear rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ábhartha, bearta bainistíochta abhantrach níos leithne agus réitigh bunaithe sa dúlra a bhreithniú nuair is cuí.<br>Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4**<br>**Tá Gníomhaíochtaí 1.3 & 3.8** tacúil freisin do bhithéagsúlacht agus iascaigh |
| | **Gníomhaíocht 1.2:** Cloí leis an Treoir maidir le hUisce Óil agus le ceanglais reachtúla eile a bhaineann le cáilíocht uisce óil. | Déantar foráil leis an ngníomhaíocht do chláir monatóireachta a fhorbairt chun níos mó ná gnéithe comhlíontachta a chlúdach. Beidh an clár saincheaptha de réir thorthaí na haitheanta gcontúirtí agus na measúnuithe riosca laistigh den chóras soláthair ar tugadh fúthu mar chuid de na PSUÓnna. Tacóidh a gcuspóir le rioscaí a shainaithint agus déanfaidh sé bailíochtú ar éifeachtacht na mbeart rialaithe ag gach céim — ón bhfoinse go sconna an chustaiméara. Cumasófar leis an ngníomhaíocht freisin forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta chun fiosrú agus measúnú a dhéanamh ar thruailleáin atá ag éirí ina gcúis imní. | Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓnna)<br>Cláir mhonatóireachta<br>Uasghráduithe ICU/ ICU nua | Aithneoidh na pleananna sin gníomhaíochtaí atá sonrach don láithreán agus an gá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe<br>Ar an iomlán, tacaíonn an tiomantas do Ghníomhaíocht 1.2 le hiarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó cháilíocht uisce óil agus cáilíocht amhuisce feabhsaithe | Uisce +<br>**Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola +/-**<br>**Úsáid Sócmhainní +/-** | Mar atá thuas, ach machnamh a dhéanamh ar fhoinsí éillithe amach anseo agus na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo i ndáil le láithreáin suas an abhainn.<br>Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4** |
| | **Gníomhaíocht 1.3:** Bearta bainistíochta abhantracha a | Déanfaidh Uisce Éireann rioscaí abhantraí agus a dtionchar ar cháilíocht amhuisce a mheas trí chur chuige PSUÓ. Déanfar é sin chun gur féidir le hUisce | Feachtas cumarsáide faoi chosaint na foinse | Aithneoidh na pleananna sin gníomhaíochtaí atá sonrach don láithreán agus an gá le | **Uisce ++**<br>**Daonra agus geilleagar++** | Mar atá thuas |

| Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Dréacht-PSSU 2050**<br>**Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí / idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST nach bhfuil Neodrach) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| | chomhordú agus tacú a thabhairt do réitigh bunaithe sa dúlra chun caighdeán bhunuisce a fheabhsú. | Éireann teacht ar bhearta chun an fhoinse a chosaint agus tús áite a thabhairt do na bearta sin agus chun a chinntiú nach ar infheistíochtaí i saoráidí cóireála amháin a dhíreofar. Déanfaidh Uisce Éireann bainistíocht abhantraí agus réitigh dhúlrabhunaithe a fhí isteach inár bpleanáil bonneagair. Cuireann bainistíocht abhantraí roinnt buntáistí ar fáil don bhithéagsúlacht agus don athrú aeráide freisin. | Tionscadail cheannródaíocha /NBS a thriail/Staidéar píolótach ar bhainistiú abhantraí lena n-áirítear NBS | tuilleadh measúnaithe agus maolaithe<br>Iarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó cháilíocht uisce óil agus cáilíocht amhuisce feabhsaithe agus cosanta | **Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach +**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha+** | |
| **2: Soláthairtí Iontaofa Uisce a sheachadadh:** Cuirfimid feabhas ar ár sócmhainní agus ár bhfoinsí chun a chinntiú go bhfuil ár soláthairtí láidir go leor chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí ag an leibhéal seirbhíse cuspóra. | **Gníomhaíocht 1.4:** Ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce a chur i bhfeidhm agus leanúint lena athbhreithniú, ina ndéantar feabhsuithe ar bhonneagar soláthair uisce a sholáthar chun soláthairtí seasmhacha a chinntiú amach anseo. | Cuireadh an PNAU i gcrích i mí na Nollag 2023 agus is plean fadtéarmach é a dearadh chun soláthar uisce óil sábháilte, inbhuanaithe agus iontaofa a chruthú do chustaiméirí ar fud na hÉireann thar na 25 bliana amach romhainn. Bhí PNAU faoi réir MST agus MC le gníomhaíochtaí maolaithe agus plean monatóireachta. Níor chuir RTN aon AWSI i gcrích a raibh maolú ar bun ann. Beidh aon athbhreithniú (agus cur i bhfeidhm leanúnach) ar PNAU faoi réir conclúidí agus moltaí MST agus RTN a chur san áireamh, chomh maith le haon nuashonruithe ar na measúnuithe sin de réir mar is gá. | Nuashonruithe ar PNAU a chur i bhfeidhm i leith sonraí agus measúnuithe mar chuid den nascadh sin le PSUÓ/AMPanna<br>Athbhreithnithe agus nuashonruithe PNAU sa todhchaí<br>Sainaithníonn PNAU ceanglais bonneagair | Féach PNAU/MST 2020-2023<br>Meastar go mbeidh forbairt PNAU amach anseo bunaithe ar shonraí níos fearr, riachtanais rialála nua agus nósanna imeachta leabaithe maidir le monatóireacht agus measúnú comhshaoil | **Uisce ++**<br>**Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br>**Bithéagsúlacht ++**<br>**Iascaigh ++**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní++**<br>**Tírdhreach +/-**<br>**Oidhreacht chultúrtha +/-**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha +/-** | Níl aon cheann de dhíth<br>Bearta maolaithe aitheanta in PNAU cheana féin agus le tiomantas chun an plean monatóireachta maolú ar úsáid charbóin agus acmhainne agus cré trí **Ghníomhaíochta 4.1 agus 4.4**<br>Maolú do thírdhreach bithéagsúlachta agus oidhreacht chultúrtha trí **Ghníomhaíochta 1.1, 1.3, 3.7 agus 3.8** freisin |
| | **Gníomhaíocht 1.5:** Pleananna teagmhasacha a fhorbairt chun iontaofacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú. | Éilítear leis an ngníomhaíocht go bhforbrófar pleananna teagmhasacha, chun iontaofacht na soláthairtí uisce a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise na leochaileachtaí i leith tarluithe adhaimsire. Mar chuid de PNAU, aithníodh na soláthairtí a bhí i mbaol le linn aimsir thirim agus tá an UÉ i mbun pleananna triomach a fhorbairt do na soláthairtí sin le spriocdháta de 2030 | Pleananna Teagmhasacha | Aithneoidh na pleananna sin gníomhaíochtaí atá sonrach don láithreán agus an gá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe | **Uisce +/-**<br>**Riosca tuile +**<br>**Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++** | Nósanna imeachta a fhorbairt chun a chinntiú go gcuirtear srianta agus cuspóirí comhshaoil san áireamh i bpleanáil theagmhasach agus pleanáil |

| Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Dréacht-PSSU 2050**<br>**Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí / idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST nach bhfuil Neodrach) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| | | lena chríochnú. Tá/beidh pleananna teagmhasacha eile á bhforbairt chun dul i ngleic le roinnt cásanna eile, agus tá siad tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le hadhaimsir/tuile d'oibríochtaí/bonneagar atá ann cheana féin. | | Iarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó cháilíocht uisce óil agus cáilíocht amhuisce feabhsaithe agus cosanta | Maolú aeráide +/-<br>Oiriúnú don aeráid ++<br>Bithéagsúlacht +/-<br>Iascaigh +/-<br>Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+<br>Úsáid sócmhainní + | do thriomach agus i mbearta um athléimneacht oibríochtaí<br>Is féidir le **Gníomhaíochtaí 1.3, 3.7 agus 3.8** seasmhacht ar sholáthar a thacú do Uisce agus Bithéagsúlacht, ina theannta le **Gníomhaíocht 1.4** ag cur líonra níos seasmhach ar fáil agus ag úsáid foinsí uisce níos inbhuanaithe. |
| | **Gníomhaíocht 1.6:** Feabhas a chur ar sheasmhacht oibriúcháin trí bhearta coisctheacha agus próisis fheabhsaithe i dtaobh freagairt teagmhais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Tá sé mar aidhm na gníomhaíochta go seachnófar cur isteach ar sholáthairtí uisce, trí acmhainní agus pleananna oibríochta a dhearadh agus trí phróisis freagartha teagmhais feabhsaithe a chur i bhfeidhm. San áireamh anseo beidh céimeanna dearaidh chomh maith le pleananna oibríochta a fhorbairt, eolas fíor-ama agus féidearthachtaí monatóireachta, agus feabhas ar chibear-shlándáil. | Dearadh sócmhainní agus pleananna oibríochta | Aithneoidh na pleananna sin gníomhaíochtaí atá sonrach don láithreán agus an gá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe<br>Iarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó cháilíocht uisce óil agus cáilíocht amhuisce feabhsaithe agus cosanta | Uisce ++<br>Riosca tuile +<br>Daonra agus geilleagar ++<br>Sláinte agus Folláine ++<br>Maolú aeráide +/-<br>Oiriúnú don aeráid ++<br>Bithéagsúlacht ++<br>Iascach +<br>Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+<br>Úsáid Sócmhainní + | Srianta agus cuspóirí comhshaoil a chur san áireamh i ndearadh sócmhainní, i bpleananna oibríochta agus i bhfreagairt teagmhais – agus iad a nascadh le bearta cosanta ar leibhéal abhantraí agus le bearta cosanta foinse.<br>Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4** |
| **3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú:** Bainfimid an brú dár n-acmhainní trí sceitheadh a laghdú agus trí chabhrú lenár gcustaiméirí uisce a chaomhnú. | **Gníomhaíocht 1.7:** Níos lú uisce a úsáid trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cabhrú le custaiméirí an méid uisce a úsáideann siad a laghdú. | Tá Straitéis um Chaomhnú Uisce a Bhainistiú á forbairt ag UÉ a chuimsíonn ár ngníomhaíochtaí caomhnaithe uisce reatha agus tionscnaimh bainistíochta ar éileamh eile, agus a chuireann creatlach ar fáil chun dul i ngleic leis an éileamh ar uisce. Déanfar iarracht próifíl an éilimh a thuiscint níos fearr leis an straitéis agus beidh córais méadraithe níos fearr san áireamh léi. | Straitéis um Chaomhnú Uisce a Bhainistiú | Aithneofar gníomhaíochtaí sonracha sa phlean seo, mar aon leis an ngá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe<br>Iarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó Ghníomhaíocht 1.7 - méaduithe ar an éileamh ar uisce óil a laghdú agus an brú ar fhoinsí uisce a laghdú | Uisce ++<br>Maolú aeráide ++<br>Oiriúnú don aeráid ++<br>Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+<br>Úsáid sócmhainní + | Níl aon cheann de dhíth<br>Cuimsítear bearta i PNAU chun tacú le tairbhí comhshaoil a bhaint amach mar gheall ar chaomhnú uisce a chur i bhfeidhm.<br>Tacaíonn Cuspóir Straitéiseach 2 le dréacht-PSSU 2050 le hiarmhairtí tairbhiúla a bhaint amach ó ghníomhaíocht 1.7 |

| Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Dréacht-PSSU 2050**<br><br>**Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí / idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br><br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST nach bhfuil Neodrach) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| | **Gníomhaíocht 1.8:** Níos lú uisce a úsáid tríd an gClár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Tá sé mar aidhm ag an ngníomhaíocht An Clár Maoirseachta Uisce atá ann faoi láthair a fhorbairt níos mó (lena n-áirítear dramhaíl uisce ar an láithreán a aithint nó uasghrádú go gléasanna atá tíosach ar uisce) chun tuilleadh méadrachta a chur ar fáil agus chun oibriú le grúpaí custaiméirí nua. Beidh UÉ ag déanamh iniúchadh ar theicneolaíochtaí ar mhaithe le fómhar uisce báistí agus athchúrsáil ar uisce liath a fhiosrú. | An Clár Maoirseachta Uisce a leathnú | Aithneofar gníomhaíochtaí atá sonrach do láithreáin sna pleananna sin, mar aon leis an ngá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe.<br><br>Iarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó mhéaduithe ar an éileamh ar uisce óil a laghdú agus an brú ar fhoinsí uisce a laghdú. | **Uisce ++**<br><br>**Daonra agus geilleagar +**<br><br>**Sláinte agus folláine +**<br><br>**Maolú aeráide ++**<br><br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br><br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br><br>**Úsáid sócmhainní +** | Níl aon cheann de dhíth<br><br>Cuimsítear bearta i PNAU chun tacú le tairbhí comhshaoil a bhaint amach mar gheall ar chaomhnú uisce a chur i bhfeidhm.<br><br>Tacaíonn Cuspóir Straitéiseach 2 de dhréacht-PSSU 2050 le hiarmhairtí tairbhiúla a bhaint amach ó ghníomhaíocht 1.8. |
| | **Gníomhaíocht 1.9:** Níos lú uisce a chailleadh ach laghdú sceite a sheachadadh. | Tá UÉ ag obair lenár gcomhpháirtithe ó údaráis áitiúla ó 2018, chun aghaidh a thabhairt ar an ráta ard sceite de bheagnach 50% de sholáthairtí uisce óil na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag UÉ sceitheadh a laghdú a thuilleadh go leibhéil inbhuanaithe, agus sprioc náisiúnta de 25% faoi 2050 a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an ngníomhaíocht forbairt a dhéanamh ar an gclár oibríochtaí/bainistíochta reatha, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu trí nuálaíocht agus teicneolaíochtaí nua. | PNAU - colún um chaillteanais a laghdú<br><br>An Clár Náisiúnta um Laghdú Ligin | Aithneoidh na pleananna sin gníomhaíochtaí atá sonrach don láithreán agus an gá le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe.<br><br>Iarmhairtí tairbhiúla fadtéarmacha ó mhéaduithe ar an éileamh ar uisce óil a laghdú agus an brú ar fhoinsí uisce a laghdú. | **Uisce ++**<br><br>**Maolú aeráide ++**<br><br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br><br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br><br>**Úsáid sócmhainní +** | Níl aon cheann de dhíth<br><br>Cuimsíonn PNAU bearta chun iarmhairtí diúltacha suntasacha a sheachaint agus chun tairbhí comhshaoil a bhaint amach tríd an laghdú ar sceitheadh a chur i bhfeidhm.<br><br>Tacaíonn Cuspóir Straitéiseach 2 de dhréacht-PSSU 2050 le hiarmhairtí tairbhiúla a bhaint amach ó ghníomhaíocht 1.9. |

*Caithfidh na tabhairt isteach na bpleananna agus na tionscadal go léir ar an leibhéal íochtarach na riachtanais rialála agus pleanála agus ceadúnaithe ábhartha uile a chomhlíonadh)

**Tábla 7.18 Measúnú MST ar Ghníomhaíochtaí Chuspóir Straitéiseach 2 de Dhréacht-PSSU 2050**

| **Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus iarmhairtí féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| **4: Seachadadh do chustaiméirí:** Tabharfaimid tús áite dár gcustaiméirí agus déanfaimid a gcuid riachtanas a chomhlíonadh. | **Gníomhaíocht 2.1:** Riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint. | Tá sé beartaithe ag UÉ dul i mbun teagmhála le cohóirt inár mbonn custaiméirí ar fud raon na ngrúpaí déimeagrafacha agus geografacha i leith custaiméirí teaghlaigh agus custaiméirí tráchtála araon chun a roghanna agus a n-ionchais a thuiscint. Oibreoidh UÉ le páirtithe leasmhara chun deiseanna a fheabhsú d'fhonn dul i mbun teagmhála le grúpaí custaiméirí ionadaíocha. Déanfaidh UÉ an léargas a fhaigheann UÉ tríd an gcur chuige seo a fhí isteach sna próisis pleanála gnó agus cinnteoireachta. Déanfaidh UÉ cur chuige dírithe ar an gcustaiméir a ghlacadh lena chinntiú go dtuigeann sé ionchais an chustaiméara. | Rannpháirtíocht spriocdhírithe.<br><br>Cláir Thaighde ar ionchais an chustaiméara agus ar chaomhnú uisce. | Níl aon éifeacht dhíreach ar an gcomhshaol ach d'fhéadfadh an tuiscint níos fearr tacú le gníomhaíochtaí eile agus le cuid de chuspóirí MST. | **Uisce +**<br><br>**Daonra agus geilleagar +**<br><br>**Sláinte agus folláine +**<br><br>**Úsáid Sócmhainní +** | Níl aon cheann de dhíth. |
| | **Gníomhaíocht 2.2:** Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus chun faisnéis fíor-ama do chustaiméirí a sholáthar maidir le húsáid, teagmhais agus cáilíocht uisce. | Tá sé beartaithe ag UÉ feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus faisnéis ábhartha, chruinn agus thráthúil a sholáthar ar ár seirbhísí uisce, lena n-áirítear oibreacha pleanáilte, teagmhais agus cáilíocht an uisce. Éistfidh UÉ le haiseolas agus tuairimí ónár gcustaiméirí agus beidh sé de rún againn seirbhís ilchainéil chomhtháite agus shaoráideach a sholáthar. | Faisnéis do chustaiméirí faoi oibreacha atá beartaithe, teagmhais nó ábhair imní maidir le cáilíocht an uisce.<br><br>Córas idirghníomhach comhtháite le haghaidh teagmháil le custaiméirí. | Níl aon éifeacht dhíreach ar an gcomhshaol ach d'fhéadfadh an tuiscint níos fearr agus an chumarsáid níos fearr tacú le gníomhaíochtaí eile agus le cuid de chuspóirí MST. | **Uisce +**<br><br>**Daonra agus geilleagar +**<br><br>**Sláinte agus folláine +**<br><br>**Úsáid Sócmhainní +** | Níl aon cheann de dhíth. |
| | **Gníomhaíocht 2.3:** Tacú lenár gcustaiméirí a bpáirt a ghlacadh chun uisce a chosaint mar acmhainn luachmhar agus seirbhísí uisce níos fearr a chumasú. | Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaíocht feasacht an phobail a ardú ar an luach a bhaineann le hacmhainní uisce agus na buntáistí a chuireann siad ar fáil don chomhshaol, do phobail agus don gheilleagar. Cuirfidh an Gníomhaíocht faisnéis fíor-ama ar fáil do chustaiméirí, chomh maith le roghanna féin-seirbhíse, leis an teicneolaíocht a theastaíonn chun é seo a dhéanamh san áireamh. Tá an ghníomhaíocht seo dírithe ar ghnéithe agus aidhmeanna maidir le fuíolluisce (féach gníomhaíocht 1.7 a chlúdaíonn cumarsáid faoi chaomhnú uisce) d'fhonn tuiscint níos leithne ar an bpróiseas fuíolluisce a leabú lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, lena n-áirítear an gá atá le réitigh nua agus inbhuanaithe ar bhainistiú fuíolluisce. | Córas idirghníomhach comhtháite le haghaidh teagmháil le custaiméirí agus faisnéis faoi bhainistíocht fuíolluisce. | Níl aon éifeacht dhíreach ar an gcomhshaol ach d'fhéadfadh an tuiscint níos fearr agus an chumarsáid níos fearr tacú le gníomhaíochtaí eile agus le cuid de chuspóirí MST. | **Uisce ++**<br><br>**Daonra agus geilleagar ++**<br><br>**Sláinte agus Folláine ++**<br><br>**Úsáid Sócmhainní ++** | Níl aon cheann de dhíth.<br><br>Nasctha le Gníomhaíocht 1.7 agus 2.4 |
| **5: Teagmháil le pobail:** Rachaimid i dteagmháil le pobail ag leibhéal áitiúil chun luach ár n-acmhainní uisce comhroinnte a bhaint amach. | **Gníomhaíocht 2.4:** Clár oideachais agus rannpháirtíochta an phobail a fhorbairt chun feasacht a ardú ar luach an uisce agus ar na seirbhísí uisce a chuirimid ar fáil. | Tá UÉ tiomanta dá rannpháirtíocht phobail, imeachtaí agus cláir oideachais a fhorbairt, lena n-áirítear tacú le hoideachas agus rannpháirtíocht scoláirí bunscoile agus meánscoile ó thaobh caomhnú uisce agus éifeachtúlacht uisce de. Tá sé mar aidhm ag UÉ forbairt a dhéanamh ar na cláir rannpháirtíochta seo le tionscadail ag céimeanna áirithe cosúil le measúnú, réamh-phleanáil, pleanáil, tógáil agus críochnú. | Gníomhaíochtaí agus cláir oideachais sínte go dtí grúpaí níos leithne. | Níl aon éifeacht dhíreach ar an gcomhshaol ach d'fhéadfadh an tuiscint níos fearr agus an chumarsáid níos fearr tacú le gníomhaíochtaí eile agus le cuid de chuspóirí MST. | **Uisce ++**<br><br>**Daonra agus geilleagar ++**<br><br>**Sláinte agus Folláine ++**<br><br>**Oiriúnú don aeráid +**<br><br>**Bithéagsúlacht +**<br><br>**Úsáid sócmhainní +** | Níl aon cheann de dhíth.<br><br>Nasctha le Gníomhaíocht 1.7 agus 2.3 |

| Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus iarmhairtí féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| | **Gníomhaíocht 2.5:** Leanúint de luach taitneamhachta inár sócmhainní a fhorbairt le pobail áitiúla, nuair atá sé sábháilte agus cuí. | Tá sé d'aidhm ag an nGníomhaíocht deiseanna a lorg le fiosrú cén chaoi ar féidir le UÉ luach taitneamhachta a fhorbairt i sócmhainní oiriúnacha UÉ i gcás inar féidir é sin a dhéanamh go sábháilte agus gan cur isteach ar a bpríomhfheidhm de sheirbhísí uisce agus fuíolluisce ar ardchaighdeán a chur ar fáil. | Taitneamhachtaí a sholáthar agus rochtain a bheith orthu ag láithreáin oiriúnacha de chuid Uisce Éireann - measúnuithe oiriúnachta agus sábháilteachta. | Tacaítear le rochtain áineasa agus folláine go ginearálta ach d'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon a bheith i gceist don chomhshaol ag brath ar shaintréithe sonracha agus leochaileacht na láithreán. | Daonra agus geilleagar+<br>Sláinte agus folláine +<br>Bithéagsúlacht +/-<br>Úsáid Sócmhainní +<br>Tírdhreach +/-<br>Oidhreacht chultúrtha +/- | Mar chuid den mheasúnú ar oiriúnacht d'úsáid taitneamhachta déan machnamh ar thionchair chomhshaoil agus shóisialta lena n-áirítear láithreáin Eorpacha, bithéagsúlacht, éifeachtaí trasteorann, oidhreacht chultúrtha agus tionchair tírdhreacha. |
| **6: Fás a sholáthar:** Déanfaimid infhaigheacht acmhainní a bhainistiú chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta de réir an bheartais náisiúnta. | **Gníomhaíocht 2.6:** Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun tacú le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. | Déanfaidh UÉ infheistíocht i mbonneagar a chuireann forbairt shóisialta agus eacnamaíochta atá pleanáilte go maith chun cinn, atá bunaithe ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus na féidearthachta maireachtála feabhsaithe. San áireamh le Gníomhaíocht 2.6 tá bonneagar a dhearadh le fadbhreathnaitheacht, agus cumarsáid a dhéanamh go gníomhach le húdaráis pleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí UÉ a ailíniú leis an mBeartas Pleanála. Tabharfaidh UÉ tacaíocht don Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus a fhophleananna.<br><br>Tacóidh UÉ le tosaíocht a thabhairt do limistéir fáis a bhfuil acmhainn bonneagair agus comhshaoil ar fáil iontu. Trí iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar bheartais pleanála, tá sé d'aidhm ag UÉ a chinntiú go bhfuil limistéir fáis pleanáilte suite go straitéiseach, ag smaoineamh ar chumas na seirbhísí uisce freastal ar éilimh, ag leagan béime ar an ngá atá le hastarraingtí uisce inbhuanaithe agus ag laghdú tionchar an sceite ar an gcomhshaol.<br><br>Pleananna UÉ ábhartha a clúdaíodh le gníomhaíochtaí eile agus a bheidh faoi réir measúnú iartheachtach breise. Tacú le hacmhainn fáis chun brú níos mó a chur ar fhoinsí agus uiscí fála. | CNP agus lucht pleanála réigiúnacha agus áitiúla a chur ar an eolas.<br><br>Pleananna straitéiseacha UÉ a ailíniú le CNP agus fophleananna.<br><br>Príomhphleananna - NRWP a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh air, agus an Straitéis Fuíolluisce nua atá molta agus pleananna comhtháite draenála. | Díriú ar ailíniú plean agus comhoibriú leis an mbeartas pleanála ach le béim ar thacú le fás.<br><br>Cuimseoidh na pleananna cur chun feidhme don todhchaí measúnuithe comhshaoil agus aithneoidh siad iarmhairtí féideartha atá sonrach don láithreán. | Uisce +/-<br>Daonra agus geilleagar +<br>Sláinte agus folláine +<br>Oiriúnú don aeráid +/-<br>Bithéagsúlacht +/-<br>Iascaigh +/-<br>Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+<br>Úsáid Sócmhainní + | Machnamh a dhéanamh ar chomhoibriú agus anailís a neartú chun forbairt cothrom a spreagadh lena chinntiú nach ndéanfar soláthar uisce nó fuíolluisce nach bhfuil inbhuanaithe agus chun costas breise agus riachtanais bhonneagair bhreise a sheachaint i ndáil le sin.<br><br>**Is féidir le Gníomhaíochtaí 1.3, 3.7 agus 3.8** tacú le cuspóirí d'uisce agus bithéagsúlacht a bhaint amach agus tabharfaidh sé tacaíocht freisin do **Ghníomhaíochtaí 1.4, agus 3.1 agus 3.2** chun soláthar inbhuanaithe uisce agus seirbhísí uisce a thacú. |
| | **Gníomhaíocht 2.7:** Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le soláthar tithe nua agus le fás eacnamaíoch. | Déanfaidh UÉ iarracht dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara an tionscail agus na tithíochta chun tacú le forbairt éifeachtúil. Déanfaidh siad comhpháirtíocht chomhoibríoch a chruthú le páirtithe leasmhara, chun riachtanais acmhainne a aithint maidir le pobail inbhuanaithe agus chuimsitheacha a fhorbairt, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tacú le naisc forbartha nua. Trí chumarsáid agus comhoibriú cuirtear ar chumas UÉ | Lena n-áirítear tacú le riachtanais forbartha atá beartaithe agus iad sin a chur san áireamh sa phleanáil straitéiseach le haghaidh PNAU agus | Díriú ar ailíniú plean agus comhoibriú leis an mbeartas pleanála ach le béim ar thacú le fás.<br><br>Cuimseoidh na pleananna cur i | Uisce +/-<br>Daonra agus geilleagar +<br>Sláinte agus folláine +<br>Oiriúnú don aeráid +/- | Amhail 2.6 thuas |

| Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus iarmhairtí féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| | | teicneolaíochtaí agus modhanna tógála nuálacha a chur chun cinn a thacaíonn le réitigh inbhuanaithe a úsáid sa tionscal uisce. | an Creat Fuíolluisce agus na pleananna lena mbaineann. | bhfeidhm don todhchaí measúnuithe comhshaoil agus aithneoidh siad iarmhairtí féideartha atá sonrach don láithreán. | **Bithéagsúlacht +/-**<br>**Iascaigh +/-**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid Sócmhainní +** | |
| | **Gníomhaíocht 2.8:** Cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais infheistíochta amach anseo, iad a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith. | Beidh UÉ ag tabhairt faoi staidéar anailíseach píolótach ar éileamh i dtosach, agus ina dhiaidh sin ar acmhainn a chur isteach, lena chinntiú go ndéanfar monatóireacht chuí agus go bhféadfaí gníomh a ghlacadh nuair a thiocfaidh athrú ar an éileamh. Ar an gcaoi sin, cuirfear eolas ar fáil do bhearta bainistíochta éilimh agus cumasófar réamhaisnéisiú sa todhchaí. Cuirfidh sonraí láidre taca faoi anailís ar éileamh agus réamhaisnéisí agus cuideoidh siad le heolas a chur ar fáil do phleananna infheistíochta. | Staidéar anailíse píolótach ar éileamh agus acmhainn a fheabhsú don todhchaí agus pleanáil straitéiseach níos eolaí mar fhreagairt ar úsáid uisce agus ar an éileamh ar uisce. | Níl aon iarmhairtí díreacha ar an gcomhshaol ach d'fhéadfadh an tuiscint níos fearr agus na sonraí tacú le gníomhaíochtaí eile agus le cuspóirí MST. | **Uisce +**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +** | Níl aon cheann de dhíth. |

**Tábla7.19 Measúnú MST ar Ghníomhaíochtaí Chuspóir Straitéiseach 3 de Dhréacht-PSSU 2050**

| Cuspóir Straitéiseach 3 Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Tráchtaireacht** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| **7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint:** Déanfaimid ár bpáirt chun ár gcomhshaol uisce a chosaint agus a athchóiriú. | **Gníomhaíocht 3.1:** Oibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéise Fuíolluisce a fhorbairt. | Tá UÉ ag forbairt Creat Náisiúnta um Straitéis Fuíolluisce chun bainistíocht a dhéanamh ar fhuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus fuíolluisce cóireáilte a chur ar ais sa timpeallacht. Soláthróidh an creat tuiscint ar spreagthóirí agus riachtanais straitéiseacha, agus tosaíochtaí timpeallachta san áireamh. Cuirfidh an creat go mór le riachtanais infheistíochta a léiriú freisin. | Creat Náisiúnta um Straitéis Fuíolluisce agus pleananna cur chun feidhme. | Beidh an Creat Fuíolluisce agus na fophleananna uile faoi réir MST agus MC. Tacaíonn an cur chuige ginearálta atá á mholadh le Cuspóirí MST den chuid is mó áfach, i gcomparáid leis an gcás faoi láthair, ach is cosúil go mbeidh idir iarmhairtí dearfacha agus iarmhairtí diúltacha araon i gceist. | **Uisce +/-**<br>**Riosca tuile +**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach +/-**<br>**Oidhreacht chultúrtha +/-**<br>**Cáilíocht aeir +** | Aithneofar bearta maolaithe le MST agus MC don Chreat Náisiúnta Fuíolluisce. Cuirfear PSSU 2050 agus MST agus MC san áireamh trí na pleananna sin a fhorbairt.<br>Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4**<br>**Is féidir le Gníomhaíochta 1.3, 3.7 agus 3.8 tacaíocht a thabhairt chun cuspóirí uisce agus bithéagsúlacht, tírdhreach agus oidhreacht chultúrtha a bhaint amach.** |
| | **Gníomhaíocht 3.2:** Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Déanfaidh UÉ, i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla, Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbigh a fhorbairt agus a chur i láthair, a mbeidh spriocanna comhroinnte acu - an méid truaillithe ó sceitheadh uisce stoirme agus rith chun srutha uirbeach a laghdú, an acmhainn fáis a fhorbairt agus athléimneacht aeráide a fheabhsú. Déanfaidh UÉ cuir chuige nua a fhorbairt lena n-áirítear samhaltú, draenáil uirbeach inbhuanaithe bunaithe ar an dúlra, agus rialú líonraí cliste san áireamh. | Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach. | Beidh Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbigh faoi féir MST agus MC. Tacaíonn an cur chuige ginearálta atá á mholadh le Cuspóirí MST den chuid is mó áfach, i gcomparáid leis an gcás faoi láthair, ach is cosúil go mbeidh idir iarmhairtí dearfacha agus iarmhairtí diúltacha araon i gceist. | **Uisce +/-**<br>**Riosca i gcás tuilte +/-**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach +/-**<br>**Oidhreacht chultúrtha +/-**<br>**Cáilíocht aeir +** | Aithneofar bearta maolaithe leis an MST agus MC do na Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbigh. Cuirfear PSSU 2050 agus MST agus MC san áireamh trí na pleananna sin a fhorbairt.<br>Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4**<br>**Is féidir le Gníomhaíochta 1.3, 3.7 agus 3.8 tacaíocht a thabhairt chun cuspóirí uisce agus bithéagsúlacht, tírdhreach agus oidhreacht chultúrtha a bhaint amach.** |

| Cuspóir Straitéiseach 3 Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Tráchtaireacht** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| | **Gníomhaíocht 3.3:** Astarraingt inbhuanaithe a chinntiú agus iarmharaigh ó chóireáil uisce a bhainistiú. | Beidh UÉ ag obair ar fud a sholáthair uisce óil agus a sheirbhíse fuíolluisce chun cleachtais inbhuanaithe a aithint agus a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin iarratas a chur isteach ar cheadúnais astarraingthe faoin reachtaíocht Astarraingthe nua. Leagann an tAcht amach córas rialuithe chun an comhshaol a chosaint agus chun comhlíonadh iomlán fhreagrachtaí na hÉireann faoin gCreat-treoir Uisce a chinntiú. San áireamh leis an obair seo tá bailiúchán sonraí agus measúnacht ar rioscaí chun eolas a sholáthar d'idirghabhálacha nuair is gá. | PNAU - athbhreithniú<br>Straitéis Iarmharach ICU - athbhreithniú<br>Ceadúnais Astarraingthe | Comhlíonfaidh an ceadúnú astarraingthe na riachtanais nua agus cuirfear na riachtanais sin san áireamh agus PNAU agus ICU á gcur i bhfeidhm agus á n-athbhreithniú. Tabharfar faoi mheasúnuithe comhshaoil sonracha mar chuid de sin. I dtéarmaí ginearálta, meastar go dtacóidh an cur chuige le Cuspóirí MST. | **Uisce +**<br>**Riosca tuile +**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach +/-**<br>**Oidhreacht chultúrtha +/-** | Rinneadh MST agus MC ar straitéis iarmharach an PNAU agus an ICU cheana féin, san áireamh le sin bhí moltaí maidir le maolú, monatóireacht agus athbhreithniú atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair. Beidh scagthástáil déanta ar an straitéis ICU don MST agus MC.<br><br>Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4.** |
| **8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce:** Oibreoimid le daoine eile chun cuspóirí an CTU (WFD) a sholáthar go forásach. | **Gníomhaíocht 3.4:** Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú trí chomhoibriú. | Oibreoidh UÉ le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear sonraí a chomhroinnt agus samhlacha abhantraí comhroinnte a fhorbairt, chun an meascán de bhearta is éifeachtúla ó thaobh costais de a chinneadh chun dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú go stádas maith ar a laghad, pé áit is féidir go teicniúil agus go heacnamaíoch. | Comhroinnt oscailte sonraí.<br>Samhlacha abhantraí comhroinnte a fhorbairt. | Níl aon iarmhairtí díreacha ag na gníomhaíochtaí sin ach ar an iomlán meastar go dtacóidh siad le cuspóirí PBA agus CTU agus MST trí fhaisnéis níos fearr agus gníomhaíocht spriocdhírithe. | **Uisce ++**<br>**Riosca tuile +**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br>**Bithéagsúlacht ++**<br>**Iascaigh ++**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach +**<br>**Oidhreacht Chultúrtha +**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha+** | Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4.** |
| | **Gníomhaíocht 3.5:** Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a bhaint amach. | Bainisteoidh UÉ sócmhainní uisce agus fuíolluisce chun riachtanais rialála a bhaint amach lena n-áirítear comhlíonadh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce (UWWTD) agus Údaruithe um Sceitheadh Fuíolluisce. Oibreoidh UÉ i gcomhar le páirtithe leasmhara freisin | Bainistíocht sócmhainní uisce agus fuíolluisce náisiúnta. | Níor aithníodh aon iarmhairtí díreacha ar láithreáin shonracha ar an leibhéal plean seo ach meastar go mbeidh an cur chuige | **Uisce ++**<br>**Riosca i gcás tuilte +**<br>**Sláinte agus Folláine ++** | Maolú ar riosca tuilte trí phleananna draenála chomhtháite agus comhoibriú - **Gníomhaíochta 3.1 & 3.2** |

| Cuspóir Straitéiseach 3 Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Tráchtaireacht** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| | | chun clár monatóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar cháilíocht an uisce in uiscí snámha agus gnáthóga sliogéisc. Cuirfidh UÉ gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun tosaíocht a thabhairt d'oibreacha agus dlús a chur le comhlíonadh riachtanais UWWTD. Cuirfidh UÉ ár ngníomhaíochtaí i bhfeidhm faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí chun tús áite a thabhairt d'oibreacha agus aghaidh a thabhairt ar na brúnna fuíolluisce uirbigh suntasacha go léir a aithnítear sa Phlean agus déanfaidh sé measúnú agus bainistiú ar láithreáin astarraingthe freisin chun bacainní ar an ngnáthóg nádúrtha a bhaint agus an ceangal idir gnáthóga a athbhunú. Cuirfimid cianbhainistiú sócmhainní agus córais thuartha i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as monatóireacht fíor-ama chun cabhrú le hoibríochtaí a bhainistiú agus chun clár cothabhála réamhghníomhach a chinntiú, rud a laghdóidh an tarlú d'fhorsceitheadh ónár líonraí agus a fheabhsóidh torthaí comhshaoil. | Clár monatóireachta ar shliogéisc agus uiscí snámha.<br>Gníomhaíochtaí PBA chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le UÉ.<br>Clár cothabhála tuarthach agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorsceitheadh. | ginearálta a léirítear ina thaca do Chuspóirí MST áfach. | **Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht ++**<br>**Iascaigh ++**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid Sócmhainní +**<br>**Cáilíocht Aeir +** | Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4.** |
| | **Gníomhaíocht 3.6:** Seirbhísí uisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a chomhlíonadh. | Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh UÉ iarratas chuig GCC ar cheadúnais thar thairsí áirithe d'astarraingtí nua agus reatha. Beidh ar UÉ astarraingtí a bhainistiú ionas go mbeidh siad inbhuanaithe agus go mbeidh siad i gcomhréir le staideanna ceadúnais le riachtanais don tsruth-isteach a theastaíonn chun tacú le héiceachórais sláintiúla. Tá nasc idir an Ghníomhaíocht seo agus Gníomhaíocht 3.3. Tá Clár Pas Éisc á fhorbairt ag UÉ i gcomhairliúchán le hIascaigh Intíre Éireann chun coinníollacha hidreamoirfeolaíochta áitiúla a fheabhsú. | Measúnú agus bainistiú láithreán astarraingthe chun bacainní a bhaint. | Níor aithníodh aon iarmhairtí díreacha ar láithreáin shonracha ar an leibhéal plean seo ach meastar go mbeidh an cur chuige ginearálta a léirítear ina thaca do Chuspóirí MST áfach. | **Uisce ++**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br>**Bithéagsúlacht ++**<br>**Iascaigh ++**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +** | Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4.** |
| **9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach:** Déanfaimid ár sócmhainní a bhainistiú sa chaoi is go dtarlóidh glanbhreisiú ó thaobh | **Gníomhaíocht 3.7:** Ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh 'glanbhreisiú' ann ó thaobh na bithéagsúlachta de. | D'fhorbair UÉ a Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht féin chun léargas a thabhairt ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí áirithe a dhéanfaidh UÉ. Tá siad ag obair lena chinntiú go mbainfear amach glanbhreisiú ó thaobh na bithéagsúlachta de thar thionscadail bonneagair agus comhoibreoidh siad le páirtithe leasmhara chun tionscadail a chuir ar fáil mar aon le gníomhaíochtaí a chuireann feabhais bithéagsúlachta ar fáil. Luaigh an BAP go bhfuil dualgas ar UÉ a chinntiú nach mbíonn tionchar ag | Plean Gníomhaíochta UÉ don Bhithéagsúlacht agus nuashonrú ionchais do 2025. | Tacaíonn na bearta feabhais le Cuspóirí MST maidir leis an mbithéagsúlacht agus le cuspóirí eile lena mbaineann freisin. | **Uisce ++**<br>**Riosca tuile +**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid ++** | Níl aon cheann de dhíth.<br>Gníomhaíocht trasghearrtha atá nasctha le 3.8. |

| Cuspóir Straitéiseach 3 Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Tráchtaireacht** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne** | **Maolú** |
| bithéagsúlachta de. | | astarraingt agus/nó sceití amach ar LCTS/LCS agus a gcuid suimeanna caomhantais. | | | **Bithéagsúlacht ++**<br>**Iascaigh ++**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach +**<br>**Oidhreacht Chultúrtha +**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha +**<br>**Cáilíocht aeir +** | |
| | **Gníomhaíocht 3.8:** Tús áite a thabhairt do réitigh dúlra-bhunaithe agus do bhearta abhantraigh maidir le seachadadh tionscadail uisce agus fuíolluisce. | Cuirfidh UÉ chun tosaigh agus molfaidh sé deiseanna a aithint chun bogaigh thógtha chomhtháite, giolcarnaigh triomaithe sloda, agus réitigh dhúlrabhunaithe eile a chuimsiú i láithreáin cóireála fuíolluisce. Oibreoidh siad i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha, úinéirí talún agus grúpaí pobail ar thionscnaimh bunaithe ar bhainistiú abhantraí níos leithne a bhfuil sé mar aidhm acu uisce foinse a chosaint. | Réitigh Dhúlrabhunaithe le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce nuair is cuí.<br>Tionscnaimh bainistíochta abhantraí le páirtithe leasmhara eile.<br>Cuireadh an méid a leanas san áireamh faoi chuimsiú na bpleananna seo freisin:<br>PSUÓnna<br>Straitéis Náisiúnta Fuíolluisce agus pleananna draenála comhtháite.<br>ICU agus pleananna bainistíochta sloda. | Tacaíonn bearta feabhsúcháin le Cuspóirí MST atá dírithe ar uisce óil agus amhuisce ar cháilíocht ard a bhaint amach agus ar thairbhí seirbhíse níos leithne ó thaobh an chomhshaoil agus éiceachóras de. | **Uisce ++**<br>**Riosca i gcás tuilte ++**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br>**Bithéagsúlacht ++**<br>**Iascaigh ++**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +**<br>**Tírdhreach ++**<br>**Oidhreacht Chultúrtha ++**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha ++**<br>**Cáilíocht aeir +** | Treoir agus próisis a fhorbairt a chun breithiúnas a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ábhartha, bearta bainistíochta abhantraí níos leithne agus réitigh bunaithe sa dúlra a nuair is cuí.<br>Trasghearradh a bhaineann le gníomhaíochtaí eile. |

**Tábla 7.20 Measúnú MST ar Ghníomhaíochtaí Chuspóir Straitéiseach 4 de dhréacht-PSSU 2050**

| Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| **10: Neodracht carbóin a bhaint amach:** Beimid ag obair linn beagán ar bheagán i leith seirbhísí atá saor ó charbón a bhaint amach | **Gníomhaíocht 4.1:** Plean maidir le Neodracht Carbóin a Bhaint Amach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | Plean maidir le Treochlár Glan-Nialasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Leagfar amach plean straitéiseach sa threochlár chun fáil réidh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud oibríochtaí UÉ. Áireofar leis sin tionscnaimh amhail éifeachtúlacht fuinnimh, giniúint fuinnimh in-athnuaite, laghduithe gás ceaptha teasa lena n-áirítear bainistiú astaíochtaí próisis, réitigh dhúlrabhunaithe agus comhoibriú slabhra soláthair. | Treorchlár maidir le Neodracht Carbóin agus pleananna agus tionscnaimh lena mbaineann. | Tacaíonn sé go príomha le cuspóir MST de mhaolú an athraithe aeráide ach baintear tairbhí níos forleithne as gníomhaíochtaí gaolmhara amhail caomhnú uisce agus éileamh a bhainistiú agus cuir chuige choisctheacha freisin. | Uisce +<br>**Maolú aeráide ++**<br>Oiriúnú don aeráid +<br>Bithéagsúlacht +<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>Úsáid Sócmhainní +<br>Cáilíocht aeir + | Aithnítear gníomhaíocht trasghearrtha ach cinntigh go bhfuil sí sin nasctha leis na pleananna infheistíochta, cláir agus tionscadail uile. |
| | **Gníomhaíocht 4.2:** Obair i ndlúthchomhar lenár slabhra soláthair chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean sa chaoi ina gcuirtear bonneagar uisce agus fuíolluisce ar bun. | Tá UÉ tiomanta do chomhoibriú lena shlabhra soláthair chun a spriocanna maidir le Neodracht Carbóin a bhaint amach. Cuirfidh siad nuálaíocht chun cinn laistigh den slabhra soláthair agus leanfaidh siad ar aghaidh ag tógáil comhpháirtíochtaí comhoibríocha agus tá siad tiomanta do chumarsáid shoiléir agus oscailte a chothú lena soláthróirí. Beidh UÉ ag obair lenár soláthróirí chun tacú leo trí threoraíocht ar chleachtais inbhuanaithe. | Cairt an tSlabhra Soláthair. | Níl aon iarmhairt dhíreach i gceist ach tá na tionscnaimh faoin slabhra soláthair dírithe ar thacú le cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach, rud a léirítear le cuspóirí MST freisin. | Uisce +<br>**Maolú aeráide ++**<br>Oiriúnú don aeráid +<br>Bithéagsúlacht +<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>Úsáid Sócmhainní +<br>Cáilíocht aeir + | Níl aon cheann de dhíth. |
| **11: Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh:** Bainistímid ár sócmhainní sa chaoi is go ndéantar a oiread aisghabhála acmhainní agus is féidir, go mbítear tíosach i mbun acmhainní a chaitheamh agus go ndéantar a lú dramhaíola agus is féidir. | **Gníomhaíocht 4.3:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus é a chur i bhfeidhm. | Déanfaidh UÉ athbhreithniú ar agus cuirfidh sé an NWSMP i bhfeidhm. Déanfaidh UÉ fiosrú ar bhealaí nua agus nuálacha chun ábhair athshlánaithe ó phróisis chóireála (bithacmhainní) a úsáid, agus déanfar teicneolaíochtaí agus próisis a mheas chun luach níos fearr a bhaint ó shloda, lena n-áirítear an fhéidearthacht d'fhoinsí nua fuinnimh.<br>Chuaigh an NWSMP faoi MST agus MC in 2016. Moladh bearta maolaithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí a moladh in NWSMP. | An Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce – Athbhreithniú agus nuashonrú.<br><br>Ionaid Moil Sloda. | Beidh athbhreithniú agus nuashonrú NWSMP faoi réir MST agus MC lena sainaithneofar tionchair a bhaineann le hinfheistíocht agus suíomhanna.<br>Go ginearálta, tacaíonn an tiomantas d'athbhreithniú agus nuashonrú le Cuspóirí ábhartha MST. | Uisce +/-<br>Maolú aeráide +/-<br>Oiriúnú don aeráid +<br>Bithéagsúlacht +/-<br>Iascaigh +/-<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>**Úsáid Sócmhainní ++**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha ++** | Gníomhaíochtaí a nascadh lena n-áirítear tionscnaimh bainistíochta abhantraí leis an treoir reatha maidir le leathadh na talún agus le bearta chun tacú le feasacht agus cur chun feidhme na treorach seo.<br>Is féidir le **Gníomh 3.8** tacú le cuspóirí uisce, bithéagsúlachta agus iascaigh a bhaint amach. |

| Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| | | | | | | Nasctha le Gníomhaíocht 4.4. |
| | **Gníomhaíocht 4.4:** Na tairbhí a fhaightear ón ngeilleagar ciorclach a bharrfheabhsú | Tá sé mar aidhm ag UÉ fealsúnacht maidir le geilleagar ciorclach a chuir i bhfeidhm. San áireamh leis sin tá forbairt agus cur i bhfeidhm Caighdeán Dearaidh nua don Gheilleagar Ciorclach, a chlúdóidh an saolré iomlán a bhaineann le bainistiú uisce agus acmhainní fhuíolluisce. | Caighdeán Dearaidh don Gheilleagar Ciorclach. | Go ginearálta, tacaíonn an tiomantas d'athbhreithniú agus nuashonrú le Cuspóirí ábhartha MST. | **Uisce +/-**<br>**Maolú aeráide ++**<br>**Bithéagsúlacht +/-**<br>**Iascaigh +/-**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>**Úsáid Sócmhainní ++**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha +** | Níl aon cheann de dhíth. |
| **12: Ár sócmhainní a bhainistiú:** Cloífimid le dea-chleachtas maidir le sócmhainní a bhainistiú chun na rioscaí atá ann dár seirbhísí agus an teacht aniar atá iontu ina n-aghaidh a bhainistiú. | **Gníomhaíocht 4.5:** Na gníomhaíochtaí a dhéantar ar ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach comhordaithe thar a saolré ar fad d'fhonn deimhniú ISO550001 a bhaint amach. | Cuirfidh UÉ cur chuige ISO55000 um Bainistíocht Sócmhainní i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí uile i ndáil lena chuid sócmhainní. San áireamh leis sin tá forbairt ar chultúr, struchtúr eagraíochtúil, beartais, straitéisí, pleananna agus próiseáil na gcóras faisnéise a theastaíonn chun na sócmhainní a bhainistiú go héifeachtach. San áireamh leis an nGníomhaíocht sin tá bailiú sonraí faoi gach sócmhainn. | Córas agus próisis Bainistíochta Sócmhainní. | Níl aon iarmhairt dhíreach.<br>Ach measadh go dtacaíonn sí i gcoitinne le gníomhaíochtaí agus gealltanais eile a chomhlíonadh agus ar an gcaoi sin tacaíonn sí le cuspóirí MST. | **Uisce ++**<br>**Riosca tuile +**<br>**Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide ++**<br>**Oiriúnú don aeráid ++**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>**Úsáid sócmhainní++**<br>**Tírdhreach +**<br>**Oidhreacht Chultúrtha +**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha+**<br>**Cáilíocht aeir +** | Níl aon sócmhainní ag teastáil ach caithfear a chinntiú go bhfuil na próisis/nósanna imeachta Bainistíochta Sócmhainní ar aon dul leis na cuspóirí comhshaoil. |

| Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| | **Gníomhaíocht 4.6:** Féachaint chuige go gcuirtear riosca agus luach san áireamh i ngach cinneadh aon uair a dhéantar cinneadh thar saolré na sócmhainní. | Úsáideann UÉ córais chinnteoireachta saolré iomláine atá bunaithe ar riosca agus luach dá phróisis pleanála infheistíochta agus tá sé tiomanta dá phróiseas pleanála infheistíochta a fheabhsú agus do chumas cinnteoireachta bunaithe ar riosca agus luach a fhorbairt, lena n-áirítear leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach. | Uirlisí agus próisis cinnteoireachta maidir le hinfheistíocht. | Níl aon iarmhairt dhíreach<br>D'fhéadfadh sé tacú le cuspóirí MST ach braitheann sé ar an gcaoi a gcuirfear gnéithe costais agus acmhainní i gcoinne rioscaí / tionchair don chomhshaol agus don tsochaí. | **Uisce ++**<br>**Riosca tuile +**<br>**Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>**Úsáid sócmhainní++**<br>**Tírdhreach +**<br>**Oidhreacht Chultúrtha +**<br>**Geolaíocht agus Ithreacha+**<br>**Cáilíocht aeir +** | Forbairt cur chuige luachála/cainníochtaithe comhshaoil a chuimsiú chun tacú le measúnuithe cáilíochtúla atá ann cheana féin, amhail seirbhísí éiceachóras agus caipitil nádúrtha agus uirlisí ríofa carbóin agus úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha uathoibríocha agus léarscáil-bhunaithe. |
| **13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht:** Cuirfimid dlús le taighde agus nuálaíocht d'fhonn luach a shaothrú agus chun dul i ngleic le dúshláin a thitfidh amach san am atá le teacht. | **Gníomhaíocht 4.7:** Cultúr a fhorbairt bunaithe ar nuálaíocht i roinn na seirbhísí uisce chun todhchaí inbhuanaithe a chothú. | Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaíocht a chinntiú go bhfanann UÉ tiomanta do thaighde agus imeachtaí nuálaíochta a bhrú chun todhchaí inbhuanaithe a chothú. Tugann a straitéis nuálaíochta aghaidh ar bhearnaí eolais agus tá sé d'aidhm aici leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha nua agus as an nuálaíocht a chuidíonn linn ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach a neartaíonn a n-éifeachtúlacht, an teacht aniar atá iontu, an luach don chustaiméir, agus a dhéanann maitheas don chomhshaol i gcoitinne. Tá nasc idir an Ghníomhaíocht seo agus Gníomhaíocht 4.10.<br>. | Tionscnaimh nuálaíochta. | Níl aon iarmhairt dhíreach<br>Is cosúil go dtacóidh sé le cuspóirí MST go ginearálta. | **Uisce +**<br>**Daonra agus geilleagar +**<br>**Sláinte agus folláine +**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Bithéagsúlacht +**<br>**Iascach +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +** | Nasc le hathbhreithnithe ar phleananna agus monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú chun réimse fócais agus bearnaí i sonraí a aithint. |

| Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhmeanna Straitéiseacha (Tosaíochtaí)** | **Gníomhaíocht** | **Barúlacha agus Iarmhairtí Féideartha** | **Pleananna agus gníomhaíochtaí/ idirghabhálacha do limistéir le sruth** | **Cineálacha féideartha iarmhairtí** | **Cuspóirí MST ar tacaíodh leo/ar chuathas ina gcoinne**<br>(measúnú a bhaineann go sonrach le cuspóir MST) | **Maolú le plean ar an leibhéal seo*** |
| | **Gníomhaíocht 4.8:** Leanúint i mbun cumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt. | Glacfaidh UÉ próiseas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine chun pleanáil ar aghaidh a éascú. Cuirfidh sé lena gcuid oibre ar Fhís 2050, ag cur feabhas ar a bhfís fhadtéarmach. | Próiseas Fadbhreathnaitheachta agus Faire na Fáistine. | Níl aon iarmhairt dhíreach.<br>Is cosúil go dtacóidh sé le cuspóirí MST go ginearálta trí dhúshláin fhéideartha a aithint go luath. | **Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola+**<br>**Úsáid sócmhainní +** | Dada aitheanta. |
| **14: Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú:** Oibreoimid i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun maoiniú a fháil i bhfad na haimsire do sheirbhísí atá éifeachtúil athléimneach. | **Gníomhaíocht 4.9:** Na riachtanais infheistíochta atá ag ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce san fhadtéarma a chainníochtú agus a chur in iúl. | Caithfidh UÉ leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi infheistíocht chaipitil inmharthana. Beidh ar UÉ an infheistíocht seo a bhainistiú agus leanúint ar aghaidh leis an bpleanáil infheistíochta fadtéarmaí freisin. Caithfidh UÉ punann de thionscadail chaipitil mhóra a bhainistiú thar roinnt tréimhsí infheistíochta. Chun tacú leis sin, tá ár gcumas pleanála um infheistíocht fhadtéarmach á fhorbairt againn, lena gcuimseofar pleananna uisce agus fuíolluisce a rolladh amach thar thréimhse 10-15 bliana. Tacóidh sé sin le dearcadh infheistíochta ar aghaidh thar thréimhse 25-30 bliain a chuirfidh taca faoinár straitéisí uisce agus fuíolluisce fadtéarmacha.<br>Sa bhreis air sin, tá gá le maoiniú chun costais bainistíochta sócmhainní ar feadh a saolré iomláine a chlúdach go cuí. | Cláir agus pleananna infheistíochta caipitil. | Féadfaidh teorainneacha ar infheistíocht ilbhliantúil agus bainistíocht sócmhainní ar feadh a saolré a bheith ina mbacainn ar chuspóirí plean agus MST a bhaint amach. | **Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>**Úsáid sócmhainní++** | Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4.** |
| | **Gníomhaíocht 4.10:** Cur chuige i leith maoiniú ilbhliantúil a chur i bhfeidhm. | Mar fhóntais rialáilte, cruthaíonn samhail maoinithe UÉ dúshláin i gcomhthéacs a chláir infheistíochta caipitil. Mar sin, beidh UÉ ag obair le fiosrú a dhéanamh chun tuilleadh cinnteachta a fháil i gcomhthéacs maoiniú a sholáthar ar bhonn ilbhliantúil. Ba mhian le UÉ leanúint orainn ag cothú muiníne inár bpíblíne tionscadail agus, uaidh sin, go mbeadh ár slabhra soláthair in ann a acmhainneacht a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, agus táimid ag lorg cinnteachta maidir le maoiniú ar bhonn ilbhliantúil. Bheadh sé sin ríthábhachtach do thionscadail ilbhliantúla ardluacha.<br>. | Meitheal oibre um maoiniú tras-eintiteas. | Gan aon iarmhairt dhíreach agus tá an tionchar ar Chuspóirí MST neamhchinnte ag an gcéim seo ach d'fhéadfadh maoiniú ilbhliantúil agus comhoibríoch a bheith ina thaca thar raon gníomhaíochtaí dá mbíonn infheistíocht fhadtéarmach ag teastáil lena n-áirítear bearta bainistíochta abhantraí. | **Daonra agus geilleagar ++**<br>**Sláinte agus Folláine ++**<br>**Maolú aeráide +/-**<br>**Oiriúnú don aeráid +**<br>**Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola ++**<br>**Úsáid sócmhainní++** | Maolú ar úsáid carbóin agus acmhainní trí **Ghníomhaíochtaí 4.1 agus 4.4.** |

## 7.7 Dréacht-PSSU 2050 tograí chun dúshláin fhadtéarmacha a shárú

Aithnítear i nDréacht-PSSU 2050 an gá le pleanáil a dhéanamh le haghaidh athruithe nach bhfacthas riamh roimhe, a bhféadfadh an t-athrú aeráide, fás an daonra, géarchéimeanna timpeallachta agus bithéagsúlachta, aosú an bhonneagair, athruithe ar rialacháin agus beartais, agus dálaí eacnamaíocha a bheith ina gcúiseanna leo. Aithnítear cuir chuige nua agus bealaí oibre a aithníodh chun tacú le haghaidh a thabhairt ar an leibhéal athraithe sin agus é a éascú, mar a leanas.

**Comhoibriú – *Comhoibrímid le páirtithe leasmhara chun torthaí a sheachadadh d'Éirinn nach bhféadfaí a bhaint amach dá mbeimis ag obair inár n-aonar.***

Aithnítear go bhfuil gá le cineálacha cur chuige comhoibríocha nua idir páirtithe leasmhara thar roinnt gníomhaíochtaí. San áireamh le seo, mar shampla, tá Gníomhaíocht 3.2 lena mbaineann comhlíontacht i dtaca leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh atá nua agus athmhúnlaithe a chumasú ó thaobh dul i ngleic le forsceitheadh stoirme, do Ghníomhaíocht 1.3 agus 3.8 ina mbeidh comhoibriú mar bhuntáiste dóibh chun bearta bainistíochta abhantraí a sheachadadh, agus do Ghníomhaíocht 3.4.

Meastar go dtacóidh an cur chuige sin le cuspóirí MST a bhaint amach.

**Smaointeoireacht chóras - *Aithnímid an chastacht a bhaineann le timthriall an uisce agus tá sé d'aidhm againn dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis na réitigh is fearr san fhadtéarma a chinneadh.***

Aithnítear i nDréacht-PSSU an spleáchas ar chórais níos leithne, mar shampla córais hidreolaíocha agus éiceolaíocha na timpeallachta uisce a sholáthraíonn foinsí amhuisce agus a ghlacann scaoileadh fuíolluisce cóireáilte. Tá gá le dearcadh ar an gcóras iomlán chun na réitigh is fearr le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chinneadh.

Meastar go dtacóidh an cur chuige sin go ginearálta le cuspóirí MST a bhaint amach. Is é moladh MST cineálacha cur chuige i leith seirbhísí caipitil nádúrtha agus éiceachóras a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaí tairbhí timpeallachta níos leithne a chuimsiú sna próisis chinnteoireachta.

**Pleanáil Oiriúnaitheach - *Tá cur chuige oiriúnaitheach againn maidir le pleanáil don am atá le teacht ionas gur féidir linn freagairt do threochtaí agus riachtanais a bhíonn ag athrú***

Is cur chuige é an phleanáil oiriúnaitheach lena n-aithnítear cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, lena gcoinnítear súil ar tháscairí treochta cuí agus lena n-aithnítear pointí truicir sna táscairí a mbeadh ina gcúis dúinn ár bplean a oiriúnú don chás dóchúil atá ag teacht chun cinn.

Meastar go dtacóidh an cur chuige sin le cuspóirí MST a bhaint amach. Is é moladh an MST úsáid a bhaint as faisnéis a ghintear ó thuairisciú plean monatóireachta agus ón bpróiseas athbhreithnithe agus nuashonraithe do PSSU 2050 agus pleananna ar an leibhéal íochtarach.

## 7.8 Measúnú Trasteorann

Meastar go bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith ann mar gheall ar chur i bhfeidhm dhréacht-PSSU 2050. Maidir le Dréacht-PSSU 2050, níl tograí sonracha ná suíomhanna na ngníomhaíochtaí ar eolas. Dá bhrí sin déantar an fhéidearthacht d'éifeachtaí trasteorann suntasacha do gach gníomhaíocht, bídís dearfach, diúltach nó measctha a mheas ar bhonn cineálacha gníomhaíochta agus sainaithnítear conairí féideartha le go dtarlódh éifeacht agus cuirtear ar fáil iad in Aguisín D. Tarraingítear aird freisin ar aon phleananna ar an leibhéal íochtarach lena ndearnadh measúnú ar éifeachtaí trasteorann cheana féin nó lena ndéanfaí measúnú orthu, agus moltar maolú breise don phlean ardleibhéil seo más cuí.

Faoi **Chuspóir Straitéiseach 1 Uisce Óil Sábháilte agus Iontaofa**

- Aithnítear an fhéidearthacht d'iarmhairtí dearfacha ar an timpeallacht trasteorann le haghaidh. Ghníomhaíochtaí 1.1, 1.2, 1.3, 1.6, 1.7,.1.8
- Aithníodh go raibh an fhéidearthacht d'iarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon ann le haghaidh: Gníomhaíochtaí 1.4 agus 1.5
- Clúdaíonn PNAU agus a phróiseas athbhreithnithe an measúnú agus maolú le haghaidh 1.4.
- Le haghaidh 1.5, molann MST go gcuimseofaí an measúnú ar iarmhairtí trasteorann mar chuid den phleanáil theagmhasach lena n-áirítear pleananna triomach a fhorbairt.

Faoi **Chuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar**

- Níor aithníodh aon iarmhairt trasteorann fhéideartha le haghaidh Ghníomhaíochtaí 2.1, 2.2, 2.3, 2.4, 2.6, 2.7 agus 2.8
- Aithníodh go raibh an fhéidearthacht d'iarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon ann le haghaidh Ghníomhaíocht 2.5
- Le haghaidh Ghníomhaíocht 2.5, is é moladh MST go ndéanfaí machnamh ar an bhféidearthacht d'iarmhairtí trasteorann sa mheasúnú oiriúnachta maidir le luach taitneamhachta a fhorbairt ar shócmhainní UÉ.

Faoi **Chuspóir Straitéiseach 3: Ár dTimpeallacht a Chosaint agus a Athchóiriú**

- Aithníodh na hiarmhairtí dearfacha féideartha ar an timpeallacht trasteorann le haghaidh Ghníomhaíochtaí 3.3. 3.4. 3.5, 3.6,.3.7 agus 3.8
- Aithníodh go raibh an fhéidearthacht d'iarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon ann le haghaidh Ghníomhaíochtaí 3.1 agus 3.2
- Clúdaíonn Gníomhaíochtaí 3.1 agus 3.2 Creat Náisiúnta um Straitéis Fuíolluisce agus Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbigh, a bheidh faoi réir phróisis MST agus MC ar leith agus aithneofar leo sin aon iarmhairtí féideartha ar an timpeallacht agus bearta maolaithe. Moltar machnamh a dhéanamh ar dheiseanna féideartha chun dobharlaigh chomhroinnte agus gnáthóga nasctha a fheabhsú mar chuid den phróiseas MST do na pleananna faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí seo.

Faoi **Chuspóir Straitéiseach 4: Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn**

- Aithníodh iarmhairtí dearfacha féideartha ar an timpeallacht trasteorann le haghaidh Ghníomhaíocht 4.1
- Níor aithníodh aon Iarmhairt trasteorann fhéideartha le haghaidh Ghníomhaíochtaí 4.2, 4.4, 4.5, 4.6, 4.7, 4.8, 4.9 agus 4.10
- Aithníodh go raibh an fhéidearthacht d'iarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon ann le haghaidh Ghníomhaíocht 4.3
- Clúdaíonn Gníomhaíocht 4.3 an t-athbhreithniú ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Fuíolluisce Sloda agus cur chun feidhme an Phlean, a cuireadh faoi phróiseas MST agus MC ar leith roimhe seo agus beidh MST agus MC ag teastáil don phlean nua freisin, agus aithneofar leo sin na hiarmhairtí féideartha ar an gcomhshaol agus bearta maolaithe ina leith.
- Maidir le Gníomhaíocht 4.7, níor aithníodh aon éifeachtaí trasteorann ach i ndáil le tacú le cuspóirí MST, cuimsíonn moladh MST machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le tuilleadh comhoibrithe ar nuálaíocht agus taighde le comhlachtaí ábhartha i dTuaisceart Éireann, go háirithe maidir le dúshláin chomhroinnte.

## 7.9 Conclúidí ó MC

Is é conclúid Alt 8 den RTN go bhfuil bearta maolaithe a mholtar sa MC (Alt 6) le cinntiú nach mbeidh aon iarmhairtí diúltacha ag an Dréacht-PSSU 2050 ar aon Láithreá(i)n Eorpach(a) ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna agus cláir eile.

I gcás 18 ngníomhaíocht thángthas ar an gconclúid nach mbeadh aon tionchar inbhraite ar Láithreáin Eorpacha agus níor aithníodh aon ghníomhaíochtaí a mbeadh iarmhairtí diúltacha mar thoradh orthu. Bhí baint ag 15 ghníomhaíocht, áfach, le pleananna ar an leibhéal íochtarach a tháirgeadh, le forbairt idirghabhálacha, nó le sainaithint an ghá le hidirghabhálacha, agus b'fhéidir go bhféadfadh éifeachtaí a bheith mar thoradh ar phleananna/idirghabhálacha ar an leibhéal íochtarach dá leithéid ar láithreáin agus, mar thoradh air sin, aithníodh an gá le ceanglas cloí leis na Rialacháin um Ghnáthóga mar mhaolú i.e. Dul faoi Scagadh MC/MC nuair a aithnítear a leithéid agus nuair is cuí. Aithníodh dhá ghníomhaíocht (1.4 agus 4.3) ina raibh bearta maolaithe ar bun cheana féin chun iarmhairtí diúltacha a chosc. Aithníodh seacht ngníomhaíocht freisin inar thángthas ar an gconclúid gur dhócha go mbeadh iarmhairtí tairbhiúla ar Láithreáin Eorpacha, cé gur bhaolach go mbeadh iarmhairtí diúltacha ar Láithreáin Eorpacha mar thoradh ar thrí cinn de na gníomhaíochtaí seo.

Seo a leanas na bearta maolaithe a aithníodh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí inar bhaolach go mbeadh iarmhairtí diúltacha ann:

- Ní mór do phleananna agus/nó idirghabhálacha ar an leibhéal íochtarach cloí leis na Rialacháin um Ghnáthóga agus dul faoi MC nuair is gá.
- Ní mór na bearta maolaithe atá laistigh den PNAU agus PNBSF cheana a chomhlíonadh.

## 7.10 Moltaí MST do Chur Chun Feidhme

Tá moltaí MST maidir le maolú san áireamh sa phlean gníomhaithe ar son na timpeallachta i gcuid 9 mar chuid de na tograí monatóireachta (féach Tábla 9.1).

# 8 Measúnacht ar Iarmhairtí Carnacha

## 8.1 Réamheolas

Luaitear in Airteagal 3(5) den Treoir MST gur cheart a chinneadh *"an dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha timpeallachta... ag pleananna nó cláir"*. Sonraíonn Iarscríbhinn II (2) na critéir chun tábhacht dhóchúil na n-éifeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(5) a chinneadh, lena n-áirítear an gá atá le *"nádúr carnach na n-éifeachtaí"* a chur san áireamh.

Déanann an GCC (2020a) cur síos ar iarmhairtí carnacha sa MST mar:

*"iarmhairtí ar an timpeallachta is cúis le hathruithe incriminteacha a tharlaíonn mar gheall ar ghníomhartha straitéiseacha mar aon le gníomhartha a rinneadh san am atá thart, gníomhartha atá á ndéanamh anois agus gníomhartha amach anseo is féidir a thuar le réasún. D'fhéadfadh na hiarmhairtí sin a bheith mar thoradh ar ghníomhartha aonair beaga ach a bhíonn suntasach nuair a chuirtear le chéile iad thar am nó spás."*

Ba cheart go mbeadh na nithe a leanas i measúnacht ar iarmhairtí carnacha maidir le plean bainistíochta um acmhainní uisce:

- Iarmhairtí carnacha ionphlean - iarmhairtí beart/roghanna a mholtar laistigh de phlean nó clár le chéile; agus
- Iarmhairtí carnacha idirphlean - iarmhairtí idir na bearta/roghanna a mholtar sa phlean nó sa chlár in éineacht le pleananna agus cláir eile.

Ní féidir iarmhairtí carnacha a bheith ann ach i gcás ina bhfuil forluí i dtréimhsí ama na dtionchar agus/nó na n-iarmhairtí nó na gaireachta spásúla agus na gconairí as a n-eascraíonn iarmhairtí breise ar ghabhdóir coiteann – is féidir trí chineál a mheas:

- i gcás gléasraí cóireála fuíolluisce a sceitheann isteach sa dhobharlach céanna, d'fhéadfadh iarmhairt iomlán níos mó a bheith acu go léir le chéile.
- i gcás ina ndéantar bonneagair a fhorbairt nach bhfuil i ngar dá chéile, d'fhéadfadh iarmhairt chomhcheangailte a bheith i gceist fós, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuireann le líon na n-astaíochtaí náisiúnta nó cailleadh iomlán comhcheangailte limistéar ina bhfuil cineál gnáthóige ar leith a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha réigiúnacha nó náisiúnta iomlána a bheith aige sin i ndáil leis an mbithéagsúlacht.
- i gcás ina ndéantar bonneagair a thógáil ag an am céanna i ngar dá chéile, d'fhéadfadh gluaiseachtaí tráchta carnacha a bheith ar an líonra bóithre áitiúil mar thoradh agus d'fhéadfadh brúnna tráchta agus suaitheadh breise tarlú dá mbarr.

## 8.2 Iarmhairtí Ionphlean

Tá roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí a mholtar sa Dréacht-PSSU 2050 ag teacht lena chéile chun tacú le cuspóirí MST a bhaint amach, go háirithe Cuspóirí MST maidir le hUisce, Bithéagsúlacht, Iascach, Maolú an Athraithe Aeráide agus Oiriúnú don Aeráid, an Daonra agus an Geilleagar, agus Sláinte agus Folláine. Cé go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha carnacha agus comhcheangailte eascairt as cur i bhfeidhm an phlean, is gníomhaíochtaí ardleibhéil iad agus níl aon fhaisnéis suíomhoiriúnaithe ná faisnéis faoin áit ná faoin uainiú ar fáil le haghaidh tograí, mar sin is gá na hiarmhairtí sin a mheas mar chuid de na pleananna agus straitéisí ar an leibhéal íochtarach.

Ós rud é gurb é PSSU 2050 an plean uileghabhálach, tabharfar aghaidh ar an idirghníomhú idir pleananna Uisce Éireann sna pleananna infheistíochta ar an leibhéal íochtarach. Thug PNAU aghaidh ar iarmhairtí carnacha ar infheistíochtaí in acmhainní seirbhíse uisce mar chuid den próiseas MST. Caithfear iarmhairtí carnacha a chur san áireamh sa Chreat Náisiúnta Fuíolluisce atá molta agus sna fophleananna, mar aon le

pleananna glactha lena n-áirítear PNAU. Maidir le pleananna nua atá á bhforbairt lena n-áirítear NWSMP agus na hathbhreithnithe amach anseo ar PNAU agus pleananna eile faoi féir MST, caithfear machnamh a dhéanamh ar iarmhairtí carnacha le pleananna eile mar chuid den phróiseas MST.

Aithnítear idirghníomhú agus gníomhú idir eatarthu a bhféadfadh iarmhairt charnach a bheith acu ar chuspóirí MST i dTábla 8.1– Tábla 8.4.

**Tábla 8.1 Cuspóir Straitéiseach 1 - Idirghníomhú idir gníomhaíochtaí -**

| **Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa** | **Gníomhaíochtaí carnacha féideartha** |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 1: Uisce óil sábháilte a chinntiú** | |
| **Gníomhaíocht 1.1:** Tabhairt faoi mheasúnuithe riosca inár soláthairtí go léir agus bearta cuí a chur chun feidhme chun riosca a bhainistiú. | Gníomhaíochtaí **1.2; 1.4; 2.2; 3.3; 3.6; 4.7; 4.8** |
| **Gníomhaíocht 1.2:** Cloí leis an Treoir maidir le hUisce Óil agus le ceanglais reachtúla eile a bhaineann le cáilíocht uisce óil. | Gníomhaíochtaí **1.1; 1.4 3.3; 3.5; 4.6** |
| **Gníomhaíocht 1.3:** Bearta bainistíochta abhantracha a chomhordú agus tacú a thabhairt do réitigh bunaithe sa dúlra chun caighdeán bhunuisce a fheabhsú. | Gníomhaíochtaí **1.4; 3.4; 3.8** |
| **Cuspóir Straitéiseach 2: Soláthairtí Iontaofa uisce a sheachadadh** | |
| **Gníomhaíocht 1.4:** Ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce a chur i bhfeidhm agus leanúint lena athbhreithniú, ina ndéantar feabhsuithe ar bhonneagar soláthair uisce a sholáthar chun soláthairtí seasmhacha a chinntiú amach anseo. | Gníomhaíochtaí; **1.1; 1.3; 1.6**; **3.1, 3.2, 3.3**; **3.8; 4.1, 4.2 4.8** |
| **Gníomhaíocht 1.5:** Pleananna teagmhasacha a fhorbairt chun iontaofacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú. | Gníomhaíochtaí **1.1, 2.1; 2.2; 2.3; 3.1; 3.2; 3.3** |
| **Gníomhaíocht 1.6:** Feabhas a chur ar sheasmhacht oibriúcháin trí bhearta coisctheacha agus próisis fheabhsaithe i dtaobh freagairt teagmhais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Gníomhaíochtaí **1.1.2.1; 2.2; 2.3; 4.6; 4.7; 4.8** |
| **Aidhm Straitéiseach 3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú** | |
| **Gníomhaíocht 1.7:** Níos lú uisce a úsáid trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cabhrú le custaiméirí an méid uisce a úsáideann siad a laghdú. | Gníomhaíochtaí **1.4; 1.8, 1.9 2.1; 2.2; 2.3; 2.4;; 2.6; 2.7; 2.8** |
| **Gníomhaíocht 1.8:** Níos lú uisce a úsáid tríd an gClár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Gníomhaíochtaí **1.4; 1.5; 1.6; 2.1; 2.2; 2.3; 2.6; 2.7; 2.8; 4.6** |
| **Gníomhaíocht 1.9:** Níos lú uisce a chailleadh ach laghdú sceite a sheachadadh. | Gníomhaíochtaí **1.4; 1.6 4.1** |

*Féidearthacht le haghaidh iarmhairtí carnacha ar Chuspóirí MST, comhiarmhairt **ghlas** a thacaíonn le cuspóirí MST; comhiarmhairt **ómra** ina bhfuil meascán diúltach agus dearfach i dtaobh chuspóirí MST; tá comhiarmhairt **dhearg** diúltach nó tagann sé salach ar chuspóir an MST

**Tábla 8.2 Cuspóir Straitéiseach 2 - Idirghníomhú idir gníomhaíochtaí**

| Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar | Gníomhaíochtaí carnacha féideartha |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 4: Seachadadh do chustaiméirí** | |
| **Gníomhaíocht 2.1:** Riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint. | Gníomhaíochtaí 1.4; 1.7; 1.8; 2.4; 2.5; 3.1; 3.2 |
| **Gníomhaíocht 2.2:** Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus chun faisnéis fíor-ama do chustaiméirí a sholáthar maidir le húsáid, teagmhais agus cáilíocht uisce. | Gníomhaíochtaí; 1.4; 1.7; 1.8: 2,3 4.6; 4.7; 4.8 |
| **Gníomhaíocht 2.3:** Tacú lenár gcustaiméirí a bpáirt a ghlacadh chun uisce a chosaint mar acmhainn luachmhar agus seirbhísí uisce níos fearr a chumasú. | Gníomhaíochtaí 1.4 1.7; 1.8; 2,4 |
| **Aidhm Straitéiseach 5: Teagmháil le pobail** | |
| **Gníomhaíocht 2.4:** Clár oideachais agus rannpháirtíochta an phobail a fhorbairt chun feasacht a ardú ar luach an uisce agus ar na seirbhísí uisce a chuirimid ar fáil. | Gníomhaíochtaí 1.4 1.7; 1.8; 3.1; 3.2 |
| **Gníomhaíocht 2.5:** Leanúint de luach taitneamhachta inár sócmhainní a fhorbairt le pobail áitiúla, nuair atá sé sábháilte agus cuí. | Gníomhaíochtaí 1.4; 3.1; 3.7; 3.8 |
| **Aidhm Straitéiseach 6: Fás a sholáthar** | |
| **Gníomhaíocht 2.6:** Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun tacú le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. | Gníomhaíochtaí 1.4; 3.1; 3.2; 3.3<br><br>4.1 |
| **Gníomhaíocht 2.7:** Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le soláthar tithe nua agus le fás eacnamaíoch. | Gníomhaíochtaí 1.4; 3.1; 3.2; 3.3<br><br>4.1 |
| **Gníomhaíocht 2.8:** Cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais infheistíochta amach anseo, iad a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith. | Gníomhaíochtaí 1.4, 3.1, 3.2 |

**Tábla 8.3 Cuspóir Straitéiseach 3 - Idirghníomhú idir gníomhaíochtaí**

| Cuspóir Straitéiseach 3 Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú | Gníomhaíochtaí carnacha féideartha |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint** | |
| **Gníomhaíocht 3.1:** Oibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéise Fuíolluisce a fhorbairt. | Gníomhaíochtaí 1.4, 3.2. 3.5 3.7, 3.8, 4.1. 4.4 |
| **Gníomhaíocht 3.2:** Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Gníomhaíochtaí 1.4, 3.2. 3.5 3.7, 3.8 |

| **Cuspóir Straitéiseach 3 Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú** | **Gníomhaíochtaí carnacha féideartha** |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint** | |
| **Gníomhaíocht 3.3:** Astarraingt inbhuanaithe a chinntiú agus iarmharaigh ó chóireáil uisce a bhainistiú. | Gníomhaíochtaí 1.4, 4.4 |
| **Aidhm Straitéiseach 8: Ár ról a imirt maidir leis an CTU** | |
| **Gníomhaíocht 3.4:** Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú trí chomhoibriú. | Gníomhaíochtaí 1.4, 3.1, 3.2, 3.3. 3.7, 3.8 |
| **Gníomhaíocht 3.5:** Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a bhaint amach. | Gníomhaíochtaí 3.1. 3.2 4.1, 4.3,4.4 |
| **Gníomhaíocht 3.6:** Seirbhísí uisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a chomhlíonadh. | Gníomhaíochtaí 1.4, 4.1, 4.4 |
| **Aidhm Straitéiseach 9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach** | |
| **Gníomhaíocht 3.7:** Ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh 'glanbhreisiú' ann ó thaobh na bithéagsúlachta de. | Gníomhaíochtaí 1.3 1.4, 3.1 3,2 3.8, 4.1 |
| **Gníomhaíocht 3.8:** Tús áite a thabhairt do réitigh dúlra-bhunaithe agus do bhearta abhantraigh maidir le seachadadh tionscadail uisce agus fuíolluisce. | Gníomhaíochtaí 1,1, 1.3, 1.4, 3.7, 1,4, 3.2,, 3.3 3.4, 4.1, |

**Tábla 8.4 Cuspóir Straitéiseach 4 - Idirghníomhú idir gníomhaíochtaí**

| **Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí** | **Gníomhaíochtaí carnacha féideartha** |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 10: Neodracht carbóin a bhaint amach** | |
| **Gníomhaíocht 4.1:** Plean maidir le Neodracht Carbóin a Bhaint Amach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | Gníomhaíochtaí 1.4 3.1, 3.2. 3.3. 3.4, 3.5 3.6, 3.7, 3.8, 4.4 |
| **Gníomhaíocht 4.2:** Obair i ndlúthchomhar lenár slabhra soláthair chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean sa chaoi ina gcuirtear bonneagar uisce agus fuíolluisce ar bun. | Gníomhaíochtaí 1.4 3.1, 3.2. 3.3. 3.4, 3.5 3.6 |
| **Aidhm Straitéiseach 11 Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh** | |
| **Gníomhaíocht 4.3:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus é a chur i bhfeidhm. | Gníomhaíochtaí 3.1, 3.2. 3.3. 3.4, 3.5 |
| **Gníomhaíocht 4.4:** Na tairbhí a fhaightear ón ngeilleagar ciorclach a bharrfheabhsú | Gníomhaíochtaí 3.5, 3.6 4.1 |
| **Gníomhaíocht 4.5:** Na gníomhaíochtaí a dhéantar ar ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach comhordaithe thar a saolré ar fad d'fhonn deimhniú ISO550001 a bhaint amach. | Gníomhaíochtaí 4.1, 4.2, 4.4 |

| Cuspóir Straitéiseach 4 Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Todhchaí | Gníomhaíochtaí carnacha féideartha |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 4.6:** Féachaint chuige go gcuirtear riosca agus luach san áireamh i ngach cinneadh aon uair a dhéantar cinneadh thar saolré na sócmhainní. | Gníomhaíochtaí **3.5, 3.6, 4.4, 4.5** |
| **Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht** | |
| **Gníomhaíocht 4.7:** Cultúr a fhorbairt bunaithe ar nuálaíocht i roinn na seirbhísí uisce chun todhchaí inbhuanaithe a chothú. | Aidhmeanna Straitéiseacha |
| **Gníomhaíocht 4.8:** Leanúint i mbun cumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt. | Aidhmeanna Straitéiseacha |
| **Aidhm Straitéiseach 14: Seasmhacht airgeadais a chinntiú** | |
| **Gníomhaíocht 4.9:** Na riachtanais infheistíochta atá ag ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce san fhadtéarma a chainníochtú agus a chur in iúl. | Ár nGníomhaíochtaí |
| **Gníomhaíocht 4.10:** Cur chuige i leith maoiniú ilbhliantúil a chur i bhfeidhm. | Ár nGníomhaíochtaí |

Tá nasc idir go leor gníomhaíochtaí agus is féidir leo crosthacaíocht agus rannchuidiú tairbheach a sholáthar do chuspóirí MST. Bhain roinnt gníomhaíochtaí go díreach le soláthar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce a fhreagraíonn d'fhás, rialáil agus maidir le ceanglais riachtanais d'fhéadfadh rannchuidiú breise dearfach a bheith mar thoradh orthu ach freisin d'fhéadfaidís comhcheangal chun drochthionchair a bheith acu a bhaineann le forbairt agus oibriúchán bonneagair ag brath ar ghaireacht agus tograí áirithe ag leibhéal tionscadail nach n-aithnítear ag an gcéim ardleibhéal pleanála seo. Rachfar i ngleic leis na hiarmhairtí carnacha féideartha seo trí ghníomhaíochtaí trasghearrtha amhail na gealltanais maidir le glanbhreisiú ó thaobh bithéagsúlachta de, neodracht carbóin agus cur i bhfeidhm prionsabail gheilleagar ciorclach.

Léirítear i dTábla 8.5 achoimre maidir leis an measúnacht foriomlán i gcoinne gach cuspóir MST thar na 35 ghníomhaíocht taobh istigh de na 14 Aidhm Straitéiseacha agus ceithre Chuspóir MST. I dTábla 8.5 tógtar an measúnú ó gach Gníomh agus soláthraítear raon an mheasúnaithe seo, lena léirítear an scór is ísle agus an scór is fearr thar na ceithre Chuspóir Straitéiseacha.

**Tábla 8.5 Measúnacht foriomlán an Dréacht PSSU 2050 i gcoinne Chuspóirí MST**

| Ábhar MST | Cuspóir Straitéiseach 1 (Aidhmeanna Straitéiseacha 1-3) | Cuspóir Straitéiseach 2 (Aidhmeanna Straitéiseacha 4-6) | Cuspóir Straitéiseach 3 (Aidhmeanna Straitéiseacha 7-9) | Cuspóir Straitéiseach 4 (Aidhmeanna Straitéiseacha 10-14) | **Tráchtanna ar an measúnacht**<br>**Soláthraítear bearta maolaithe agus tacaíochta sa Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) (Féach Tábla 9.1)** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí 1.1-1.9 | Gníomhaíochtaí 2.1-2.8 | Gníomhaíochtaí 3.1-3.8 | Gníomhaíochtaí 4.1-4.10 | |
| Timpeallacht Uisce – Cáilíocht agus cainníocht an uisce | +/- ++ | +/- ++ | +/- ++ | +/- ++ | Tacaíonn an chuid is mó de na gníomhaíochtaí trasna na gCuspóirí Straitéiseacha 1-4 go léir go sonrach le cuspóirí timpeallachta uisce MST a bhaint amach maidir le cáilíocht uisce agus cuspóirí acmhainní. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bheith ag gníomhaíochtaí a bhaineann le pleananna teagmhasacha a chur i bhfeidhm amhail triomach agus tacú le fás, pleananna fuíolluisce, agus bainistíocht sloda agus braitheann sé ar na hacmhainní agus na láithreacha atá i gceist.<br>Bearta maolaithe PGT1 go PGT 4 agus PGT 6 & 7 |
| Timpeallacht Uisce – Riosca Tuilte | 0 | 0 | +/- + | + | Meastar go mbeidh an chuid is mó de na gníomhaíochtaí neodrach maidir le riosca tuilte. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha nó diúltacha a bheith ag gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí fuíolluisce ag brath ar thograí agus ar láithreáin ach áirítear leis na gníomhaíochtaí seo freisin deiseanna chun riosca tuilte a laghdú trí phleananna draenála comhtháite a chur i bhfeidhm agus trí chomhoibriú le húdaráis áitiúla. Is féidir le gníomhaíochtaí maidir le tacú le húsáid réitigh dhúlrabhunaithe agus bearta abhantracha níos leithne tairbhí a sholáthar freisin maidir le huisce a choinneáil san abhantrach, ag brath ar na bearta sonracha atá molta agus an láthair ina bhfuil siad.<br>Bearta maolaithe PGT 1-4 agus 6, 7, 10. |

| **Ábhar MST** | **Cuspóir Straitéiseach 1 (Aidhmeanna Straitéiseacha 1-3)** | | **Cuspóir Straitéiseach 2 (Aidhmeanna Straitéiseacha 4-6)** | | **Cuspóir Straitéiseach 3 (Aidhmeanna Straitéiseacha 7-9)** | | **Cuspóir Straitéiseach 4 (Aidhmeanna Straitéiseacha 10-14)** | | **Tráchtanna ar an measúnacht**<br>**Soláthraítear bearta maolaithe agus tacaíochta sa Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) (Féach Tábla 9.1)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí 1.1-1.9 | | Gníomhaíochtaí 2.1-2.8 | | Gníomhaíochtaí 3.1-3.8 | | Gníomhaíochtaí 4.1-4.10 | | |
| Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas | + | ++ | + | ++ | + | | + | ++ | Cuidíonn gníomhaíochtaí le cuspóirí MST a bhaint amach maidir le soláthar uisce iontaofa atá ar ardchaighdeán agus maidir le seirbhísí fuíolluisce d'fhás eacnamaíoch agus daonra agus tacú le tithíocht agus turasóireacht/áineas. |
| Sláinte agus Folláine | + | ++ | + | ++ | + | ++ | + | ++ | Cuidíonn gníomhaíochtaí le cuspóirí MST a bhaint amach maidir le tacú le sláinte agus folláine i gcás rochtana ar sholáthar uisce iontaofa atá ar ardchaighdeáin agus maidir le seirbhísí fuíolluisce agus rochtain ar shaoráidí a sholáthar freisin nuair is cuí. |
| Maolú ar an Athrú Aeráide | +/- | ++ | 0 | + | +/- | ++ | +/- | ++ | I measc na ngníomhaíochtaí tá iad siúd a bhaineann le hinfheistíochtaí a éilíonn úsáid ábhar agus fuinnimh ach chomh maith leis sin, ag a bhféadfaí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus cuíchóiriú a sholáthar. I measc na ngníomhaíochtaí a chuireann le laghdú ar astuithe carbóin tá tacaíocht le húsáid réitigh dhúlrabhunaithe agus bearta bainistíochta abhantraí, cuir chuige an gheilleagair chiorclaigh, múscailt feasachta maidir le caomhnú uisce agus forbróidh forbairt an Treochláir Glan Nialasachta tuilleadh gníomhaíochtaí maidir le hoibriú chun an uaillmhian maidir le carbón glan nialasachta a bhaint amach faoi 2040.<br>Bearta maolaithe PGT 1, 4, 6 , 8 & 10 |
| Oiriúnú don Athrú Aeráide | + | ++ | 0 | + | +/- | ++ | + | | Tacaíonn an chuid is mó de na gníomhaíochtaí atá molta le cuspóir MST ar oiriúnú don athrú aeráide ó thaobh athléimneacht soláthair agus athléimneacht timpeallachta de, tá siad nasctha araon, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha agus athléimneacht oibriúcháin a fhorbairt, rioscaí a bhainistiú agus dul i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir le |

| Ábhar MST | Cuspóir Straitéiseach 1 (Aidhmeanna Straitéiseacha 1-3) | | Cuspóir Straitéiseach 2 (Aidhmeanna Straitéiseacha 4-6) | | Cuspóir Straitéiseach 3 (Aidhmeanna Straitéiseacha 7-9) | | Cuspóir Straitéiseach 4 (Aidhmeanna Straitéiseacha 10-14) | | **Tráchtanna ar an measúnacht**<br>**Soláthraítear bearta maolaithe agus tacaíochta sa Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) (Féach Tábla 9.1)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí 1.1-1.9 | | Gníomhaíochtaí 2.1-2.8 | | Gníomhaíochtaí 3.1-3.8 | | Gníomhaíochtaí 4.1-4.10 | | |
| | | | | | | | | | caomhnú uisce, tacú le cineálacha cur chuige 'Use Less, Lose Less' i ndáil leis an gcruinniú soláthair uisce. Sainaithnítear gníomhaíochtaí a thacaíonn le fás pleanáilte mar ghníomhaíochtaí dearfacha agus diúltacha measctha mar go mbeidh deiseanna ann chun seirbhísí inbhuanaithe a fheabhsú ach go mbeidh éileamh méadaithe ann i roinnt áiteanna freisin. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí a thacaíonn le soláthar glanbhreisithe bithéagsúlachta, réitigh dhúlrabhunaithe agus bainistíocht abhantraí cur le hathléimneacht timpeallachta i leith an athraithe aeráide.<br>Bearta maolaithe - PGT 1, 4 & 6 |
| Bithéagsúlacht | +/- | ++ | +/- | + | +/- | ++ | +/- | + | D'fhéadfadh an chuid is mó de na gníomhaíochtaí a thacaíonn le cuspóirí timpealllachta uisce MST a bhaint amach maidir le cáilíocht agus acmhainní uisce leas a bhaint as bithéagsúlacht uisceach freisin. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bheith ag gníomhaíochtaí a bhaineann le pleananna teagmhasacha a chur i bhfeidhm amhail triomach agus tacú le fás, pleananna fuíolluisce, agus bainistíocht sloda, ag brath ar na hacmhainní agus na láithreacha atá i gceist agus an acmhainn maidir le brú méadaithe le haghaidh astarraingthe nó maidir le cáilíocht uisce agus infheistíocht a éilíonn tógáil. Áirítear le Dréacht PSSU 2050 Gníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar iarmhairtí diúltacha féideartha lena n-áirítear an tiomantas do ghlanbhreisiú na bithéagsúlachta, úsáid réitigh dhúlrabhunaithe agus tacaíocht do bhainistíocht abhantraí. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí chun cáilíocht foinse uisce a chaomhnú agus a fheabhsú agus chun freastal ar |

| Ábhar MST | Cuspóir Straitéiseach 1 (Aidhmeanna Straitéiseacha 1-3) | | Cuspóir Straitéiseach 2 (Aidhmeanna Straitéiseacha 4-6) | | Cuspóir Straitéiseach 3 (Aidhmeanna Straitéiseacha 7-9) | | Cuspóir Straitéiseach 4 (Aidhmeanna Straitéiseacha 10-14) | | Tráchtanna ar an measúnacht<br>Soláthraítear bearta maolaithe agus tacaíochta sa Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) (Féach Tábla 9.1) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí 1.1-1.9 | | Gníomhaíochtaí 2.1-2.8 | | Gníomhaíochtaí 3.1-3.8 | | Gníomhaíochtaí 4.1-4.10 | | |
| | | | | | | | | | riachtanais athmhúnlaithe na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh sa todhchaí tacú le cuspóir an MST maidir le Bithéagsúlacht freisin.<br>Bearta maolaithe PGT 1-4, 5, 6 & 7, 9 |
| Iascach | + | ++ | +/- | + | + | ++ | +/- | + | D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha nó diúltacha a bheith ag brúnna ar acmhainní uisce ó fhás agus ó dhiúscairt sloda lena n-áirítear leathadh talún, ag brath ar thograí agus ar láithreáin. Téann an chuid is mó de na gníomhaíochtaí a thacaíonn le cuspóirí timpeallachta agus bithéagsúlachta uisce MST maidir le cáilíocht agus cainníocht uisce chun leasa na bithéagsúlachta uisceacha agus iascaigh, go háirithe an tiomantas d'astarraingt inbhuanaithe, cóireáil fuíolluisce agus baint na mbacainní ar imirce éisc, agus tacóidh siad le hiascaigh fionnuisce, inbhir agus mhuirí.<br>Bearta maolaithe PGT 1-4, 6 & 7 |
| Sócmhainní Ábhartha – Úsáid Acmhainní agus Bainistíocht Dramhaíola | +/- | ++ | + | | + | ++ | + | ++ | Tá baint ag gníomhaíochtaí lena mbaineann infheistíocht shuntasach bonneagair le húsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola, agus soláthraíonn cuid den infheistíocht seo feabhas ar chuíchóiriú agus ar éifeachtúlacht freisin. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí a thugann aghaidh go sonrach ar charbón glan nialasachta agus atá ag forbairt cineálacha cur chuige geilleagair chiorclaigh cabhrú maidir le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí diúltacha féideartha.<br>Bearta maolaithe PGT 4. 7, 11 |

| Ábhar MST | Cuspóir Straitéiseach 1 (Aidhmeanna Straitéiseacha 1-3) | | Cuspóir Straitéiseach 2 (Aidhmeanna Straitéiseacha 4-6) | | Cuspóir Straitéiseach 3 (Aidhmeanna Straitéiseacha 7-9) | | Cuspóir Straitéiseach 4 (Aidhmeanna Straitéiseacha 10-14) | | Tráchtanna ar an measúnacht<br>Soláthraítear bearta maolaithe agus tacaíochta sa Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) (Féach Tábla 9.1) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí 1.1-1.9 | | Gníomhaíochtaí 2.1-2.8 | | Gníomhaíochtaí 3.1-3.8 | | Gníomhaíochtaí 4.1-4.10 | | |
| Sócmhainní Ábhartha – Úsáid sócmhainní | +/- | ++ | + | ++ | + | | + | ++ | I measc na ngníomhaíochtaí a bhfuil infheistíocht shuntasach bonneagair i gceist leo tá sócmhainní nua a fhorbairt, cuíchóiriú agus uasghrádú na sócmhainní atá ann cheana agus d'fhéadfadh iarmhairtí tairbhiúla agus diúltacha measctha a bheith acu. Tacóidh gníomhaíochtaí a thugann aghaidh go sonrach ar bhainistíocht sócmhainní, ar threochlár glan nialasachta agus cur chuige an gheilleagair chiorclaigh le rannchuidiú tairbheach ar an iomlán do chuspóir an MST.<br>Bearta maolaithe PGT 4, 11 |
| Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | +/- | + | +/- | 0 | +/- | ++ | 0 | | I measc na ngníomhaíochtaí a bhfuil infheistíocht shuntasach bonneagair i gceist leo tá forbairt sócmhainní nua, cuíchóiriú agus uasghrádú na sócmhainní atá ann cheana féin agus díchoimisiúnú, agus d'fhéadfadh iarmhairtí tairbheacha agus diúltacha measctha a bheith acu ar chuspóir thírdhreacha an MST. Tá tairbhí féideartha ann freisin maidir le gníomhaíochtaí a thacaíonn le cáilíocht foinse uisce a chaomhnú, le réitigh dhúlrabhunaithe agus le bainistíocht abhantraí agus le glanbhreisiú bithéagsúlachta a sholáthar.<br>Bearta maolaithe PGT 1 agus 4 agus 7 |
| Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | +/- | 0 | +/- | 0 | +/- | + | 0 | | I measc na ngníomhaíochtaí a bhfuil infheistíocht shuntasach bonneagair i gceist leo tá sócmhainní nua a fhorbairt, cuíchóiriú agus uasghrádú na sócmhainní atá ann cheana, agus d'fhéadfadh iarmhairtí tairbhiúla agus diúltacha measctha a bheith acu ar oidhreacht chultúrtha agus ar sócmhainní seandálaíochta.<br>Bearta maolaithe PGT 1 agus PGT 4 |

| **Ábhar MST** | **Cuspóir Straitéiseach 1 (Aidhmeanna Straitéiseacha 1-3)**<br>Gníomhaíochtaí 1.1-1.9 | **Cuspóir Straitéiseach 2 (Aidhmeanna Straitéiseacha 4-6)**<br>Gníomhaíochtaí 2.1-2.8 | **Cuspóir Straitéiseach 3 (Aidhmeanna Straitéiseacha 7-9)**<br>Gníomhaíochtaí 3.1-3.8 | **Cuspóir Straitéiseach 4 (Aidhmeanna Straitéiseacha 10-14)**<br>Gníomhaíochtaí 4.1-4.10 | **Tráchtanna ar an measúnacht**<br>**Soláthraítear bearta maolaithe agus tacaíochta sa Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) (Féach Tábla 9.1)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Geolaíocht agus Ithreacha | +/-, + | 0 | + | +, ++ | I measc na ngníomhaíochtaí a bhfuil infheistíocht shuntasach bonneagair i gceist leo tá sócmhainní nua a fhorbairt, cuíchóiriú agus uasghrádú na sócmhainní atá ann cheana, agus d'fhéadfadh iarmhairtí tairbhiúla agus diúltacha measctha a bheith acu ar ithreacha agus ar shócmhainní geolaíochta. É sin ráite, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a thacaíonn le bainistíocht abhantraí, réitigh dhúlrabhunaithe agus diúscairt sloda cóireáilte trí bhearta leathadh talún agus bearta geilleagair chiorclaigh tacú le cuspóirí MST maidir le.<br>Bearta maolaithe PGT 1, 4 agus 7 |
| Cáilíocht Aeir | 0 | 0 | +/-, + | + | D'fhéadfadh gníomhaíochtaí a bhaineann le cóireáil fuíolluisce cur go dearfach le cuspóir MST i dtéarmaí bolaidh.<br>Bearta maolaithe PGT 1 agus PGT 4 |

## 8.3 Measúnacht ar Dhréacht-PSSU 2050 i gcoinne Spriocanna SFI

Tá measúnú foriomlán ar na hAidhmeanna Straitéiseacha i gcoinne spriocanna SFI ar fáil in dTábla 8.5.

**Tábla 8.5 Measúnacht ar Aidhmeanna Straitéiseacha i gcoinne Spriocanna SFI**

| SFI | Aidhm Straitéiseach Gaolmhar | Measúnacht: tacaíochtaí/measctha/coimhlintí |
|---|---|---|
| **SFI 3 Sláinte agus folláine:** Saol sláintiúil a chinntiú agus folláine a chur chun cinn ag gach aois.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 1:** Uisce óil sábháilte a chinntiú.<br>**Cuspóir Straitéiseach 2:** Soláthar uisce iontaofa.<br>**Aidhm Straitéiseach 5:** Teagmháil le Pobail. | Tacaíonn Dréacht-PSSU 2050 leis an SFI 3 seo trí bhainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht agus ar iontaofacht an tsoláthair uisce óil. Tá rochtain ar uisce óil sábháilte glan ríthábhachtach do shláinte an phobail agus d'fholláine na sochaí.<br>Tacaíonn feasacht a fheabhsú ar luach an uisce agus rochtain phobail ar spás glas agus uisce le haghaidh caitheamh aimsire agus folláine le SFI 3 freisin. |
| **SFI 6 Uisce Glan agus Sláintíocht** Infhaighteacht agus bainistíocht inbhuanaithe uisce agus sláintíochta a chinntiú do chách;<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 1:** Uisce óil sábháilte a chinntiú.<br>**Cuspóir Straitéiseach 2:** Soláthar uisce iontaofa.<br>**Aidhm Straitéiseach 3:** Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú.<br>**Aidhm Straitéiseach 4:** Seachadadh do chustaiméirí.<br>**Aidhm Straitéiseach 6:** Fás a sholáthar.<br>**Aidhm Straitéiseach 7:** Ár gcomhshaol uisce a chosaint.<br>**Aidhm Straitéiseach 8:** Ár ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce.<br>**Aidhm Straitéiseach 9:** Cur le bithéagsúlacht dhearfach. | Leis an Dréacht-PSSU 2050, tugtar tacaíocht don SFI 6 seo trí shócmhainní agus foinsí a fheabhsú lena gcinntítear soláthairtí atá láidir go leor chun freastal ar na custaiméirí agus brú a mhaolú ar na hacmhainní trí sceitheadh a laghdú agus cabhrú le custaiméirí uisce a chaomhnú.<br>Aithníonn an plean na dúshláin maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na líonraí fuíolluisce agus tá sé d'aidhm aige Creat Náisiúnta um Straitéis Fuíolluisce a fhorbairt chun forléargas a sholáthar ar riachtanais infheistíochta sócmhainní fuíolluisce atá riachtanach chun pleanáil a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe don fhadtéarma.<br>Beidh an feabhas a chuirfear ar sheirbhísí fuíolluisce a bheidh riachtanach mar gheall ar mhéadú suntasach ar an daonra sna blianta amach romhainn ag brath ar acmhainní infheistíochta agus cumas acmhainní agus beidh sé riachtanach thar roinnt timthriallta infheistíochta. |
| **SFI 7 Fuinneamh inacmhainne agus glan:** Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chinntiú do chách.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 9:** Cur le bithéagsúlacht dhearfach.<br>**Aidhm Straitéiseach 10:** Neodracht carbóin a bhaint amach.<br>**Aidhm Straitéiseach 11** Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh. | Aithnítear i ndréacht PSSU 2050 go bhfuil Treochlár maidir le neodracht carbóin a bhaint amach á fhorbairt faoi láthair, rud a thacóidh leis an uaillmhian a chur i gcrích maidir le neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2040. Áireofar leis an bplean sin tionscnaimh amhail éifeachtúlacht fuinnimh, giniúint fuinnimh in-athnuaite, laghduithe gás ceaptha teasa lena n-áirítear bainistiú astaíochtaí próisis, réitigh dhúlrabhunaithe agus comhoibriú slabhra soláthair atá mar thaca leis an SFI seo.<br>Aithníonn an plean ardteicneolaíochtaí agus próisis chun leas níos mó ná riamh a bhaint as sloda, rud a d'fhéadfadh a bheith ina shiocair le táirgí nó foinsí fuinnimh nua teacht ar an bhfód.<br>Tá sé d'aidhm ag an bplean sainaithint deiseanna a spreagadh agus a chur chun cinn chun réitigh dhúlrabhunaithe a chuimsiú le haghaidh cosaint uisce |

| SFI | Aidhm Straitéiseach Gaolmhar | Measúnacht: tacaíochtaí/measctha/coimhlintí |
|---|---|---|
| | | agus cóireáil fuíolluisce. Is iomaí buntáiste atá ag baint le réitigh dhúlrabhunaithe, lena n-áirítear laghdú ar úsáid fuinnimh agus leithlisiú carbóin. |
| **SFI 8 Obair fhónta agus fás eacnamaíoch:** Fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht iomlán agus táirgiúil agus obair fhónta do chách a chur chun cinn.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 5:** Teagmháil le pobail.<br>**Aidhm Straitéiseach 6:** Fás a sholáthar.<br>**Aidhm Straitéiseach 10:** Neodracht carbóin a bhaint amach.<br>**Aidhm Straitéiseach 11** Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh.<br>**Aidhm Straitéiseach 12:** Ár sócmhainní a bhainistiú. | Tá sé d'aidhm ag Dréacht-PSSU 2050 go rachaidh Uisce Éireann i mbun teagmhála le pobail trí chláir chumarsáide a bhaineann le go leor bealaí ann chun dul i gcomhairle le pobail agus le caidreamh a fhorbairt leo. Tá gealltanas sa phlean go dtacófar le fás daonra agus eacnamaíoch agus le forbairt beartaithe. Tacóidh an infheistíocht shuntasach i seirbhísí uisce agus fuíolluisce freisin le pobail agus leis an ngeilleagar. |
| **SFI 9 Tionsclaíocht, Nuálaíocht, agus Bonneagar:** Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht uilechuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 6:** Fás a sholáthar.<br>**Aidhm Straitéiseach 11** Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh.<br>**Aidhm Straitéiseach 12:** Ár sócmhainní a bhainistiú.<br>**Aidhm Straitéiseach 13:** Tairbhe a bhaint as nuálaíocht. | Aithnítear i nDréacht-PSSU 2050 forbairt thapa earnáil na nuálaíochta agus an taighde agus tá gealltanas ann do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a thiomáint a chumasaíonn todhchaí inbhuanaithe agus atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla atá leagtha amach in PSSU 2050, a thacóidh le bonneagar inbhuanaithe agus athléimneach.<br>Tá an plean tiomanta d'iompú i dtreo cleachtais chiorclacha níos inbhuanaithe agus cineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm níos minice a fhéachann le himeacht ó na múnlaí líneacha atá i bhfeidhm le fada agus ina bhfuil an meon déan-tóg-faigh réidh leis go smior iontu. Is é sprioc an phlean cur chuige inbhuanaithe geilleagair chiorclaigh a neadú, rud a sheachnóidh pointí diúscartha deireadh ré do tháirgí agus d'ábhair. |
| **SFI 11 Cathracha agus pobail inbhuanaithe:** Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh ionchuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 6:** Fás a sholáthar.<br>**Aidhm Straitéiseach 7:** Ár gcomhshaol uisce a chosaint.<br>**Aidhm Straitéiseach 10:** Neodracht carbóin a bhaint amach.<br>**Aidhm Straitéiseach 14:** Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú. | Tá sé d'aidhm ag Dréacht-PSSU 2050 go rachaidh Uisce Éireann i mbun teagmhála le pobail trí chláir chumarsáide a bhaineann le go leor bealaí ann chun dul i gcomhairle le pobail agus le caidreamh a fhorbairt leo. Tá gealltanas sa phlean go dtacófar le fás daonra agus eacnamaíoch agus le forbairt beartaithe. Tacóidh an infheistíocht shuntasach i seirbhísí uisce agus fuíolluisce freisin le pobail agus leis an ngeilleagar. |
| **SFI 12 Ídiú agus táirgeadh freagrach:** Patrúin tomhaltais | **Aidhm Straitéiseach 3:** Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú. | Tacaíonn Dréacht-PSSU 2050 leis an SFI seo trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cuidiú le custaiméirí a n-úsáid a laghdú ach Clár Maoirseachta |

| SFI | Aidhm Straitéiseach Gaolmhar | Measúnacht: tacaíochtaí/measctha/coimhlintí |
|---|---|---|
| agus táirgthe inbhuanaithe a chinntiú.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 5:** Teagmháil le pobail.<br>**Aidhm Straitéiseach 7:** Ár gcomhshaol uisce a chosaint. | Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus laghdú sceite a bhaint amach.<br>Tá sé d'aidhm ag an bplean iarratas a dhéanamh ar cheadúnais astarraingthe faoin reachtaíocht nua astarraingthe agus bainistiú a dhéanamh ar na hastarraingtí ina ndéantar deimhin de go gcomhlíonann siad riachtanais ceadúnaithe astarraingthe agus úsáid inbhuanaithe uisce. |
| **Gníomhartha ar son na hAeráide SFI 13:** Dul i mbun gnímh ar bhonn práinneach chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus leis an tionchar uaidh.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 10:** Neodracht carbóin a bhaint amach. | Tá sé d'aidhm ag Dréacht-PSSU 2050 forbairt a dhéanamh ar Threochlár maidir le neodracht carbóin a bhaint amach chun tacú le seachadadh Neodrachta Carbóin faoi 2040. Aithnítear sa phlean nach féidir neodracht carbóin a bhaint amach ach amháin trí chomhpháirtíochtaí, comhoibriú agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a fhorbairt. Cé go dtacaíonn an plean leis an SFI seo, admhaíonn sé gur sprioc uaillmhianach é a éilíonn cur chuige comhoibríoch le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. |
| **An Saol faoi Uisce SFI 14:** Déan na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe le haghaidh forbairt inbhuanaithe.<br><br> | **Aidhm Straitéiseach 7:** Ár gcomhshaol uisce a chosaint.<br>**Aidhm Straitéiseach 9:** Cur le bithéagsúlacht dhearfach. | Aithnítear sa Dréacht-PSSU 2050 gur minic a bhíonn bonneagar uisce ag idirghníomhú go díreach le réimse gnáthóg lena n-áirítear timpeallachtaí fionnuisce, inbhearacha, mara agus talún, bíodh sé sin i bhfoirm uisce óil a bhaint aisti nó fuíolluisce cóireáilte a scaoileadh isteach inti. Tagraítear sa phlean do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar shócmhainní atá ann cheana féin agus forbairt a dhéanamh ar Chreat Náisiúnta Straitéise Fuíolluisce ina dhéanfar bainistíocht ar shócmhainní fuíolluisce le gníomhaíochtaí molta sa Phlean a bheadh infheidhme maidir le timpeallachtaí fionnuisce, inbhir agus mara, beidh sé tábhachtach go rachfar i ngleic le caomhnú timpeallachtaí mara i bpleananna Leibhéal 2 agus 3 amach anseo. |
| **An Saol ar an Talamh SFI 15:** Déan úsáid inbhuanaithe éiceachóras talún a chosaint agus a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú go hinbhuanaithe, fásach a chomhrac, agus deireadh a chur le díghrádú talún agus é sin a aisiompú agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta. | **Aidhm Straitéiseach 9:** Cur le bithéagsúlacht dhearfach. | Nótálann Dréacht-PSSU 2050 go bhfuil gníomhaíochtaí ón bPlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht á gcur i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear feabhas ar bhithéagsúlacht ar fud láithreáin Uisce Éireann agus laistigh de na tírdhreacha mórthimpeall. Tá gealltanas sa phlean go ndéanfar gach iarracht "glanbhreisiú" bithéagsúlachta a bhaint amach i ngach tionscadal bonneagair de chuid Uisce Éireann faoi 2030 agus go bhfuil bail i bhfad níos fearr ar an timpeallacht nádúrtha ná mar a bhí uirthi roimhe sin.<br>Féadann forbairtí bonneagair atá beartaithe sa todhchaí trí straitéisí agus pleananna ar an leibhéal íochtarach a bheith mar thoradh ar chaillteanais ar leith do láithreacha ar deacair iad a chúiteamh. Ní mór |

| SFI | Aidhm Straitéiseach Gaolmhar | Measúnacht: tacaíochtaí/measctha/coimhlintí |
|---|---|---|
|   | | cineál agus cáilíocht an chaillteanais agus a inchúlaithe agus atá sé a mheas nuair a théitear i ngleic leis seo maidir le pleananna Leibhéal 2 agus 3 chun deimhin a dhéanamh de gur féidir glanbhreisiú Bithéagsúlachta a chinntiú. |
| **SFI 17 Comhpháirtíochtaí do na spriocanna:** Na modhanna cur chun feidhme a threisiú agus an chomhpháirtíocht dhomhanda i dtaobh forbairt inbhuanaithe a athbheochan.   | **Aidhm Straitéiseach 5:** Teagmháil le pobail.<br>**Aidhm Straitéiseach 7:** Ár gcomhshaol uisce a chosaint.<br>**Aidhm Straitéiseach 10:** Neodracht carbóin a bhaint amach.<br>**Aidhm Straitéiseach 13:** Tairbhe a bhaint as nuálaíocht.<br>**Aidhm Straitéiseach 14:** Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú. | Leagtar béim i nDréacht PSSU 2050 ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú agus rannpháirtíocht thar réimse gníomhaíochtaí chun riachtanais a thuiscint, acmhainní agus sonraí a roinnt, soláthar go héifeachtach agus feasacht a ardú. |

## 8.4 Iarmhairtí Idirphlean

Déantar breithniú maidir leis an idirghníomhú le Dréacht-PSSU 2050 i gcoinne chuspóirí MST chun an fhéidearthacht d'iarmhairtí carnacha idirphlean a aithint agus tugtar achoimre air sin i dTábla 8.1 do na pleananna seo a leanas ar leibhéal náisiúnta:

- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus 2024 (Dréacht Comhairliúcháin) (RCAC, 2023 agus 2024);
- AG Climatise – Treochlár i dTreo na hAeráidneodrachta (RTBM, 2020)[37];
- An Creat Náisiúnta um Oiriúnú (RCAC, 2018);
- Cáilíocht an Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce - Plean Oiriúnaithe Earnála um an Athrú Aeráide (RTRÁO, 2019);
- 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2024 (RTRÁO);
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 (RCPA, 2021);
- An Creat Náisiúnta Pleanála , Tionscadal Éireann 2040 (RTRÁO, 2018b) agus An Creat Náisiúnta Pleanála 2024 dréacht le haghaidh comhairliúcháin (RTRÁO 2024);
- Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 (RTRÁO, 2018a) agus an Plean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 (táthar ag súil go n-eiseofar é sa bhliain 2024 in ionad phlean 2018-2021) (RTRÁO, 2021);

[37] RTBM. 2020. *Treochlár i dTreo Aeráidneodrachta.* Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/07fbe-ag-climatise-a-roadmap-towards-climate-neutrality/

- An Clár MBRTA;
- An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (RTRÁO, 2023;
- Plean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe 2030 (RTBM) [38];

An Clár Foraoiseachta 2023-2027 (RTBM, 2023);

- An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna (SPNF, 2015)[39]; agus
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach (RCAC, 2020).

Breithnítear na pleananna seo a leanas de chuid Thuaisceart Éireann agus na Ríochta Aontaithe freisin maidir le hidirghníomhú in aghaidh chuspóirí MST chun an fhéidearthacht d'iarmhairtí carnacha trasteorann na bpleananna a aithint agus tugtar achoimre air sin i dTábla 8.1.

- Dréacht-straitéis Comhshaoil do Thuaisceart Éireann (RTCGT, 2021a)[40];
- Ár Straitéis 2021-2046 (Uisce Thuaisceart Éireann, 2021)[41];
- Plean Athléimneachta um Acmhainní agus Soláthar Uisce (*Water Resource and Supply Resilience Plan)* (Uisce Thuaisceart Éireann, 2020)[42];
- Uisce Inbhuanaithe – Straitéis uisce fhadtéarmach do Thuaisceart Éireann (2015 – 2040).(An Roinn um Fhorbairt Réigiúnach, 2014)[43];
- *Draft Northern Ireland Flood Risk Management Plan 2021–2027 (*Dréacht-Phlean Bainistithe Riosca Tuilte Thuaisceart Éireann 2021-2027) (An Roinn Bonneagair, 2021)[44];
- *UK Marine Policy Statement* (Ráiteas Beartais Mara na Ríochta Aontaithe) (DEFRA, 2011)[45]; agus
- An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí don 3ú timthriall 2021-2027 (RTCGT, 2021b)[46].

Aithníonn an measúnú idirphlean go raibh idirghníomhú dearfach tacúil idir tograí Dhréacht-PSSU 2050 agus na pleananna a bhí á meas i ndáil le cuspóirí MST den chuid is mó. Is pleananna náisiúnta ardaidhmeannacha ardleibhéil iad na pleananna sin tríd is tríd agus i roinnt mhaith cásanna braitheann siad ar phleananna agus cláir ar an leibhéal íochtarach lena gcur i bhfeidhm.

Aithnítear an fhéidearthacht d'idirghníomhaíochtaí dearfacha agus diúltacha araon don Chreat Náisiúnta Pleanála agus don Phlean Forbartha Náisiúnta. Baineann siad sin leis an gcaoi a bhféadfadh fás molta brú a chur ar limistéir ina mbeidh sé ina dhúshlán seirbhís uisce agus fuíolluisce inbhuanaithe a sholáthar agus gealltanais inbhuanaitheachta á gcomhlíonadh ag an am céanna. Aithnítear an clár Foraoiseachta freisin mar chlár a d'fhéadfadh idirghníomhú dearfach agus diúltach araon a bheith i gceist leis, toisc go bhféadfaí rith

[38] RTBM. 2023, An Plean Straitéiseach Náisiúnta le haghaidh Dobharshaothrú Inbhuanaithe a Fhorbairt 2030 Arna Rochtain 19.04.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/ece67-national-strategic-plan-for-sustainable-aquaculture-development-2030/
[39] SPNF 2015. *National Peatlands Strategy*. Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ag: https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/NationalPeatlandsStrategy2015EnglishVers.pdf
[40] RTCGT. 2021a. *Dréacht-Straitéis Comhshaoil.* Arna Rochtain: 24.09.2023. Le fáil ó: https://www.daera-ni.gov.uk/consultations/environment-strategy-consultation
[41] Uisce Thuaisceart Éireann. 2021. *Ár Straitéis 2021-2046*. Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ó: https://www.niwater.com/ourstrategy/
[42] Uisce Thuaisceart Éireann. 2020. Plean Athléimneachta um Acmhainní agus Soláthar Uisce *(Water Resource and Supply Resilience Plan).* Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ó: https://www.niwater.com/sitefiles/resources/pdf/2020/wrm/waterresourcesupplyresilienceplan-mainreport.pdf
[43] An Roinn um Fhorbairt Réigiúnach. 2014. *Uisce Inbhuanaithe – Straitéis Uisce Fhadtéarmach do Thuaisceart Éireann.* Arna Rochtain: 27.09.2023. Ar fáil ó: https://www.infrastructure-ni.gov.uk/consultations/sustainable-water-long-term-water-strategy-northern-ireland
[44] An Roinn Bonneagair. 2021. *An Dara Timthriall - Plean Bainistithe Riosca Tuilte Thuaisceart Éireann 2021–2027.* Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ó: https://www.infrastructure-ni.gov.uk/publications/second-cycle-northern-ireland-flood-risk-management-plan-2021-2027
[45] DEFRA. 2011. *UK Marine Policy Statement* (Ráiteas Beartais Mara na Ríochta Aontaithe). Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ó: https://www.gov.uk/government/publications/uk-marine-policy-statement
[46] RTCGT. 2021b. *Draft 3rd Cycle River Basin Management Plan 2021 to 2027* (An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí don 3ú timthriall 2021 go 2027). Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ó: https://www.daera-ni.gov.uk/consultations/consultation-Draft-3rd-cycle-river-basin-management-plan-2021-2027

chun srutha agus creimeadh ithreach a mhéadú dá bharr, ach ar an láimh eile d'fhéadfadh sé deis a chur ar fáil chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin. Tá na gnéithe sin go léir curtha san áireamh go sonrach cheana féin i ngníomhaíochtaí dhréacht-PSSU 2050 maidir le comhoibriú le páirtithe leasmhara faoi phleanáil d'úsáid talún agus bearta bainistíochta abhantraí agus réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid agus ní mholtar aon mhaolú eile ar an leibhéal sin. Beidh anailís níos mionsonraithe ar iarmhairtí carnacha, bunaithe ar shuíomh, uainiú, agus bealaí d'iarmhairtí, san áireamh sna pleananna ar leibhéal níos ísle lena gcuirfear PSSU 2050 i bhfeidhm.

**Tábla 8.6 Measúnú Carnach le haghaidh Pleananna Eile in aghaidh Chuspóirí MST**

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d’ athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 dréacht ar mhaithe le comhairliúchán (RCAC, 2024).**<br>Cuireann an plean na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála chun feidhme agus leagann sé treochlár amach chun beart cinntitheach a dhéanamh chun ár gcuid astaíochtaí a laghdú faoi leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. | + | | | | + | + | + | + | + | + | | | | + |
| **AG Climatise – Treochlár i dTreo na hAeráidneodrachta (RTBM, 2020).**<br>Tá an treochlár deartha chun cabhrú le gach páirtí leasmhar chun obair as lámha a chéile ar mhaithe le dul i ngleic le hathrú aeráide agus truailliú aeir, ach míniú soiléir a thabhairt maidir le cad nach mór a dhéanamh agus cathain nach mór é a bhaint amach. | + | | | | + | + | + | + | + | + | | | | + |

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **An Creat Náisiúnta um Oiriúnú. agus 2024 dréacht le haghaidh comhairliúcháin (DECC, 2018 agus 2024b)**<br>Leagtar amach sa CNO an straitéis náisiúnta chun leochaileacht na tíre i leith iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide a laghdú agus chun leas a bhaint as tionchair dhearfacha. | + | + | | | + | + | + | + | + | + | | | | + |
| **Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce - Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide (RTRÁO,2019)**<br>Tá an plean oiriúnaithe dírithe ar na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide a bhainistiú do cháilíocht an uisce agus do bhonneagar seirbhísí uisce agus déanann sé cur síos ar na príomhrioscaí agus molann sé bearta oiriúnaitheacha riachtanacha. | + | + | | | + | + | +/ | +/ | + | + | | | | + |
| **Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 4ú 2024 (RTRÁO).**<br>Is é aidhm an phlean rialachas na bithéagsúlachta in Éirinn a fheabhsú chun freagairt níos fearr ar ghéarchéim na bithéagsúlachta. | + | | | | | | + | | + | | | | | |
| **An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 (DPER, 2021)**<br>Leagtar amach ann na tosaíochtaí infheistíochta a chuirfidh taca faoi chur i bhfeidhm rathúil an Chreata Náisiúnta Pleanála. | +/- | | + | + | | | +/- | | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- |

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **An Creat Náisiúnta Pleanála, Tionscadal Éireann 2040 agus dréacht ar mhaithe le comhairliúchán 2024 (RTRÁO, 2018b, 2024).** Is éard is Tionscadal Éireann 2040 ann ná an straitéis fhadtéarmach chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do gach duine agus chun todhchaí níos seasmhaí agus inbhuanaithe a chruthú. | +/- | | + | + | | | +/- | | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- | +/- |
| **Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 (RTRÁO, 2018a) agus Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 (RTPRÁ, 2021)** Is éard atá sa phlean cur chuige na hÉireann maidir le bainistiú cáilíochta uisce agus tugann sé cuntas ar conas cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú go náisiúnta agus go háitiúil. | +/- | + | | | | | +/ | +/ | +/ | | | | | |
| **An Clár MBRTA** Forbraíodh an plean chun freastal ar riachtanais Threoir Tuilte an AE agus an bheartais náisiúnta tuilte agus tá sé d'aidhm aige na rioscaí a bhaineann le tuilte do shláinte an duine, don timpeallacht, don oidhreacht chultúrtha agus do ghníomhaíocht eacnamaíoch a laghdú agus a bhainistiú. | | + | | | | | +/- | +/- | | | | | | |

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d’ athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Creat Náisiúnta Pleanála Muirí (RTRÁO, 2023)**<br>Tarraingíonn an CNPM imeachtaí daonnachta bunaithe ar chúrsaí muirí le chéile, agus leagann sé fís, cuspóirí agus polasaithe pleanála muirí an rialtais amach do gach gníomhaíocht mhuirí. | | | | | | | +/- | + | | | | +/- | | |
| **Plean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothrú Inbhuanaithe 2030**<br>Tá sé d’aidhm ag an bplean eolas a thabhairt do thosaíochtaí infheistíochta don dobharshaothrú agus d’fhonn bearta a aithint chun an t-ualach riaracháin ar oibritheoirí a laghdú, chun forbairt inbhuanaithe agus fás an dobharshaothraithe a dhaingniú trí phleanáil spásúlachta chomhordaithe, chun iomaíochas earnáil an dobharshaothraithe a fheabhsú agus chun cothrom na Féinne a chur chun cinn d’oibritheoirí an AE ach leas a bhaint as a mbuntáistí iomaíocha. | +/- | | + | | | | +/- | + | +/- | | | +/- | | |
| **Clár Foraoiseachta 2023-2027 (RTBM, 2023)**<br>Léiríonn an clár moltaí na hÉireann i dtaca le maoiniú 100% de chúnamh Stáit le haghaidh Foraoiseacht nua. | +/- | | | | | | + | | | | +/- | | +/- | |

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST: Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Straitéis Náisiúnta um Thalamh Portaigh (SPNF, 2015)**<br>Soláthraíonn an straitéis creat fadtéarmach inar féidir na tailte portaigh go léir in Éirinn a bhainistiú go freagrach. | + | | | | | + | + | | | | + | | + | |
| **Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach (DECC, 2020)**<br>Leagtar amach sa phlean treochlár a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú ní hamháin go gcomhlíonann Éire na spriocanna dlíthiúla ach go mbaineann sí leas iomlán as deiseanna an gheilleagair chiorclaigh. | | | | | | | | | + | + | | | | |
| **Dréacht-straitéis Comhshaoil do Thuaisceart Éireann (RTCGT, 2021a)**<br>Leagtar amach sa Straitéis Timpeallachta tosaíochtaí timpeallachta Thuaisceart Éireann le haghaidh na mblianta atá le teacht agus tá sé mar chuid de chlár Fáis Ghlais an Fheidhmeannais. | + | | | | | | + | + | | | + | + | + | |
| **Ár Straitéis 2021-2046 (Northern Ireland Water, 2021)**<br>Soláthraíonn an straitéis léargas níos fadtéarmaí thar na cúig bliana is fiche eile atá amach romhainn (2021-2046) ina gcuirtear an dul chun cinn go dtí seo, rioscaí straitéiseacha agus aiseolas ó na custaiméirí agus páirtithe leasmhara eile san áireamh. | + | + | | | | | +/- | + | + | + | | | | |

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d’ athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Plean Acmhainní Uisce agus Athléimneachta Soláthair (Northern Ireland Water, 2020) agus Dréachtphlean Acmhainní Uisce agus Athléimneachta Soláthair (Northern Ireland Water, 2024)**<br>Léiríonn an plean conas a dhéanfar acmhainní uisce a bhainistiú agus a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil dóthain uisce ann chun freastal ar riachtanais soláthair amach anseo. | + | | | | | | + | + | + | + | | | | |
| **Uisce Inbhuanaithe – Straitéis uisce fhadtéarmach do Thuaisceart Éireann (2015 – 2040).(An Roinn um Fhorbairt Réigiúnach, 2014)**<br>Sa Straitéis cuirtear i láthair creat soiléir i leith gníomhaíocht a éascóidh cur chun feidhme raon tionscadal atá dírithe ar an bhfís fhadtéarmach a chomhlíonadh chun go mbeidh earnáil uisce inbhuanaithe ann i dTuaisceart Éireann. | + | + | | | | + | + | + | + | + | | | | |
| **Dréacht-Phlean Bainistithe Riosca Tuilte Thuaisceart Éireann 2021–2027 (Roinn an Bhonneagair, 2021)**<br>Aithnítear sa phlean na spriocanna agus na bearta a dtabharfar fúthu chun riosca tuilte a bhainistiú agus leagtar amach ann an chaoi a n-oibreoidh na húdaráis ábhartha as lámha a chéile le pobail chun rioscaí tuilte a láimhseáil. | | + | | | | | | +/- | +/- | | | | | |

| Plean/Tionscadal | Spriocanna MST | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cáilíocht agus cainníocht an uisce | Riosca i gcás tuilte | Daonra agus geilleagar | Sláinte agus folláine | Maolú an athrú aeráide | Oiriúnú d' athrú aeráide | Bithéagsúlacht | Iascach | Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola | Úsáid sócmhainní | Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Oidhreacht chultúrtha – seandálaíochta agus ailtireachta | An gheolaíocht agus na hithreacha | Cáilíocht aeir |
| **Ráiteas Beartais Mara na Ríochta Aontaithe (DEFRA, 2011)**<br>Soláthraíonn an Ráiteas Beartais Mara an creat beartais don chóras pleanála mara agus do chinntí a dhéanann difear don timpeallacht mara. | + | | | | | | +/- | +/ | | | | | | |
| **An Dréachtphlean 3ú timthriall maidir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí 2021-2027 (RTCGT, 2021b)**<br>Ghlac an plean cur chuige comhtháite chuige féin, inar aithníodh na dobharlacha sin ar féidir iad a rangú mar stádas 'maith nó níos fearr'. Socraítear freisin ann na spriocanna agus clár beart chun cabhrú leis na dobharlacha sin a fheabhsú atá aicmithe mar faoi bhun 'dea-stádais'. | + | | + | | | | + | + | | | | | | |

### 8.4.1 Achoimre ar chonclúid MC comhcheangail

Aithníodh sa mheasúnú comhcheangail MC lena n-áirítear pleananna trasteorann (féach RTN), gur bhaolach go mbeadh iarmhairtí comhcheangailte ann i gcás ceithre cinn de na pleananna a scrúdaíodh, ach nach bhféadfaí a chinneadh conas, cathain nó cá háit a bhféadfadh iarmhairtí dá leithéid sin tarlú. Maidir leis an Dréachtphlean um Bainistíocht Riosca Tuilte TÉ 2021-2027 – aithníodh iarmhairtí diúltacha féideartha ar LCS (Caomhnú) an Fheabhail agus na Craobh-aibhneacha dá chuid (Tuaisceart Éireann) agus mar sin ar LCS (Caomhnú) na Finne (Éire) (is craobh-abhainn den Fheabhal í an Fhinn). Mar sin aithníodh iarmhairt fhéideartha chomhcheangailte le Dréacht-PSSU 2050 ar na láithreáin seo. Mar sin féin, ní aithnítear i gceann ar bith de ghníomhaíochtaí PSSU 2050 aon láithreacha ar leith ina bhféadfaí idirghabhálacha a dhéanamh agus mar sin ní féidir aon iarmhairtí beachta comhcheangailte a aithint. Dá thoradh sin, measadh gur leor an maolú a aithníodh le haghaidh na ngníomhaíochtaí chun aon iarmhairtí diúltacha comhcheangailte a sheachaint.

### 8.4.2 Achoimre maidir leis an measúnacht MST agus iarmhairtí carnacha á gcur san áireamh.

Tá an fhéidearthacht foriomlán d’iarmhairtí carnacha taobh istigh de dearfach go mór agus tacúil maidir le cuspóirí MST ach tá an fhéidearthacht ann maidir le tionchair chomhcheangailte dearfacha agus diúltacha. Is féidir dul i ngleic leo seo trí gníomhaíochtaí trasghearrtha a áirítear sa Dréacht PSSU 2050 agus na bearta maolaithe a aithníodh freisin. Tá achoimre díbh seo ar fáil i dTábla 9.1 lena n-áirítear cur i bhfeidhm na bpleananna ag leibhéal íochtarach agus an próiseas monatóireachta agus aiseolais ann i leaganacha PSSU agus MST amach anseo mar a shonraítear in Alt 9.

# 9 Maolú agus Pleananna Monatóireachta

San alt seo, leagtar amach na gníomhartha a mholtar le haghaidh maolaithe agus feabhsaithe laistigh de Phlean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta (EAP) agus soláthraítear inti Dréachtphlean Monatóireachta, rud a bhfuil gá leis chun rialacháin MST a bhaint amach. Cuireann an cur chuige san áireamh treoir mhonatóireachta MST an GCC agus tuairimí ag an gcéim scóipe.

## 9.1 Cur i bhfeidhm an PSSU 2050

Cé go leagtar amach sa Dréacht PSSU 2050 cuspóirí fadtéarmacha Uisce Éireann agus an treo straitéiseach chun iad a bhaint amach, soláthraítear níos mó sonraí i bpleananna Leibhéal 2 faoin gcaoi a bhfuil sé mar aidhm ag Uisce Éireann na cuspóirí seo a bhaint amach.

Áirítear leo sin:

- Áirítear leis sin an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce PNAU ina ndéantar measúnú ar riachtanais acmhainní uisce reatha agus amach anseo, agus ina sainaithnítear réitigh chun gur féidir soláthairtí athléimneacha uisce a chur ar fáil go ceann tréimhse pleanála 25 bliain. Rinneadh é seo a ullmhú agus tá sé á chur i bhfeidhm arna thacú ag gníomhaíochtaí an Dréacht PSSU 2050; agus
- An Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta ag dul i ngleic le riachtanais fuíolluisce agus pleananna a shainaithint agus a chur in iúl ag leibhéal ceirtleánaithe atá tiomanta d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm sa dréacht PSSU 2050.

Chomh maith leis na pleananna Leibhéal 2 tá raon straitéisí agus pleananna tacaíochta ann lena n-áirítear, mar shampla, an Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht. Nuair is gá, beidh na straitéisí agus na pleananna seo faoi réir Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Mheasúnacht Chuí (MC), lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. Nuair is gá, cuirfear Pleananna Monatóireachta i bhfeidhm mar chuid de na MSTanna do gach plean ábhartha. Nuair is cuí déanfaidh siad seo tagairt d'fhoinsí monatóireachta reatha mar aon le faisnéis Uisce Éireann. Sainaithneofar tuairisciú maidir le monatóireacht agus próisis chun gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh nuair is gá do gach ceann de na pleananna seo.

## 9.2 Plean Gníomhaíochta ar son na Timpeallachta

Tugtar sa EAP atá leagtha amach i d**Tábla 9.1** achoimre ar na gníomhartha maolaithe, lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí MST agus ar réimsí staidéir bhreise a shainaithnítear sa Tuarascáil Timpeallachta seo. Bonn le moltaí ón MST a rianú le linn chur chun feidhme an PSSU 2050 is ea an EAP.

**Tábla 9.1 An Plean um Bearta Maolaithe Timpeallachta**

| Uimh. thagartha | Gníomh molta le haghaidh Maolaithe/Staidéar breise | Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn<br>Gan tosú air<br>Idir lámha<br>Curtha i gcrích |
|---|---|---|
| PGT1 | Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ordlathas maolaithe, aidhmeanna feabhsaithe agus spriocanna inbhuanaitheachta san áireamh i gcineálacha cur chuige chun pleananna ar an leibhéal íochtarach a fhorbairt. | |
| PGT2 | Cosaint foinse - próisis a leabú chun bonnlíne timpeallachta agus cuspóirí cáilíochta a mheas agus riosca d'fhoinsí agus sócmhainní á measúnú.<br><br>Treoir agus próisis a fhorbairt a úsáidtear chun réitigh riosca a shainaithint chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ábhartha, bearta bainistíochta abhantraí níos leithne agus réitigh dhúlrabhunaithe a bhreithniú nuair is cuí (Gníomhaíocht 1.1). | |
| PGT3 | Pleanáil theagmhasach - nósanna imeachta a fhorbairt chun a chinntiú go gcuirtear srianta agus cuspóirí timpeallachta san áireamh i bpleanáil theagmhasach agus pleanáil do thriomach agus i mbearta um athléimneacht oibríochtaí (Gníomhaíocht 1.5/ 1.6). | |
| PGT 4 | Monatóireacht agus athbhreithniú ar phleananna ar an leibhéal íochtarach - dul chun cinn cur chun feidhme agus iarmhairtí timpeallachta lena n-áirítear:<br>• PNAU EAP/monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean (Gníomhaíocht 1.4);<br>• Plean monatóireachta IWSMP don phlean nuashonraithe (nuair a fhorbrófar é) (4.3);<br>• Creatphlean monatóireachta fuíolluisce (nuair a fhorbrófar é) (Gníomhaíocht 3.1) ;<br>• Pleananna Bainistíochta Fuíolluisce Comhtháite Uirbigh (nuair a fhorbrófar iad) (Gníomhaíocht 3.2);<br>• Bainistíocht iarmharach ICU (curtha san áireamh leis an monatóireacht PNAU) (Gníomhaíocht 3.3). | |
| PGT 5 | Mar chuid den mheasúnú ar oiriúnacht i ndáil le húsáid taitneamhachta, déanfaimid machnamh ar thionchair thimpeallachta agus shóisialta lena n-áirítear láithreáin Eorpacha, bithéagsúlacht, éifeachtaí trasteorann, oidhreacht chultúrtha agus tionchair tírdhreacha (Gníomhaíocht 2.5). | |

| Uimh. thagartha | Gníomh molta le haghaidh Maolaithe/Staidéar breise | Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn<br>Gan tosú air<br>Idir lámha<br>Curtha i gcrích |
|---|---|---|
| PGT 6 | Machnamh a dhéanamh ar chomhoibriú agus anailís ar úsáid talún agus pleanáil eacnamaíoch a neartú chun fás cothrom a spreagadh lena chinntiú nach ndéanfar soláthar uisce nó fuíolluisce nach bhfuil inbhuanaithe agus chun costas breise agus riachtanais bonneagair bhreise a sheachaint i ndáil leis sin (Gníomhaíocht 2.6 & 2.7). | |
| PGT 7 | Bainistíocht Abhantraigh agus Réitigh Dhúlrabhunaithe Treoir agus próisis a fhorbairt a chun breithniú a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ábhartha, bearta bainistíochta abhantraí níos leithne agus réitigh dhúlrabhunaithe a nuair is cuí (Gníomhaíocht 3.8).<br>Nasc le tionscnaimh bainistíochta abhantraí chun feasacht agus cur chun feidhme na treorach reatha maidir le leathadh talún agus bearta a chinntiú (Gníomh 3.6). | |
| PGT 8 | Treochlár maidir le Neodracht Carbóin a bhaint amach - deimhin a dhéanamh de go bhfuil gníomhaíochtaí treochlár maidir le neodracht carbóin a bhaint amach nasctha freisin trasna na bpleananna, na gclár agus na dtionscadal infheistíochta go léir. | |
| PGT 9 | Forbairt cineálacha cur chuige luachála/cainníochtaithe timpeallachta a chuimsiú chun tacú le measúnuithe cáilíochtúla atá ann cheana féin, amhail seirbhísí éiceachóras agus caipitil nádúrtha agus uirlisí ríofa carbóin agus úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha uathoibríocha agus léarscáil-bhunaithe- chun tacú le cineálacha cur chuige córais-bhunaithe agus le cinnteoireacht maidir le gníomhartha (Gníomh 4.6 & Gníomh 4.9). | |
| PGT 10 | Iarmhairtí trasteorann - an fhéidearthacht maidir le comhoibriú breise ar nuálaíocht agus ar thaighde a mheas le comhlachtaí ábhartha i dTuaisceart Éireann, go háirithe maidir le dúshláin chomhroinnte. (Gníomhaíocht 4.7). | |
| PGT 11 | Pleanáil oiriúnaitheach - úsáid a bhaint as faisnéis a ghintear ó thuairisciú plean monatóireachta agus ón bpróiseas athbhreithnithe agus nuashonraithe do PSSU 2050 agus pleananna ar an leibhéal íochtarach chun tacú le pleanáil oiriúnaitheach. | |

## 9.3 Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn cur chun feidhme agus é a rianú.

Tá Uisce Éireann faoi réir monatóireacht agus tomhas críochnúil chun feidhmíocht a mheas agus chun freagracht do chustaiméirí agus páirtithe leasmhara a chinntiú. Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta monatóireacht ar fheidhmíocht san earnáil uisce i gcoitinne, lena n-áirítear feidhmíocht Uisce Éireann.

Tá dhá rialálaí ar leith ann a dhéanann Uisce Éireann a rialáil.

- Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) an rialálaí eacnamaíoch, agus is iad siúd a dhéanann maoirseacht ar chaiteachas oibríochtúil agus infheistíocht chaipitil.
- Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an rialálaí comhshaoil.

Is cuid den phróiseas rialála é go ndéanann Uisce Éireann tuairisciú rialta don CRF ar phríomh-mhéadracht i roinnt catagóirí amhail Seirbhís do Chustaiméirí, Feidhmíocht Timpeallachta, Cáilíocht an tSoláthair Uisce, Seasmhacht an tSoláthair Uisce agus i gcatagóirí eile nach iad. Tá Plean Infheistíochta Caipitil atá beartaithe ag Uisce Éireann faoi réir próiseas reachtúil rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara arna dhéanamh ag Uisce Éireann, agus faoi réir próiseas comhairliúcháin phoiblí arna dhéanamh ag an CRF. Déanann Uisce Éireann tuairisciú freisin ar an dul chun cinn atá déanta ar a Phlean Infheistíochta Caipitil le linn gach timthrialla rialála agus baineann sé seo le raon méadrachta. Ansin, foilsíonn an CRF tuarascálacha ar an measúnacht a dhéanann sé ar fheidhmíocht Uisce Éireann.

Is é an GCC an rialálaí timpeallachta, agus cinntíonn sé go gcloítear le caighdeáin uisce óil agus fuíolluisce de réir mar is cuí. Bíonn Uisce Éireann i dteagmháil go rialta leis an GCC agus cuirimid tuarascálacha faoina bhráid ar bhonn rialta. Foilsíonn an GCC tuarascáil bhliantúil ar "Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí" agus an Liosta Gníomhaíochta Feabhais, ar clár de sholáthairtí uisce poiblí é a bhfuil gá le gníomh ceartaitheach a dhéanamh ina leith. Foilsíonn an GCC tuarascáil bhliantúil freisin ar "Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh" agus liosta de na Limistéir Uirbeacha Tosaíochta, ar liosta de limistéir thosaíochta é nach mór cóireáil fuíolluisce a fheabhsú iontu chun tosaíochtaí náisiúnta comhshaoil a réiteach.

Chomh maith leis an tuairisciú rialála sin, déantar feidhmíocht Uisce Éireann a dhoiciméadú ina thuarascálacha bliantúla. Tugtar sa tuarascáil sin léargas ar fheidhmíocht na heagraíochta i gcoinne meadarachtaí seanbhunaithe. Sa bhliain 2026, áireofar leis sin an chéad tuairisciú faoin Treoir um Inbhuanaitheacht Chorparáideach (AE 2022/2464) (CSRD), don bhliain airgeadais 2025. Éilíonn an CSRD ar chuideachtaí faisnéis a sholáthar ar an gcaoi a dtéann cúrsaí inbhuanaitheachta i bhfeidhm ar an gcuideachta, agus ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí na cuideachta ar an timpeallacht agus ar dhaoine.

Maidir leis an Dréachtphlean Monatóireachta MST don PSSU 2050, a leagtar amach in Alt 9.4 thíos, baintear leas as na foinsí monatóireachta agus tuairiscithe reatha nuair is cuí chun athobair a sheachaint.

## 9.4 Dréachtphlean Monatóireachta

Ceanglaítear le plean monatóireachta faoi rialacháin an MST bunús a sholáthar chun iarmhairtí suntasacha timpeallachta a shainaithint agus an plean á chur i bhfeidhm. Tá sé sin ag teastáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tionchair réamh-mheasta a bheidh ag Dréacht-PSSU 2050,

agus ar leordhóthanacht na mbeart maolaithe a mholtar. Leis sin, is féidir tuilleadh maolaithe a chur leis nuair is gá.

Clúdaíonn an plean monatóireachta comhtháthú breithnithe timpeallachta agus inbhuanaitheachta le linn chur i bhfeidhm Dhréacht-PSSU 2050. Toisc go gcuirtear é sin chun feidhme trí infheistíocht nó trí phleananna ábhar trasghearrtha tá gníomhartha monatóireachta níos mionsonraithe san áireamh sna pleananna sin agus ní dhéantar iad a athdhéanamh anseo.

Déanfar nuashonrú ar an Dréachtphlean monatóireachta a sholáthraítear in dTábla 9.2 tar éis comhairliúchán ar an Tuarascáil Timpeallachta seo. Beidh sé mar chuid den ráiteas MST a fhoilseofar leis an PSSU 2050 Deiridh.

Leis na Pleananna Monatóireachta, tugtar bealach chun éifeachtúlacht chur chuige an phlean/ an chláir inghlactha a léiriú trí úsáid a bhaint as cuspóirí, spriocanna agus táscairí timpeallachta agus inbhuanaitheachta. Mar aon leis sin, ceadaítear luathaithint tionchair shuntasacha atá ag teacht chun chinn chun gníomhartha ceartaitheacha a chur i gcrích le linn chur i bhfeidhm an Phlean. Maidir le monatóireacht, is féidir leis an tslí a bhfuil an plean ag tacú le torthaí dearfacha agus ag rannchuidiú chun a chuspóirí a bhaint amach a shainaithint freisin.

Aithnítear sa treoir GCC le déanaí maidir le Ráitis agus Monatóireacht (GCC, 2023b) ina chlúdaítear monatóireacht pleananna, gur féidir le monatóireacht cuidiú le meas a dhéanamh faoi má tá MST ag comhlíonadh a chroíchuspóir chaomhnú timpeallachta ag ardleibhéal a sholáthar agus cur chun cinn forbairt inbhuanaithe (Airteagal 1 den Treoir um MST) agus sonraítear na tairbhí seo a leanas:

- An fhéidearthacht tionchair a léiriú maidir le cur i bhfeidhm an phlean/ an chláir - feidhmíocht timpeallachta an phlean.
- Bearnaí faisnéise a shainaithint agus sonraí nua a bhailiú thar am agus dá bhrí sin neamhchinnteachtaí a laghdú sa mheasúnacht - ionas go bhféadfaí dul i ngleic le bearnaí sonraí.
- Is féidir le tomhas táscairí thar am athruithe agus treochtaí dearfacha nó diúltacha fadtéarmacha a shainaithint sa timpeallacht.
- Féadfaidh nár aithníodh tionchair nach bhfuiltear ag súil leo a aithint le linn na measúnachta.
- Riachtanais bearta maolaithe breise nó riachtanais do ghníomhartha ceartaitheacha atá le cur i gcrích a shainaithint nuair a aithnítear saincheisteanna, mar aon le bheith mar bhonn eolais do mheasúnachtaí leibhéil.
- An bonn eolais don athbhreithniú a sholáthair agus ullmhúchán le haghaidh leaganacha plean/ clár amach anseo.
- Tacú le próisis MST amach anseo a chuíchóiriú tríd an pointe tosaigh sa bhonnlíne a athrú.

Mar chuid de na moltaí monatóireachta ón Treoir GCC, áirítear an méid seo a leanas:

- Tá gníomhartha spriocdhírithe agus dírithe go cuí agus ábhartha do na tionchair shuntasacha fhéideartha.

- Baintear leas as aon monatóireacht atá ann cheana chun athobair neamhriachtanach a sheachaint.
- Tá monatóireacht timpeallachta comhtháite i gcur i bhfeidhm monatóireachta an phlean agus an próiseas athbhreithnithe.
- Soláthraítear tuairisciú rialta maidir le monatóireacht agus cur i bhfeidhm.

Cuirtear torthaí monatóireachta san áireamh i leaganacha plean amach anseo.

Comhtháthófar an mhonatóireacht MST isteach i gcreat monatóireachta foriomlán PSSU 2050 chun a áirithiú go ndéantar measúnú ar chúrsaí timpeallachta in éineacht le príomhbhearta feidhmíochta eile. Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas seo ná measúnú a dhéanamh ar thionchair thimpeallachta chur i bhfeidhm an phlean, le fócas ar inbhuanaitheacht na seirbhísí uisce agus ar chosaint na n-éiceachóras, sliogéisc agus uiscí snámha ó dhoirteadh fuíolluisce. Cuirfidh na torthaí ó mhonatóireacht MST leis na hathbhreithnithe a dhéantar gach cúig bliana ar an PSSU, chomh maith leis na hoibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta bliantúla faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) a thuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil. Áiritheofar leis sin go bhfreagróidh an plean i gcónaí do reachtaíocht chomhshaoil agus dár dtiomantas do chosaint an chomhshaoil agus do mhaolú agus oiriúnú don athrú aeráide.

### 9.4.1 Athbhreithniú agus nuashonrú agus gníomhaíocht feabhais

Déanfar athbhreithniú ar bhonn rialta ar an PSSU, gach cúig bliana ar a laghad, de réir mar a éilítear sa reachtaíocht. Leis na hathbhreithnithe seo, cumasófar oiriúnú do chúinsí atá ag athrú agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Cuirfidh athruithe ar reachtaíocht agus ar bheartas an rialtais a bhaineann le seirbhísí uisce agus faisnéis níos fearr bonn eolais faoi nuashonruithe ar an PSSU, go háirithe maidir le feidhmíocht sócmhainní, déimeagrafaic, agus athrú aeráide. Tabharfar tuairisciú an phlean monatóireachta MST san áireamh sa phróiseas seo maidir le feidhmíocht timpeallachta.

Úsáidfear an measúnú gach cúig bliana chun a sheiceáil go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i dtreo cuspóirí PSSU 2050 a bhaint amach trí chur i bhfeidhm. Má aimsíonn an measúnú gach cúig bliana go mb'fhéidir nach mbainfí amach cuspóirí PSSU 2050 agus/nó go bhfuil gá le cur chuige nua chun freastal ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce atá slán, sábháilte agus iontaofa d'Éirinn, déanfar gníomhartha sa straitéis a nuashonrú de réir mar is gá.

Beidh monatóireacht MST i gcoinne spriocanna MST mar bhonn eolais maidir le hathruithe don phlean a shainaithint áit a n-aithnítear gníomhaíocht fheabhais.

Nuair a bheidh gá le hathrú ar PSSU 2050, déanfar meastóireacht air seo maidir le tionchar timpeallachta de réir rialachán MST agus MC. Tá comhairliúchán leis an GCC agus le ranna rialtais mar chuid den phróiseas seo, mar atá sainordaithe ag rialacháin an AE. Má mheastar go mbíonn tionchar suntasach ag an athrú ar an timpeallacht, déanfar Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST). Ina theannta sin, déanfar Measúnacht Chuí (MC) más rud é go bhféadfadh an t-athrú difear suntasach a dhéanamh do láithreáin Eorpacha, seachas sa chás go bhfuil sé riachtanach chun láithreáin a bhainistiú agus nach féidir aon éifeachtaí suntasacha a chur as an áireamh go heolaíoch.

**Tábla 9.2 Dréachtphlean monatóireachta: táscairí agus spriocanna**

| Ábhair MST | Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta | Táscairí MST | Spriocanna MST | Faisnéis/ eagrúchán foinse | Tuairisciú agus scála ama |
|---|---|---|---|---|---|
| Crostopaicí | *Gach cuspóir* | Tús a chur le bearta PSSU 2050 a chur i bhfeidhm, MST EAP agus plean monatóireachta | Féach thíos | Féach thíos | Uisce Éireann<br>Achoimre feidhmíochta i gcoinne tháscairí MST/ cuspóir le tuairisciú san athbhreithniú 5 bliana PSSU 2050.<br><br>Pleananna Leibhéal 2 - PNAU agus Plean Náisiúnta um Fhuíolluisce agus pleananna gaolmhara agus Athbhreithnithe eile Leibhéal 2 agus tuairisciú monatóireachta |
| Timpeallacht Uisce | *Cáilíocht agus cainníocht an uisce*<br>Aibhneacha, lochanna, uiscí idirchriosacha agus cósta, agus screamhuisce a athbhunú agus a fheabhsú chun cuspóirí CTU, MSFD agus PBA a bhaint amach nuair is féidir, agus meath stádais a chosc, a mhéid a bhaineann sé le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce | Brúanna Suntasacha an Phlean Bainistíochta Abhantraí (PBA) - Catagóirí Fuíolluisce Uirbeach, Astarraingt & Cóireáil Uisce | Cur i bhfeidhm bearta a aithníodh d'Uisce Éireann sa PBA agus i bpleananna gníomhaithe earnála | Liostaí brúnna suntasacha san Iarratas GCC CTU ar EDEN<br><br>GCC CTU https://gis.epa.ie/GetData/Download<br><br>Pleananna gníomhaithe earnála taobh istigh den 46 Phlean Bainistíochta Abhantraigh (fo-phleananna den PBA, fós le forbairt) | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) Iarratas CTU - tuarascálacha bliantúla i gcoinne PTFanna (fós le forbairt) |

| Ábhair MST | Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta | Táscairí MST | Spriocanna MST | Faisnéis/ eagrúchán foinse | Tuairisciú agus scála ama |
|---|---|---|---|---|---|
| | *Riosca i gcás tuilte*<br>Cosaint a thabhairt ar an riosca ó thuilte mar thoradh ar sholáthar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce agus, nuair is féidir, é a laghdú | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach)<br>An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) & an Creat Náisiúnta um Straitéis Fuíolluisce | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach)<br>Cur i bhfeidhm PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta (le deimhniú) | Uisce Éireann | Féach cláir, tionscadail & Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach)<br>PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta Tuairisciú Monatóireachta - le Deimhniú |
| Daonra, Geilleagar, agus Turasóireacht agus Áineas (lena n-áirítear slatiascaireacht) | Fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus daonra a chosaint agus a thacú, lena n-áirítear soláthar tithíochta agus áineas, trí sholáthar iontaofa ar ardchaighdeáin uisce agus seirbhísí fuíolluisce | Méadraigh mheasúnacht feidhmíochta a thuairiscítear go CRF<br>PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta | Spriocanna méadracha mheasúnacht feidhmíochta<br>Cur i bhfeidhm PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta (le deimhniú) | Tuarascáil measúnachta feidhmíochta an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRF)<br>Tuarascáil Bhliantúil GCC maidir le Cáilíocht an Uisce i Soláthairtí Poiblí.<br>Tuarascáil bhliantúil GCC maidir le Fuíolluisce Uirbeach | Tuarascáil Mheasúnacht Feidhmíochta CRF<br>Tuarascáil Bhliantúil GCC maidir le Cáilíocht an Uisce i Soláthairtí Poiblí.<br>Tuarascáil bhliantúil GCC maidir le Fuíolluisce Uirbeach<br>PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta Tuairisciú Monatóireachta - le Deimhniú |
| Sláinte agus Folláine | Rochtain a fheabhsú ar sholáthar uisce ar ardchaighdeán agus ar sheirbhísí fuíolluisce lena n-áirítear uiscí snámha a chosaint | Comhlíonadh rialacháin maidir le hUisce Óil agus fuíolluisce<br>PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta | Comhlíonadh le rialacháin Uisce Óil agus fuíolluisce<br>Comhlíonadh le ceanglais WDDA maidir le huisce snámha | Liosta Gníomhaíochta Feabhais GCC<br>Tuarascáil Timpeallachta Bhliantúil UÉ WWDA<br>Tuairisceáin bhliantúla uisce óil & fuíolluisce | Tuarascáil Mheasúnacht Feidhmíochta CRF<br>Tuarascáil Timpeallachta Bhliantúil WWDA<br>Tuarascáil Bhliantúil GCC maidir le hUisce Óil |

| **Ábhair MST** | **Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta** | **Táscairí MST** | **Spriocanna MST** | **Faisnéis/ eagrúchán foinse** | **Tuairisciú agus scála ama** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Údarú Scaoilte Fuíolluisce (WDDA) ceanglais uisce snámha | | Pleananna earnála Uisce Éireann taobh istigh de na 46 phlean bainistíochta abhantraigh | Tuarascáil Bhliantúil an GCC maidir le cóireáil fuíolluisce uirbeach<br>Tuarascálacha Bliantúla GCC Aip CTU i gcoinne PTFanna (fós le forbairt) |
| Athrú Aeráide | *Maolú an athrú aeráide*<br>A laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa agus is féidir a chur amach trí éifeachtúlacht fuinnimh agus bearta a chuidíonn le spriocanna laghdaithe carbóin a bhaint amach, a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce | Méadraigh CSRD<br>Méadraigh mheasúnacht feidhmíochta CRF | Uaillmhian neodracht carbóin faoi 2040.<br><br>Spriocanna CSRD méadracha feidhmíochta CRF | Tuarascáil Mheasúnacht Feidhmíochta CRF<br>Tuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann Méadraigh CSRD | Uisce Éireann - Tuarascáil Bhliantúil - Tuairisciú méadrachta na Treorach um Thuairisciú Corparáideach Inbhuanaitheachta (le deimhniú)<br><br>Tuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann<br>Tuarascáil Mheasúnacht Feidhmíochta CRF |
| | *Oiriúnú d'athrú aeráide*<br>Bearta a thacaíonn le seasmhacht an athraithe aeráide a chur chun cinn don timpeallacht agus seasmhacht do sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce | PNAU/ Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta<br>Méadraigh CSRD (le deimhniú)<br>Méadraigh mheasúnacht feidhmíochta CRF | PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta (le deimhniú)<br>Spriocanna CSRD<br>Spriocanna Méadrachta Feidhmíochta CRF | Tuarascáil Mheasúnacht Feidhmíochta CRF<br>Tuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann Méadraigh CSRD | PNAU & Creat Straitéise Fuíolluisce Náisiúnta (le deimhniú) |

| Ábhair MST | Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta | Táscairí MST | Spriocanna MST | Faisnéis/ eagrúchán foinse | Tuairisciú agus scála ama |
|---|---|---|---|---|---|
| Bithéagsúlacht | Bithéagsúlacht talún, uisceach agus ithreach agus nascacht ghnáthóg a chosaint agus a fheabhsú; go háirithe láithreáin Eorpacha agus láithreáin náisiúnta (lena n-áirítear láithreáin bheartaithe agus láithreáin is iarrthóirí) agus le haghaidh speicis faoi chosaint agus chun gealltanais an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (PGB) náisiúnta agus PGB Uisce Éireann a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce | Meadaracht glanbhreisiú ó thaobh bithéagsúlachta de<br>Méadraigh CSRD (le deimhniú) | Spriocanna glanbhreisiú ó thaobh bithéagsúlachta de | Monatóireacht Uisce Éireann maidir le PGB<br>Tuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann | Uisce Éireann - Tuarascáil Bhliantúil - Méadraigh CSRD (le deimhniú) |
| Iascach | Iascach mara agus fíoruisce a chosaint lena n-áirítear uiscí sliogéisc, slite beatha gaolmhara agus sábháilteacht mar bhia don duine agus tacú le bearta a chuidíonn le hiascach agus aistear éisc/eascann a athchóiriú nó a | Údarú Scaoilte Fuíolluisce (WDDA) ceanglais uisce sliogéisc<br>PBA Brúanna Suntasacha - Catagóirí Fuíolluisce Uirbeach, Astarraingt & Cóireáil Uisce | (Comhlíonadh le ceanglais Uisce Sliogéisc WWDA<br>Cur i bhfeidhm bearta a aithníodh d'Uisce Éireann sa PBA agus i bpleananna gníomhaithe earnála | Uisce Éireann<br>Tuarascáil Timpeallachta Bhliantúil WWDA<br>Liostaí brúnna suntasacha san Iarratas GCC CTU ar EDEN<br>GCC CTU<br>[https://gis.epa.ie/GetData/Download](https://gis.epa.ie/GetData/Download) | Uisce Éireann<br>Tuarascáil Timpeallachta Bhliantúil WWDA<br>Tuarascáil bhliantúil GCC maidir le Fuíolluisce Uirbeach |

| Ábhair MST | Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta | Táscairí MST | Spriocanna MST | Faisnéis/ eagrúchán foinse | Tuairisciú agus scála ama |
|---|---|---|---|---|---|
| | fheabhsú i ndáil le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce | | | Pleananna gníomhaithe earnála taobh istigh den 46 Phlean Bainistíochta Abhantraigh (fo-phleananna den PBA, fós le forbairt) | Tuarascálacha Bliantúla GCC Aip CTU i gcoinne PTFanna (fós le forbairt) |
| Sócmhainní Ábhartha | *Úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola* Féachaint le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm ar fud na cinnteoireachta saolré maidir le hacmhainní agus dramhaíl lena n-áirítear úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola a íoslaghdú ó sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar a n-áirítear bainistiú sloda agus fuílleach | Méadraigh CSRD (á bhforbairt) | Spriocanna CSRD | Uisce Éireann - Méadraigh CSRD (le deimhniú) | Uisce Éireann<br>Tuarascáil Bhliantúil<br>Tuairisciú méadrach CSRD (le deimhniú) |
| | *Úsáid sócmhainní* A laghad cur isteach a dhéanamh ar shócmhainní ábhartha eile agus ar bhonneagar, úsáid na sócmhainní atá ann cheana a bharrfheabhsú | Dea-chleachtas Bainistíocht sócmhainní | Comhlíontacht ISO 55000 | Deimhniú an cheadaithe | Deimhniú an cheadaithe<br>Tuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann (le deimhniú) |

| Ábhair MST | Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta | Táscairí MST | Spriocanna MST | Faisnéis/ eagrúchán foinse | Tuairisciú agus scála ama |
|---|---|---|---|---|---|
| | agus tacú le cumas agus uasghrádú ar láithreáin agus ar shócmhainní atá ann cheana maidir le seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil | | | | |
| Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach | Tírdhreacha, bailedhreacha agus muirdhreacha ainmnithe agus luachmhara agus taitneamhacht amhairc a chosaint agus, nuair is féidir, cur le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Uisce Éireann | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) |
| Oidhreacht chultúrtha – Seandálaíochta agus Ailtireachta | Sócmhainní oidhreachta cultúrtha a chosaint maidir lena mbail, lena suíomhanna agus leis an rochtain atá orthu - lena n-áirítear láithreáin ainmnithe, láithreáin neamhainmnithe agus láithreáin ar ábhar spéise iad ó thaobh na seandálaíochta agus na hoidhreachta de (lena n-áirítear oidhreacht trastíre agus oidhreacht faoi uisce) a bhfuil baint acu le soláthar na | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Uisce Éireann | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) |

| Ábhair MST | Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta | Táscairí MST | Spriocanna MST | Faisnéis/ eagrúchán foinse | Tuairisciú agus scála ama |
|---|---|---|---|---|---|
| | seirbhísí uisce agus fuíolluisce | | | | |
| Geolaíocht agus Ithreacha | Ithreacha agus láithreáin oidhreachta geolaíche a chosaint agus, cur le bainistiú feabhsaithe ar acmhainní ithreach aon áit a bhfuil seirbhísí uisce agus fuíolluisce á soláthar | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Uisce Éireann | Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) |
| Cáilíocht Aeir | Feidhmíocht ar astaíochtaí bolaidh a fheabhsú, nuair is féidir, maidir le soláthar seirbhísí fuíolluisce | Líon na n-uasghráduithe cóireála fuíolluisce agus na n-ionad nua a chomhlíonann caighdeáin bolaidh<br>Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Bearta cóireála fuíolluisce agus na hionad nua a chomhlíonann caighdeáin bolaidh riachtanacha<br>Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Ceanglais tuairiscithe Uisce Éireann<br>Faoi IR Uimh. 787 2005<br>Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) | Aighneacht bhliantúil Uisce Éireann mar a éilítear le I.R. Uimh. 787 de 2005<br>Féach cláir agus tionscadail Phleananna Leibhéal 2/3 (faisnéis suíomh sonrach) |

# 10 Na Chéad Chéimeanna eile

Tá an Tuarascáil Comhshaoil MST seo (lena n-áirítear aguisíní MST), mar aon le RTN agus Dréacht-PSSU 2050 ar fáil le haghaidh tráchtaireachta agus athbhreithniú le linn na tréimhse comhairliúcháin reatha. Tá an próiseas agus an spriocdháta chun tuairimí a chur isteach leagtha amach ar láithreán gréasáin Uisce Éireann.

Ag deireadh na tréimhse comhairliúcháin, déanfar gach trácht a athbhreithniú agus a mheas mar chuid den PSSU 2050 a thabhairt chun críche. Cuirfear freagairtí do thráchtanna an chomhairliúcháin ar fáil i dTuarascáil Chomhairliúcháin.

Cuirfear riachtanais MST agus tráchtanna comhairliúcháin san áireamh agus an PSSU 2050 á thabhairt chun críche. Tabharfar tuairisc ar fhreagairtí comhairliúcháin agus ar an gcaoi ar cuireadh an MST san áireamh sa Ráiteas MST a fhoilseofar leis an PSSU 2050.

## 10.1 Tuilleadh Faisnéise

Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ceann amháin nó níos mó de na bealaí cumarsáide thíos:

- Leathanach gréasáin an Dréacht-PSSU 2050 ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann sa Bhéarla agus sa Ghaeilge;
- Bileog faisnéise maidir leis an gcomhairliúchán i mBéarla agus i nGaeilge;
- Grafaic faisnéise/beochan Dhréacht-PSSU 2050;
- Preaseisiúint do na meáin náisiúnta agus áitiúla;
- Fógra i nuachtáin;
- Cuireadh cruachóipeanna de Dhréacht-Phlean PSSU 2050, de thuarascálacha comhshaoil, de bhileog an chomhairliúcháin ar fáil ag cuntair oifigí pleanála go náisiúnta;
- CCanna;
- Uimhir shaorghlao 1800 46 36 76;
- Na Meáin Shóisialta; agus Comhfhreagras agus faisnéis chuig:
    - Ionadaithe tofa;
    - Údaráis timpeallachta;
    - Páirtithe leasmhara; agus
    - Na Meáin.

Ullmhaíodh an Tuarascáil Comhshaoil agus an Achoimre Neamh-theicniúil MST seo thar ceann Uisce Éireann agus tá sí ar fáil ar líne ag an láithreán gréasáin seo a leanas: www.water.ie/wssp

Is féidir tuilleadh iarratas ar fhaisnéis agus aighneachtaí nó barúlacha i scríbhinn a sheoladh chuig Uisce Éireann:

| Tríd an bpost: | Trí ríomhphost: |
|---|---|
| Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (PSSU) 2050<br>Uisce Éireann,<br>Bosca PO 13216,<br>Gleann na gCaorach,<br>Co. Bhaile Átha Cliath. | wssp@water.ie |

# Tagairtí

Teachtaireacht ón gCoimisiún Chuig Parlaimint na hEorpa, An Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún *EU Soil Strategy For 2030 Reaping The Benefits Of Healthy Soils For People, Food, Nature And Climate,* [Straitéis Ithreach an Aontais do 2030 – Leas a bhainfidh na daoine as ithreacha sláintiúla, mar aon le leas an bhia, an dúlra agus na haeráide] *Com (2021) 699, final*. Arna Rochtain: 26.07.2023. Ar fáil ó: Http://Eur-Lex.Europa.Eu/

POS 2021. *SFInna na NA a bhaineann le hÉirinn 2019 - Tuarascáil ar Tháscairí do Sprioc 6, Uisce Glan agus Sláintíocht.* Arna Rochtain: 25.07.2023. Ar fáil ó: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-sdg6/irelandsunsdgs2019-reportonindicatorsforgoal6cleanwaterandsanitation/

RTCGT. 2021a. *Dréacht-Straitéis Comhshaoil.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ó: https://www.daera-ni.gov.uk/consultations/environment-strategy-consultation

RTCGT. 2021b. *Draft 3rd Cycle River Basin Management Plan 2021 to 2027* (An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí don 3ú timthriall 2021 go 2027). Arna Rochtain: 23.09.2023. Le fáil ó: https://www.daera-ni.gov.uk/consultations/consultation-Draft-3rd-cycle-river-basin-management-plan-2021-2027

RTBM. 2020. *Treochlár i dTreo Aeráidneodrachta.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/07fbe-ag-climatise-a-roadmap-towards-climate-neutrality/

RTBM. 2023. *Plean Cur Chun Feidhme Straitéise Foraoise lena n-áirítear an Clár Foraoiseachta 2023-2027.* Arna Rochtain: 22.03.2024Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/1f6c6-forest-strategy-implementation-plan-including-the-forestry-programme-2023-2027/

RTBM. 2023, An Plean Straitéiseach Náisiúnta le haghaidh Dobharshaothrú Inbhuanaithe a Fhorbairt 2030 Arna Rochtain 19.04.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/ece67-national-strategic-plan-for-sustainable-aquaculture-development-2030/

RCAC. 2013. *An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/df8e2-national-climate-change-adaptation-framework/

RCAC. 2018. *Creat Náisiúnta Oiriúnaithe.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/fbe331-national-adaptation-framework/

RCAC. 2020. *Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/4221c-waste-action-plan-for-a-circular-economy/

RCAC. 2021. *Straitéis Uile-Rialtais um Gheilleagar Ciorclach in Éirinn 2022 – 2023 'Maireachtáil Níos Mó, Úsáid Níos Lú'.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/b542d-whole-of-government-circular-economy-strategy-2022-2023-living-more-using-less/

RCAC. 2024a. *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (Dréacht Comhairliúcháin)* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/79659-climate-action-plan-2024/#:~:text=The%20Plan%20provides%20a%20roadmap,Development%20(Amendment)%20Act%202021

RCAC. 2024b. *An Creat Náisiúnta um Oiriúnú (dréacht comhairliúcháin).* Arna Rochtain: 19.04.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/281278/ac892520-3f2a-4964-8c8a-7406c931d287.pdf#page=null

Defra. 2011. *UK Marine Policy Statement* (Ráiteas Beartais Mara na Ríochta Aontaithe). Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ó: https://www.gov.uk/government/publications/uk-marine-policy-statement

Roinn an Bhonneagair. 2021. *An Dara Timthriall - Plean Bainistithe Riosca Tuilte Thuaisceart Éireann 2021–2027.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ó: https://www.infrastructure-ni.gov.uk/publications/second-cycle-northern-ireland-flood-risk-management-plan-2021-2027

An Roinn um Fhorbairt Réigiúnach. 2014. *Uisce Inbhuanaithe – Straitéis Uisce Fhadtéarmach do Thuaisceart Éireann.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.infrastructure-ni.gov.uk/consultations/sustainable-water-long-term-water-strategy-northern-ireland

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta . 2017. *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.npws.ie/legislation/national-biodiversity-plan

An Roinn Sláinte. 2019. *Creat Éire Sláintiúil 2019-2025* . Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/e8f9b1-healthy-ireland-framework-2019-2025/

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. 2019. *Daoine, Áit agus Beartas – An Turasóireacht a Fhás go dtí 2025.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/7e58d7-people-place-and-policy-growing-tourism-to-2025/

RTRÁO. 2018a. *Plean Bainistíochta Abhantraí 2018 - 2021.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/429a79-river-basin-management-plan-2018-2021/

RTRÁO. 2018b. *An Creat Náisiúnta Pleanála.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.npf.ie/project-ireland-2040-national-planning-framework/

RTRÁO. 2019. *Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce - Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide.* Arna Rochtain: 22.03.2024 Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/f5710-water-quality-and-water-services-infrastructure-climate-change-sectoral-adaptation-plan/

RTRÁO. 2020. *Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2018-2025.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/49364-water-services-policy-statement-2018-2025/#:~:text=The%20Statement%20outlines%20four%20principles,quality%20outcomes%20across%20the%20sector

RTRÁO. 2021. *An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2022-2027.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/consultation/2bda0-public-consultation-on-the-Draft-river-basin-management-plan-for-ireland-2022-2027/

RTRÁO. 2022a. *4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht na hÉireann.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/consultation/1566c-public-consultation-on-irelands-4th-national-biodiversity-action-plan/

RTRÁO. 2022b. *Uisce.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/policy-information/ace5b-water/#public-drinking-water-and-wastewater-services

RTRÁO. 2023. *Creat Náisiúnta Pleanála Mara.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/a4a9a-national-marine-planning-framework/

DPER. 2021. *An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gov.ie/en/publication/774e2-national-development-plan-2021-2030/

GCC. 2015. *Roghanna Malartacha ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a Fhorbairt agus a Mheas* Arna Rochtain: 22.03.2024 Ar fail ó: https://www.epa.ie/publications/research/biodiversity/EPA-157_web.pdf

GCC. 2019. *Integrating Climatic Factors into Strategic Environmental Assessment in Ireland - A Guidance Note;* Arna Rochtain: 22.03.2024 Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/EPA-SEA-Climatic-Factors-Guidance-Note.pdf

GCC. 2020a. *Ireland's Environment 2020 - An Assessment – Report.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/state-of-the-environment/irelands-environment-2020---an-assessment.php

GCC. 2020b. *Treoir Dhea-Chleachtais ar Mheasúnú Iarmhairtí Carnacha i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/EPA-Good-Practice-Guidelines-SEA.pdf

GCC. 2021a. *Dea-Chleachtas maidir le Scagthástáil MST 2021.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/sea-screening-good-practice-2021.php

GCC. 2021b. *Paca MST.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/SEA-Pack-2022.pdf

GCC. 2021c. *Taighde 391: Srathú na Measúnachta Timpeallachta – Tionchar na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Leibhéal Tionscadail.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/research/epa-research-2030-reports/research-391-tiering-of-environmental-assessment--the-influence-of-strategic-environmental-assessment-on-project-level-environmental-impact-assessment.php#:~:text=Improving%20impact%20assessment%20tiering%20involves,revisited%20for%20each%20subsequent%20project.

GCC. 2022a. *Nóta Treorach maidir le Dea-Chleachtas i ndáil le MST san Earnáil Uisce.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/good-practice-guidance-note-on-sea-in-water-sector.php

GCC. 2022b. *Cáilíocht Uisce in Éirinn 2016 – 2021 Tuarascáil Achomair.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/water-quality-in-ireland-20162021-summary-report.php

GCC. 2022c. *Nóta Treorach maidir le Dea-Chleachtas i ndáil le MST san Earnáil Uisce.* Arna Rochtain: 22.08.2023. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/good-practice-guidance-note-on-sea-in-water-sector.php

GCC. 2022d. *Abhantracha*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://gis.epa.ie/GetData/Download

GCC. 2022e. *Tuarascáil maidir le Cáilíocht Aeir in Éirinn 2022.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/air/air-quality-in-ireland-2022.php

GCC. 2023a. *Treoir maidir le Ráitis agus Monatóireacht MST.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/guidance-on-sea-statements-and-monitoring.php

GCC. 2023b. *Ireland's environment.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/assessment/irelands-environment/

GCC. 2023c. *Cáilíocht Uisce in 2022: Tuarascáil Táscaire*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Water-Quality-2022-Indicator-Report-Web.pdf

GCC. 2023d. *Táblaí Stádais CTU (excel) (Gach Dobharlach) 2016-2021 – Deireadh Fómhair 2023.* Arna Rochtain: 01.11.2023. Ar fáil ó: https://gis.epa.ie/GetData/Download

GCC. 2023e. *Excel Sonraí maidir le Riosca CTU- Arna uaslódáil Lúnasa 2022.* Arna Rochtain: 01.11.2023. Ar fáil ó: https://gis.epa.ie/GetData/Download

GCC. 2023f. *Bunachar Geo-Shonraí CTU (Gach Dobharlach) 2016-2021 - Bealtaine 2023*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://gis.epa.ie/GetData/Download

GCC. 2023g. *Clár Náisiúnta na hÉireann um Mhonatóireacht ar Cháilíocht Uisce 2022–2027*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/EPA_WFD_MonitoringProgramme_2022_2027.pdf

GCC. 2023h. *Cáilíocht Uisce Snámha in Éirinn- Tuarascáil don bhliain 2022* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Bathing-Water-Quality-in-Ireland-2022.pdf

GCC. 2023i. *Bathing water locations and compliance*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://gis.epa.ie/GetData/Download

GCC. 2023j. *Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2022.* Arna Rochtain: 21.02.2024. Ar fáil ó: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste-water/uww-report-2022.php

Rialtas na hÉireann. 2023. *mol sonraí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://irelandsdg.geohive.ie

SGÉ. 2023. *Sonraí agus Léarscáileanna.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.gsi.ie/en-ie/data-and-maps/Pages/Geoheritage.aspx#Nationwide

IFI. 2023. *Tuarascáil Bhliantúil 2021.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.fisheriesireland.ie/publications?f%5B0%5D=categories%3A264

Uisce Éireann. 2016. *An Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.water.ie/iw-documents/our-projects/Final-NWSMP.pdf

Uisce Éireann. 2017. *Plean Maolaithe Luaidhe* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/lead-mitigation-plan/

Uisce Éireann. 2019. *Plean Cistiúcháin Straitéisigh 2019–2024.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/irish-water-strategic-fun/#:~:text=The%20Uisce%20%C3%89ireann%20Strategic%20Funding,4.9bn%20in%20operating%20costs

Uisce Éireann. 2021. *Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Uisce Éireann (Irish Water's Biodiversity Action Plan).* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.water.ie/docs/21668_Ervia_IrishWaterBiodiversityActionPlan_v7.pdf

Northern Ireland Water. 2020. Plean Athléimneachta um Acmhainní agus Soláthar Uisce *(Water Resource and Supply Resilience Plan).* Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ó: https://www.niwater.com/sitefiles/resources/pdf/2020/wrm/waterresourcesupplyresilienceplan-mainreport.pdf

Northern Ireland Water. 2021. *Ár Straitéis 2021-2046*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ó: https://www.niwater.com/ourstrategy/

SPNF 2015. *National Peatlands Strategy*. Arna Rochtain: 22.03.2024. Le fáil ag: https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/NationalPeatlandsStrategy2015EnglishVers.pdf

OOP. 2018. *Clár Measúnachta agus Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantraí.* Arna Rochtain: 06.01.2023. Ar fáil ó: https://www.floodinfo.ie/map/floodplans

OOP. 2023. *Mapaí Tuilte.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.floodinfo.ie/

Uisce Éireann. 2023. *An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce.* Arna Rochtain: 22.03.2024. Ar fáil ó: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/national-water-resources/